



**An Teagasc Ábharbhunaithe trí Mheán na Mionteanga:
Iniúchadh Criticiúil ar Chreidiúintí, Tuiscintí agus
Cleachtais an Mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iar-
bhunscoil Ghaeltachta**

Sarah Ní Dhuinnín B.Ed., M.A.

Príomhstiúrthóir: An Dr T.J. Ó Ceallaigh

Stiúrthóir Cúnta: An Dr Sylvaine Ní Aogáin

An Roinn um Oideachas Teanga agus Litearthachta

Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.

Achoimre

An Teagasc Ábharbhunaithe trí Mheán na Mionteanga: Iniúchadh Criticiúil ar Chreidiúintí, Tuiscintí agus Cleachtais an Mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iar-bhunscoil Ghaeltachta

Sarah Ní Dhuinnín

Bhí sé mar aidhm ag an taighde seo iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san iar-bhunscoil Ghaeltachta. Bíodh is go bhfuil raidhse leathan litríochta sa ghort a thráchtann ar na castachtaí oideolaíochta roimh mhúinteoirí tumchláir, is beag taighde atá déanta ar an bhfeiniméan céanna i gcomhthéacs an oideachais Ghaeltachta, go háirithe an taighde sin a nochtann fíorthaithí mhúinteoirí ábhair iar-bhunleibhéil ó theacht i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Chuige sin, díródh aird an taighde seo ar pheirspictíochtaí iarbhrí seisear rannpháirtithe i gcúig iar-bhunscoil cláraithe faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

D'fhonn guth a thabhairt don taithí bharántúil rinneadh iniúchadh ar ábhar an staidéir trí lionsa na paraidíme bunathraithí. Chuathas i muinín modhanna measctha taighde agus an taighde feidhmeach mar dhearadh taighde agus baineadh úsáid as raon fairsing d'ionstraimí bailithe sonraí. Ar a bharr sin, reáchtáladh idirghabhálacha taighde ar bhonn timthriallach leis an éabhlú sa chleachtas agus sa smaointeoireacht a éascú. Cuimsíodh meonta, bonn eolais agus modhanna múinte rannpháirtithe san anailísiú ar shonraí agus thángthas ar dhá mhórtéama taighde, ina measc, Creidiúintí agus Tuiscintí Ábharbhunaithe mar aon le Cleachtas Oideolaíoch Ábharbhunaithe.

Sonraíodh i bhfianaise na dtorthaí taighde cé go raibh rannpháirtithe báúil don lántumadh, gur beag tuisceana a léiríodh i dtaobh choincheap an chomhtháthaithe ábhar agus teanga i ndáil lena chur i bhfeidhm sa chleachtas teagaisc; narbh ionann inniúlacht sa teanga agus na hinniúlachtaí éigeantacha leis an oideolaíocht theangabhunaithe a chur i ngníomh; go raibh an múnla teagaisc faoi chomaoin fhorlámhas an ábhair acadúil agus nach raibh cianteagasc na héigeandála sláinte COVID-19 ina choinníoll fhabhrach le haghaidh an dea-theagaisc ábhairbhunaithe a chur chun cinn. Ar deireadh, eascraíodh moltaí ón staidéar a bhain le cleachtas agus le beartas ar mhaithe leis an idé-oideolaíocht chomhtháite a chur chun cinn thar achar an chontanaim oideachais lán-Ghaeilge.

Ráiteas an Údair

Dearbhaím leis seo gur liom féin amháin an t-ábhar a chuirim i láthair i gcomhair measúnaithe do chéim PhD san Oideachas Teanga agus Litearthachta agus nár baineadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs an tsaothair seo.

Sínithe: _____

Uimhir Aitheantais: 18180876

Dáta Taiscthe: _____

Tiomnú

Don nead

Nóta Buíochais

Ba mhaith liom mo chéad mhíle buíochas a ghabháil le mo phríomhstiúrthóir taighde, an Dr T.J. Ó Ceallaigh, as a chuid comhairle agus saineolais a roinnt liom go fial i gcónaí. Is tú a mhisnigh mé le féinmhuinín ó leagadh peann le pár céad lá ar an taiscéalaíocht taighde seo agus ní bheadh ann don tráchtas seo gan do lámh stiúrtha léannta.

Gabhaim buíochas ar leith le mo stiúrthóir cunta agus mo chara criticiúil, an Dr Sylvaine Ní Aogáin. Ba mhór an tacaíocht a thug tú dom le linn thréimhse dheiridh an taighde agus is mór agam do dhúthracht agus d'aire, táim go mór faoi chomaoin agat agus beidh i gcónaí.

Gabhaim buíochas speisialta leis na rannpháirtithe a ghlac páirt sa tionscadal seo agus paindéim COVID-19 i réim. Glacadh leis an dúshlán le dea-spiorad, roinneadh taithí agus cleachtas go hoscailte agus ba phribhléid é dom a bheith ag comhoibriú leo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo thuismitheoirí, John agus Rosie, agus mo mháthair chríonna Eileen, as muinín a bheith agaibh asam agus as an spregadh leanúnach.

Is mór agam tacaíocht mo chairde, luaim go háirithe Caitriona, Aoife, Kate, Helen agus Carmel, ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an gcineáltas a léirigh sibh dom le linn na tréimhse seo.

Tá buíochas ar leith ag dul do mo chuid eiseamláirí acadúla agus comrádaithe fad saoil, Karen, Mairéad agus Conal.

Ba mhaith liom buíochas speisialta ó chroí a ghabháil le mo leathbhádóir Phil, a dtug gach tacaíocht agus deis dom an saothar seo a thabhairt chun críche. Is mór agam d'fhoigne agus do chuid tuisceana agus táim ag súil go mór leis an gcéad chaibidil eile amach romhainn.

Ar deireadh, tá mé go mór faoi chomaoin ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a mhaoinigh sciar suntasach den tionscadal taighde seo.

Clár na nÁbhar

Achoimre	i
Ráiteas an Údair	ii
Tiomnú	iii
Nóta Buíochais	iv
Liosta na dTáblaí	iv
Liosta na bhFíor	x
Liosta na nGiorrúchán	xi
Caibidil 1: Réamhrá	1
1.1 Réamhrá	1
1.2 Comhthéacs Taighde	2
1.2.1 An Ghaeltacht	2
1.2.2 An Scoil Ghaeltachta	4
1.3 Comhtháthú an Ábhair agus na Teanga	6
1.3.1 Bunphrionsabail an Chomhtháthaithe Ábhar agus Teanga	7
1.3.2 Duáilcís an Chomhtháthaithe Ábhar agus Teanga	7
1.4 Réasúnaíocht Taighde	9
1.5 Ceisteanna Taighde	12
1.6 Modheolaíocht Taighde	13
1.7 Struchtúr an Tráchtais	14
1.8 Conclúid	17
Caibidil 2: An Tumoideachas	18
2.1 Intreoir	18
2.2 An tOideachas Dáttheangach	19
2.2.1 An Dáttheangach	19
2.2.2 An tOideachas Dáttheangach	20
2.2.3 Samhlacha Dáttheangacha agus Cineálacha Oideachais Dháttheangaigh	22
2.3 An Tumoideachas go hIdirnáisiúnta	27
2.3.1 Míniú agus Múnlaí éagsúla	27
2.3.2 Tréithe Aitheanta an Tumoideachais	31
2.3.3 Múnlaí Tumoideachais Idirnáisiúnta	33
2.3.4 Torthaí Taighde an Tumoideachais	36
2.4 An Tumoideachas in Éirinn	41
2.4.1 Comhthéacs Stairiúil agus Fás an Tumoideachais in Éirinn	41
2.4.2 Míniú agus Múnlaí éagsúla	43
2.4.3 Tréithe Aitheanta an Tumoideachais in Éirinn	44
2.4.3.1 Curaclam an tumoideachais, tacaíocht don chéad teanga agus an dáttheangachas suimitheach	45
2.4.3.2 Leibhéal inniúlachta na ndaltaí	47

2.4.3.3	Inniúlacht teanga mhúinteoirí.....	47
2.4.3.4	Teagmháil leis an dara teanga sa seomra ranga agus cultúr an tseomra ranga.....	49
2.4.3.5	Tiomantas tuismitheoirí agus leanúnachas thar leibhéal.....	50
2.4.4	Torthaí Taighde an Tumoideachais in Éirinn.....	51
2.5	An Tumoideachas i gComhthéacs na Gaeltachta.....	55
2.5.1	Míniú ar Chomhthéacs.....	55
2.5.2	Torthaí Taighde i gComhthéacs Tumoideachais na Gaeltachta.....	57
2.5.2.1	Úsáid agus inniúlacht na tumtheanga i measc an aosa óig.....	59
2.5.2.2	Easpa freastail ar riachtanais theangeolaíoch na ndaltaí.....	60
2.5.2.3	Easpa fála ar mhúinteoirí le hinniúlacht chuí sa Ghaeilge.....	61
2.5.2.4	Comhtháthú an ábhair agus na teanga.....	63
2.5.2.5	Ullmhú easnamhach mhúinteoirí le haghaidh an tumoideachais.....	65
2.5.2.6	Soláthar téacsleabhar agus acmhainní teagaisc oiriúnacha.....	66
2.5.2.7	Éagsúlacht sna cleachtais tumoideachais.....	68
2.5.3	Táscairí Dea-chleachtais an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.....	69
2.6	Conclúid.....	74
Caibidil 3: Comhtháthú an Ábhair agus na Teanga.....		76
3.1	Intreoir.....	76
3.2	Sealbhú nó Foghlaim Teanga.....	76
3.3	Múnlaí Comhtháite Ábhar agus Teanga.....	79
3.3.1	Múnla 4C.....	79
3.3.1.1	An Triptic Teanga.....	82
3.3.2	Múnla PCK (EOÁ).....	85
3.3.3	Múnla CKT (EÁT).....	86
3.3.4	Múnla LKCT (ETTÁ).....	91
3.3.5	Múnla I-PCK (EOÁ-C).....	91
3.3.5.1	Eolas ar an ábhar sa teanga (EÁ-T) agus sa réimse ábhair (EÁ-T/Á).....	93
3.3.5.2	Eolas oideolaíochta ar an ábhar sa teanga (EOÁ-T).....	95
3.3.5.3	Eolas oideolaíochta ar an ábhar le haghaidh comhtháthú ábhar agus teanga (EOÁCÁT).....	96
3.4	Dea-chleachtas Comhtháite Ábhar agus Teanga.....	97
3.4.1	Teagasc Foirmdhírthe.....	98
3.4.1.1	Eolas follasach agus foghlaim intuigthe.....	101
3.4.1.2	TFD frithghníomhach.....	106
3.4.1.2.1	Aiseolas ceartaitheach.....	108
3.4.1.3	TFD réamhghníomhach.....	113
3.4.1.3.1	Múnla CAPA (CFCN).....	114
3.5	Foghlaim Ghairmiúil.....	116
3.6	Conclúid.....	119
Caibidil 4: Modheolaíocht Taighde.....		121
4.1	Intreoir.....	121
4.2	Fealsúnacht Taighde.....	122
4.2.1	An Pharaidím Bhunathraitheach.....	122
4.2.1.1	Seasamh Ointeolaíoch.....	124
4.2.1.2	Seasamh Eipistéimeolaíoch.....	125
4.3	Cur Chuige Modheolaíochta.....	127
4.3.1	Roghnú na Modheolaíochta Taighde.....	127
4.3.2	Modhanna Cáilíochtúla agus Cainníochtúla.....	127
4.3.3	Modhanna Measctha.....	128

4.4	Sampláil	130
4.4.1	Earcú Rannpháirtithe.....	133
4.5	Dearadh Taighde: An Taighde Feidhmeach	134
4.5.1	Timthriall an Taighde Fheidhmigh.....	137
4.6	Uirlisí Taighde	139
4.6.1	Breathnóireacht Ranga	141
4.6.2	Agallamh Aisghairme Spreagtha	144
4.6.2.1	Agallamh Leathstruchtúrtha	146
4.6.3	Idirghabháil Taighde	146
4.6.4	Ceistneoir.....	148
4.6.5	Dialanna Athmhachnamhacha.....	151
4.6.6	Foghlaim Chómhálartach	152
4.7	Cúrsaí Eitice	154
4.7.1	Toiliú Feasach.....	154
4.7.2	Rúndacht, Príobháideachas agus Anaithnideacht.....	155
4.7.3	Bailíocht, Iontaofacht agus Laofacht.....	155
4.8	Anailísiú ar Shonraí	157
4.8.1	Tras-scríobh agus Cur Amach ar Shonraí.....	159
4.8.2	Próiseas Códúcháin a Chur i bhFeidhm.....	160
4.8.3	Téamaí agus Patrúin a Aimsiú	161
4.8.4	Athbhreithniú ar Théamaí	162
4.8.5	Sainiú agus Lipéadú.....	163
4.9	Tionchar na Géarchéime Sláinte COVID-19 ar Mhodheolaíocht an Taighde	163
4.10	Conclúid	166
Caibidil 5: Creidiúintí agus Tuiscintí Ábharbhunaithe an Mhúinteora		167
5.1	Intreoir	167
5.2	An Teanga sa Chomhthéacs Ábharbhunaithe	167
5.2.1	Ról na Teanga sa Teagasc Ábharbhunaithe.....	168
5.2.2	Neamhdhiongbháilteacht Teanga an Mhúinteora.....	173
5.3	Oideachas an Mhúinteora Eacnamaíochta Baile	181
5.3.1	Oideachas Tosaigh Múinteoirí	182
5.3.2	Foghlaim Múinteoirí	187
5.3.3	Foghlaim Múinteoirí de chuid na Scéime Aitheantais.....	194
5.4	Dúshlán Shainiúla Ghairmiúla	199
5.4.1	Acmhainní Teagaisc.....	199
5.4.1.1	Soláthar na nAcmhainní Teagaisc.....	199
5.4.1.2	Oiriúnacht na nAcmhainní Teagaisc.....	202
5.4.2	Éilimh an Ábhair Acadúil.....	208
5.5	Conclúid	211
Caibidil 6: Cleachtas Ábharbhunaithe an Mhúinteora		214
6.1	Intreoir	214
6.2	Túsphointe Cleachtais an Mhúinteora	216
6.2.1	Sprioctheanga an Teagaisc.....	216
6.2.2	Deiseanna le haghaidh Aschur Teanga.....	219
6.2.3	Teagasc Comhtháite Ábhar agus Teanga.....	222
6.3	Súil Siar	227

6.4	Súil ar Aghaidh	228
6.5	Cleachtas Cianteachais an Mhúinteora	230
6.6	Comhthéacs na Cianfhoghlama	230
6.6.1	Spleáchas Méadaithe ar an Mórtheanga	231
6.6.2	Deiseanna le haghaidh Aschur Teanga.....	235
6.6.3	Inniúlachtaí Digiteacha an Chianteachais.....	237
6.6.4	Teagasc Comhtháite Ábhar agus Teanga.....	243
6.7	Súil Siar	246
6.8	Súil ar Aghaidh	248
6.9	Cleachtas an Mhúinteora ag Éabhlú mar Chleachtóir Tumoideachais	248
6.9.1	Méadhbh.....	249
6.9.2	Deirdre	254
6.9.3	Éabha	258
6.9.4	Ciara.....	260
6.9.5	Bláthnaid.....	264
6.10	Súil Siar	265
6.11	Conclúid	268
Caibidil 7: Conclúidí agus Moltaí.....		271
7.1	Intreoir.....	271
7.2	Ceisteanna Taighde	272
7.3	Príomhthorthaí Taighde.....	272
7.4	Moltaí an Taighde.....	281
7.4.1	Moltaí don Chleachtas Ábharbhunaithe.....	281
7.4.1.1	Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí.....	282
7.4.1.2	Foghlaim Múinteoirí.....	283
7.4.1.2.1	Foghlaim Múinteoirí (Eacnamaíocht Bhaile)	283
7.4.1.2.2	Foghlaim Múinteoirí de chuid na Scéime Aitheantais.....	284
7.4.1.2.3	Foghlaim Múinteoirí Inskoile	286
7.4.1.3	An Teagasc agus an Fhoghlaim ó Chian	286
7.4.1.4	Ábhair Thacaíochta Teagaisc.....	288
7.4.2	Moltaí do Lucht Déanta Beartas.....	289
7.4.2.1	An Chomhairle Múinteoireachta.....	289
7.4.2.2	An Roinn Oideachais agus an tAonad um Oideachas Gaeltachta	290
7.4.2.3	Coimisiún na Scrúduithe Stáit.....	291
7.5	Teorainneacha an Taighde	292
7.6	Moltaí do Thaighdeoirí Amach Anseo	294
7.7	Luach an tSaothair sa Ghort	295
7.7.1	Úrnuacht an Taighde.....	295
7.7.2	Múnla EOÁ-C & Croí-inniúlachtaí Teagaisc an Mhúinteora Tumoideachais	296
7.7.3	Foghlaim Ghairmiúil Shainchuspóireach	297
7.7.4	Oideolaíocht an tSaibhrithe Teanga.....	297
7.7.5	COVID-19 agus an Chianfhoghlaim	298
7.8	Focal Scoir	298
Leabharliosta.....		300
Liosta na nAguisíní.....		349

Liosta na dTáblaí

Tábla 2.1: Cuntas comparáideach na gcur chuige comhtháite ábhar agus teanga	26
Tábla 2.2: Tréithe lárnaigh an tumoideachais	32
Tábla 2.3: Tréithe inathraitheacha an tumoideachais	33
Tábla 2.4: Múnlaí idirnáisiúnta tumoideachais i dteanga dhúchais	35
Tábla 2.5: Achoimre ar bhuntáistí an dátheangachais/an tumoideachais (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh, 2013: 33)	36
Tábla 2.6: Achoimre ar dhúshláin an dátheangachais/an tumoideachais (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha, 2017: 8)	38
Tábla 2.7: Buntáistí an tumoideachais in Éirinn (lasmuigh den chomhthéacs Gaeltachta)	52
Tábla 2.8: Dúshláin an tumoideachais in Éirinn (lasmuigh den chomhthéacs Gaeltachta)	53
Tábla 2.9: Dúshláin an tumoideachais sa chomhthéacs Gaeltachta	58
Tábla 2.10: Táscairí Dea-chleachtais: An Tumoideachas Iomlán (arna chur in oiriúint ó: An Roinn Oideachais, 2020: 14-19)	71
Tábla 3.1: Sealbhú an T1 agus sealbhú an T2 (Ellis 1994)	78
Tábla 3.2: Treoirphlean Mhúnla 4C (arna chur in oiriúint ó: Coyle 2007, 2005)	81
Tábla 3.3: Treoirphlean an mhúinteora don Triptic Teanga (arna chur in oiriúint ó: Coyle 2010, 2007, 2005)	84
Tábla 3.4: Múnla LKCT (ETTÁ) (arna chur in oiriúint ó: Morton, 2016: 21)	91
Tábla 3.5: Foirmeacha teangeolaíochta éagsúla	99
Tábla 3.6: Cur i láthair déaduchtach agus cur i láthair ionduchtach (arna chur in oiriúint ó: Ellis & Shintani, 2014: 85, luaite in Ní Dhiorbháin, 2017: 59)	104
Tábla 3.7: Straitéisí athmhúnlaíthe (arna chur in oiriúint ó: Lyster & Ranta 1997; Lyster, Saito & Sato 2013; Sheen & Ellis 2011, luaite in Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2020: 76)	109
Tábla 3.8: Straitéisí leide (arna chur in oiriúint ó: Lyster & Ranta 1997; Lyster Saito & Sato 2013; Sheen & Ellis 2011, luaite in Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2020: 78)	110
Tábla 3.9: Múnla CAPA (CFCN) (arna chur in oiriúint ó: Lyster 2018, Tedick & Lyster 2020, luaite in Ní Aogáin et al. 2021 & Ó Ceallaigh 2021a)	115
Tábla 3.10: Saintréithe na foghlama gairmiúla éifeachtaí sa chomhthéacs tumoideachais	117
Tábla 3.11: Saintréithe oiriúnaithe na foghlama gairmiúla éifeachtaí	118
Tábla 4.1: Láidreachtaí agus laigí modhanna measctha	129
Tábla 4.2: Próifíl an tsampla	133
Tábla 4.3: Láidreachtaí agus laigí an taighde fheidhmigh	137
Tábla 4.4: Uirlisí taighde de réir an timthrialla taighde	140
Tábla 4.5: Láidreachtaí agus laigí mhodh na breathnóireachta	142
Tábla 4.6: Láidreachtaí agus laigí mhodh na breathnóireachta a thairfeadh	144
Tábla 4.7: Láidreachtaí agus laigí mhodh an agallaimh	145
Tábla 4.8: Láidreachtaí agus laigí mhodh an cheistneora	149
Tábla 4.9: Láidreachtaí agus laigí mhodh na dialainne	151
Tábla 4.10: Anailís théamach (arna chur in oiriúint ó: Braun agus Clarke 2013, 2006)	159
Tábla 4.11: Mórdhúshláin na cianfhoghlama ábhartha don togra taighde	165
Tábla 6.1: Riachtanais oiliúna rannpháirtithe (ceistneoirí taighde)	268
Tábla 7.1: Creidiúintí Ábharbhunaithe an Mhúinteora	273
Tábla 7.2: Tuiscintí Ábharbhunaithe an Mhúinteora	275
Tábla 7.3: Cleachtais Ábharbhunaithe an Mhúinteora	277

Liosta na bhFíor

Fíor 1.1: Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta	5
Fíor 1.2: Critéir theangabhunaithe na Scéime Aitheantais (arna chur in oiriúint ó: Ní Chuaig, 2021: 319)	6
Fíor 1.3: Saincheisteanna taighde.....	12
Fíor 1.4: Imlíne an taighde	17
Fíor 2.1: Contanam inniúlachta an dátheangaí (arna chur in oiriúint ó: Valdés 2003, luaite in Baker agus Wright, 2021: 8).....	20
Fíor 2.2: Contanam Met (1999).....	22
Fíor 2.3: Contanam Met (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh 2017)	23
Fíor 2.4: Múnlaí tumoideachais.....	29
Fíor 2.5: Fás ar an nGaelscolaíocht sna 26 Contae lasmuigh den Ghaeltacht 1972/1973-2021/2022.....	42
Fíor 3.1: Múnla 4C FCÁT (arna chur in oiriúint ó: Coyle 1999).....	80
Fíor 3.2: Triptic Teanga bunaithe ar an múnla 4C (arna chur in oiriúint ó: Coyle 2007)	83
Fíor 3.3: Múnla EOÁ (PCK) (Shulman 1987, 1986).....	85
Fíor 3.4: Múnla CKT (EÁT) (Ball et al. 2008)	87
Fíor 3.5: Múnla I-PCK (EOÁ-C): Bonn eolais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iar-bhunscoil Ghaeltachta (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh et al. 2019b, 2018).....	92
Fíor 3.6: Cur i láthair an TFD fhollasaigh i gcomhthéacs an ábhair.....	102
Fíor 3.7: Cur i láthair chur chuige an ionduchtai-ghollasaigh i gcomhthéacs an ábhair	105
Fíor 3.8: Cleachtais oideolaíochta TFD sa chomhthéacs comhtháite ábharbhunaithe	106
Fíor 3.9: Contanam aiseolais cheartaighigh (arna chur in oiriúint ó: Lyster et al. 2013, luaite in Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2021: 143).....	111
Fíor 4.1: Saincheisteanna taighde.....	121
Fíor 4.2: Codanna ábhartha na paraidíme taighde (Denzin agus Lincoln 2005)	123
Fíor 4.3: Modhanna measctha neadaithe (arna chur in oiriúint ó: Creswell agus Plano Clarke 2017)	130
Fíor 4.4: Critéir roghnúcháin an tsampla	132
Fíor 4.5: Eochairchéimeanna an taighde fheidhmigh	138
Fíor 4.6: Múnla bíseach taighde oiriúnaithe.....	138
Fíor 4.7: Timthriall breathnóireachta.....	141
Fíor 4.8: Uirlisí bailithe sonraí.....	153
Fíor 4.9: Rúndacht, príobháideachas agus anaithnideacht	155
Fíor 4.10: Bailíocht, iontaofacht agus laofacht	157
Fíor 4.11: Samplaí de chóid oscailte an taighde	160
Fíor 4.12: Samplaí den chódú aiseach	161
Fíor 4.13: An códú roghnaitheach agus mórthéamaí taighde	162
Fíor 4.14: An próiseas códúcháin.....	162
Fíor 5.1: Ról na teanga	173
Fíor 5.2: Neamhdhiongbháilteacht teanga i leith an chruinnis (curtha in oiriúint ó uirlisí éagsúla).....	175
Fíor 5.3: Muinín rannpháirtithe díriú ar an bhfoirm theangeolaíoch.....	176
Fíor 5.4: Neamhdhiongbháilteacht teanga an mhúinteora	181
Fíor 5.5: Taithí oideachais tosaigh rannpháirtithe	182
Fíor 5.6: Oideachas múinteoirí	186
Fíor 5.7: Taithí rannpháirtithe ar an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.....	188
Fíor 5.8: Taithí rannpháirtithe ar an bhfoghlaim ghairmiúil sa sprioctheanga	189
Fíor 5.9: Foghlaim múinteoirí.....	194
Fíor 5.10: Foghlaim múinteoirí de chuid na Scéime Aitheantais.....	198
Fíor 5.11: Sainármaíocht na n-acmhainní Gaeilge (curtha in oiriúint ó uirlisí éagsúla)	203
Fíor 5.12: Soláthar agus oiriúnacht na n-acmhainní teagaisc	207
Fíor 5.13: Éilimh an ábhair acadúil.....	211
Fíor 6.1: Leagan amach na caibidle	215
Fíor 6.2: Achoimre ar thúsphointe cleachtais rannpháirtithe	228
Fíor 6.3: Riachtanais oiliúna rannpháirtithe	229
Fíor 6.4: Lionsa oideolaíochta trífhócasach an mhúinteora tumoideachais le linn na tréimhse cianfhoghlama.....	242
Fíor 6.5: Achoimre ar chleachtas cianteagaisc rannpháirtithe	247
Fíor 6.6: Achoimre ar chleachtas an mhúinteora ag éabhlú mar chleachtóir tumoideachais	266
Fíor 6.7: Straitéisí ábharbhunaithe rannpháirtithe	267

Liosta na nGiorrúchán

AC	<i>Aiseolas Ceartaitheach</i>
ATHE	<i>Association of Teachers of Home Economics</i>
CAPA	<i>Contextualise; Awareness; Practice; Autonomy</i>
CCK	<i>Common Content Knowledge</i>
CFCN	<i>Comhthéacs; Feasacht; Cleachtadh; Neamhspleáchas</i>
CK	<i>Content Knowledge</i>
CKT	<i>Construct of Content Knowledge for Teaching</i>
CKT	<i>Knowledge of Content and Teaching</i>
CLK-CT	<i>Common Language Knowledge for Content Teaching</i>
CNCM	<i>An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta</i>
CSS	<i>Coimisiún na Scrúduithe Stáit</i>
DEIS	<i>Delivering Equality of Opportunity in Schools</i>
EÁ	<i>Eolas Ábhair</i>
EÁ-Á	<i>Eolas ar an Ábhar sa réimse Ábhair</i>
EÁ-T	<i>Eolas ar an Ábhar sa Teanga</i>
EÁ-T/Á	<i>Eolas ar an Ábhar sa Teanga agus sa réimse Ábhair</i>
EÁD	<i>Eolas Ábhair agus Daltaí</i>
EÁT	<i>Eolas an Ábhair don Teagasc</i>
EÁT	<i>Eolas Ábhair agus Teagaisc</i>
ECÁ	<i>Eolas Coiteann Ábhair</i>
ECT-TÁ	<i>Eolas Coiteann Teanga do Theagasc Ábhair</i>
EO	<i>Eolas Oideolaíochta</i>
EOÁ	<i>Eolas Oideolaíochta Ábhair</i>
EOÁ-C	<i>Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite</i>
EOÁ-Á	<i>Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa réimse Ábhair</i>
EOÁ-T	<i>Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga</i>
EOÁCÁT	<i>Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga</i>
EPV	<i>Extra Personal Vacation Days</i>
ETD-TÁ	<i>Eolas Teanga agus Daltaí do Theagasc Ábhair</i>
ETT-TÁ	<i>Eolas Teanga agus Teagaisc do Theagasc Ábhair</i>
ETTÁ	<i>Eolas Teanga do Theagasc Ábhair</i>
FCÁT	<i>Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga</i>
FGL	<i>Foghlaim Ghairmiúil Leanúnach</i>
I-PCK	<i>Integrated Pedagogical Content Knowledge</i>
JCT	<i>Junior Cycle for Teachers</i>
KCS	<i>Knowledge of Content and Students</i>
KCS-CT	<i>Knowledge of Language and Students for Content Teaching</i>
KLT-CT	<i>Knowledge of Language and Teaching for Content Teaching</i>
LKCT	<i>Language Knowledge for Content Teaching</i>

MRB	<i>Measúnú RangBhunaithe</i>
PCK	<i>Pedagogical Content Knowledge</i>
PDST	<i>Professional Development Service for Teachers</i>
PK	<i>Pedagogical Knowledge</i>
POG	<i>Polasaí don Oideachas Gaeltachta</i>
SÁ	<i>Saineolas Ábhair</i>
SCK	<i>Specialised Content Knowledge</i>
Scoileanna T1	<i>Scoileanna a fheidhmíonn trí Mheán na Gaeilge</i>
Scoileanna T2	<i>Scoileanna a fheidhmíonn trí Mheán an Bhéarla</i>
SEC	<i>State Examinations Comission</i>
SFGM	<i>Seirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí</i>
SLK-CT	<i>Specialised Language Knowledge for Content Teaching</i>
SSM	<i>Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí</i>
ST-TÁ	<i>Saineolas Teanga do Theagasc Ábhair</i>
T1	<i>Máthairtheanga</i>
T2	<i>Dara Teanga nó Sprioctheanga</i>
TFD	<i>Teagasc Foirdhírthe</i>
TGMI	<i>An Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile</i>

Caibidil 1 : Réamhrá

1.1 Réamhrá

Tá comhtháthú an ábhair agus na teanga ag croílár an tumoideachais éifeachtaigh. Mar sin, tuigtear go bhfuil sé de chúram gairmiúil ar an oide tumoideachais forbairt na litearthachta sa tumtheanga a chur chun cinn go comhuaineach leis an ngnóthachtáil acadúil san ábhar. É seo ráite, agus in ainneoin go bhfuil taighdeoirí an ghoirt ar aon fhocal i leith éifeachtacht na hoideolaíochta lárnaí seo, tuairiscítear gur idir uathúil agus choimpléacsach atá feidhmiú an chomhtháthaithe sa chur chuige teagaisc. Bíodh is go bhfuil taighde leanúnach ar bun ar oideolaíochtaí eiseamláireacha an tumoideachais féin, is gur beag ár n-eolas ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le múinteoirí sainábhair i gcomhthéacs tumoideachais na Gaeltachta na hoideolaíochtaí céanna a thabhairt chun críche. Sa mhullach air sin, aithnítear gur beag taighde a chaitheann solas ar an bhfoghlaim ghairmiúil a théann i gcion go dearfach ar pheirspictíochtaí agus ar chleachtais mhúinteoirí tumoideachais ag an iar-bhunleibhéal. Is mar leigheas ar an mbearna eolais seo a tionscnaíodh an taighde reatha.

Tugtar osradharc sa chaibidil seo ar ábhair agus ar struchtúr an tionscadail taighde. Tosófar le spléachadh ar an gceantar mar aon leis an suíomh saineúil taighde, áit ina ndéantar suntas do chritéir cháilitheachta na gcomhthéacsanna céanna. Tabharfar forbhreathnú ar an gcorpas reatha litríochta agus aimseofar easnaimh ábhartha le tábhacht an tionscadail taighde a leabú sa ghort. Cuirfear na ceisteanna mar bhonn agus mar thaca ag an togra i láthair agus tabharfar osradharc ar an dearadh taighde. Ar deireadh, déanfar imlíniú ar struchtúr an tráchtais.

1.2 Comhthéacs Taighde

De dheasca na ndeacrachtaí stairiúla a ghabhann le ceist sainithe na Gaeltachta agus córas oideachais na Gaeltachta trí chéile tugtar cuntas sna míreanna a leanas ar a staid reatha d'fhonn comhthéacs a sholáthar inar féidir ábhar an tionscadail taighde a lonnú agus a iniúchadh.

1.2.1 An Ghaeltacht

Áitíonn Údarás na Gaeltachta, an ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta go ‘...(n-)úsáidtear an téarma “Gaeltacht” chun cur síos a dhéanamh ar na ceantair sin in Éirinn ina bhfuil, nó ina mbíodh go dtí le gairid, an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha ag an gcuid is mó den phobal’ (Údarás na Gaeltachta 2022). Faoi *Acht na Gaeltachta 2012*, áfach, tá sé i gceist go mbeadh na ceantair Ghaeltachta bunaithe ó shin i leith ar chritéir theangeolaíochas seachas ar limistéir thíreolaíochas, agus iad athshainithe mar limistéir phleanála teanga Ghaeltachta dá bharr¹. Aithnítear 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta i measc na gcontaetha Gaeltachta (.i. Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus An Mhí) agus i measc ceantair éagsúla na n-oileán araon. Tá na limistéir rangaithe ina dtrí chatagóir éagsúla mar seo a leanas: Catagóir A (.i. 67% den daonra nó níos mó ina gcainteoirí laethúla Gaeilge), Catagóir B (.i. idir 44-66% den daonra ina gcainteoirí laethúla) agus Catagóir C (.i. nuair a bhíonn níos lú ná 44% den daonra ina gcainteoirí laethúla) (Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha agus O’Brien, 2007: 283).

¹ Is ionann an téarma ‘Gaeltacht’ agus limistéar pleanála teanga Gaeltachta as seo amach.

Níor mhiste a lua gur eol don taighdeoir gur iomaí ceist chasta agus dúshlán teangeolaíoch a eascraíonn as seasamh na Gaeltachta mar phobal mionlaigh teanga², mar a bhaineann le húsáid na Gaeilge mar theanga phobail go háirithe. Cuimsítear sna dúshláin seo an laghdú atá ag teacht ar shealbhú na Gaeilge mar theanga an bhaile, an meath i leith úsáid na Gaeilge i measc an aosa óig mar aon leis an leibhéal níos airde inniúlachta á mbaint amach ag cainteoirí dúchais óga sa Bhéarla ná mar atá sa Ghaeilge (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2015a; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Giollagáin agus Charlton 2015; Ó Giollagáin *et al.* 2007; Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan 2014). Sin ráite, dealraíonn Ó Giollagáin agus Charlton (2015) nach ‘...mór cuimhneamh go bhfeidhmíonn cuid shuntasach de na cainteoirí Gaeilge seo i ngréasáin teaghlaigh, phobail agus institiúideacha a bhfuil riachtanas le labhairt laethúil an Bhéarla iontu freisin’ (16). Chuige sin, aithnítear go bhfuil uileláithreacht an Bhéarla sna ceantair Ghaeltachta dosheachanta sa lá atá inniu ann.

Is follas, mar sin, go mbeidh impleachtaí tromchúiseacha ag na constaicí thuasluaite ar thodhchaí na bpobal Gaeltachta i ngeall go n-aithnítear go bhfuil todhchaí na gceantar céanna ag brath ar a gcainteoirí dúchais óga leis an teanga a shealbhú go hiomlán agus a sheachadadh go dtí an chéad ghlúin eile (Ó Duibhir, Ní Chuaig, Ní Thuairisg agus Ó Brolcháin 2015). Leis sin, agus dá ainneoin dhúshláin teangeolaíocha na limistéar Gaeltachta tuairiscithe go nuige seo, tuigtear go bhfuil aitheantas forleathan ann do ról an chórais oideachais trí chéile i láidriú agus in athneartú na Gaeilge mar theanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta (Ó Laoire 2020).

²Teanga mhionlaigh is ea an Ghaeilge in Éirinn in ainneoin í a bheith aitheanta mar chéad teanga oifigiúil na tíre.

Tugtar cuntas gonta anois ar na beartais a luaitear go díreach nó go hindíreach le córas oideachais na Gaeilge le dornán blianta anuas. San *Acht Oideachais 1998*, leagadh béim ar fhreagrachtaí na scoileanna i limistéir Ghaeltachta chun cur le cothabháil na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail. I gcás an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* ansin, agus sna próisis phleanála teanga atá ar bun go leanúnach faoi *Acht na Gaeltachta 2012*, leagtar béim freisin ar ról na scoileanna Gaeltachta i gcothú na hinniúlachta agus na húsáide Gaeilge chun tacú leis an teanga sa phobal Gaeltachta i gcoitinne. Chuige sin, tuigtear cé go raibh aird áirithe tugtha ag an rialtas don soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacs na Gaeltachta le roinnt blianta anuas, níor dhírigh aon bheartas Stáit ar leith ar an oideachas Gaeltachta go sainiúil go dtí 2016 le teacht i bhfeidhm an *P(h)olasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022/2024*³ (POG as seo amach). Freagraíonn an *POG* don *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* agus don *P(h)lean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022/2023*⁴ chun dul i ngleic le cuid de na dúshláin shochtheangeolaíochá roimh na ceantair Ghaeltachta.


1.2.2 An Scoil Ghaeltachta

Is í príomhchuspóir an *POG* ná go mbeadh ardchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge á sholáthar d'aos óg na Gaeltachta ar mhaithe le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga labhartha an phobail a chothú agus a neartú (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016a). Sa bhreis air sin, déanann an *POG* imlíniú ar an ngá go bhfuil ann do chur chuige sainiúil oideachais a fhreastalaíonn ar riachtanais na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí

³ Cuireadh síneadh dhá bhliain le téarma na *Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* (ceann de phríomhghníomhartha an *POG*) go dtí deireadh na scoilbhliana 2023-2024 de dheasca thionchar na paindéime sláinte COVID-19 ar a chur i bhfeidhm.


⁴ Tá an Plean Gníomhaíochta mar chuid den *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Cuireadh síneadh bliana leis an bPlean Gníomhaíochta i ngeall ar COVID-19.

teanga araon (An Roinn Oideachais 2021a). Faoin *POG*, bíodh scoil atá lonnaithe sa Ghaeltacht incháilithe ar aitheantas a lorg mar scoil Ghaeltachta as sin amach (Ní Chuaig 2021). Thairis sin, tugtar deis do gach scoil lonnaithe i limistéir phleanála teanga Ghaeltachta an t-aitheantas seo a ghnóthú mar scoil Ghaeltachta tríd an rannpháirtíocht sa Scéim Aitheantais Scoileanna Ghaeltachta (*Scéim* nó *Scéim Aitheantais* seo amach). San am i láthair, tá le tuiscint go bhfuil 106 bhunscoil agus 29 n-iarbhunscoil a rinne amhlaidh, gné a chiallaíonn go bhfuil 80% de bhunscoileanna agus 100% d'iar-bhunscoileanna na limistéar Ghaeltachta cláraithe faoin *Scéim Aitheantais* (Fíor 1.1) (An Roinn Oideachais 2022ab).



Fíor 1.1: Scéim Aitheantais Scoileanna Ghaeltachta

Chun aitheantas a ghnóthú mar scoil Ghaeltachta tá ar scoileanna ‘...feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge (seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile) i gcomhréir leis na critéir theanga-bhunaithe’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016b: 8). Leagtar síos trí chritéar déag do bhunscoileanna agus aon chritéar déag d’iar-bhunscoileanna mar atá i bhfianaise Aguisín A agus achoimre ghonta de na critéir chéanna le sonrú i bhFíor 1.2.



Fíor 1.2: Critéir theangabhunaithe na Scéime Aitheantais (arna chur in oiriúint ó: Ní Chuaig, 2021: 319)

Áitítear go bhfuil sé de dhualgas ar scoileanna rannpháirteacha na critéir seo a chomhlíonadh roimh an bpróiseas deimhnithe aitheantais⁵. Níor mhór a shoiléiriú, áfach, nach bhfuil an oideolaíocht chomhtháite aitheanta mar chritéir theangabhunaithe d’ainneoin é a beith luaite ag croílár an tumoideachais éifeachtaigh (Cammarata agus Tedick 2012; Lyster 2007; Ó Ceallaigh, Hourigan agus Leavy 2018; Ó Ceallaigh *et al.* 2019ab).

1.3 Comhtháthú an Ábhair agus na Teanga

Le teacht i dtuiscint ar mhórhéama an tsaothair seo, is gá forbheathnú a thabhairt ar chomhtháthú an ábhair agus na teanga mar fhealsúnacht oideolaíochta.

⁵ Beidh na meastóireachtaí faoin bpróiseas deimhnithe le haghaidh aitheantais mar scoil Ghaeltachta á réachtáil ag an Roinn Oideachais idir mí Dheireadh Fómhair 2022 agus Cáisc na bliana 2024 (An Roinn Oideachais 2022c).

1.3.1 Bunphrionsabail an Chomhtháthaithe Ábhar agus Teanga

Is i gcomhthéacsanna oideachasúla ina fhéachtar, nó inar fhéachadh go dtí le déanaí, ar fhoghlaim teanga agus ar fhoghlaim ábhair mar phróisis neamhspleácha óna chéile sa chomhthéacs teagaisc (Snow, Met agus Genesee 1989). Nasctha go dlúth leis an tuairim seo ná go mbíodh an múinteoir ábhair freagrach as múineadh an ábhair agus an múinteoir teanga freagrach as múineadh na teanga (Tedick agus Cammarata 2012). Anois, áfach, cónascann cuir chuige chomhtháite ábhar agus teanga na sainréimsí teagaisc seo le chéile i dtumchláir éifeachtacha. Saináithnítear cláir chomhtháite ábhar agus teanga mar chláir a úsáideann teanga bhreise, teanga iasachta nó dara teanga mar mhéan chun an t-ábhar agus an teanga a theagasc⁶ (Coyle, Hood agus Marsh 2010). Ar a bharr sin, tá sé mar uailspríoc ag na cláir chéanna go mbeadh máistreacht ag foghlaimeoirí ar ábhar agus ar theanga faoi seach faoi dheireadh an chláir scolaíochta (Mehisto 2008). Ciallaíonn sé seo, i bhfocail shimplí, go mbeadh an fhorbairt teanga á cur chun cinn sa seomra ranga tumoideachais go comhuaineach nó go comhchéimneach le forbairt nó le foghlaim an ábhair. D’ainneoin ratha agus blátha na múnlaí comhtháite ábhar agus teanga ar fud na cruinne áfach aibhsítear go comhsheasmhach sa litríocht gur coincheap coimpléascach é comhshnaidhmeadh an ábhair agus na teanga trí chéile (Tedick agus Zilmer 2020). Tabharfar scansáil ar a chasta is atá sé clár comhtháite a chur i bhfeidhm go hoideolaíoch sa mhír a leanas.

1.3.2 Duáilcís an Chomhtháthaithe Ábhar agus Teanga

Tuigtear go bhfuil sé de dhualgas gairmiúil ar an múinteoir ábhair i gcomhthéacs tumoideachais na Gaeltachta glacadh le ról an mhúinteora teanga le linn theagasc sainábhair (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020). In ainneoin go n-aithníonn an lucht acadúil go

⁶ Féach mír 2.2.3 do scagadh na gclár comhtháite agus an teagasc ábharbhunaithe go háirithe.

bhfuil an méid céanna mar fhreagracht ghairmiúil ar mhúinteoirí tumoideachais go forleathan, ní hionann é sin agus a rá go nglacann oidí an ghoirt leis an gcúram oideolaíochta seo i gcónaí (Cammarata agus Tedick 2012; Ó Laoire, Uí Chonghaile agus Ó Ceallaigh 2021; Pérez Cañado 2015). Anuas air sin, aibhsítear go n-oiltear an múinteoir tumoideachais iar-bhunleibhéil go minic mar speisialtóir ábhair agus ní mar chleachtóir tumoideachais. Is amhlaidh atá de thoradh go mbreathnaítear mar chuid den tsainoilíúint tosaigh agus den fhorbairt ghairmiúil ar an mbonn eolais oideolaíoch a éilíonn comhthéacs na mórtheanga seachas comhthéacs na mórtheanga agus na mionteanga araon (Dalton-Puffer, Hüttner, Schindelegger agus Smit 2009; Evnitskaya agus Morton 2011; Morton 2016; Ó Laoire *et al.* 2021). Is cuí, mar sin, gur minic éiginnteacht i measc múinteoirí tumoideachais faoi fheidhmiú éifeachtach an chuir chuige chúitithe i gcomhthéacs sainábhair agus a gcuid saintuiscintí oideolaíochta tearcfhorbartha dá réir (Cammarata agus Ó Ceallaigh 2018; Ó Ceallaigh, Ó Laoire agus Uí Chonghaile 2019; Tedick agus Lyster 2020; Tedick agus Zilmer 2020).

Is mar thoradh ar an neamhchinnteacht chéanna go mbíonn torthaí taighde measartha leitheadach ann a mhaíonn gur annamh a dhíríonn múinteoirí tumoideachais aird na ndaltaí ar an bhfoirm theangeolaíoch le linn an lae tumoideachais (Allen, Swain, Harley agus Cummins 1990; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Tedick, Christian agus Fortune 2011). Chuige sin, dearbhaítear nuair a bhíonn an comhthéacs foghlama ródhírithé ar bhrí agus ar thuiscintí an ábhair nach sealbhaítear gnéithe áirithe den teanga go baileach (Flynn 2021; Ní Aogáin agus Ó Duibhir 2022). Ar a bharr sin, is dá bhíthin na bhfaillí ar aird na foirme sa chur chuige oideolaíochta ina gcothaíonn an córas tumoideachais laigí agus earráidí an mhíchruinnis i dteanga dhaltaí tumoideachais (Ní Aogáin 2019; Ní Dhiorbháin 2017, 2016; Ó Ceallaigh 2016, 2013). Thairis sin, is gné é seo den chóras a bhíonn mar chúis le hiontasiú a dhéanamh

ar an teanga lochtach (Ní Shéaghdha 2010). Is ionann iontasiú agus inmheánú a bheith déanta ar an teanga mhíchruinn (Tedick agus Lyster 2020). Ní nach ionadh, mar sin, go bhfuil an lucht léinn ag tarraingt aird ar ábhar an mhíchruinnis sa chóras tumoideachais le tamall de bhlianta anuas (Fortune *et al.* 2008; Genesee agus Lindholm-Leary 2013; Lyster agus Mori 2006; Ní Dhiorbháin 2017; Ó Ceallaigh 2016; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Duibhir 2018; Walsh 2007).

I bhfianaise an mhéid a pléadh san alt roimhe seo, sonraítear go lom nach leor teagmháil le hionchur sothuigte le lucht labhartha cruinn agus dátheangach teanga a sholáthar (Krashen 1985). I bhfocail eile, glactar leis nach sealbhaítear an sprioctheanga go cruinn ná go hiomlán trí phróiseas céasta an ‘osmóis’ (Cammarata agus Haley 2018). Is follas, mar sin, go bhfuil réimse de stór eolais oideolaíochta uathúil de dhíth ar mhúinteoirí má táthar le feidhmiú mar ghairmithe éifeachtacha sa chomhthéacs tumoideachais leis an inniúlacht agus leis an litearthacht sa sprioctheanga a fhorbairt go comhuaineach leis an ngnóthachtáil acadúil (Morton 2016; Ní Aogáin, Ní Mhurchú agus Ó Ceallaigh 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a). Dá bhrí sin, chun go n-éireodh le cláir thumoideachais a n-aidhmeanna oideachasúla a thabhairt chun críche ní mór múinteoirí a chumasú i leith an teagaisc chomhtháite ábhar agus teanga.

1.4 Réasúnaíocht Taighde

Bíodh is go bhfuil lear mór taighde déanta ar nádúr dinimiciúil na gclár tumoideachais ar fud na cruinne, is ann do roinnt bearnaí sa chorpas taighde go fóill. Cé is moite den tógáil feasachta ar bun mar a bhaineann le hoideolaíochtaí agus le dea-chleachtais an tumoideachais trí chéile (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020; Lyster 2018; Nassaji agus Fotos 2011; Ní Aogáin 2019; Ní Dhiorbháin 2016; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha

2017; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Tedick agus Lyster 2020), is beag taighde atá déanta ar an raon leathan topaicí a bhaineann le forbairt ghairmiúil sa réimse céanna, go háirithe an fhorbairt ghairmiúil sin a chuireann ar chumas múinteoirí tumoideachais na tuiscintí cuí a fhorbairt leis na dea-cleachtais ghaolmhara a chur i bhfeidhm (Camarata agus Tedick 2012; Fortune, Tedick agus Walker 2008; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Tedick 2022; Tedick agus Wesley 2015). Ar a bharr sin, sonraítear go bhfuil forbairt ghairmiúil shainchuspóireach á héileamh go síoraí seasta ag múinteoirí agus ag taighdeoirí na gcomhthéacsanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge in Éirinn chun teacht ar threoir shoiléir shainiúil do theagasc éifeachtach an tumoideachais (Ní Chróinín, Ní Mhurchú agus Ó Ceallaigh 2016; Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh, Hourigan agus Leavy 2018; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2021). Dealraíonn Ní Chróinín *et al.* (2016) go bhfuil tábhacht nach beag lena leithéid d'fhoghlaim ghairmiúil i ngeall gur gné bhunriachtanach í an fhoghlaim ghairmiúil shaindeartha le spriocanna na mbeartas oideolaíochta a thabhairt chun críche (.i. táscairí dea-chleachtais an *POG*).

Sa treis ar an nganntanas taighde ar fhorbairt ghairmiúil mhúinteoirí tumoideachais, is lú arís an taighde atá le sonrú sa ghort a thugann suntas d'eispéiris oideolaíochta mhúinteoirí ábhair sa chóras oideachais Ghaeltachta ag an iar-bhunleibhéal (féach Ní Thuairisg 2020, 2014 agus Ní Shé 2021). Thairis sin, d'fhéadfaí a mhaíomh gur nós do thaighdeoirí dúchasacha go minic an comhthéacs Gaeltachta agus lán-Ghaeilge iar-bhunleibhéil a chur in aontíos litríochta le chéile (féach Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2021⁷; Ó Grádaigh 2015). Os a choinne sin, b'fheasach don taighdeoir nach ionann an dá chomhthéacs oideachais ar

⁷ Tuigtear gur bunaíodh an staidéar áirithe seo ar thaighde de chuid Uí Cheallaigh *et al.* (2019a).

go leor bealaí⁸ agus an tuairim seo treisithe le tionscain an *POG*. Chuige sin, is cóir imscrúdú a dhéanamh ar pheirspictíochtaí oideolaíochta mhúinteoirí iar-bhunleibhéil sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta, ar chomhthéacs é atá neamhspleách go hiomlán ón gcomhthéacs lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, le freastal cuí, córasach a dhéanamh ar riachtanais agus ar éilimh an tírdhreach shainiúil oideachais.

Anuas ar a laghad taighde a chuireann roimhe taithí bharántúil mhúinteoirí an chórais oideachais Ghaeltachta ag an iar-bhunleibhéal a shoilsiú, áitíonn an taighdeoir gur beag taighde a dhíríonn ar rathúlacht an *POG* i leith na gcleachtas oideolaíochta ábharbhunaithe a chothú. Sa mhullach air sin, tuigtear go bhfuil an taighde measartha teoranta seo curtha i gcrích ag páirtithe leasmhara de chuid na Roinne Oideachais amháin (An Roinn Oideachais 2021a; An Roinn Oideachais agus Scileanna 2019). Leis sin, tá sé mar aidhm ag an tionscadal taighde seo iniúchadh oibiachtúil a dhéanamh ar eispéiris ghairmiúla iarbhír mhúinteoirí sainábhair an chórais oideachais Ghaeltachta mar a bhaineann leis an teagasc comhtháite ábharbhunaithe a chur i ngníomh. Sa bhreis air sin, tuigtear ó na bearnaí litríochta réamhphléite go bhfuil gá le haird ar leith a leagan sa tionscadal taighde seo ar éifeachtacht na foghlama gairmiúla i leith chur chun cinn na hidé-eolaíochta ábharbhunaithe.

Tá múinteoirí Eacnamaíochta Baile roghnaithe mar spriocshampla don togra taighde seo thar aon ghrúpa eile de mhúinteoirí sainábhair bunaithe ar '*felt need*' an taighdeora (Elliot, 1991: 53). Is múinteoir Eacnamaíochta Baile agus Gaeilge í an taighdeoir agus mothaíodh go láidir go raibh gá le hiniúchadh a dhéanamh sa réimse seo ag eascairt as a taithí féin agus as na dúshlán a bhí roimpi mar oideachasóir sa ghort. Agus léargas tugtha ar réasúnaíochtaí

⁸ Tabharfar spleachadh ar chosúlachtaí mar aon le héagsúlachtaí na gcóras oideachais Gaeltachta agus lán-Ghaeilge i gCaibidil 2.

éagsúla an tionscadail reatha féachfar chuige anois lena shaincheisteanne neadaithe a nochtadh.

1.5 Ceisteanne Taighde

Díríonn ceisteanne taighde an tsaothair seo ar iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais oideolaíochta an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san iar-bhunscoil Ghaeltachta (Fíor 1.3).

An teagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga: Iniúchadh criticiúil ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iar-bhunscoil Ghaeltachta

- *Cad iad creidiúintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith theagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga?*
- *Cad iad tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith theagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga?*
- *Cad iad cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith theagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga?*

Fíor 1.3: Saincheisteanne taighde

Rinneadh iarracht na ceisteanne taighde thuasluaite a chíoradh trí anailís a dhéanamh ar an litríocht ábhartha mar aon le taithí iarbhír na rannpháirtithe. Ba é cuspóir an taighde seo ná taithí ghairmiúil mhúinteoirí ábhair an chomhthéacs shainiúil oideachais a nochtadh, mar a bhain le cur i bhfeidhm ilghnéitheach agus iltaobhach an teagaisc ábhairbhunaithe. Rinneadh amhlaidh d'fhonn treoir shainiúil agus praiticiúil, neadaithe i gcomhthéacs an oideachais Ghaeltachta, a sholáthar dóibh siúd ina mbeadh baint dhíreach nó indéach acu le hoideachas agus le foghlaim ghairmiúil mhúinteoirí sa chomhthéacs céanna.

1.6 Modheolaíocht Taighde

Ba é an taighde feidhmeach a roghnaíodh mar fhráma taighde don tionscadal seo de bharr go raibh fonn ar an taighdeoir na dúshláin a aithníodh óna taithí ghairmiúil féin, maidir le teagasc na hEacnamaíochta Baile sa chomhthéacs lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, a iniúchadh agus a shárú chomh fada agus ab fhéidir laistigh de réimse an staidéir. Is cur chuige é an taighde feidhmeach ina mbailítear eolas faoi dhúshláin ar leith sa suíomh oibre agus a ndéantar iarracht dul i ngleic leo ar bhealaí praiticiúla (Creswell agus Creswell 2018). Chomh maith leis sin, díríonn an taighde feidhmeach aird go follasach ar thaithí an mhúinteora agus tugtar deis dóibh iniúchadh a dhéanamh ar a c(h)leachtas féin agus athruithe i ndáil le barr feabhais a chur i bhfeidhm dá réir (Koshy 2010). Thairis sin, tuigtear go bhfuil bunphrionsabail an taighde fheidhmigh ailínithe le spriocanna na foghlama gairmiúla trí chéile, áit ina bhfeictear chuige go ndéanfaí scafláil ar an gclaoclú i mbonn eolais agus cleachtais oideolaíochta an mhúinteora tumoideachais (Tedick 2022). Déanfar míniú níos cuimsithí a sholáthar ar an taighde feidhmeach mar dhearadh taighde níos faide anonn sa tráchtas seo i gCaibidil 4. Tugtar cuntas gonta sa chéad alt eile ar an struchtúr modheolaíochta a cuireadh i bhfeidhm.

Earcaíodh seisear rannpháirtithe (.i. múinteoirí Eacnamaíochta Baile in iar-bhunscoileanna Gaeltachta) don tionscadal taighde seo. Ag tús an aistir fhoghlama, cuireadh roimh rannpháirtithe sprioc an fheabhsuithe maidir le comhtháthú ábhar agus teanga a bhaint amach sa chleachtas teagaisc. Reáchtáladh dhá thimthriall taighde leis an uailsprioc taighde seo a thabhairt chun críche. Cuireadh tús le gach timthriall taighde le breathnóireacht ranga agus agallamh aisghairme spreagtha. Bunaithe ar an anailís agus ar an eolas a d'eascair as na hionstraimí taighde seo, dearadh agus reáchtáladh seisiúin oiliúna shaindírithe ar riachtanais rannpháirtithe. Ina dhiaidh sin, spreagadh rannpháirtithe chun na straitéisí agus

modhanna múinte a cíoradh le linn na hoiliúna a fhí le teagasc an ábhair ina gcuid cleachtais teagaisc, mar thréimhse thriallach idir an seisiún oiliúna agus an chéad bhreathnóireacht ranga eile.

Lena chois sin, beartaíodh pobal cleachtais a bhunú le tacaíocht agus le spreagadh a chur ar fáil do rannpháirtithe agus iad ag tabhairt faoin gcleachtas úrnua. Iarradh ar rannpháirtithe dialann athmhachnamhach a chomhlíonadh le linn na tréimhse chur i bhfeidhm agus choinnigh an taighdeoir dialann athmhachnamhach freisin. In ainneoin constaicí éagsúla a bheith roimh an tionscadal taighde seo, ag tagairt go háirithe d'iarmhairt na géarchéime sláinte COVID-19 ar chúrsaí oideachais le linn na bliana acadúla 2020-2021, ba léir gur músclaíodh feasacht rannpháirtithe i leith chomhtháthú an ábhair agus na teanga ar an iomlán. Sa mhullach air sin, agus mar thoradh ar a gcuid rannpháirtíochta sa tionscadal seo, spreagadh tromlach na rannpháirtithe chun bheith ina ngníomhairí athraithe le dearcadh dearfach agus oscailte i dtaobh chomhtháthú dea-chleachtais an teagaisc ábhairbhunaithe sa chleachtas oideolaíochta, gné a chur go mór lena sásamh gairmiúil.

1.7 Struchtúr an Tráchtais

I gCaibidil 2, is i dtrí chuid atá an léirmheas leagtha amach faoi réir ag an tumoideachas go hidirnáisiúnta, go náisiúnta agus i gcomhthéacs na Gaeltachta faoi seach. Tabharfar sracfhéachaint ar dtús ar shainmhínte a dhéantar ar an oideachas dátheangach. Tugtar achoimre ina dhiaidh sin ar shamhlacha mar aon le cláir éagsúla oideachais dhátheangaigh. Déantar an comhthéacs stairiúil agus tréithe aitheanta an tumoideachais a scagadh agus tabharfar cuntas gonta ar chláir idirnáisiúnta thumoideachais atá inchurtha le comhthéacs na hÉireann. Ina dhiaidh sin breathnófar ar thorthaí taighde an tumoideachais go hidirnáisiúnta.

Ansin, tabharfar sainmhíniú ar an oideachas lán-Ghaeilge i gcomhthéacs na hÉireann, agus déanfar tuairisciú ar chomhthéacs stairiúil agus ar fhorás na samhla oideachais sin. Díreofar ar mhúnlaí tumoideachais na tíre seo agus iniúchfar an freastal a dhéantar ar thréithe lárnacha agus inathraitheacha an tumoideachais. Ina dhiaidh sin, nochtfar buanna agus eochairdhúshláin an tumoideachais sa chomhthéacs lasmuigh den Ghaeltacht go háirithe. Ar deireadh, breathnófar ar an tumoideachas i gcomhthéacs na Gaeltachta. Tosófar le spleáchadh ar chomhthéacs sainiúil oideachais na Gaeltachta a sholáthar. Féachfar ina dhiaidh sin ar thorthaí taighde sonracha don chomhthéacs céanna agus ar deireadh déanfar imlíniú ar ábharthacht an *POG* don tionscadal taighde seo.

I gCaibidil 3, féachfar le léirbhreithniú litríochta a dhéanamh ar chomhtháthú an ábhair agus na teanga sa chomhthéacs tumoideachais. Ag tús na caibidle, cíorfar an litríocht ábhartha a bhaineann le sealbhú agus le foghlaim na chéad agus an dara teanga. Ina dhiaidh sin, déanfar scagadh ar mhúnlaí oideolaíochta an chomhtháthaithe ábhar agus teanga. Is ag croílár na caibidle a bheidh an plé grinn ar ghéaga éagsúla den teagasc foirmdhírthe, fréamhaithe i gcomhthéacs theagasc sainábhair. Sa chuid dheireanach, díreofar ar shaintréithe na foghlama gairmiúla éifeachtaí le héascaitheoireacht a dhéanamh ar an dea-chleachtas réamhphléite a inaistriú go dtí an cleachtas teagaisc ar bhonn inmharthana.


I gCaibidil 4, leagtar amach na cinntí a tógadh maidir leis an modheolaíocht taighde. Léireofar an chúis ar lonnáiódh an staidéar i bparaidím bhunathraitheach chomh maith leis an réasúnaíocht ar roghnaíodh dul i muinín modhanna measctha taighde. Pléifear critéir roghnúcháin an tsampla agus tabharfar aghaidh ina dhiaidh sin ar achoimre chuimsitheach a sholáthar ar an taighde feidhmeach mar dheardh taighde. Déanfar imscrúdú ar chur i bhfeidhm na n-uirlisí taighde agus ar na nósanna imeachta chun anailís chórasach a

dhéanamh ar shonraí loma. Díreofar aird ar chúrsaí eitice agus ar deireadh tabharfar cuntas beacht ar impleachtaí éigeandáil sláinte an Choróinvíris COVID-19 ar an gcur chuige modheolaíochta trí chéile.

I gCaibidil 5, déantar plé ar na téamaí a tháinig chun cinn ó na sonraí a bailíodh le linn an taighde fheidhmigh, mar a bhain go saineúil le tuiscintí agus le creidiúintí ábharbhunaithe an mhúinteora. Cuirfear an t-eolas i láthair faoi théamaí éagsúla, lena n-áirítear, ról na teanga sa chomhthéacs ábharbhunaithe, oideachas an mhúinteora Eacnamaíochta Baile chomh maith le dúshlán shaineúla ghairmiúla ábhartha eile. Pléifear ilghnéitheacht an teagaisc ábhairbhunaithe le béim nach beag ar na teannais oideolaíochta a bhíonn in iomaíocht lena chéile agus a fheidhmíonn mar bhac leis an dea-chleachtas ábharbhunaithe a bhaint amach go córasach.

I gCaibidil 6, déanfar iniúchadh ar raon agus ar nádúr chleachtas na rannpháirtithe i ndáil leis na dea-chleachtas ábharbhunaithe nochtá i gCaibidil 3. Tabharfar faoi mhionanailís a dhéanamh ar chleachtas rannpháirtithe thar scála ama an taighde (.i. tús, lár agus deireadh an tionscadail) agus déanfar plé ar an gcleachtas i bhfianaise na litríochta agus peirspictíochtaí ábhartha na rannpháirtithe.

Sa chuid dheireanach, Caibidil 7, cuirfear conclúidí agus moltaí chun tosaigh, tabharfar cuntas ar shrianta an taighde agus leagfar amach réimsí le haghaidh tograí taighde amach anseo. Tugtar achoimre ghonta ar ábhair na gcaibidlí éagsúla i bhFíor 1.4.



Fíor 1.4: Imlíne an taighde

1.8 Conclúid

Ag tús na caibidle míníodh comhthéacs agus suíomh sainiúil an taighde agus na sainmhínte ina nglactar leo. Ina dhiaidh sin, tugadh léargas ar an réasúnaíocht a bhí ina bunús leis an taighde ina iomláine agus rinneadh cur síos ar mhórspriocanna an tionscadail. Cuireadh modheolaíochtaí an taighde i láthair go gonta agus ag deireadh na caibidle féachadh le cur síos a dhéanamh ar ábhair chaibidlí éagsúla an tráchtais le treoir a sholáthar don léitheoir ar an struchtúr a bheidh leis an bplé agus leis an anailís. Tabharfar aghaidh anois i gCaibidil 2 ar an tumoideachas sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus náisiúnta.

Caibidil 2 : An Tumoideachas

2.1 Intreoir

Cuireann an taighde reatha roimhe imscrúdú criticiúil a dhéanamh ar an teagasc ábharbhunaithe sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta. Mar thúsphointe ar an aistear iniúchta ní mór don taighdeoir a bheith eolach ar sheasaimh an ghoirt i leith an tumoideachais. Leis sin, tugann an chaibidil seo spléachadh ar an tumoideachas go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta. Sa chéad chuid den chaibidil, tabharfar léargas ar an tumoideachas go hidirnáisiúnta trí choincheap an dátheangachais agus an oideachais dhátheangaigh a scagadh. Féachfar lena chois sin ar shamhlacha agus ar chineálacha oideachais dhátheangaigh éagsúla ar fud an domhain le fairsingeacht an oideachais dhátheangaigh a nochtadh. Ina dhiaidh sin, míneofar coincheap an tumoideachais agus a thréithe aitheanta roimh iniúchadh a dhéanamh ar mhúnlaí tumoideachais idirnáisiúnta ar mhúnlaí iad atá inchurtha le comhthéacs na hÉireann. Ar deireadh, aithneofar torthaí taighde an tumoideachais i dtéarmaí idirnáisiúnta. Sa dara cuid den chaibidil, breathnófar go mion ar an tumoideachas in Éirinn. Tosófar le plé ar bhunús agus ar fhorás an tumoideachais agus ina dhiaidh sin déanfar anailís ar thréithe aitheanta an tumoideachais i gcomhthéacs na tíre seo. Scagfar na cláir éagsúla agus na torthaí taighde a luaitear leo go sonrath. Díreofar sa tríú cuid den chaibidil ansin ar an tumoideachas sa chomhthéacs Gaeltachta le béim nach beag ar réasúnaíocht, dea-chleachtais agus cur i bhfeidhm an *POG* mar a bhaineann leis an teagasc ábharbhunaithe.

2.2 An tOideachas Dátheangach

Is sa rannóg seo a dhéanfar scansáil ar choincheap an dátheangachais sa chomhthéacs tumoideachais chomh maith leis na samhlacha agus na cineálacha oideachais dhátheangaigh a mhaireann chun an dátheangachas a chur chun cinn.

2.2.1 An Dátheangachas

Is cosúil go nglactar leis go forleathan gurb í an ‘...bhrí bhunúsach a bhaineann le dátheangachas ná a bheith in ann dhá theanga a labhairt nó a scríobh’ (Ní Dhonnabháin, 2014: 17). Ardaítear an cheist ina fhianaise seo, mar sin, arb ionann duine dátheangach agus duine a bhfuil sé ar a chumas acu teanga eile a labhairt ar an gcaighdeán céanna is atá sé/sí in ann a t(h)eanga dhúchais a labhairt? Chuige sin, maíonn Baker agus Jones (1998) nach ionann, agus gur léamh róshimplí é an dearcadh áirithe sin ar an dátheangachas mar ‘...to expect someone to be exactly equally fluent in two languages is a simplistic view of bilinguals. Bilinguals are sometimes expected to be two monolinguals inside one person. This viewpoint is unreal and mistaken’ (13). Treisítear an tuairim seo i saothar Baker agus Wright (2021), áit ina ndéantar contanam inniúlachta an dátheangaí a léirmhíniú ar an ábhar céanna (Fíor 2.1⁹).

⁹ Is ionann an chéad litir (.i. A nó B) agus an chéad teanga agus déanann an clómhéid léargas a sholáthar i dtaca le leibhéal inniúlachta an dara teanga.

Leibhéal Inniúlachta an Dátheangaí	
Aonteangach i dTeanga A	Aonteangach i dTeanga B
Ab Ab Ab Ab AB AB Ba Ba Ba Ba	

Fíor 2.1: Contanam inniúlachta an dátheangaí (arna chur in oiriúint ó: Valdés 2003, luaite in Baker agus Wright, 2021: 8)

Léiríonn an contanam, i mbeagán focal, nach ionann an inniúlacht i dteanga A agus an inniúlacht i dteanga B i gcónaí, mar atá réamhnocta. Sa mhullach air sin, áitíonn Baker agus Wright (2021) go mbraitheann an leibhéal inniúlachta ar chúinsí indibhidiúla an duine aonair, is iad sin, úsáid i ndáil le scileanna teanga (.i. scileanna ginchumais nó gabhchumais), comhthéacs úsáide agus méid na húsáide (.i. an teanga mar theanga oibre nó mar theanga an phobail), aois an duine nó forbairt teanga (.i. an teanga mar chéad nó mar dhara teanga), cultúr agus comhthéacs i leith úsáid na teanga (.i. teanga chlainne nó teanga shóisialta i measc déagóirí) chomh maith le rogha teanga (.i. teifigh a thugann faoi mhórtheanga na tíre a fhoghlaim). Leis sin, d'fhéadfaí a áitiú nach feiniméan simplí é an dátheangachas i gcomhthéacs an oideachais dhátheangaigh go háirithe.

2.2.2 An tOideachas Dátheangach

Is í an bhuntuisicint atá le hoideachas dátheangach ná go mbaintear úsáid as dhá theanga nó sprioctheanga, teanga iasachta nó teanga bhreise chun ábhar a theagasc agus ábhar a fhoghlaim (Baker agus Wright 2021). Thairis sin, insíonn Andersson agus Boyer (1970) gurb ionann an t-oideachas dátheangach agus ‘...(an) instruction in two languages and the use of those two languages as mediums of instruction for any part of, or all of the other school curriculum’ (12). Cuireann Tedick (2014: 159) leis seo agus sainmhíniú á chur i

láthair ar an oideachas dátheangach i gcomhthéacs na máthairtheanga agus na mionteanga faoi seach:

Bilingual education serves both minority language and majority language speakers. Majority language students speak the majority societal language at home (e.g., English speakers in Ireland), whereas minority language students speak a non-dominant societal language exclusively or predominantly when they begin school (e.g., Spanish speakers in the U.S.).


Ina theannta sin, dealraíonn Mackey (1972) gur beag tír nach bhfuil samplaí den oideachas dátheangach le sonrú inti, seasamh a léiríonn gur múnla an-chomónta é an t-oideachas dátheangach ar fud na cruinne.

Is féidir leis an oideachas dátheangach a bheith so-aitheanta mar dhátheangachas suimitheach nó mar dhátheangachas dealaitheach. Dar le Baker agus Wright (2021), is éard is brí le dátheangachas suimitheach ná nuair a bhaintear ardchaighdeán amach sa dara teanga, mionteanga nó teanga iasachta (T2 as seo amach), ach gan aon dochar a bheith déanta don chéad teanga (T1 as seo amach). Ar an lámh eile ansin, nuair a bhíonn iarmhairt ag foghlaim an T2 ar shealbhú an T1, tugtar dátheangachas dealaitheach ar an méid céanna (Lenoach 2014). Ar a bharr sin, aibhsíonn Landry, Allard agus Deveau (2007) go mbíonn difríochtaí éagsúla i gceist idir dátheangachas suimitheach don mhórttheanga agus don mhionteanga. I gcás an oideachais Ghaeltachta in Éirinn mar shampla, maítear gur ceart go mbainfí leibhéal inniúlachta ar leibhéal an chainteora dúchais amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla chomh maith leis an teanga dúchais a chaomhnú, a chothú agus a fhorbairt (Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha agus Ní Mhainín 2005; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017). Ina choinne sin, áfach, tugtar le fios go mbíonn a mhalairt scéil i gceist go minic agus dátheangachas dealaitheach i ndán do chainteoirí dúchais an chórais (Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017). Sin ráite, tuigtear go bhfuil lear mór múnlaí oideachais dhátheangaigh le sonrú ar fud an domhain mhóir agus baineann cúiseanna éagsúla le cur chuige agus le cur i bhfeidhm na múnlaí éagsúla. Dá réir, ní mór scagadh a dhéanamh ar na

samhlacha dátheangacha agus na cineálacha oideachais dhátheangaigh seo sa chéad mhír eile.

2.2.3 Samhlacha Dátheangacha agus Cineálacha Oideachais Dhátheangaigh

Sna cláir oideachais dhátheangaigh a chomhtháthaíonn teanga agus ábhar le chéile, múintear an t-ábhar trí theanga iasachta, teanga bhreise nó mionteanga go hiondúil (Met 1999). D'fhorbair an scoláire Met (1999) contanam de theagasc comhtháite ábhar agus teanga chun na cláir chomhtháite seo a léirmhíniú (Fíor 2.2).



Fíor 2.2: Contanam Met (1999)

Déanann Fahey (2022: 13) imlíniú beacht ar bhunphrionsabail chontanam Met (1999) mar seo a leanas:

Within the language learning continuum is the focus on either extreme of language or content. Language-focused learning is supported by solid language learning objects with a focus on vocabulary, grammar, and discourse. Content is merely a practice of these language skills. Content-focused learning is the opposite of this, with little focus on language development objectives or providing development of key language skills but rather expanding knowledge on select subject content.

Cé go bhfuil idirdhealú follasach déanta idir na cláir chomhtháite sa mhéid thuas, is cóir a thabhairt chun cuimhne go ndéantar suntas do chomhtháthú an ábhair agus na teanga i ngach aon saghas cláir chomhtháite, in ainneoin na héagothroime sonraithe in aidhmeanna na gclár féin (Cenoz 2015). Thairis sin, nuair a bhíonn béim fhrithchothromaithe leagtha ar ábhar agus ar theanga deirtear go luítear i lár an chontanaim chomhtháite (Massler, Stotz agus

Queisser 2014). Ciallaíonn sé seo go mbíonn an fhoghlaim ábhair agus an fhoghlaim teanga á cur chun cinn go comhuaineach (Ó Ceallaigh *et al.* 2017). Rinne Ó Ceallaigh (2017) tuilleadh rangaithe ar obair Met (1999) le cláir chomhtháite a shainaitheint ar an gcontanam céanna (Fíor 2.3).

Contanam Comhtháite Ábhar agus Teanga					
Oideachas teanga ‘iasachta’ (go minic teanga(cha) is mó gradam ar domhan – ELT/EFL, Seapánach, Fraincis)	FCÁT atá ‘bog’ nó ‘lag’ Ceachtanna teanga, nó cúpla uair caite ar ábhar sa T2	FCÁT atá ‘crua’ nó ‘láidir’ (ábhar amháin nó níos mó mínte sa T2)	Tumoideachas (i.e. Oideachas Lán-Ghaeilge in Albain srl.)	Oideachas lán-Bhéarla (EMI). Iar-choilíneachtaí agus oideachas 3ú leibhéal	Oideachas príomhsrutha sa T1 (mórtheanga)
+ Béim ar theanga			+ Béim ar ábhar		

Fíor 2.3: Contanam Met (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh 2017)

I measc na gelár is suntasaí d’ábhar an taighde reatha tá FCÁT agus an tumoideachas. Dá ainneoin nach rianaítear an teagasc ábharbhunaithe mar chlár comhtháite ar an gcontanam thuasluaite, tuigtear go dtagraíonn sé do na bunphrionsabail chomhtháite chéanna chomh maith le bheith aitheanta mar chineál tumoideachais ann féin (Brinton, Snow agus Wesche 1989; Fahey 2022).

Úsáidtear ‘Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga¹⁰’ (FCÁT as seo amach) agus ‘Teagasc Ábharbhunaithe¹¹’ go hinmhalartach sa litríocht nuair a thráchtar ar fhoghlaim an ábhair trí mheán an dara teanga nó trí mheán na teanga breise (Ó Ceallaigh, Ní Mhurchú agus Ní Chróinín 2017). Áitítear go bhfuil mórán cosúlachtaí idir na cláir chéanna sa chiall

¹⁰ Luaite mar ‘Content and Language Integrated Learning’ sa Bhéarla.

¹¹ Luaite mar ‘Content-Based (Language) Instruction’ sa Bhéarla.

is go mbaintear úsáid as an ábhar acadúil mar mheán nó mar fheithicil le hinniúlachtaí sa sprioctheanga a chothú (Cenoz 2015; Coyle *et al.* 2010; Dalton-Puffer 2007). Sin ráite, ní hionann FCÁT agus teagasc ábharbhunaithe ar go leor bealaí eile agus déantar coimriú ar a saintréithe aitheanta sna míreanna a leanas.

Dar le Coyle *et al.* (2010: 1), is ionann FCÁT agus ‘...a dual-focused educational approach in which an additional language is used for the learning and teaching of both content and language’ (1). Tógann Ó Ceallaigh *et al.* (2017: 62) ar shainmhíniú de chuid Coyle *et al.* (2010) le ról na teanga agus bunús FCÁT a shoiléiriú tuilleadh:

...‘a dual-focused educational approach’ to language learning where the target language is used for a curricular purpose, so that the language becomes a means to an end rather than an end to itself. This dual-focused form of instruction where attention is given to academic subject matter and second language skills is used extensively in a variety of language learning contexts in Europe and has been adopted as an umbrella term for varied types of approaches to bilingual education in Europe.

Gné eile atá sainiúil do FCÁT, agus gur gá a chur san áireamh i gcomhthéacs an taighde seo, ná go mbíonn FCÁT in úsáid mar chur chuige oideolaíochta ina n-úsáidtear an sprioctheanga chun ábhar aonair nó aonad foghlama laistigh den churaclam nó laistigh den sainábhar sin a theagasc¹³ (Flynn 2021; Ó Laoire 2016). Lena chur go simplí, sonraítear gur instealladh de chomhtháthú ábhar agus teanga é FCÁT. A mhalairt atá fíor i gcomhthéacs an teagaisc ábhairbhunaithe sa tslí is go bhfuil sé aitheanta mar chláir tumoideachais ann féin, agus lena ndearbhaítear go mbíonn codanna suntasacha den churaclam á múineadh trí mheán na sprioctheanga ann, ag brath ar an múnla tumoideachais faoi thrácht (.i. lántumadh nó páirt-tumadh) (Flynn 2021).

¹³ Tagann an méid seo le spriocanna an Tionscald FCÁT (Gaeilge) ag an Roinn Oideachais áit ina bhfuil iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (scoileanna T2 as seo amach) aitheanta chun tabhairt faoi scéim píolótach ina mbeidh ábhair éagsúla, nach Gaeilge iad, á múineadh trí mheán na Gaeilge ó thús na bliana acadúla 2022-2023 (An Roinn Oideachais 2022d).

Tháinig ann do choincheap agus do chur chuige an teagasc ábhairbhunaithe sna cláir thumoideachais i gCeanada agus i Meiriceá Thuaidh siar sna 1960'idí (Dalton-Puffer agus Nikula 2014; de Zarobe agus Jiménez Catalán 2009). Shainmhínigh Brinton *et al.* (1989: 7) an teagasc ábhairbhunaithe mar chlár tumoideachais a éascaíonn ‘...the concurrent study of language and subject matter, with the form and sequence of language presentation dictated by content material.’ Ní mór an difear idir an sainmhíniú seo agus an sainmhíniú a tugadh ar an gcur chuige céanna scór bliain ina dhiaidh sin nuair a mhol Stoller (2008: 59) an teagasc ábhairbhunaithe mar ‘...(an) umbrella term referring to instructional approaches that make a dual, though not necessarily equal¹⁴, commitment to language and content-learning objectives.’ Leis sin, tá le sonrú nach mbíonn cur chuige frithchothromaithe i gcónaí idir teanga agus ábhar i dteagasc ábhairbhunaithe. Sa bhreis air sin molann Brown agus Bradford (2017) gur gnó dúshlánach é do thaighdeoirí an teagasc ábhairbhunaithe a shainiú go baileach mar gheall go mbíonn sé le sonrú i réimse leathan clár comhtháite. Tá cuntas comparáideach tugtha ar an dá chur chuige comhtháite i dTábla 2.1.

¹⁴ Tagraítear anseo do chur chuige cúitithe (counterbalanced) (Tedick agus Lyster 2020).

Tábla 2.1: Cuntas comparáideach na gcur chuige comhtháite ábhar agus teanga

Critéar	FCÁT	Teagasc Ábharbhunaithe	Tagairt Litríochta
<i>Bunús stairiúil</i>	An Eoraip	Meiriceá Thuaidh	Baker & Wright 2021; Fahey 2022; Dalton-Puffer & Nikula 2014; de Zarobe & Jiménez Catalán 2009; Stoller 2008
<i>Spriocanna</i>	Iolrachas seachas asamhlú	Iolrachas seachas asamhlú	Cenoz 2015; Fahey 2022
<i>Foghlaimoírí</i>	Cainteoirí neamhdhúchasacha (na sprioctheanga)	Cainteoirí neamhdhúchasacha (na sprioctheanga)	Brown & Bradford 2017; Fahey 2022; Ó Duibhir 2016; Unterberger & Wilhelmer 2011
<i>Sprioctheanga</i>	An dara teanga nó teanga bhreise mar sprioctheanga an teagaisc	An dara teanga nó teanga bhreise mar sprioctheanga an teagaisc	Cenoz 2015; Fahey 2022; Ó Laoire 2016; Unterberger & Wilhelmer 2011
<i>Comhtháthú ábhair agus teanga</i>	Tá an comhtháthú idir ábhar agus teanga le sonrú go follasach mar chur chuige cúitithe Tá sé sainiúil d'aonad foghlama nó d'ábhar áirithe a theagasc laistigh de churaclam na scoile/laistigh den ábhar sin	Braitheann méid/leibhéal an chomhtháthaithe ar an gclár (.i. is féidir an teagasc ábharbhunaithe a shonrú i gclár lántumtha nó i gcúrsaí téamabhunaithe)	Brown & Bradford 2017; Coyle <i>et al.</i> 2010; Fahey 2022; Flynn 2021; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2017; Ó Laoire 2016; Tedick & Cammarata 2012; Unterberger & Wilhelmer 2011
<i>Úsáid idirnáisiúnta</i>	Feiceálach mórthimpeall na cruinne	Níl sé chomh feiceálach le FCÁT	Brown & Bradford 2017; Fahey 2022; Tedick & Cammarata 2012

Cé go bhfuil cúlraí éagsúla i dteannta rátaí éagsúla de mhéid an chomhtháthaithe ábhar agus teanga i gceist sna cuir chuige FCÁT agus teagasc ábharbhunaithe araon, soláthraítear deiseanna foghlama teanga trí mhodh an tsealbhaithe agus ní trí theanga a mhúineadh go follasach (Tedick agus Cammarata 2012). In ainneoin nádúr inmhaltaithe an dá chur chuige céanna, tá an teagasc ábharbhunaithe roghnaithe mar chur chuige feiliúnach don tionscadal taighde seo ar an mbonn gur féidir é a ailíniú le cuspóirí an tumoideachais iomláin

mar chlár oideachais dhátheangaigh. Ar an ábhar sin, áitíonn Baker agus Jones (1998) go bhfuil deich gcineál clár oideachais dhátheangaigh ann lena n-áirítear sé cinn acu atá lag agus ceithre cinn atá láidir¹⁵. I measc na gclár láidir atá an tumoideachas agus é mar sprioc ag an gclár céanna an ‘...dátheangachas agus délitearthacht¹⁶ iomlán a ghiniúint’ (Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha, 2017: 5). Déanfar mionanailís ar fhealsúnacht an tumoideachais sa chéad mhír eile.

2.3 An Tumoideachas go hIdirnáisiúnta

Sa chuid seo, déanfar plé ar an tumoideachas mar chlár láidir oideachais dhátheangaigh. Tosófar le hathbhreithniú ar bhunphrionsabail an tumoideachais agus na samhlacha a aithnítear leis. Déanfar scansáil ar na cláir idirnáisiúnta thumoideachais i dtéarmaí na saintréithe tumoideachais agus ar deireadh tabharfar spléachadh ar thorthaí taighde an tumoideachais sa litríocht ábhartha.

2.3.1 Míniú agus Múnlaí éagsúla

Aithnítear an tumoideachas mar chineál amháin oideachais dhátheangaigh go comhsheasmhach sa litríocht idirnáisiúnta (Baker agus Wright 2021). Cuireadh tús leis an tumoideachas i gCeanada in St Lambert, Montreal sa bhliain 1965 (Ó Duibhir, Nig Uidhir, Ó Cathalláin, Ní Thuairisg agus Cosgrove 2017). Ceapadh agus bunaíodh an tionscnamh pobail chun teacht ar chur chuige ní ab fhearr leis an bhFraincis a mhúineadh do leanaí Quebec arbh é an Béarla a gcéad teanga (Genesee 1983). Léirigh an iarracht chéanna gur

¹⁵ Déanann Aguisín B achoimre ar na saintréithe luaite leis na cláir chéanna.

¹⁶ Is ionann an délitearthacht agus scileanna comhionanna litearthachta a aistriú go cómhalartach idir teanga amháin go teanga eile (Ní Shéaghdha 2010).

éirigh leis an tionscnamh a bheith rathúil ina gcuid spriocanna a bhaint amach le go mbeadh leanaí ‘dátheangach agus déchultúrach’ (Ní Dhonnabháin, 2014: 39).


Cé go bhfuil maíte ag scoláirí éagsúla an ghoirt gur cuireadh tús leis an tumoideachas i gCeanada an chéad lá ariamh, sonraíonn údair dhúchasacha na tíre seo go raibh an tumoideachas i bhfeidhm in Éirinn i bhfad ní ba luaithe ná sin (Ní Shéaghdha 2010; Ó hAiniféin 2008; Ó Ceallaigh 2020b; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Duibhir 2018, 2016; Ó Laoire 2020). Cuireadh an chéad mhúnla tumoideachais i bhfeidhm in Éirinn, d’fhéadfá a rá, nuair a bunaíodh Saorstát na hÉireann sa bhliain 1922, áit inar ‘...leag(adh) amach clár oideachais do na scoileanna náisiúnta go n-úsáidfí an Ghaeilge mar mheán teagaisc ar feadh uair an chloig ar a laghad gach lá i scoileanna ina raibh múinteoirí sách cumasach chun é sin a dhéanamh’ (National Programme Conference, luaite in Ó Duibhir, 2016: 58). Tuigtear, áfach, gur iomaí athrú atá tagtha ar choincheap an tumoideachais le himeacht ama ó shin i leith (Ó Laoire 2020).

Déantar cur síos ar chláir tumoideachais sa chomhthéacs reatha mar ‘...a planned programme aimed at bilingual development’ (Cummins, 2011: 162). Thairis sin, is mar seo a leanas a shainmhíníonn Lyster agus Mori (2006: 8) coincheap an tumoideachais:

A form of bilingual education that aims for additive bilingualism by providing students with a sheltered classroom environment in which they receive at least half of their subject-matter instruction through the medium of a language that they are learning as a second, foreign, heritage or indigenous language. In addition they receive some instruction through the medium of [the majority language] in the community.

Sonraíonn Fortune agus Tedick (2018), in éineacht le Baker agus Wright (2021), go bhfuil iliomad múnlaí tumoideachais le sonrú i gcomhthéacsanna oideachais dhátheangaigh, lena n-áirítear, múnlaí aontreocha/múnlaí déthreocha, múnlaí i dteanga dhúchais tíre/múnlaí i dteanga iasachta, an tumoideachas iomlán/an páirt-tumoideachas mar aon leis an luath-

thumoideachas/meántumoideachas agus an tumoideachas déanach. Ar a bharr sin, bíonn na cóimheasa ama 90:10, 80:20 agus 50:50 luaite le múnlaí tumoideachais freisin. Tagraíonn na cóimheasa seo don mhéid ama a chaitear i mbun teagaisc sa dá theanga. Tá coimriú ar thréithe inmhálartaithe na múnlaí tumoideachais curtha i láthair i bhFíor 2.4.



Fíor 2.4: Múnlaí tumoideachais

Áitítear go mbíonn an tumoideachas aontreoch luaite le daltaí de chuid chúlra na mórtheanga a bhíonn ag foghlaim trí theanga iasachta nó trí sprioctheanga ar leith (Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghda 2017). Cuireadh tús leis an múnla áirithe seo in Montreal sa bhliain 1965 (Baker agus Wright 2021). Is múnla an-chomónta é an tumoideachas aontreoch agus is iomaí comhthéacs idirnáisiúnta inar féidir an clár seo a fheiceáil ann, ina measc, cláir thumoideachais Shualainnise san Fhionlainn a fhreastalaíonn ar dhaltaí a bhfuil Fionlainnis mar mhórtheanga acu, cláir Mhaindairínise sna Stáit Aontaithe a fhreastalaíonn ar dhaltaí a bhfuil Béarla mar mhórtheanga acu agus cláir uatheascarthacha i gcomhthéacsanna mionteangacha san Eoraip (.i. Gaeilge, Breatnais agus Bascais) (Tedick 2015). Bíonn meáin an teagaisc ag teacht leis an gcóimheas 90:10 (T1:T2) sna cláir aontreocha de ghnáth (Tedick 2010).

Is é an difear is mó idir na múnlaí déthreocha agus na múnlaí aontreocha ná imeasctha na ndaltaí a bhíonn ag freastal orthu (Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017). Sna múnlaí déthreocha, mar shampla, is minic a thagann dhá phobal urlabhra le chéile chun teangacha a chéile a fhoghlaim (.i. Spáiniseoirí agus Béarlóirí i Meiriceá Thuaidh) (Baker agus Wright 2021). Áitíonn Tedick agus Cammarata (2012) go bhfuil sé mar aidhm ag an múnla seo feidhmiú mar chlár cothabhála don T2 agus mar chlár saibhriúcháin don T1. Bíonn meáin an teagaisc ag teacht leis an gcóimheas 50:50 (T1:T2) sna múnlaí seo go hiondúil (Tedick 2010).

Tuairiscíonn Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2017) go bhfuil sé mar phríomhaidhm ag na múnlaí tumoideachais i dteanga dhúchais ‘...teangacha atá faoi bhrú a chothabháil agus a fhorbairt’ (6). Ina theannta sin, áitíonn Baker agus Wright (2021) go ndéantar iarracht sna múnlaí áirithe seo teanga dhúchais an phobail mhionlaigh a shaibhriú. Ar aon dul leis sin, míníonn Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2017) go bhfreastalaíonn daltaí ó phobail labhartha na mionteanga ar na múnlaí seo go hiondúil, bíodh is gur minic d’fhoghlaimoirí teanga ó phobail labhartha na mórtheanga freastal ar an múnla céanna. Aithnítear mórán cosúlachtaí idir an múnla tumoideachais i dteanga dhúchais tíre agus an múnla tumoideachais i gcomhthéacs na Gaeltachta i ngeall go mbíonn foghlaimoirí ar cainteoirí dúchais agus foghlaimoirí ar fhoghlaimoirí teanga iad sainaitheanta leis an múnla tumoideachais céanna (Ó Duibhir *et al.* 2017). Thairis sin, feictear an cineál múnla seo go minic i dtíortha na Lochlannach mar aon le Meiriceá Thuaidh agus Theas (Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017). Dealraíonn Tedick (2015a) gur féidir na múnlaí seo a aithint mar mhúnlaí aontreocha nó déthreocha, gné a bhíonn ag brath ar na daltaí a bhíonn ag freastal orthu go deimhin. D’ainneoin na féidearthachta seo, áfach, is iondúil do na múnlaí seo a

bheith luaite mar mhúnlaí aontreocha agus meáin an teagaisc le sonrú iontu ag teacht leis an gcóimheas 90:10 (T1:T2)¹⁹ (Tedick 2010).

Déantar na múnlaí tumoideachais a rangú idir an luath-thumadh, an meántumadh agus an tumadh déanach (Tedick 2010). Tosaítear leis an luath-thumadh ag leibhéal na réamhscolaíochta nó thart ar aois a cúig nó sé (Grád a haon). Más luath-thumoideachas iomlán atá á chur chun cinn cuirtear béim ar scileanna litearthachta na sprioctheanga agus is ar an mbonn seo go gcuirtear siar múineadh foirmiúil na mórtheanga (Met 1994). Cuirtear tús leis an meántumadh ag aois a naoi nó deich (Grád a ceathair nó cúig) agus an tumadh déanach ag aois a haon déag, dó dhéag nó trí déag (Grád a sé, seacht nó ocht). Tarlaíonn sé i gcás na hÉireann, mar shampla, go mbeadh an meántumadh nó tumadh déanach i gceist sa chás ina mbíonn an dalta i ndiaidh freastal ar scoil lán-Bhéarla ag an mbunleibhéal roimh dóibh tosú ar scoil mheánach nó scoil iar-bhunleibhéil lán-Ghaeilge. Anuas ar thréithe inmhalartaithe na múnlaí tumoideachais nochta sa mhír seo bíonn tréithe éagsúla sainaitheanta leis na cláir thumoideachais ar fad. Breathnófar ar chuid de na tréithe seo anois.

2.3.2 Tréithe Aitheanta an Tumoideachais

Dar le Baker agus Wright (2021), is gá 50% den teagasc a bheith trí mheán na sprioctheanga le clár a aithint mar chlár tumoideachais. Sa mhullach air sin, sonraíonn Johnson agus Swain (1997: 8-12) go bhfuil tréithe lárnacha le comhlíonadh le bheith incháilithe mar chlár tumoideachais (Tábla 2.2).

¹⁹ 90% den teagasc trí mheán na mionteanga agus 10% trí mheán na máthair nó mórtheanga.

Tábla 2.2: Tréithe lárnaigh an tsumoideachais

Tréithe Lárnaigh an Tsumoideachais (Johnson agus Swain, 1997: 8-12)
<ul style="list-style-type: none">● Múineadh tríd an sprioctheanga● Tá an curaclam céanna ann ach amháin go múintear é tríd an dara teanga● Tugtar tacaíocht don chéad teanga● Dátheangachas suimitheach atá mar sprioc ag an gclár● Tarlaíonn formhór na teagmhála leis an dara teanga sa seomra ranga● Bíonn formhór na ndaltaí ar leibhéal íseal cumais sa dara teanga nuair a thosaíonn siad ar an gclár● Tá na múinteoirí dátheangach● Is ionann cultúr an tseomra ranga agus an cultúr áitiúil

I dteannta na saintréithe thuasluaite, dearbhaíonn na húdair chéanna, Johnson agus Swain (1997), go bhfuil tréithe inathraitheacha i bhfianaise freisin a dhéanann idirdhealú tuilleadh idir na cláir thumoideachais (Tábla 2.3).

Tábla 2.3: Tréithe inathraitheacha an tumoideachais

Tréithe Inathraitheacha an Tumoideachais (Johnson agus Swain, 1997: 8-12)
<ul style="list-style-type: none">● Meonta i leith chultúr na sprioctheanga● Tacaíocht idirlinne (.i. tacaíocht arna soláthar chun cabhrú le mic léinn ag céimeanna tosaigh an tumoideachais an t-aistriú a dhéanamh ón teagasc trí mheán T1 go dtí an teagasc trí mheán T2)● Tiomantas (.i. tuismitheoirí, mic léinn, múinteoirí, ceannairí, lucht déanta beartas...)● Acmhainní trí mheán na sprioctheanga● Stádas an T2 i gcomhthéacs an tumoideachais agus sa phobal● An bhrí ar rath i gclár tumoideachais● Méid an tumoideachais (.i. am teagasc trí mheán na sprioctheanga)● Leibhéal iontrála i gcóras an oideachais (.i. luath-thumoideachas iomlán, tumoideachas iomlán moillithe, tumoideachas iomlán déanach, tumoideachas neamh-iomlán)● Leanúnachas ó leibhéal go leibhéal sa chóras oideachais (.i. ó leibhéal na bunscoile go leibhéal iar-bhunscoile)● Cóimheas T1 le T2 ag céimeanna éagsúla i gclár tumoideachais

Tugann na tréithe seo le tuiscint go dtéann athrú in aon cheann de na gnéithe sin i gcion ar spriocanna agus ar chur i bhfeidhm an chláir (.i. is deacair an teagasc trí mheán na sprioctheanga a chinntiú mura bhfuil múinteoirí dátheangach). Is fiú, mar sin, láithreacht na dtréithe éagsúla seo a fhiosrú i gcomhthéacs na múnlaí tumoideachais idirnáisiúnta d'fhonn staid reatha an tumoideachais a nochtadh.

2.3.3 Múnlaí Tumoideachais Idirnáisiúnta

Luadh ní ba thúisce gur beag tír nach féidir samplaí den oideachas dátheangach a aimsiú inti, agus is ar an ábhar sin go ndearnadh athbhreithniú ar na comhthéacsanna tumoideachais idirnáisiúnta atá inchurtha leis na ceantair Ghaeltachta in Éirinn (Aguisín C). Ba iad na mionteangacha agus na dlínsí a roghnaíodh don cuntas comparáideach seo ná: Oileán

Mhanann agus an Mhanainnis (Gaeilge Mhanann), Albain agus An Ghàidhlig, Tír na mBascach agus an Bhascais, Havái agus an Haváis agus an Nua-Shéalainn agus an Mhaorais. Tabharfar léargas gonta anois ar mhórtreachtaireachtaí an léirbhreithnithe.

Bhí le tuiscint ón léiriú comparáideach go n-imríonn méid an tumoideachais, nó an cineál tumoideachais (.i. lántumadh nó páirt-tumadh), tionchar nach beag ar chuimsiú na saintréithe eile, go háirithe i ndáil le tacaíocht don chéad teanga agus cumas dátheangach an mhúinteora (Birnie agus Rice 2020; Poutū 2016). Sa bhreis air sin, agus in ainneoin gur dúshlán uilíoch í oiliúint agus inniúlacht teanga mhúinteoirí tumoideachais a chinntiú, tuairiscíodh go raibh mórán clár saindeartha á gcur ar fáil do mhúinteoirí tumoideachais chun dul i ngleic leis na heasnaimh céanna (Lasagabaster 2019; Poutū 2016; McPake agus O’Hanlon 2015; Zalbide agus Cenoz 2008). Sonraíodh ar Oileán Mhanann, in Albain agus i dTír na mBascach go múintear an curaclam céanna le comhthéacs na mórtreacha ach sa chás ina mbíonn sé mínte trí mheán na sprioctheanga (Lasagabaster 2019; McPake 2019; Zalbide agus Cenoz 2008; Cain 2019). Is gné é seo den tumoideachas a thagann go beacht le tacaíocht a thabhairt don chéad teanga agus an dátheangachas suimitheach ach nach bhfuil le sonrú i múnlaí tumoideachais na Haváise ná na Nua-Shéalainne (Māka‘imoku 2020; Poutū 2016). Is suntasach an ní é go ndeartar sna cásanna seo a gcuraclaim thumoideachais féin, d’fhonn cultúr, oidhreacht agus féiniúlacht chultúr na mionteanga a chur chun cinn. Thairis sin, tuairiscítear go bhfuil iarrachtaí dírithe ar bun sna múnlaí céanna gan aon nasc follasach a dhéanamh le teanga ná le comhthéacs cultúrtha na mórtreacha. Anuas air seo, tugadh faoi deara i ngeall leis gach cás idirnáisiúnta nach bhfuil soláthar an tumoideachais ag an iarbhunleibhéal chomh feiceálach céanna leis an soláthar ag an mbunleibhéal, de dheasca cúinsí loighciúla agus tiomantas tuismitheoirí den mhórchuid (Birnie agus Rice 2020; Cain 2021,

2019; Ó Duibhir *et al.* 2015). Déantar coimriú achomair ar an tuairisc chomparáideach i dTábla 2.4.

Tábla 2.4: Múnlaí idirnáisiúnta tumoideachais i dteanga dhúchais

Tréithe Lárnacha agus Inathraitheacha Áirithe an Tumoideachais (Johnson & Swain 1997)	Oileán Mhanann	Albain	Tír na mBascach	Haváí	An Nua-Shéalainn
Tá múinteoirí dátheangach	✓	✓	✓	✓	✓
Meonta i leith chultúr na sprioctheanga	✓	✓	✓	✓	✓
Dátheangachas suimitheach atá mar sprioc ag an gclár & tugtar tacaíocht don chéad teanga	✓	✓	✓	X	X
Múineadh tríd an sprioctheanga	✓	✓	✓	✓	✓
Leanann an curaclam tumoideachais an gnáthchuracclam T1	✓	✓	✓	X	X
Leanúnachas ó leibhéal go leibhéal sa chóras oideachais	X	✓	✓	✓	✓

Cé go bhfeictear múnlaí idirnáisiúnta tumoideachais ag déanamh suntais do thréithe lárnacha nó inathraitheacha áirithe thar cinn eile, tuigtear go bhfuiltear aontaithe, den mhórchuid, ina gcuid iarrachtaí i leith aidhmeanna sainiúla an tumoideachais a bhaint amach mar a bhaineann leis an dátheangachas agus leis an délitearthacht fheidhmiúil (Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017). Má bhíonn rath ar na spriocanna céanna tuigtear gur iomaí buntáiste a bheidh ar fáil don dalta tumoideachais (Bialystok 2017).

2.3.4 Torthaí Taighde an Tumoideachais

Áitítear go bhfuil buanna an tumoideachais á n-aithint le fada an lá ag lucht acadúil an ghoirt. Anuas ar na buanna réamhluaite sa chaibidil seo (.i. an dátheangachas suimitheach agus an délitearthacht fheidhmiúil) insítear go gcuireann an tumoideachas go mór le féinmhuinín an dalta (Baker 2003); go dtreisiónn sé scileanna sóisialta agus cumarsáide (Cummins 2000); go músclaíonn sé agus go spreagann sé an fhéiniúlacht chultúrtha (Baker agus Wright 2021) agus go mbíonn dea-thionchar aige ar chaomhnú agus ar athbheochan na teanga (Ó Laoire 2020). Ní mór a thabhairt chun cuimhne, ámh, nach bhfuil sna buntáistí seo ach buanna féideartha má bhaintear leibhéal áirithe inniúlachta amach sa sprioctheanga (Bialystok 2017). Déantar léiriú mionchúiseach ar shuílce an dátheangachais agus an tumoideachais i dtéarmaí idirnáisiúnta i dTábla 2.5.

Tábla 2.5: Achoimre ar bhuntáistí an dátheangachais/an tumoideachais (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh, 2013: 33)

Buntáiste	Tagairt Litríochta
Gnóthachtáil acadúil ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde I dtéarmaí acadúla bíonn daltaí tumoideachais ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde ná daltaí ar chomhaois leo in oideachas príomhshrutha aonteangach, fiú i dtástálacha sa mhórtheanga féin.	Allen 2004; Allen <i>et al.</i> 1990; Baker & Wright 2021, 2017; Cloud, Genesee & Hamayan 2000; Cummins 1998; Fortune 2012; Genesee 2004, 1987; Lapkin, Hart & Turnbull 2003; Lindholm-Leary 2001; May, Hill & Tiakiwai 2004; Tedick & Lyster 2020; Thomas & Collier 2012; Serra 2007; Swain & Lapkin 2008
Feasachta mheititheangeolaíoch Bíonn daoine dátheangacha níos feasaí ar theangacha agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad.	Bialystok & Codd 1997; Bournot-Trites & Denizot 2005; de Zarobe 2008; Fortune 2012; Galambos & Hakuta 1988; Harley, Hart & Swain 1986; Lyster 2018; Lyster, Collins & Ballinger 2009; Lyster, Quiroga & Ballinger 2013
Íogaireacht chumarsáide Bíonn daoine dátheangacha níos íogaire i leith miondifríochtaí sa chumarsáid.	Baker 2007; Ben-Zeev 1977; Fortune 2012; Genesee, Lambert & Tucker 1975

Buntáiste	Tagairt Litríochta
<p>Solúbthacht chognaíoch Is cruthaithí agus is solúbtha daoine dátheangacha ina gcuid smaointeoireachta.</p>	<p>Bruck, Lambert & Tucker 1976; Cummins 1977; Lambert, Tucker & d'Anglejan 1973; Lazuruk 2007; Lindholm-Leary 2001; Ricciardelli 1992; Swain & Lapkin 1991; Tedick & Lyster 2020</p>
<p>Smaointeoireacht iltreoch, neamhspleáchas réimse, aithint patrún agus fadhbréiteach Is minic a bhíonn sé níos éasca ar dhaoine dátheangacha fios an bhealaigh a dhéanamh amach agus patrúin agus figiúirí folaithe a fheiceáil.</p>	<p>Baker 2001; Bamford & Mizokawa 1991; Bialystok 2001; Bialystok & Martin 2004; Cenoz & Genesee 1998; Cummins 2000; Hinkel & Fotos 2002; Peal & Lambert 1962</p>
<p>Foirmiú coincheapa, aicmiú, cruthaitheacht, réasúnú analachúil, agus scileanna amharcpásúla Agus eolas acu ar airíonna struchtúracha dhá theanga, bíonn daoine dátheangacha níos éifeachtaí agus iad ag díchódú.</p>	<p>Bialystok, Craik & Luc 2008; Cummins 2000; Diaz & Klingler 1991</p>
<p>Feidhmiú feidhmiúcháin níos airde agus cuimhne eipeasóideach níos fearr Bíonn ar chumas daoine dátheangacha gabháil d'ionchódú agus d'aisghabháil straitéiseach agus cuimhneamh ar imeachtaí.</p>	<p>Bialystok & Barac 2012; Bialystok <i>et al.</i> 2008; Fortune 2012; Salvatierra & Rosselli 2011; Schroeder & Marian 2012; Wodniecka, Craik, Lou & Bialystok 2010</p>
<p>Iolrachas cultúrtha, leathanaigeantacht, agus tuiscint Is mó an teagmháil le cultúir agus le teangacha eile a sholáthraítear leis an dátheangachas, agus cothaítear caidreamh eatarthu leis.</p>	<p>Baker & Wright 2021, 2017; Cenoz 2015; Cummins 2000; Genesee 1987; Met 1994; Rebuffot 1993; Swain & Johnson 1997; Swain & Lapkin 1991; Tedick & Lyster 2020</p>
<p>Éascaíocht maidir leis an tríú teanga a fhoghlaim Is éasca teangacha eile a fhoghlaim nuair a bhíonn dhá theanga ag duine cheana féin.</p>	<p>Cenoz 2004; Cenoz & Valencia 1994; Cummins 2000; Fortune 2012; Sanz 2000; Swain & Lapkin 1991; Tedick & Lyster 2020</p>
<p>Cothromaíocht deiseanna Éiríonn go maith sa tumoideachas le daltaí ó chúlraí éagsúla socheacnamaíocha, eitneacha agus dúchasacha.</p>	<p>Baker 2003; Baker & Wright 2021; Holobow, Genesee & Lambert 1991; Lindholm-Leary 2001; Slaughter 1997</p>
<p>Buntáistí eacnamaíocha Bíonn deiseanna fostaíochta níos fearr sa mhargadh domhanda ar fáil do dhaoine a bhfuil inniúlachtaí dátheangacha nó ilteangacha acu.</p>	<p>Baker 2007, 2001; Baker & Wright 2021; Cloud, Genesee & Hamayan 2000; Fortune 2012</p>

In ainneoin na ráchairte ar na cláir thumoideachas, agus cé go gcuireann an litríocht ábhartha cuma an-dearfach ar rathúlacht na dtumchlár i réigiúin agus i dtíortha éagsúla ar fud na cruinne, tá taighdeoirí ar aon intinn ar a chasta is atá a gcur i bhfeidhm go hoideolaíoch (Cammarata agus Cavanagh 2015; Cammarata agus Ó Ceallaigh 2020; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017). Bíodh is go bhfuil tuairiscithe go mbíonn foghlaimeoirí tumoideachais go minic líofa agus ar leibhéal inchurtha leis an gcainteoir dúchais ina gcuid scileanna gabhchumais teanga (.i. éisteacht agus léamh) ní hamhlaidh a bhíonn i gcás a gcuid scileanna ginchumais teanga go minic (.i. labhairt agus scríobh) (Allen *et al.* 1990; Baker agus Wright 2021; Dalton-Puffer 2007; Genesee agus Lindholm-Leary 2013; Lyster 2007; Ní Shéaghdha 2010; Ó Cathalláin *et al.* 2016; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Duibhir 2018, 2009). Tugtar cuntas níos mine ar dhúshláin aitheanta an tumoideachais i dTábla 2.6.

Tábla 2.6: Achoimre ar dhúshláin an dátheangachais/an tumoideachais (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha, 2017: 8)

Dúshlán	Tagairt Litríochta
<p>Easnaimh theangeolaíochas ar inniúlacht T2 na ndaltaí tumoideachais Is minic a bhíonn scileanna ginchumais teanga na ndaltaí tumoideachais tearcfhorbartha i réimsí amhail cruinneas agus castacht ghramadaí, sainiúlacht léacsach agus oiriúnacht shochtheangeolaíoch.</p>	<p>Allen <i>et al.</i> 1990; Dalton-Puffer 2007; Day & Shapson 1996; Fortune 2012; Genesee & Lindholm-Leary 2013; Harley 1984; Hoare & Kong 2008; Lyster 2007; Swain & Johnson 1997; Tedick & Lyster 2020</p>
<p>Úsáid na tumtheanga Bíonn T1 in úsáid ag daltaí i gcomhthéacsanna inar gá T2 a úsáid. Fiú má úsáidtear an tumtheanga i suíomhanna scoile, ní gá go bhfágann sé sin go n-úsáidfean an tumtheanga i suíomhanna neamh-acadúla.</p>	<p>Broner & Tedick 2011; Cain 2019; Fortune 2012; Genesee & Lindholm-Leary 2013; Potowski 2004</p>

Dúshlán	Tagairt Litríochta
<p>Soláthar do chainteoirí dúchais I gcomhthéascanna ina bhfuil cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí le chéile, bíonn sé fíordhúshlánach cothromaíocht teanga a chur chun cinn (i. cothromaíocht a thabhairt d'fhorbairt na chéad teanga agus múineadh an dara teanga). Bíonn tacaíocht idirdhealaitheach riachtanach.</p>	Amrein & Pena 2000; Hickey 2001; Lewis 2007; Valdés 1997
<p>Measúnú ar an délitearthacht Tagarmharcanna atá bunaithe le haghaidh chainteoirí aonteacha na mórtheanga sa tsochaí a bhíonn in úsáid ag lucht an oideachais. Ní chuimsítear go hiomlán forbairt na délitearthachta ná na hil-litearthachta faoi thagarmharcanna agus faoi chuir chuige aonteacha i leith na litearthachta agus na forbartha teanga.</p>	Allen <i>et al.</i> 1990; Genesee 1994; Hopewell & Escamilla 2014; Moll 2001; Moll & Dworin 1996; Tedick & Lyster 2020
<p>Riachtanais oideachais speisialta Is minic a bhíonn inní ar lucht oideachais, lucht déanta beartas agus tuismitheoirí maidir le hoiriúnacht agus le héifeachtacht an tumoideachais do dhaltaí a bhféadfadh deacrachtaí acadúla a bheith orthu, in ainneoin go bhfuil sé léirithe go comhsheasmhach sa taighde gur féidir le daltaí atá i mbaol agus ar cainteoirí Béarla iad, na leibhéil inniúlachta céanna in T1 agus an leibhéal gnóthachtála céanna a bhaint amach i gcomparáid le daltaí atá i mbaol deacrachtaí i gclár nach bhfuil ach an teanga dhúchais in úsáid ann.</p>	Birnie & Rice 2020; Bruck 1982, 1978; Fortune 2012; Genesee & Fortune 2014; Genesee & Lindholm-Leary 2013; Holobow, Genesee & Lambert 1991; Thomas, Collier & Collier 2011
<p>Ullmhú easnamhach mhúinteoirí le haghaidh an tumoideachais Tá easpa sa tsainoiliúint tosaigh agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá ar fáil do mhúinteoirí an tumoideachais chun déileáil go lán-éifeachtach leis an suíomh ina bhfuil siad ag obair.</p>	Birnie & Rice 2020; Cain 2019; Cammarata agus Tedick 2012; Fortune 2012; Hoare & Kong 2008; May <i>et al.</i> 2004; Mehisto 2008; Morton 2018, 2016; Lyster & Tedick 2014; Tedick 2022; Tedick & Lyster 2020; Tedick & Wesley 2015; Thomas & Dunne 2022
<p>Comhtháthú ábhar agus teanga Bíonn deacrachtaí suntasacha ag múinteoirí tumoideachais breith ar conas is féidir an teanga a chomhtháthú i dteagasc an ábhair ar bhealach bríoch.</p>	Cammarata & Cavanagh 2018; Cammarata & Ó Ceallaigh 2020; Genesee & Lindholm-Leary 2013; Hoare & Kong 2008; Lyster 2007; Morton 2016; Tedick 2022; Tedick & Cammarata 2012; Tedick & Lyster 2020; Walker & Tedick 2000
<p>Inniúlacht teanga mhúinteoirí tumoideachais Tugann múinteoirí ar cainteoirí dúchais iad agus múinteoirí nach cainteoirí dúchais iad araon le fios go mbíonn tacaíocht leanúnach ag teastáil uathu ar mhaithe lena n-inniúlacht féin sa tumtheanga.</p>	Andrews 2007, 2001; Ball 2018; Cain 2021, 2019; Fortune 2012; Fortune <i>et al.</i> 2008; He & Lin 2018; Thomas & Dunne 2022

Dúshlán	Tagairt Litríochta
<p>Saineolas tumoideachais agus acmhainní ábhartha Ní bhíonn na hacmhainní riachtanacha ná na speisialtóirí dátheangacha riachtanacha le fáil i líon mór clár tumoideachais chun an tacaíocht teagaisc, an measúnú agus na hidirghabhálacha a bhíonn ag teastáil a chur ar fáil.</p>	<p>Birnie & Rice 2020; Fortune 2012; Fortune i gcomhar le Menke 2010; Genesee 2007; Lyster & Ranta 1997; Lyster & Tedick 2014; Tedick 2022; Tedick & Lyster 2020; Thomas & Dunne 2022</p>
<p>Freagracht agus córais thacaíochta an Stáit Bíonn easpa tacaíochta (beartais/treoracha) agus easpa maoinithe ag leibhéal an stáit chun tacú leis an gcóras.</p>	<p>Birnie & Rice 2020; Cain 2019; Fortune 2012; Genesee & Fortune 2014; Massler <i>et al.</i> 2014; May <i>et al.</i> 2004; Tedick 2015; Thomas & Dunne 2022</p>

Deirtear gur ag croílár cláir rathúla thumoideachais go mbíonn cur chuige comhtháite á chur i bhfeidhm ina ndírítear go frithchothromaithe ar theagasc an ábhair agus ar theagasc na teanga faoi seach (Lyster 2007; Lyster agus Ranta 1997; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a). Gné fhíorthábhachtach eile a fheidhmíonn mar réamhriachtanas ar an rathúlacht seo ná an soláthar múinteoirí a bhfuil na sain-inniúlachtaí teanga, cultúrtha agus oideolaíochta acu leis an gcleachtas comhtháite a chur i ngníomh go héifeachtach (Lyster agus Tedick 2014; Ó Ceallaigh 2020a; Tedick agus Lyster 2020). Ar an drochuair, is mór idir seo agus teachtaireachtaí forleathana na litríochta a thuiriscíonn go mbíonn múinteoirí an ghoirt go minic gan cáilíochtaí foirmiúla saincheaptha, gan inniúlachtaí teanga leordhóthanacha agus gan tacaíocht chórasach le feidhmiú ina ngairmithe éifeachtacha tumoideachais (Cammarata agus Cavanagh 2018; Cammarata agus Tedick 2012; Fortune 2012; Morton 2018, 2016; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Tedick agus Lyster 2020). Is tráthúil, mar sin, go bhfuil sé mar sprioc roimh an taighde reatha taithí iarbhír oidí tumoideachais i ndáil leis an teagasc ábharbhunaithe a chíoradh leis an dea-chleachtas comhtháite a chur chun cinn.

2.4 An Tumoideachas in Éirinn


Díreoidh an chuid seo den léirbhreithniú litríochta ar an tumoideachas in Éirinn sa chomhthéacs lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht²¹. Pléifear comhthéacs stairiúil, raon an tsoláthair agus saintréithe an tumoideachais mar aon lena láidreachtaí agus laigí so-aitheanta.

2.4.1 Comhthéacs Stairiúil agus Fás an Tumoideachais in Éirinn

Is mar thoradh ar bhunú an tSaorstáit sa bhliain 1922 inar cuireadh chun tosaigh go mbeadh ról lárnach ag an gcóras oideachais in athbheochan na teanga (Ó Duibhir 2016). Ar a bharr sin, moladh ag Comhdháil an Chláir Náisiúnta sa bhliain 1922 ‘...go múinfí na hábhair uilig sna ranganna naíonán trí Ghaeilge aon áit a raibh múinteoirí cáilithe agus in inmhe é sin a dhéanamh’ (Ó Duibhir, Ní Thuairisg, Nig Uidhir agus Ó Cathalláin, 2016: 143). Ina dhiaidh seo, cé go raibh breis is leath de na bunscoileanna i bPoblacht na hÉireann ag teagasc go hiomlán, nó go páirteach, trí mheán na Gaeilge faoi theacht na 1950idí (Ó Riagáin 1997), is ó na 1960idí ar aghaidh inar tháinig deireadh leis an gcur chuige teagaisc céanna, de dheasca ceal tacaíochta ó thuismitheoirí agus amhras faoi thairbhe an chur chuige dhátheangaigh dá leanaí (Ní Shéaghdha 2010). In ainneoin an mheath thuasluaite, ámh, chonacthas borradh faoin tumoideachas arís eile sna 1970idí nuair a músclaíodh suim úr nua i measc thuismitheoirí na tíre san oideachas lán-Ghaeilge, agus iadsan a bhí freagrach as gluaiseacht na Gaelscolaíochta ón mbun aníos (Ó Ceallaigh agus Ní Dhonnabháin 2015). Ó shin i leith tuairiscítear go bhfuil an múnla tumoideachais in Éirinn ag dul ó neart go neart (Ó Ceallaigh 2020b).

²¹ Ní bheidh sé indéanta i ngach aon mhír idirdhealú iomlán a dhéanamh idir an comhthéacs lán-Ghaeilge agus an comhthéacs Gaeltachta.

Nuair a bunaíodh an t-eagras Gaeloideachas sa bhliain 1973 (bunaithe mar ‘Gael scoileanna’ an chéad lá chun tacú le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht), ní raibh ach 10 bunscoil agus 5 iar-bunscoil i limistéir na 26 contae ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge lasmuigh de na ceantair Ghaeltachta. Faoin mbliain acadúil 2021-2022, ámh, chonacthas go raibh 154 bunscoil agus 47 iar-bhunscoil i bhfianaise an chórais lán-Ghaeilge sna limistéir chéanna (www.gaeloideachas.ie) (Fíor 2.5)²².



Fíor 2.5: Fás ar an nGael scolaíocht sna 26 Contae lasmuigh den Ghaeltacht 1972/1973-2021/2022
(www.gaeloideachas.ie) (rochtain faighte 15 Nollaig 2022)

Sa mhullach air sin, dealraítear go bhfuil 6.8% de líon iomlán na ndaltaí bunscoile ag freastal ar Gael scoileanna, agus 2.7% de líon iomlán na ndaltaí iar-bhunscoile ag freastal ar Ghaelcholáistí, Aonaid nó Sruthanna lán-Ghaeilge faoi seach²⁴ (An Phríomh-Oifig

²² Is gá a lua nach raibh staitisticí na bliana acadúla 2022-2023 ar fáil do Gaeloideachas faoin 15 Nollaig 2022.

²⁴ Tá Gael scoileanna, Gaelcholáistí, Aonaid lán-Ghaeilge agus Sruthanna lán-Ghaeilge suite i gceantair gurb é an Béarla teanga an cheantair agus teanga an bhaile go hiondúil (Ní Dhonnabháin 2014). Is geall le scoil bheag é an t-aonad a bhíonn ag feidhmiú trí mheán na mionteanga fad is atá an mhórscoil ag feidhmiú trí mheán na mórteanga. Is soláthar sách teoranta teagaisc trí mheán na Gaeilge atá sa Sruth Lán-Ghaeilge laistigh de mhórscoil gurb é an Béarla teanga chumarsáide agus teanga teagaisc na scoile sin (www.gaeloideachas.ie).

Staidrimh 2022). I bhfianaise na staitisticí seo, is ríléir go bhfuil rath agus bláth ar an oideachas lán-Ghaeilge mar chineál oideachais dhátheangaigh in Éirinn. Mar sin féin, de réir mar a tháinig méadú ar an tumoideachas, tháinig múnlaí éagsúla chun cinn chun freastal ar riachtanais agus éilimh na bpobal áitiúil.

2.4.2 Míniú agus Múnlaí éagsúla

Is é an tumoideachas iomlán an príomh-mhúnla tumoideachais i gcomhthéacs na hÉireann (Ó Duibhir 2018). Sa mhullach air sin, agus in ainneoin go bhfuil samplaí den luath-thumoideachas, meántumoideachas agus tumoideachas déanach le sonrú sa tír seo áitítear go bhfuil an soláthar meántumtha tearcfhorbartha go fóill. Tá le tuiscint nach bhfuil ach dhá scoil faoi leith sna 26 chontae ina soláthróirí meántumtha, ina measc, Scoil na nÓg (.i. lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht i nGleann Maghair, Co. Chorcaí) agus Scoil na Leanaí (.i. lonnaithe laistigh de Ghaeltacht na nDéise, Co. Phort Láirge²⁵). Is samplaí iad na scoileanna seo den tacaíocht idirlinne ag céimeanna tosaigh den tumoideachas déanach. Freastalaítear ar dhaltaí a bhíonn ag aistriú ón gcomhthéacs lán-Bhéarla ag leibhéal na bunscoile go dtí an comhthéacs lán-Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Agus soláthar an mheántumtha in Éirinn teoranta do dhá scoil ar leith, d'fhéadfaí a lua nach bhfuil an soláthar tumoideachais in Éirinn ródhílis don mheántumadh a chur chun cinn, go háirithe nuair a chuirtear soláthar tumoideachais na tíre seo i gcomparáid leis na contanaim (tum)oideachais idirnáisiúnta (Harris, Forde, Acher, Nic Fhearaile agus O'Gorman 2006; Ó Muircheartaigh agus Hickey 2008).

²⁵ Tagann na daltaí sna scoileanna seo ó chúlra oideachais lán-Bhéarla agus déantar na hardranganna (.i. rang a 5 agus 6) go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Cé go dtuairiscíodh i dtaighde Uí Mhuirheartaigh agus Hickey (2008) go n-éiríonn le daltaí an tumtha dhéanaigh dul chun cinn acadúil sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic a bhaint amach ar leibhéal inchurtha lena bpiaraí luath-thumtha, fuarthas go raibh difríochtaí suntasacha idir gnóthachtáil dhaltaí an tumtha dhéanaigh agus gnóthachtáil dhaltaí an luath-thumtha i dtéarmaí na hinniúlachta agus na ceartúsáide teanga de. Treisíonn an staidéar seo torthaí taighde de chuid May *et al.* (2004) sa chomhthéacs idirnáisiúnta a mhaígh gur dá luaithe agus dá mhéid ama a chaitear sa chóras tumoideachais is ea is rathúla a bhíonn sé i gcur chun cinn na hinniúlachta teanga. Thabharfaí le tuiscint uaidh seo, mar sin, go bhfuil gá le breis tacaíochta idirlinne a chur ar fáil do dhaltaí a thosaíonn amach ar an tumoideachas déanach má táthar le sealbhú iomlán baileach a dhéanamh ar an sprioctheanga (Ó Muirheartaigh agus Hickey 2008). Tosca eile a imríonn tionchar ar éifeachtacht an tsealbhaithe teanga go deimhin ná láithreach na dtréithe lánacha agus inathraitheacha tumoideachais. Leis sin, thabharfaí faoi scagadh dúchasach a dhéanamh ar thréithe aitheanta an tumoideachais sna míreanna a leanas.

2.4.3 Tréithe Aitheanta an Tumoideachais in Éirinn

Féachfar le hiniúchadh a dhéanamh ar thréithe aitheanta an tumoideachais in Éirinn trí lionsa na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge sa mhír seo. Amhail an fhorléargais a tugadh ar thréithe suntais na múnlaí domhanda (Aguisín C), bainfear úsáid as na ceannteidil chéanna ar mhaithe le comhsheasmhacht sa léirbhreithniú litríochta a dhearbhú, agus ina measc, tá: (1) curaclam an tumoideachais, tacaíocht don chéad teanga agus an dátheangachas suimitheach, (2) leibhéal inniúlachta na ndaltaí ag tosú amach, (3) inniúlacht teanga mhúinteoirí, agus (4) teagmháil leis an dara teanga sa seomra ranga agus cúltúr an tseomra ranga.

2.4.3.1 Curaclam an tumoideachais, tacaíocht don chéad teanga agus an dátheangachas suimitheach

Luadh ní ba thúisce sa chaibidil seo go mbíodh amhras i measc scoláirí an ghoirt go mbeadh an dátheangachas dealaitheach i ndán do chainteoirí dúchais sa chóras tumoideachais in Éirinn. Bhíothas den tuairim seo i ngeall ar riachtanais dhifriúla theangeolaíoch a bheith ag cainteoirí dúchais na mionteanga thar chainteoirí (dúchais) na mórtheanga, agus nach raibh cúram iomchuí á dhéanamh don éagsúlacht chéanna sna beartais oideachasúla ar leith (Little 2003). An méid seo ráite, áitíonn Flynn (2021) go bhfuil riachtanais an chainteora dhúchais curtha san áireamh le déanaí ag leibhéal na bunscoile, a bhuí do Churaclam Teanga na Bunscoile a foilsíodh in 2019²⁶, ach gur gá freastal ar riachtanais na gcainteoirí dúchais ag gach leibhéal scolaíochta lasmuigh de sin. Déanta na fírinne, ámh, tuigtear i bhfianaise cháipéisíocht shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí don Ghaeilge go bhfuil a leithéid de chúram á dhéanamh don éileamh áirithe seo i gcás ábhar na Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal, ach ní i gcás na n-ábhar acadúil eile, an Eacnamaíocht Bhaile san áireamh.

Cuireadh tús leis an tSraith Shóisearach in áit an Teastais Shóisearaigh in iar-bhunscoileanna uile na tíre ar bhonn céimnithe ón mbliain acadúil 2014-2015 i leith i ndiaidh do mhórán stocaireachta ón earnáil T1 (Gael Linn 2017). Freastalaíonn an tSraith Shóisearach ar scoláirí na chéad trí bliana den oideachas iar-bhunscoile agus feictear anois go bhfuil dhá shonraíocht ann ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí sa Ghaeilge: sonraíocht an T1 (.i. le freastal a dhéanamh ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí Gaeilge i scoileanna Gaeltachta

²⁶ Curaclam comhtháite teanga ina bhfuil na struchtúir agus na snáitheanna céanna ann don Ghaeilge is atá ann don Bhéarla.

agus ar scoláirí san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena gcuimsítear Gaelcholáistí, Aonaid agus Sruthanna Lán-Ghaeilge), agus sonraíocht an T2 (.i. le freastal a dhéanamh ar scoláirí ina ndéantar Gaeilge mar ábhar acadúil san earnáil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla) (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2017ab). Anuas ar an idirdhealú seo, cuirtear chun tosaigh go bhfuil sé mar mhórsprioc ag sonraíocht T1 na Gaeilge:

...tacú leis an gcainteoir dúchais Gaeltachta trí eispéireas foghlama teanga saibhrithe a éascú a chuirfidh ar a chumas: scileanna teanga a fheabhsú, feasachtaí teanga, cultúrtha agus foghlama a chothú, stór focal a leathnú agus a shaibhriú, idirdhealú idir canúintí (Iasmuigh dá chanúint féin), díriú ar an teanga mar chóras .i. patrúin teanga a thuiscint agus réimeanna éagsúla teanga a thuiscint.

(An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017a: 4)

Ina fhianaise seo, feictear i gcás na Gaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí go bhfuil iarrachtaí ar bun le cur chuige saibhrithe teanga a chur i bhfeidhm do chainteoirí dúchais an chórais trí shonraíocht idirdhealaithe a chur i ngníomh. Sin ráite, tuigtear go bhfuil na hathruithe suntasacha idirdhealaithe seo tarlaithe le roinnt blianta anuas ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí amháin agus is cuí, mar sin, go bhfógrófaí torthaí an chomhairliúcháin ar dhréachtsonraíochtaí Ghaeilge na Sraithe Sinsearaí T1 agus T2 go luath sa bhliain 2023 (CNCM 2022).

Feictear sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach gurb é an Béarla an t-aon ábhar atá le teagasc trí mheán an Bhéarla sna scoileanna T1 agus T2 araon. Ní hamháin sin ach tá na torthaí foghlama céanna le baint amach ag daltaí na scoileanna T1 is atá le baint amach ag daltaí na scoileanna T2 (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2015b). Tagann an méid seo le taighde Mhic Einrí (2007) a deir go bhfuil sé mar sprioc ag an tumoideachas in Éirinn ‘...to develop a high standard of language competence in the immersion language, but must also, and can, ensure at least a similar level of achievement in the first language as that reached by pupils attending monolingual schools’ (2). Chuige sin, agus i bhfianaise an mhéid

thuaslúaithe, is follas go teoiriúil go dtugann an tumoideachas i gcomhthéacs na hÉireann tacaíocht don chéad teanga agus don dátheangachas suimitheach. D'fhonn téama an idirdhealaithe sa chomhthéacs tumoideachais in Éirinn a fhorbairt tuilleadh, ní mór scagadh a dhéanamh ar imeascadh na ndaltaí a fhreastalaíonn ar an earnáil T1.

2.4.3.2 Leibhéal inniúlachta na ndaltaí

Is iomaí difríocht a aithnítear idir Gaelcholáistí, Aonaid Lán-Ghaeilge agus iar-bhunscoileanna Gaeltachta ó thaobh phróifíl theangeolaíoch na ndaltaí de. Cé go samhlaítear an cainteoir dúchais leis an gcomhthéacs oideachais Ghaeltachta go hiondúil, tugann an Roinn Oideachais agus Scileanna (2016a) le fios go mbíonn idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimoirí teanga in aontíos le chéile in iar-bhunscoileanna Gaeltachta na tíre. Ar an lámh eile, sonraíonn Ó hAiniféin (2008) nach samhlaítear an éagsúlacht theangeolaíoch chéanna mar dhúshlán roimh Ghaelcholáistí²⁷ na tíre i ngeall go dtagann formhór na ndaltaí ón nGaelscoil áitiúil. Is dá bhíthin sin ina n-áitítear gur minic, ach ní i gcónaí, leibhéal inniúlachta chomhchosúla a bheith le sonrú i measc na ndaltaí céanna²⁸. Bíodh sin mar atá, tá taighdeoirí ar aon intinn nach éasca rangú grinn a dhéanamh ar an bpróifíl theangeolaíoch a shainítear le daltaí na gcomhthéacsanna iar-bhunscoile. Sa bhreis ar dhúshlán na héagsúlachta teanga i measc dhaltaí an chórais lán-Ghaeilge tagraítear d'inniúlacht teanga an mhúinteora tumoideachais mar údar imní freisin.

2.4.3.3 Inniúlacht teanga mhúinteoirí

Tráchtar go minic sa litríocht náisiúnta ar an gcaighdeán míshásúil teanga i measc múinteoirí tumoideachais (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016a; Ó Ceallaigh agus Ní

²⁷ Agus córais eile tumoideachais lasmuigh den Ghaeltacht (.i. aonaid agus sruthanna lán-Ghaeilge).

²⁸ Cé nach rogha na coitiantachta é, tarlaíonn sé i gcásanna áirithe go dtosaíonn foghlaimoirí áirithe ar an tumadh déanach i ndiaidh dóibh freastal ar bhunscoil lán-Bhéarla.

Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Nic Réamoinn 2017; Ní Thuairisg 2020; 2014, Ó Ceallaigh 2019, 2013; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Grádaigh 2015). An méid seo ráite, maítear go bhfuil sé de chúram lárnach ag an múinteoir tumoideachais a bheith ina eiseamláir tumtheanga do dhaltaí an chórais (Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2022). Dá ainneoin seo, nochtann mórán múinteoirí easpa muiníne i leith chruinneas a n-úsáide teanga féin (Ní Dhiorbháin, Ní Aogáin agus Ó Duibhir 2020; Ó Ceallaigh 2016; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Thomas agus Dunne 2022). Anuas air sin, cé nach mbíonn cáilíochtaí teanga breise ná riachtanach sa Ghaeilge le comhlíonadh ag múinteoirí tumoideachais ag an mbunleibhéal ní hamhlaidh atá ag an iar-bhunleibhéal.

Sonraítear go bhfuil An Teastas Gaeilge do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile (TGMI as seo amach) le baint amach ag múinteoirí le haghaidh ceapacháin bhuanna agus íocaíochtaí iomláine sa chomhthéacs T1 (Coimisiún na Scrúduithe Stáit 2022a). Feidhmíonn an TGMI mar bhéaltriall lena ndéantar measúnú ar chumas cainte agus ar chumas cumarsáide an mhúinteora amháin, agus ní measúnú ar a gcuid inniúlachtaí sna scileanna teanga uile²⁹ (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2000). Bíodh sin mar atá, is minic ceal tagartha don TGMI sa litríocht dhúchasach sonrath don iar-bunleibhéal lán-Ghaeilge (Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2021). Mar sin, idir é seo agus fianaise starógach sa ghort, dearbhaítear nach bhfuil an TGMI á chur i bhfeidhm go forleathan. Is ar an mbonn sin go ndéantar suntas do thaighde Uí Cheallaigh agus Ní Shéaghdha (2017), mar aon le taighde Uí Ceallaigh *et al.* (2019a), a mhaíonn gur ceart don Chomhairle Múinteoireachta na sain-inniúlachtaí teanga riachtanacha do mhúinteoirí ar mian leo feidhmiú i gcomhthéacs tumoideachais na hÉireann a aithint go

²⁹ Tagraíonn na scileanna teanga uile do labhairt, léamh, éisteacht, scríobh agus idirghníomhú cainte.

foirmiúil. Sa treis ar inniúlachtaí éigeantacha teanga a bheith de dhíth ar an múinteoir tumoideachais le feidhmiú mar ghairmí éifeachtach insíonn mórán scoláirí tumoideachais go bhfuil inniúlachtaí cultúrtha de dhíth orthu freisin (Cammarata agus Ó Ceallaigh 2018; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Pérez Cañado 2015). Breathnófar ar ról an chultúir i leith shealbhú foriomlán na teanga sa chéad mhír eile.

2.4.3.4 Teagmháil leis an dara teanga sa seomra ranga agus cultúr an tseomra ranga

Sonraítear gur mar chuid lárnach de chultúr agus de shaol na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta is ea labhairt agus úsáid na Gaeilge (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016a). Mar aon leis sin, is minic rian láidir oidhreachta, chultúrtha agus athbheochana teanga i bhfianaise sa chóras lán-Ghaeilge in Éirinn, áit ina n-insíonn Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2017) go ndéanann scoileanna tumoideachais ‘...iarracht (chun) timpeallacht shochtheangeolaíoch dhearfach d’úsáid T2 (sprioctheanga) a spreagadh, laistigh den scoil féin agus laistigh de phobal níos leithne na scoile’ (6). Aibhsítear go bhfuil tábhacht faoi leith leis na hiarrachtaí céanna i ngeall gur trí úsáid shóisialta na teanga a éascaítear sealbhú rathúil teanga (Ó Laoire 2016). Bíodh sin agus uile, bíonn constaicí leis an méid céanna a bhaint amach agus cultúr na mórtheanga sa treis lasmuigh de gheataí na scoile.

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, luaitear dúshláin choitianta an tsóisialaithe teanga i measc déagóirí toisc gnéithe sóisialta agus cultúrtha an Bhéarla a bheith go leitheadach i saol an duine óig (Ó Giollagáin agus Charlton 2015). Ar an ábhar seo, tá le tuiscint anois gur mar chuid de shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí atá an ‘...f(h) easacht teanga agus chultúrtha’ mar shnáithe oideolaíochta lena gcuirfear béim ‘...ar an gcultúr beo a bhaineann leis an nGaeilge, le pobal Gaeltachta agus leis an bpobal Gaeilge go hidirnáisiúnta’ (An

Roinn Oideachais agus Scileanna, 2017ab: 13). Sin ráite, agus bíodh is go dtuigtear go bhfáiltíonn an earnáil roimh a leithéid d'fhorbairt, feictear go bhfuil an snáithe áirithe seo teoranta d'ábhar acadúil na Gaeilge amháin. Dhealródh sé, mar sin, nach bhfuil deiseanna foirmiúla i dteagasc na n-ábhar eile, nach Gaeilge iad, le naisc idirdhisciplíneacha idir ábhar, cultúr agus teanga a chruthú go follasach. Constaic ábhartha eile roimh forbairt iomlánaíoch an dalta tumoideachais a chur chun cinn ó thaobh na teanga de ná an easpa leanúnachais ón mbunleibhéal go dtí an iar-bhunleibhéal.

2.4.3.5 Tiomantas tuismitheoirí agus leanúnachas thar leibhéal

Níor mhór a shoiléiriú go bhfuil ábhar an leanúnachais thar leibhéal éagsúla tumoideachais laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht an-éagsúil óna chéile mar gur minic don iar-bhunscoil Ghaeltachta a bheith aitheanta mar an t-aon rogha scoile áitiúil sa cheantar, gné nach bhfuil amhlaidh sa chomhthéacs tumoideachais lasmuigh den Ghaeltacht go deimhin. Is chuige sin ina bpléifear an leanúnachas i gcomhthéacs na nGaelscoileanna agus na nGaelcholáistí amháin sa mhír a leanas.

Tráchtann taighde Ní Thuairisg agus Ó Duibhir (2016) ar an éileamh méadaithe i ndáil le rogha na scolaíochta lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann. Shonraigh torthaí an staidéir seo na cúiseanna ba mhó ina roghnaíonn tuismitheoirí scoileanna iar-bhunleibhéal lán-Ghaeilge dá leanaí. Tugadh le fios go raibh ‘...suim sa dátheangachas agus Gaeilge ar a dtoil a bheith ag a gcuid páistí an spreagadh ba mhó a bhí ag tuismitheoirí tabhairt faoin oideachas lán-Ghaeilge agus leanúint ar aghaidh ón mbunleibhéal go dtí an iar-bhunleibhéal’ (Ní Thuairisg agus Ó Duibhir, 2016: 8). Sa bhreis air sin, cé go sonraítear liostaí feithimh go minic ag an mbunleibhéal, go comhthráthach leis sin bíonn amhras faoin soláthar scoile ag an iar-

bhunleibhéal, gné a aithníodh sa chomhthéacs idirnáisiúnta ní ba luaithe (Birnie agus Rice 2020; Bourdreaux agus Olivier 2009; Kerbow, Azcoitia agus Buell 2003).

Sa mhullach air sin, tuairiscíodh i staidéar Ní Thuairisg agus Uí Dhuibhir (2016) na cúiseanna ba mhó ina roghnaíonn tuismitheoirí scoileanna iar-bhunleibhéil lán-Bhéarla dá leanaí, áit inar tugadh le fios go imríonn gaireacht na scoile tionchar suntasach ar an gcinneadh fanacht nó imeacht ón earnáil lán-Ghaeilge. Sa treis air seo, luaigh tuismitheoirí inní faoi chaighdeán Gaeilge na múinteoirí, inní faoi lagú an Bhéarla, ullmhúchán cuí le haghaidh oideachas tríú leibhéal, cumas Gaeilge agus rannpháirtíocht an tuismitheora chomh maith le heaspa freastail ar riachtanais speisialta mar ábhar inní ag tuismitheoirí. Cuireann Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir (2020) leis seo agus é maíte go gcothaíonn na deacrachtaí soláthair éiginnteacht i measc tuismitheoirí i ndáil leis an tumoideachas mar rogha oiriúnach do dhaltaí ó chúlraí nó le riachtanais éagsúla. Bréagnaíodh an tuairim chéanna áfach i staidéar n-údar réamhluaite mar a bhain leis an gcomhthéacs DEIS³⁰. Is follas, mar sin, go bhfuil tionchar ag an easpa eolais nó eolas míchruinn faoi bhuanna, agus go deimhin duanna, an tumoideachais mar bhunús ag tuismitheoirí droim a thabhairt leis an tumoideachas ag an iar-bhunleibhéal. Ina fhianaise seo, is gá spléachadh a thabhairt ar na torthaí taighde sainaitheanta leis an gcomhthéacs tumoideachais go náisiúnta atá neamhspleách ón gcomhthéacs idirnáisiúnta.

2.4.4 Torthaí Taighde an Tumoideachais in Éirinn

Tugadh cuntas roimhe seo ar na buanna uilechoiteanna a luadh leis an tumoideachas ach sonraítear freisin gurb iomaí cúis atá ann do thuismitheoirí na hÉireann an tumoideachas a

³⁰ Delivering Equality of Opportunity in Schools.

roghnú dá leanaí, is iad sin, buntáistí eacnamaíocha agus fostaíochta, tuiscint mhéadaithe ar an gcultúr agus ar an oidhreacht chomh maith le féinmhuinín ardaithe (Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2016). Tugtar cuntas achomair i dTábla 2.7 ar na buntáistí so-aitheanta leis an tumoideachas sa chomhthéacs lán-Ghaeilge in Éirinn.

Tábla 2.7: Buntáistí an tumoideachais in Éirinn (lasmuigh den chomhthéacs Gaeltachta)

Buntáiste	Tagairt Litríochta
<p>Gnóthachtáil acadúil ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde I dtéarmaí acadúla bíonn daltaí tumoideachais ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde ná daltaí ar chomhaois leo in oideachas príomhshrutha aonteangach, fiú i dtástálacha sa mhórtheanga féin.</p>	Harris agus Murtagh 1988, 1987; Harris <i>et al.</i> 2006; Ní Shéaghdha 2010, 2008; Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2016; Ó hAiniféin 2007; Ó Ceallaigh 2016; Ó Laoire 2005 luaite in Ó hAiniféin 2008; Ó Muircheartaigh & Hickey 2008; Parsons & Lyddy 2009; Uí Mhurchú 2021; Uí Shuibhne 2021
<p>Feasacht mheititheangeolaíoch Bíonn daoine dátheangacha níos feasaí ar theangacha agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad.</p>	Flynn 2021; Ní Aogáin 2019; Ní Aogáin <i>et al.</i> 2021; Ní Dhionnabháin <i>et al.</i> 2020; Ní Dhionnabháin 2014; Ní Shéaghdha 2010; Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2016; Ó Ceallaigh, Hourigan & Leavy 2019; Ó Laoire 2016
<p>Iolrachas cultúrtha, leathanaigeantacht, agus tuiscint Is mó an teagmháil le cultúir agus le teangacha eile a sholáthraítear leis an dátheangachas, agus cothaítear caidreamh eatarthu leis.</p>	Flynn 2021; Ní Aogáin <i>et al.</i> 2021; Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2016; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019b; Ó Duibhir 2013 luaite in Ní Dhionnabháin 2014; Ó Duibhir <i>et al.</i> 2017; Ó Laoire 2016; Parsons & Lyddy 2009
<p>Éascaíocht maidir le teangacha a fhoghlaim Is éasca teangacha eile a fhoghlaim nuair a bhíonn dhá nó trí theanga ag duine cheana féin.</p>	Ó Duibhir 2013 luaite in Ní Dhionnabháin 2014; Ó Laoire 2016
<p>Dátheangachas suimitheach á bhaint amach gan aon dochar don T1 Cé go bhfoghlaimítear trí mheán na sprioctheanga tuigtear go gcumasaítear an mhórtheanga go comhthreomhar leis an sprioctheanga.</p>	Flynn 2021; Harris 2006; Nig Uidhir 2001; Ní Aogáin <i>et al.</i> 2021; Ní Shéaghdha 2010; Ó hAiniféin 2008; Ó Cathalláin 2011; Ó Duibhir 2009; Ó Duibhir <i>et al.</i> 2017; Parsons & Lyddy 2009; Uí Mhurchú 2021
<p>Caomhnú na teanga agus an fhéiniúlacht chultúrtha Cothaítear agus spreagtar an fhéiniúlacht agus an oidhreacht chultúrtha agus dá réir feictear dea-impleachtaí ar chaomhnú na teanga.</p>	Kavanagh 1999; Mc Kendry 2012; Ní Dhionnabháin 2014; Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2019; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019b; Ó Duibhir <i>et al.</i> 2017; Ó Grádaigh 2015

Buntáiste	Tagairt Litríochta
Buntáistí eacnamaíocha agus fostaíochta Bíonn deiseanna fostaíochta níos fearr sa mhargadh domhanda ar fáil do dhaoine a bhfuil inniúlachtaí dátheangacha nó ilteangacha acu.	Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2016; Ó Laoire 2005 luaite in Ó hAiniféin 2008

Feictear ón tábla thuas nach bhfuil an liosta buntáistí a ghabhann leis an gcomhthéacs Éireannach chomh cuimsitheach céanna leis na buntáistí a luadh leis an tumoideachas go hidirnáisiúnta. Ar an ábhar seo, insíonn Ní Shéaghdha (2010) nach féidir na buntáistí idirnáisiúnta uile a inaistriú go dtí an comhthéacs dúchasach i ngeall gur comhthéacs ar leith é comhthéacs tumoideachais na hÉireann. Tugtar cuntas ar dhúshlán shainiúla an tumoideachais in Éirinn i dTábla 2.8.

Tábla 2.8: Dúshlán an tumoideachais in Éirinn (lasmuigh den chomhthéacs Gaeltachta)

Dúshlán	Tagairt Litríochta
Easpa fála ar mhúinteoirí leis na hinniúlachtaí cuí sa tumtheanga Is deacair múinteoirí leis na hinniúlachtaí éigeantacha teanga agus cultúrtha cuí a earcú agus a choimeád.	Harris <i>et al.</i> 2006; Máirtín 2006; Nic Réamoinn 2017; Ní Chathasaigh 2020; Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh 2021; Ní Drisceoil 2015; Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2016; Ó Ceallaigh 2019, 2016, 2013; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2021; Ó Grádaigh 2015; Uí Ainiféin 2015
Ullmhúchán cuí don oideachas tríú leibhéal Bíonn inní i measc tuismitheoirí nach n-ullmhaítear foghlaimoírí tumoideachais don chur chuige oideachais ag an tríú leibhéal.	Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2019, 2016; Ní Chlochasaigh <i>et al.</i> 2020
Riachtanais oideachais speisialta Is minic a bhíonn inní ar lucht oideachais, ar lucht déanta beartas agus ar thuismitheoirí maidir le hoiriúnacht agus le héifeachtacht an tumoideachais do dhaltaí a bhféadfadh deacrachtaí acadúla a bheith orthu.	Nic Aindriú, Ó Duibhir & Travers 2020; Ní Chlochasaigh <i>et al.</i> 2020; Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2016; Uí Ainiféin 2015

Dúshlán	Tagairt Litríochta
<p>Ullmhú easnamhach mhúinteoirí le haghaidh an tumoideachais Tá easpa sa tsainoilúint tosaigh agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá ar fáil do mhúinteoirí an tumoideachais chun déileáil leis an suíomh ina bhfuil siad ag obair.</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna 2008, 2005; Harris <i>et al.</i> 2006; Máirtín 2006; Ní Chathasaigh 2020; Ní Drisceoil 2015; Ní Shéaghdha 2010; Ó Ceallaigh 2020, 2016, 2013; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh & Ó Laoire 2021; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019b; Ó Duibhir 2006, 2009; Ó Duibhir <i>et al.</i> 2015; Ó Grádaigh 2015; Rialtas na hÉireann 2010; Uí Ainiféin 2015; Uí Shuibhne 2021; Uí Shúilleabháin 2015</p>
<p>Freagracht agus córais thacaíochta an Stáit Bíonn easpa tacaíochta (beartais/treoracha) agus easpa maoinithe ar leibhéal an stáit chun tacú leis an gcóras.</p>	<p>Harris <i>et al.</i> 2006; Ní Chathasaigh 2020; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh & Ó Laoire 2021; Uí Mhurchú 2021</p>
<p>Comhtháthú ábhar agus teanga Bíonn deacrachtaí suntasacha ag múinteoirí tumoideachais breith ar conas is féidir an teanga a chomhtháthú i dteagasc an ábhair ar bhealach bríoch.</p>	<p>Nic Réamoinn 2017; Ní Aogáin & Ó Duibhir 2022, 2021; Ní Aogáin <i>et al.</i> 2021; Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh 2021; Ní Dhiorbháin <i>et al.</i> 2020; Ní Drisceoil 2015; Ní Shuibhne agus Ní Aogáin 2021; Ó Ceallaigh 2020a, 2016, 2013; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh & Ó Laoire 2021; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019ab; Ó Grádaigh 2015; Uí Mhurchú 2021; Uí Shúilleabháin 2015</p>
<p>Soláthar acmhainní T1 Feictear éilimh leanúnacha ó mhúinteoirí tumoideachais do sholáthar leordhóthanach acmhainní agus áiseanna teagaisc trí mheán na sprioctheanga.</p>	<p>Gilger 2020; Nig Uidhir 2021; Ní Chathasaigh 2020; Ní Drisceoil 2015; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh & Ó Laoire 2021; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019ab; Ó Duibhir 2016; Ó Laoire <i>et al.</i> 2021; Rialtas na hÉireann 2010; Uí Ainiféin 2015</p>
<p>Easnamh theangeolaíoch ar inniúlacht T2 na ndaltaí tumoideachais Bíonn scileanna ginchumais teanga na ndaltaí tumoideachais tearcfhorbartha i réimsí amhail cruinneas agus castacht ghramadaí, sainiúlacht léacsach agus oiriúnacht shochtheangeolaíoch.</p>	<p>Harris <i>et al.</i> 2006; Nig Uidhir 2021; Ní Aogáin & Ó Duibhir 2022, 2021; Ní Aogáin <i>et al.</i> 2021; Ní Shéaghdha 2010; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019a; Ó Duibhir 2018, 2009; Ó Laoire 2020; Walsh 2007; Uí Mhurchú 2021</p>
<p>Úsáid na tumtheanga Bíonn T1 in úsáid ag daltaí i gcomhthéacsanna inar gá T2 a úsáid. Fiú má úsáidtear an tumtheanga i suíomhanna scoile, ní gá go bhfágann sé sin go n-úsáidfean an tumtheanga i suíomhanna neamh-acadúla.</p>	<p>Harris <i>et al.</i> 2006; Ní Shéaghdha 2010; Ó Duibhir 2009; Ó Duibhir <i>et al.</i> 2015</p>

Agus léargas tugtha sa mhír áirithe seo ar phróifíl shonrach an tumoideachais lasmuigh den Ghaeltacht níor mhór comhthéacs an tumoideachais laistigh den Ghaeltacht a iniúchadh chomh maith.

2.5 An Tumoideachas i gComhthéacs na Gaeltachta

Tugadh le fios i gCaibidil 1 gur iomaí dúshlán a bhíonn roimh an úsáid agus roimh an athneartú teanga³¹ i measc aos óg na Gaeltachta (Lenoach, Ó Giollagáin agus Ó Curnáin 2012; Mac Donnacha *et al.* 2005; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021, 2019; Ó Giollagáin agus Charlton 2015; Péterváry *et al.* 2014). Thairis sin, is follas an inní sa tuairisciú céanna faoi inbhuanaitheacht na teanga mar theanga laethúil sna ceantair Ghaeltachta (Lenoach *et al.* 2012). Is i ngeall air sin go mbraitear go suntasach sa chomhthéacs céanna ‘...ar an gcóras tumoideachais chun cainteoirí líofa, gníomhacha a ghiniúint i gcás na Gaeilge’ (Ó Laoire, 2020: 102). Chuige sin, déanfar comhthéacs sainiúil oideachais na Gaeltachta, mar aon lena heochairdhúshlán, buanna agus forbairtí beartais a chíoradh sna míreanna a leanas.

2.5.1 Míniú ar Chomhthéacs

Maíonn an lucht léinn gur timpeallacht ilchineálach é córas oideachais na Gaeltachta de dheasca na n-éagsúlachtaí teanga, cultúrtha agus sóisialta a bhíonn le sonrú ag gach leibhéal den chontanam oideachais (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2015ac; Ní Shéaghdha 2010; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Giollagáin *et al.* 2007; Ó Lionáird 2020). Lena chois sin, thagair Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2017: 5) don chastacht a bhíodh ag scoláirí roimhe seo aon lipéad amháin a bhronnadh ar an gcur chuige oideachais sna ceantair Ghaeltachta, áit inar cuireadh san áireamh sa liosta céanna an ‘...(t)Oideachas Cothabhála

³¹ Áitíonn Ó Laoire (2020: 99) go n-úsáidtear na téarmaí ‘athneartú’ agus ‘athbheochan’ go hinmhalartach nuair a thráchtar ar úsáid na teanga a chur chun cinn i réimsí éagsúla teangeolaíocha.

agus Oidhreachta, Oideachas Saibhriúchán, Oideachas sa Teanga Dúchais nó Teanga Mionlaigh, Tumoideachas.’ Sin ráite, áfach, agus le tionscain an *POG*, aithnítear an múnla tumoideachais anois mar mhúnla eiseamláireach don chomhthéacs céanna (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016ab). Cé gur mhaígh Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2017) gurbh é an tumoideachas an lipéad ab oiriúnaí don chomhthéacs Gaeltachta, de thoradh go mbíonn foghlaimeoirí na teanga go minic sa treis in imeascadh na ndaltaí ann, tugadh rabhadh gur sealbhú easnamhach nó sealbhú laghdaithe i gcás na mionteanga a bhíodh i ndán do na cainteoirí dúchais go dtí seo, agus an dátheangachas dealaitheach i bhfianaise dá réir (Ní Thuairisg 2020; Péterváry *et al.* 2014).

Déanann Landry *et al.* (2007) idirdhealú idir dátheangachas suimitheach don teanga thromlaigh agus dátheangachas suimitheach don teanga mhionlaigh. Insítear gurb é dara cineál dátheangachais, dátheangachas suimitheach na teanga mionlaí, a bhíonn de dhíth ar chainteoirí dúchais sa chóras oideachais Ghaeltachta. Ina choinne sin, luann Ní Thuairisg (2020) go bhfuil an dátheangachas suimitheach sa teanga thromlaigh agus sa teanga mhionlaigh ag teastáil i gcomhthéacs an oideachais Ghaeltachta. Cé go bhfuil seasaimh éagsúla luaite ag na húdair réamhráite, tuigtear go bhfuiltear ar aon ghuth nár cheart go mbeadh an sealbhú laghdaithe i ndán do chainteoirí dúchais óga, atá sa mhionlach anois³², agus go mbeadh saibhriú agus cothú theanga na gcainteoirí dúchais ina thosaíocht ag an gcóras tumoideachais i gcomhthéacs na Gaeltachta.

³² Ardaíonn Péterváry *et al.* (2014) nach dóchúla go bhfuil ‘...ann a thuilleadh don chainteoir dúchais óg Gaeilge, mar a thuigtí roimhe seo’ agus má táthar ann ‘...tá a leithéid eisceachtúil ar fad’ (227).

2.5.2 Torthaí Taighde i gComhthéacs Tumoideachais na Gaeltachta

Tá claonadh ann sa litríocht dhúchasach, agus an comhthéacs tumoideachais sa Ghaeltacht á chíoradh, mórán plé a dhéanamh ar na dúshláin a shainítear leis an gcomhthéacs seachas cur síos cúitithe a thabhairt ar a bhuntáistí mar aon lena dhúshláin. Chuige sin, bhí constaic roimh an taighdeoir raon leathan buntáistí a aimsiú a chruthaigh sonrath do chomhthéacs tumoideachais na Gaeltachta amháin, in ainneoin gur thángthas ar na buntáistí a leanas: dátheangachas suimitheach don mhórtheanga (Béarla) agus don mhionteanga (Gaeilge) (Ní Thuairisg 2020); féinmhuinín ardaithe a eascraíonn as scileanna cur i láthair i dteanga dhúchais (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2017a); feacht mheititheangeolaíoch ardaithe i leith phatrúin agus spriocstruchtúir na teanga (An Roinn Oideachais 2021a; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021); oidhreacht chultúrtha agus caomhnú na canúna áitiúla (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2017a, 2015c) mar aon le hathneartú agus le hathbheochan na teanga mar theanga úsáide laethúil an phobail (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016b; Flynn 2021; Ó Laoire 2020). Breathnófar anois ar a mhalairt agus eochairdhúshláin an chórais faoi réir.

Tá sracfhéachaint tugtha go nuige seo ar na dúshláin theangeolaíocha a shamhlaítear leis an nGaeilge i réimsí agus i bhfearainn shóisialta na Gaeltachta den mhórchuid. Sa mhír seo, mar sin, déanfar scansáil ar na baol a shainítear leis an gcineál oideachais céanna le fócas ar leith ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ábhartha do chomhthéacs na saincheisteanna taighde (Tábla 2.9).

Tábla 2.9: Dúshlán an tumoideachais sa chomhthéacs Gaeltachta

Dúshlán	Tagairt Litríochta
<p>Úsáid agus inniúlacht na tumtheanga i measc an aosa óig Tá úsáid an Bhéarla sa treis ar úsáid na Gaeilge i réimsí nó i bhfearainn shóisialta na gcainteoirí Gaeilge óga fiú sna ceantair Ghaeltachta is láidre.</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016a, 2015ac; Flynn 2021; Harris <i>et al.</i> 2006; Mac Donnacha <i>et al.</i> 2005; Lenoach <i>et al.</i> 2012; Mac Suibhne 2021; Muintearas Teoranta 2017; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2021, 2019; Ó Duibhir <i>et al.</i> 2015; Ó Giollagáin & Charlton 2015; Ó Giollagáin <i>et al.</i> 2007; Ó Lionáird 2020; Rialtas na hÉireann 2021; Péterváry <i>et al.</i> 2014</p>
<p>Easpa freastail ar riachtanais theangeolaíoch na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimoirí teanga De dheasca cainteoirí dúchais Gaeilge sna déaga a bheith sa mhionlach anois sna ceantair Ghaeltachta is deacair cur chuige feiliúnach nó dea-chleachtais saibhrithe teanga a chinntiú a fhreastalaíonn agus a dhíríonn ar fhorbairt agus ar shealbhú iomlán a gcéad teanga.</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna 2015ac; Flynn 2021; Harris <i>et al.</i> 2006; Lenoach <i>et al.</i> 2012; Mac Donnacha <i>et al.</i> 2005; Ní Chuaig 2021; Ní Shéaghdha 2010; Ó Giollagáin & Charlton 2015; Ó Giollagáin <i>et al.</i> 2007; Péterváry <i>et al.</i> 2014</p>
<p>Easpa fála ar mhúinteoirí leis na hinniúlachtaí cuí sa tumtheanga Is deacair múinteoirí leis na hinniúlachtaí éigeantacha teanga agus cultúrtha cuí a earcú agus a choimeád.</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2019; 2016a, 2015c; Mac Donnacha <i>et al.</i> 2005; Máirtín 2006; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ní Thuathaláin 2021; Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2021; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019a; Ó Duibhir 2006; Ó Grádaigh 2015; Ó Lionáird 2020; Rialtas na hÉireann 2021; Thomas & Dunne 2022</p>
<p>Comhtháthú ábhar agus teanga Bíonn deacrachtaí suntasacha ag múinteoirí tumoideachais breith ar conas is féidir an teanga a chomhtháthú i dteagasc an ábhair ar bhealach bríoch.</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a; Flynn 2021; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Ceallaigh 2013; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019ab; Ó Grádaigh 2015; Ó Laoire 2016</p>
<p>Éagsúlacht sna cleachtais tumoideachais Sula raibh ann don P(h)olasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022/24 bhí córais mheasctha ag cothú agus ag treisiú úsáid an Bhéarla mar theanga shóisialta i measc an aosa óig.</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2019, 2015ac; Mac Donnacha <i>et al.</i> 2005; Ní Chuaig 2021; Ní Shéaghdha 2010; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Brolcháin 2015; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019a</p>

Dúshlán	Tagairt Litríochta
<p>Ullmhú easnamhach mhúinteoirí le haghaidh an tumoideachais</p> <p>Tá easpa sa tsainoilíúint tosaigh agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá ar fáil do mhúinteoirí an tumoideachais chun déileáil go héifeachtach leis an suíomh ina bhfuil siad ag obair.</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2015ac; Flynn 2021; Mac Donnacha <i>et al.</i> 2005; Muintearas Teoranta 2017; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ní Thuathaláin 2021; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2018; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019ab; Ó Grádaigh 2015; Ó Laoire <i>et al.</i> 2021; Rialtas na hÉireann 2010; Thomas & Dunne 2022</p>
<p>Soláthar téacsleabhar agus acmhainní teagaisc oiriúnacha</p> <p>Feictear éilimh leanúnacha ó mhúinteoirí tumoideachais do sholáthar leordhóthanach acmhainní agus áiseanna teagaisc trí mheán na sprioctheanga.</p>	<p>An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2015ac; Mac Donnacha <i>et al.</i> 2005; Ní Shéaghdha 2010; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2021; Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh <i>et al.</i> 2019a; Ó Laoire <i>et al.</i> 2021; Rialtas na hÉireann 2010; Thomas & Dunne 2022</p>

Tabharfar spleachadh litríochta ar na baoil thuasluaite ceann ar cheann sna míreanna a leanas.

2.5.2.1 Úsáid agus inniúlacht na tumtheanga i measc an aosa óig

Áitíonn taighdeoirí dúchasacha an ghoirt go bhfuil rannpháirtíocht na gcainteoirí Béarla sna scoileanna Gaeltachta, agus i measc an phobail i gcoitinne, ag treisiú úsáid an Bhéarla i measc na nGaeilgeoirí óga (An Roinn Oideachais 2021a; Harris *et al.* 2006; Mac Donnacha *et al.* 2005; Mac Suibhne 2021; Ó Giollagáin 2007; Ó Giollagáin agus Charlton 2015; Péterváry *et al.* 2014). Thairis sin, shonraigh Mac Donnacha *et al.* (2005) nach raibh ach leibhéal mheasartha líofachta tuairiscithe ag beagnach aon chúigiú (18%) de scoláirí na hArdteistiméireachta in iar-bhunscoileanna Gaeltachta ag an am. Bíodh is go ndearnadh an staidéar réamhluaite geall leis scór bliain ó shin threisigh taighde Uí Ghiollagáin agus

Charlton (2015) an treocht chéanna le himeacht ama agus ‘...faisnéis na n-óg (ag léiriú) gluaiseacht shoiléir i dtreo an aistrithe teanga go Béarla’ (125).

B’amhlaidh a bhí an scéal i dtorthaí taighde Mhuintearas Teoranta (2017: 40) ina dhiaidh sin nuair a maíodh nach raibh ach 18% de dhaoine óga na Gaeltachta ag baint leas as an nGaeilge mar theanga shóisialta lena n-aoisghrúpa ar bhonn rialta. Thairis sin, dhealraigh Ní Thuairisg agus Ó Duibhir (2021: 13) arís eile sa bhliain 2021 go raibh an t-aos óg ‘...meallta ag an mórtheanga’ go fóill. Is dá bhíthin sin gur áitigh Ó Giollagáin agus Charlton (2015) nach mbeidh an Ghaeilge ina príomhtheanga labhartha in aon cheann de Ghaeltachtaí na tíre i gceann deich mbliana (.i. 2025), de dheasca luach agus feidhm shóisialta an Bhéarla mar atá anois ann. Leis sin, áitítear go bhfuil ról ar leith ag scoileanna Gaeltachta i dteanga na ndaoine óga a chaomhnú, a shaibhriú agus a chur chun cinn (Mac Suibhne 2021; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021, 2019; Ó Laoire 2020).

2.5.2.2 Easpa freastail ar riachtanais theangeolaíoch na ndaltaí

Dearbhaíonn Ó Duibhir *et al.* (2015) go bhfuil an múnla tumoideachais sna hiarbhunscoileanna Gaeltachta éagsúil ón múnla tumoideachais atá le sonrú lasmuigh den Ghaeltacht sa chiall is ‘...go bhfuil páistí ó mhionlach teangeolaíochta (an Ghaeilge) ag fáil a gcuid oideachais tríd an teanga mhionlaigh sin’ (7). Anuas air sin, agus faoi mar a luadh roimhe seo i dtaighde Hickey *et al.* (2013), cé go mbíonn idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimoirí teanga ag freastal ar an múnla tumoideachais sa Ghaeltacht, sonraíonn Ó Giollagáin agus Charlton (2015) go dtagann roinnt daltaí ó theaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge go minic, tagann cuid eile ó theaghlaigh áit nach í an Ghaeilge príomhtheanga na cumarsáide, agus tagann cuid eile chun na scoile agus iad ar bheagán Gaeilge nó gan aon

Ghaeilge fiú. Is dá bhrí sin go bhfuil próifíl shochtheangeolaíoch na ndaltaí Gaeltachta níos ilghnéithí ná mar a n-aithnítear.

Dar le mórán scoláirí tumoideachais (Ní Shéaghdha 2010; Ó Giollagáin *et al.* 2007; Péterváry *et al.* 2014), cuirtear riachtanais theangeolaíocha fhoghlaimoírí na Gaeilge chun tosaigh ar riachtanais theangeolaíocha chainteoirí dúchasacha na Gaeilge, sa chiall is go mbíonn aird na múinteoirí dírithe orthu siúd a bhíonn ag streachailt leis an nGaeilge den mhórchuid (Ní Chuaig 2021). Dá bhrí sin, ní mór a aithint go bhfuil sainriachtanais theangeolaíocha ar leith ag cainteoirí óga dúchais na Gaeltachta agus gur grúpa fíorthábhachtach iad do thodhchaí na Gaeltachta trí chéile. É sin ráite, luíonn mórchuid na freagrachta le múinteoirí an chórais an t-aos óg a chumasú leis an nGaeilge a shealbhú go hiomlán, mura bhfuil ‘...tobar na Gaeilge le dísciú’ (Ó Duibhir *et al.*, 2015: 101). Mar sin féin, tá gá le múinteoirí oilte agus inniúla sa sprioctheanga a earcú agus a choimeád leis an sprioc áirithe seo a thabhairt chun críche.

2.5.2.3 Easpa fála ar mhúinteoirí le hinniúlacht chuí sa Ghaeilge

Léirigh taighde Mháirtín (2006) agus Mhic Dhonncha *et al.* (2005) na deacrachtaí a bhaineann le soláthar múinteoirí don chóras tumoideachais sna blianta roimhe sin, ag déanamh tagairt nach beag do dheacrachtaí earcaíochta agus do choimeád múinteoirí, easpa cumais sa Ghaeilge labhartha agus scríofa, easpa spéise i bpoist mhúinteoireachta lonnaithe laistigh de na limistéir Ghaeltachta mar aon le heaspa oiliúna ábhartha do na cúinsí sainiúla oideachais. Chonacthas nach raibh aon dul chun cinn le sonrú faoin gcás céanna deich mbliana ina dhiaidh sin i dtaighde de chuid Uí Ghrádaigh (2015) agus ‘...fíordheacrachtaí ag Gaelcholáistí agus ag iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht teacht ar mhúinteoirí ábhair atá

sách cumasach nó sásta múineadh trí mheán na Gaeilge' (17). B' amhlaidh a bhí an scéal sa bhliain 2020 (Ó Lionáird 2020) agus arís eile sa bhliain 2021 (An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna 2021; An Roinn Oideachais 2021a; Ní Thuathaláin 2021). In ainneoin na tráchtairachta leanúnaí ar an ábhar seo is díol suntais gur thuiriscigh an Roinn Oideachais (2021a) '...go raibh inniúlacht, líofacht agus saibhreas teanga le cloisteáil i nGaeilge na múinteoirí i dtromlach na scoileanna³³' (7). Mar sin, cé go bhfuil ann don ghéarchéim earcaíochta sa chomhthéacs céanna, go hádhúil áitítear go bhfuil mórchuid na múinteoirí sa Ghaeltacht ar ardchaighdeán Gaeilge go fóill.

D'ainneoin an chomhartha dóchais thuasluaite, tugadh le fios nach raibh an dara rogha ag sciar suntasach de phríomhoidí na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta (78%)³⁴ múinteoirí nach raibh na hinniúlachtaí teangeolaíocha iomchuí acu a earcú le folúntais mhúinteoireachta in ábhair éagsúla a líonadh (Ní Thuathaláin 2021). Tuigtear gur ar mhaithe le gníomhú ina choinne seo go bhfuil cuir chuige áitiúla ar bun atá dírithe ar mhúinteoirí fostaithe ar fhíorbheagán Gaeilge a chumasú i leith na sprioctheanga (An Roinn Oideachais 2021a). I measc na gcur chuige seo tuairiscítear go bhfuil tacaíochtaí teanga á soláthar ag leithéidí baill foirne inscoile mar aon le cur chun cinn ranganna Gaeilge sna ceantair mháguaird nó ag soláthróirí aitheanta eile (.i. COGG agus Gaelchultúr) (An Roinn Oideachais 2021a). É sin ráite, tuigtear gur ag snámh in aghaidh easa atá scoileanna Gaeltachta cur chuige iomlán teagaisc trí mheán na Gaeilge a dhearbhuí nuair nach féidir deimhin a dhéanamh de go bhfuil inniúlacht leordhóthanach sa Ghaeilge ag an bhfoireann teagaisc uile.

³³ Scoileanna cás-staidéir rannpháirteach sa *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta*.

³⁴ Ghlac 28 as an 29 príomhoide iar-bhunscoile Gaeltachta páirt sa suirbhé faoi thrácht.

Sonraítear nach bhfuil íoróin na gceapachán seo imithe amú ar scoláirí ná ar thuismitheoirí an chórais ach oiread, is é sin go bhfuil iarmhairtí suntasacha ag easpa inniúlachta múinteoirí ar rogha ábhar scoláirí iar-bhunleibhéil (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2015c; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021; Ní Thuathaláin 2021). Ní hamháin sin ach thuairiscigh taighde na Roinne Oideachais (2021, 2015c) go raibh líon na ndaltaí a roghnaíonn a gcuid Scrúduithe Stáit a dhéanamh trí Bhéarla ag dul i méid go leanúnach, gné a théann go mór i gcoinne bhunphrionsabail an chórais lántumtha go deimhin. Dá réir sin, níl aon amhras ach go bhfuil réiteach ar bhonn práinne de dhíth ar ghéarchéim an tsoláthair mhúinteoirí le hinniúlachtaí cuí sa sprioctheanga. Sa treis ar na dhúshláin theangeolaíocha, tráchtar go leanúnach ar a chasta is atá sé clár comhtháite ábhar agus teanga a chur i bhfeidhm go hoideolaíoch.

2.5.2.4 Comhtháthú an ábhair agus na teanga

Bíodh is go n-áitítear go bhfuil sé de chúram gairmiúil ar mhúinteoirí tumoideachais éifeachtacha an ghnóthachtáil acadúil a chur chun cinn go comhuaineach le forbairt na litearthachta sa tumtheanga (Nic Réamoinn 2017; Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Ceallaigh 2013; Ó Ceallaigh *et al.* 2019ab; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021), insítear gurb é an chothromaíocht chéanna ina mhórdheacracht oideolaíochta roimh mhúinteoirí tumoideachais ar fud na cruinne (Cammarata agus Tedick 2012; Coyle 2007; Dalton-Puffer 2007; Mehisto *et al.* 2008; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Snow *et al.* 1989). Sa bhreis air sin, sonraítear go mbíonn go leor bac praiticiúil leis an gcomhtháthú céanna a chur i bhfeidhm, ina measc, amhras go mbeadh iarmhairt ag teagasc na teanga ar phróiseáil agus ar thuiscint an ábhair (Fortune *et al.* 2008), éiginnteacht i ndáil le luas agus le sruth an ranga (Dalton-Puffer 2007) mar aon le ceal ama a bheith ina sheilbh ag an múinteoir leis an gclár sainábhair a thabhairt

chun críche (Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2021; Prodromou 1995). Thairis sin, agus dar le Uí Ainiféin (2015), bíonn sé rídúshlánach ar mhúinteoirí iar-bhunleibhéil an teagasc cúitithe a chur i ngníomh ‘...nuair a leagtar an fócas ar fad ar na Scrúduithe Stáit i meánscoileanna na hÉireann’ (13). Ní hamháin sin ach tuairiscítear go mbíonn ionchais arda acadúla ag scoláirí, tuismitheoirí agus bainistíocht na scoile trí chéile i leith thorthaí na Scrúduithe Stáit (Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2021; Uí Ainiféin 2015; Uí Mhurchú 2021), gné a fhágann gur deacair ar mhúinteoirí ábhair cúram iomchuí a dhéanamh don oideolaíocht chomhtháite dá bharr.

Pléadh an coincheap seo, éifeacht an chúltonchair, go mion i dtaighde de chuid Uí Mhurchú (2021). Maítear sa staidéar seo go mbaineann éifeacht an chúltonchair le tionchar na meastóireachta nó na tástála oideolaíochta ar chur chuige teagaisc an mhúinteora (Huang 2019). Mar sin, is gnó dúshlánach é do mhúinteoirí cás dlisteanach a dhéanamh do theagasc na teanga sa rang ábhair nuair nach leagtar béim ar an ardinniúlacht teanga sa chur chuige measúnaithe seachtrach (Uí Mhurchú 2021). Sin ráite, ní mór a thabhairt chun cuimhne, bíodh is go mbronntar marcanna bónais ar dhaltaí na hArdteistiméireachta a dhéanann a gcuid Scrúduithe Stáit trí mheán na Gaeilge, nach dtugtar suntas do chaighdeán ná do chruinneas na teanga mar chuid de na bónasmharcanna céanna (Coimisiún na Scrúduithe Stáit 2022b). Dá bhrí sin, ní thugtar aitheantas d’iarrthóirí ina n-éiríonn leo an Ghaeilge mar aon leis an ábhar a thabhairt leo go hardchaighdeán. Is mar gheall air seo, ar an drochuair, ina gcothaítear comhthéacs teagaisc agus foghlama ina ndírítear go príomha ar phróiseáil bhrí an ábhair. Anuas ar an gcóras measóireachta Stáit, nochtar an t-ullmhú easnamhach san oideachas tosaigh agus sna struchtúir chomhchosúla mar chonstaic leis an dea-chleachtas comhtháite teagaisc a thabhairt chun críche go rathúil.

2.5.2.5 Ullmhú easnamhach mhúinteoirí le haghaidh an tumoideachais

Áitítear go bhfuil tógáil feasachta ar bun go leanúnach i dtaobh na n-easnamh sa tsainoiliúint tosaigh agus san fhoghlaim ghairmiúil leanúnach a chuirtear ar fáil d'oidí an tumoideachais. Glactar leis seo, tríd is tríd, i ngeall nach ndírítear sna cláir réamhoiliúna mhúinteoireachta ná san fhoghlaim ghairmiúil ar shain-inniúlachtaí oideolaíocha an mhúinteora tumoideachais (Mac Donnacha *et al.* 2005; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Grádaigh 2015; Rialtas na hÉireann 2010). Sin ráite, agus mar fhreagairt do réimsí gnímh an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*, b'fheasach don taighdeoir go bhfuil roinnt clár iarchéime³⁵ tagtha ar an bhfód le dornán blianta anuas atá dírithe go sainiúil ar an gcomhthéacs tumoideachais in Éirinn, ina measc, An M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath), An Teastas sa Teagasc Ábharbhunaithe san Iar-bhunscolaíocht Lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta (Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach) chomh maith leis An Máistir Gairmiúil san Oideachas (Ollscoil na Gaillimhe). Is cláir iad seo a dhíríonn ar theoiric agus ar oideolaíocht an tumoideachais agus an dátheangachais chomh maith le hinniúlachtaí teangeolaíocha na n-oideachasóirí a chothú.

Bíodh is go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcúrsaí oideachais a rachadh i dtreo an bhearna áirithe seo a líonadh, níl aon amhras ach go bhfuil an raon soláthair teoranta go fóill, agus an soláthar don iar-bhunleibhéal teoranta don leibhéal iarchéime amháin. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a áitiú go dtreisiúnn an t-ullmhú easnamhach san oiliúint tosaigh an meon i measc múinteoirí tumoideachais gur speisialtóirí ábhair iad nuair nach mbíonn na cáilíochtaí foirmiúla sa sprioctheanga nó in oideolaíocht na teanga le baint amach acu. Chuige sin,

³⁵ Tá Baitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) á sholáthar ag Institiúid Oideachais Marino ó thús mhí Mheán Fómhair 2019 ach níl a mhacasamhail á sholáthar ag an iar-bhunleibhéal go fóill.

nearthaíonn an méid a pléadh i bhfianaise na míre seo an olltábhacht a bhaineann leis an taighde reatha le hoiliúint shaincheaptha a chur ar fáil do mhúinteoirí ábhair i gcomhthéacs tumoideachais na Gaeltachta le bheith ina ngairmithe éifeachtacha tumoideachais.

2.5.2.6 Soláthar téacsleabhar agus acmhainní teagaisc oiriúnacha

D’ainneoin an bhláthaithe ar sholáthar acmhainní teagaisc do na luathbhlianta, tá sonraithe go bhfuil an soláthar téacsleabhar agus acmhainní teagaisc atá oiriúnach agus atá ar fáil do shuíomh an tumoideachais ag an iar-bhunleibhéal neamhimleor (Nig Uidhir 2021; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021; Ó Duibhir *et al.* 2017; Ó Laoire *et al.* 2021). Ar a bharr sin, maítear nach bhfuil soláthar, oiriúnacht ná caighdeán na n-áiseanna lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal ar leibhéal inchurtha leis an gcomhthéacs lán-Bhéarla (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2015c). Leis an mbearna sa soláthar a chúngú, áitíodh sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* go gcuirfí dlús leis an mbunú d’ionad acmhainní oideachais Ghaeilge i mBaile Mhúirne i gContae Chorcaí, ach ar an drochuair, níl an beart áirithe seo curtha i gcrích go fóill (Rialtas na hÉireann 2010). Ina theannta sin, moladh i dtáscairí dea-chleachtais an *POG* go mbunódh múinteoirí na scoileanna Gaeltachta líonraí múinteoireachta áitiúla le dea-chleachtais agus le hacmhainní teagaisc a chomhroinnt, faoi mar a rinne grúpa múinteoirí Eacnamaíochta Baile i gceantair Chonamara sula raibh ann don mholadh céanna (Ní Thuairisg 2020). Ar a bharr sin, iarraidh ar mhúinteoirí tarraingt ar áiseanna na ngíomhaireachtaí leasmhara amhail An Tairseach (COGG), Breacadh, An tÁisaonad agus eile³⁶.

³⁶ Cé gur cuireadh fáilte mhór roimh áisíneacht ‘An Tairseach’ le hacmhainní ardchaighdeán sainábhair a sholáthar do mhúinteoirí T1, ghlac sé go dtí mí Dheireadh Fómhair na bliana 2020 go dtí go raibh acmhainní Eacnamaíochta Baile curtha ar fáil ar an suíomh céanna. In ainneoin na bhforbairtí seo, ní mór a thabhairt chun cuimhne go raibh an *Scéim Aitheantais* i bhfeidhm ag mórchuid na scoileanna Gaeltachta le breis is dhá bhliain anuas faoin tráth céanna. Luadh sa liosta thuas chomh maith an ghníomhaireacht ‘Breacadh’ ach faraoir ní

Anuas ar an easpa soláthair, is minic a thráchtar ar (mhí)oiriúnacht na n-acmhainní ábhair trí Ghaeilge, agus foclaíocht na téarmaíochta ‘dothuigthe,’ ‘rótheicniúil,’ ‘mí-oiriúnach’ agus ‘mínádúrtha’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2015c; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021). De thoradh seo, tuigtear go n-iompaíonn múinteoirí ar rogha an leagan Bhéarla go minic in ainneoin rogha Gaeilge a bheith ar fáil (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2015c; Ní Chuaig 2021; Ó Laoire *et al.* 2021). Ar an ábhar seo, agus dar le Ní Thuairisg (2014), cé nach dóchúla go mbeadh saintéarmaí casta na n-ábhar acadúil i stóras laethúil teangeolaíoch na ndaltaí iar-bhunleibhéil, níor cheart na deiseanna sealbhaithe teanga seo a cheilt orthu ach oiread trí thiontú ar théacsleabhair Bhéarla. Is ar an mbonn seo go bhfeictear mórán éilimh ar théacsleabhair agus ar acmhainní teagaisc le téarmaíocht ‘intuigthe’ a sholáthar don earnáil T1. Sin ráite, ní mór a thabhairt chun cuimhne gur gá don téarmaíocht ‘intuigthe’ seo a bheith céim amháin chun tosaigh ar inniúlacht reatha na ndaltaí, agus ní go comhcéimneach leis, le forbairt na hinniúlachta agus na litearthachta a chur chun cinn (Krashen³⁷ 1985).

Ní hamháin go mbítear ag stocaireacht go mbeadh foclaíocht agus eochairthéarmaíocht na n-acmhainní teagaisc intuigthe do scoláirí ach go mbeadh an teanga trí chéile ag teacht le canúintí logánta na gceantar éagsúil (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2015c). Cé go bhféadfaí buanna áirithe a shamhlú leis an méid céanna i dtéarmaí foclóir agus

fheictear ina soláthar ach leabhrán amháin oidis ina áis oiriúnach don Eacnamaíocht Bhaile, bíodh is go bhfuil leagan Connachtach (Beatha Blasta) agus leagan Muimhneach (Bia Blasta) ar fáil den leabhrán céanna. I gcás ‘An tÁisaonad’ ansin, ní fheictear ach seantéacsleabhar Eacnamaíochta Baile amháin dar teideal ‘Eacnamaíocht Bhaile Leabhar 1’ mar rogha oiriúnach Eacnamaíochta Baile ar an suíomh acusan.

³⁷ Déanann Krashen (1985) imlíniú ar ionchur sothuigthe mar chuid lárnach de *Hipitéis an Ionchuir*. Is coincheap oideolaíochta é seo a chuireann roimhe gur fearr teanga shothuigthe a chur faoi bhráid an fhoghlaimora le dul chun cinn a dhéanamh ina f(h)oghlaim teanga féin. Maítear freisin gur gá don ionchur sothuigthe teanga a bheith céim chun tosaigh ar chumas reatha teanga an fhoghlaimora agus gur beag tairbhe a ghabhann le hionchur teanga atá róshimplí ná róchasta.

saibhreas na dúiche a bhuanú, tuigtear gur gá teanga chaighdeánach, ach intuigthe ag an am céanna, a chinntiú trasna réimsí na n-acmhainní teagaisc agus na Scrúduithe Stáit araon. D’ainneoin go maítear go dtarraingíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit aird ar leith ar úsáid an Chaighdeáin Oifigiúil (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2015c), sonraítear go bhfuil mearbhall á chur ar dhaltaí iar-bhunleibhéil leis an éagsúlacht téarmaíochta a bhíonn le sonrú sna scrúduithe agus sna téacsleabhair ábhair faoi seach:

Bhí siad (daltaí) buartha go mbíonn trí nó ceithre théarma in úsáid uaireanta sna leabhair don choincheap céanna (mar shampla, turgnamh, iniúchadh, mionscrúdú) agus go bhféadfadh téarma eile ar fad a bheith in úsáid ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit³⁸.

(An Roinn Oideachais, 2021a: 95)

Is ar an ábhar seo ina n-áiríonn múinteoirí nach féidir leo úsáid iomchuí a bhaint as na téacsleabhair agus acmhainní teagaisc Gaeilge go minic. Mar thoradh air seo, tá le tuiscint go dtéann múinteoirí i muinín a gcuid nótaí féin a chruthú agus cultúr an aistriúcháin go smior in obair an mhúinteora dá bharr (Ní Thuairisg 2014; Ó Laoire *et al.* 2021).

2.5.2.7 Éagsúlacht sna cleachtais tumoideachais

Agus na dúshláin réamhráite curtha san áireamh, luíonn sé le ciall go bhfuil réimse fairsing de chleachtais sonraithe i leith chur chuige an teagaisc agus na foghlama trí mheán na Gaeilge sa chomhthéacs Gaeltachta le tamall de bhlianta anuas. Ina measc, tá an teagasc iomlán trí mheán na Gaeilge le samplaí de bhéim chomhtháite ar theagasc na teanga, teagasc trí mheán na Gaeilge le tús áite ag teagasc an ábhair thar chur chuige comhtháite ábhar agus teanga, cur chuige dátheangach nó páirt-tumoideachas agus ábhair á múineadh trí mheán an Bhéarla, gan trácht ar mheascáin de na cuir chuige chéanna (An Chigireacht Oideachais agus

³⁸ Feictear éagsúlachtaí sna téarmaí a bhíonn in úsáid ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit mar a bhaineann le téarmaíocht ghinearálta an cheistiúcháin (.i. slí/bealach/caoi) mar aon le téarmaíocht an tsainábhair (Eacnamaíocht Bhaile) (.i. murtall/otracht/róramhaireacht) go minic.

Oiliúna 2021; An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2016a, 2015ac; Ní Thuairisg 2014; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a). Sin ráite, tuigtear nach raibh ann d'aon chur chuige sainiúil tumoideachais molta ag an Roinn Oideachais do na foghlaimeoirí Gaeilge agus do na cainteoirí dúchais sa chomhthéacs Gaeltachta sular cuireadh an *POG* i bhfeidhm. Anois, áfach, feictear neartú an tsoláthair oideachais trí mheán na Gaeilge i scoileanna na gceantar Gaeltachta ar cheann de phríomhaidhmeanna bheartas na Roinne Oideachais don oideachas Gaeltachta. Leis sin, díreofar aird sa mhír a leanas ar shaintáscairí dea-chleachtais an *POG* a luadh go sonrach leis an neartú agus leis an saibhriú teanga i gcomhthéacs oideachais na Gaeltachta.

2.5.3 Táscairí Dea-chleachtais an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

B'fheasach don taighdeoir ó thráchtairacht Chaibidil 1 go bhfuil ar scoileanna atá ag dréim le haitheantas a bhaint amach mar Scoil Ghaeltachta '...feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge...i gcomhréir leis na critéir theanga-bhunaithe' (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016b: 8). Leis sin, tá sé d'aidhm ag na critéir chinntitheachta seo na scoileanna rannpháirteach a chumasú i leith ardchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge a sholáthar. Bunaíodh na sainchritéir theangabhunaithe ar tháscairí dea-chleachtais a luaitear leis an tumoideachas iomlán (féach *Dréacht-Treoir d'Iarbhunscoileanna Gaeltachta Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais*) (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020³⁹). Thairis sin, áitítear go bhfuil na táscairí céanna ailínithe leis an *gCreat Cáilíochta d'Iarbhunscoileanna: Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016* (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016b) a thugann léiriú ar chleachtais mhaithe agus an-mhaithe i scoileanna

³⁹ Eisíodh na táscairí dea-chleachtais don chéad uair sa bhliain 2018 ach rinneadh nuashonrú orthu sa bhliain 2020.

Gaeltachta. Ina theannta sin, tagann na critéir seo le dea-chleachtais aitheanta i suíomhanna oideachasúla idirnáisiúnta atá inchurtha le comhthéacs foghlama na mionteanga in Éirinn (Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017). Tuigtear go bhfuil dhá dhimínsean sa chreat cáilíochta seo, lena gcuimsítear, teagasc agus foghlaim mar aon le ceannaireacht agus bainistíocht. Cuimsítear i dTábla 2.10 samplaí de na táscairí dea-chleachtais a imríonn tionchar, go díreach nó go hindíreach, ar ghnéithe den teagasc ábharbhunaithe faoi scáth an togra reatha. Mar atá réamhluaite i gCaibidil 1, ámh, feictear nach bhfuil an teagasc ábharbhunaithe ná an cleachtas comhtháite san áireamh sna critéir dheimhnitheachta chéanna, dá ainneoin comhtháthú an ábhair agus na teanga a bheith aitheanta ag croílár an tumoideachais éifeachtaigh (Cammarata agus Tedick 2012; Lyster 2007; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Ó Ceallaigh *et al.* 2019ab; Ó Laoire *et al.* 2021).

Tábla 2.10: Táscairí Dea-chleachtais: An Tumoideachas Iomlán (arna chur in oiriúint ó: An Roinn Oideachais, 2020: 14-19)

Táscairí Dea-chleachtais: An Tumoideachas Iomlán
<ul style="list-style-type: none"> ● Is trí Ghaeilge a mhúintear gach ábhar seachas an Béarla agus teangacha eile. ● Cuireann na múinteoirí ar fad eiseamláirí de Ghaeilge chruinn ar fáil do na scoláirí lena n-áirítear ionchur teanga acadúil, cognaíoch agus sóisialta chun go bhfaighidh na scoláirí blaiseadh de ghnéithe éagsúla den teanga i dtimpeallachtaí atá saibhir ó thaobh teanga de. ● Is múinteoirí teanga agus ábhair araon iad na múinteoirí ar fad, tá torthaí foghlama beartaithe luaite go soiléir acu maidir le hábhar agus teanga, cuireann siad ionchais shoiléire in iúl maidir le húsáid na tumtheanga, agus féachann siad orthu féin mar éascaitheoirí na forbartha teanga laistigh den seomra ranga agus lasmuigh de, araon. ● Tá cur amach ag múinteoirí ar mhodhanna múinte maithe a nascann múineadh teanga agus múineadh ábhair go héifeachtach ar bhonn comhtháite. ● Cuirtear an Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) chun cinn trí mheán na Gaeilge i dteagasc na n-ábhar eile (nach teangacha iad). ● Cruthaíonn múinteoirí deiseanna le haghaidh úsáid bhríoch teanga agus le haghaidh idirghníomhaithe agus saibhriú teanga le cur ar chumas scoláirí a bheith feasach ar struchtúir shainiúla na Gaeilge. ● Spreagann múinteoirí na scoláirí chun na struchtúir Ghaeilge sin a aithint, agus chun teanga chruinn ó bhéal agus i scríbhinn a chur chun cinn thar achar an churaclaim. ● Déantar cruinneas na Gaeilge a theagasc agus a thástáil mar chroílár de theagasc gach ábhair ar scoil. ● Bíonn na múinteoirí ar fad ag gabháil d'fhoghlaim leanúnach agus d'fhorbairt ghairmiúil, rud a chuireann ar a gcumas machnamh agus forbairt a dhéanamh ar a dteanga féin agus ar a saineolas oideolaíoch a bhaineann go saineúil leis an tumoideachas agus le múineadh trí mheán na Gaeilge. ● Tacaíonn an bord (bainistíochta) leis an bhfoireann chun deiseanna oiliúna a rochtain lena n-inniúlacht sa Ghaeilge agus a dtuiscint ar an tumoideachas a neartú. ● Spreagtar deiseanna le haghaidh oiliúna i measc comhghleacaithe i dtaca le planáil chomhoibríoch, comhtheagasc, comh-mhachnamh agus athbhreithniú modhanna teagaisc.

I dtuairisc na *Scoileanna Rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: Na Príomhtheachtaireachtaí ó Chuirteanna Comhairleacha na Cigireachta* (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2019 as seo amach), aithníodh cuir chuige oideolaíocha agus

cosúil a bhí ailínithe leis na táscairí dea-chleachtas réamhnocta. Ina measc siúd, chonacthas go raibh ‘...oideachas iomlán trí Ghaeilge á chur ar fáil i líon ard iar-bhunscoileanna sa Ghaeltacht, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta is láidre’ (6). B’fhorbairt shuntasach í seo mar gheall nach raibh ach 68% d’iar-bhunscoileanna Gaeltachta ag feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge sa bhliain 2016 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016a: 10). Ar a bharr sin, aithníodh go raibh feabhas tagtha ar líon na n-ábhar a bhí á múineadh trí mheán na Gaeilge, ag an tSraith Shinsearach agus i measc lucht na chéad bhliana go háirithe. Áitítonn an taighdeoir gur dea-chomhartha a bhí sa mhéid seo ar rathúlacht an *POG* agus é tuairiscithe ní ba luaithe go raibh scata suntasach daltaí ag tabhairt faoina gcuid ábhar acadúil agus Scrúduithe Stáit trí mheán an Bhéarla i ngeall ar dheacrachtaí earcaíochta agus inniúlachta teanga mhúinteoirí.

I measc na bhféidearthachtaí chun feabhais aibhsithe i dtuarascáil na Cigireachta, maíodh go raibh dul chun cinn de dhíth maidir le líon na múinteoirí agus na gceannairí scoile a bhí ag gabháil d’fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus do chláir iarchéime ag an tríú leibhéal (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2019). I gcoimhlint leis sin, dúradh sa *Staidéar Taighde agus Meastóireachta ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* (An Roinn Oideachais 2021a as seo amach) gur ceart go mbeadh an fhoghlaim ghairmiúil leanúnach mar ghnáthchleachtas cómhalartach agus comhoibritheach idir múinteoirí, agus ní ar an mbonn go mbeadh oideoirí ag tabhairt faoin bhfoghlaim ghairmiúil leanúnach go hindibhidiúil. Chuige sin, moladh gur chóir ‘...do cheannairí scoile féachaint chuige go bhfuil gach múinteoir feasach ar phrionsabail agus ar chleachtas na foghlama comhtháite ábhar agus teangacha (FCÁT) mar a bhaineann le suíomhanna tumoideachais’ (An Roinn Oideachais, 2021: 112). Dar leis an taighdeoir, cé go ndéanann an moladh céanna suntas don ní go mbeadh na baill teagaisc uile eolach ar an gcleachtas comhtháite, dealraítear san am céanna

go bhfuil an moladh áirithe seo sách scaoilte i ngeall nár sonraíodh aon bhealach sainiúil leis an mbeart céanna a thabhairt chun críche go rathúil.

Ar ábhar na foghlama comhtháite ábhar agus teanga, is beag tagartha a rinneadh sna tuarascálacha réamhluaite do chleachtas an chomhtháthaithe lasmuigh de na habairtí seo a leanas: ‘...thug na cigirí suntas go háirithe don obair a bhí ar siúl ag múinteoirí chun aird na scoláirí a dhíriú ar chruinnscríobh na Gaeilge agus ar rialacha gramadaí a thuiscint agus a shealbhú’; ‘Cheap na múinteoirí go raibh na scoláirí níos muiníní as a gcuid Gaeilge agus go raibh tuiscint níos fearr acu ar an ngramadach’ (An Roinn Oideachais, 2021: 81, 90-91). Cé nach bhfuil sé ar intinn ag an taighdeoir beag is fiú a dhéanamh de na torthaí seo, níor soláthraíodh aon eolas breise faoi chur i bhfeidhm na gcleachtas céanna, agus mar sin, ní dóchúla go mbeifí in ann dea-oideolaíochtaí dá leithéid a roinnt ná a scaipeadh ar scoileanna Gaeltachta eile. Bíodh sin mar atá, agus faoi mar a bheidh le sonrú i gCaibidil 3, tá níos mó i gceist leis an gcleachtas comhtháite ná dúspéis sa chruinnúsáid teanga amháin. Ar an ábhar sin, ba dhearfach an tuairisciú a rinneadh ar na hiarrachtaí follasacha a bhí ar bun leis an saibhreas cultúrtha agus leis an saibhreas teanga a chur chun cinn mar aon le sealbhú na saintearmaíochta acadúil (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021a, 2019).

Sin ráite, áfach, sonraíodh sna tuarascálacha céanna go raibh gá go fóill le tuilleadh béime a leagan ar scileanna ginchumais na ndaltaí trí níos mó deiseanna úsáide teanga a chruthú le linn na gceachtanna ábhair. Thairis sin, cé go n-aithnítear sna critéir theangabhunaithe go mbeadh aird ar leith á díriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais chomh maith leis na foghlaimeoirí teanga sonraíodh ‘...go raibh gá le hionchais níos airde agus dúshlán níos oiriúnaí a thabhairt do scoláirí ar ardchaighdeán Gaeilge’ (An Roinn Oideachais, 2021a: 9). Ina fhianaise seo, insítear go bhfuil bearnaí sna sain-inniúlachtaí

teagaisc ag múinteoirí an chórais le freastal cuí córasach a dhéanamh ar riachtanais theangeolaíocha an chainteora dhúchais. Chuige sin, díreofar go sonrach sa chéad chaibidil eile ar bhonn eolais agus ar thacar scileanna an mhúinteora tumoideachais éifeachtaigh i gcomhthéacs oideachais na Gaeltachta.

2.6 Conclúid

Rinneadh scagadh sa chaibidil seo ar an tumoideachas. Léiríodh nach feiniméan simplí é an dátheangachas agus go bhfuil cineálacha oideachais dhátheangaigh ar fud an domhain ina n-úsáidtear an sprioctheanga mar mhéan chun an t-ábhar agus an teanga a theagasc. Cíoradh an tumoideachas mar mhúnla láidir oideachais dhátheangaigh agus soláthraíodh míniú ar an teagasc ábharbhunaithe mar shamhail tumoideachais agus mar chur chuige comhtháite oiriúnach don togra taighde seo. Aithníodh tréithe lárnacha agus inathraitheacha an tumoideachais le clár a aithint mar chláir tumoideachais agus iniúchadh an méid céanna i suíomhanna idirnáisiúnta dátheangacha atá inchurtha le comhthéacs tumoideachais na hÉireann. Ag deireadh na míre, féachadh chuige le hachóimre ghonta a dhéanamh ar bhuanna agus ar dhuanna an tumoideachais go hidirnáisiúnta agus tugadh aghaidh ina dhiaidh sin ar scagadh a dhéanamh ar na réimsí céanna staidéir sa chomhthéacs náisiúnta.

Luadh go raibh múnlaí an luath-thumtha agus an tumtha dhéanaigh sa treis i gcomhthéacs na hÉireann le líon teoranta de thacaíocht idirlinne i bhfoirm an mheántumtha. É seo ráite, sonraíodh go raibh traidisiún láidir den tumoideachas iomlán in Éirinn in ainneoin cuir chuige mheasctha le sonrú i gcásanna áirithe. Ina dhiaidh sin, breathnaíodh ar thréithe lárnacha agus inathraitheacha an tumoideachais agus aithníodh go raibh taighdeoirí dúchasacha den tuairim go bhfuil curaclaim idirdhealaithe d'fhoghlaimoirí teanga agus do chainteoirí dúchais araon níos feiliúnaí do bhunphrionsabail chomhthéacs na hÉireann thar

churaclam na mórtheanga/T1 amháin a leanúint. Lena chois, rinneadh suntas don easpa fála ar mhúinteoirí a bhfuil na hinniúlachtaí cuí acu sa Ghaeilge agus an méid seo mar dhúshlán comhchoiteann roimh an gcomhthéacs tumoideachais lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht.

In ainneoin na gconstaicí, tugadh le fios go bhfuil raidhse mór taighde ag cur go síoraí seasta le corpas bhuntáistí an tumoideachais in Éirinn, ach go bhfuil an baol ann go bhfuil na buntáistí céanna á gceilt ag láithreach na ndúshlán sainaitheanta. Féachadh ina dhiaidh sin le forléargas a thabhairt ar chomhthéacs saineúil an tumoideachais sa Ghaeltacht agus bunús an phlé chéanna leabaithe i ndeacrachtaí sochtheangeolaíocha na limistéar pleanála teanga. Rinneadh iarracht comhthéacs ilghnéitheach oideachais na Gaeltachta a chur faoi bhráid an léitheora ag suntas ar leith déanta do réasúnaíocht, fíis agus treoirlínte an *POG*. Ar deireadh, tugadh faoi léiriú criticiúil a sholáthar ar rathúlacht an pholasaí i leith na ndea-chleachtas teagaisc agus foghlama d'ardchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil.

Iníúchfar bonn eolais agus croí-inniúlachtaí an mhúinteora Ghaeltachta chun tabhairt faoin teagasc ábharbhunaithe éifeachtach sa chleachtas teagaisc trí mheán na mionteanga sa chéad chaibidil eile.

Caibidil 3 : Comhtháthú an Ábhair agus na Teanga

3.1 Intreoir

Tá sé mar sprioc uileghabhálach ag an taighde reatha imscrúdú a dhéanamh ar an teagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta. Le cois an chuntais tugtha ar an tumoideachas go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta i gCaibidil 2, dírítear sa chaibidil seo ar chomhtháthú an ábhair agus na teanga a fheidhmíonn mar bhunchloch ag cláir rathúla thumoideachais ar fud na cruinne. Ar dtús, déanfar mionscagadh ar an bhfoghlaim agus ar an sealbhú teanga i gcomhthéacs phróifíl na ndaltaí sa chomhthéacs Ghaeltachta le saintréithe an imeasctha a scagadh. Ina dhiaidh sin, breathnófar ar mhúnlaí éagsúla comhshnaidhmeacha le béim nach beag ar na múnlaí a dhíríonn ar theagasc na teanga ar bhonn comhtháite. Bunófar an plé lena chois sin ar an múnla Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite chun sainscileanna agus bearnaí eolais ábhartha an mhúinteora tumoideachais Ghaeltachta a chíoradh agus nochtfar na dea-chleachtais oideolaíochta ghaolmhara trí lionsa an teagaisc fhoirmdhíríte. Ar deireadh, scagfar saintréithe de chuid na foghlama gairmiúla éifeachtaí d'fhonn cleachtas comhtháite inmhianaithe a thabhairt chun críche.

3.2 Sealbhú nó Foghlaim Teanga

Aithníodh sa chaibidil roimhe seo go bhfuil próifíl theangeolaíoch dhaltaí an oideachais Ghaeltachta ilghnéitheach sa mhéid is go bhfuil teaghlaigh Ghaeltachta sa lá atá inniu ann atá ag tógáil a gcuid leanaí ‘...le Gaeilge; le Béarla; le Gaeilge agus Béarla; nó le teangacha eile seachas Gaeilge/Béarla’ (Ní Chuaig, 2021: 320). Dá bhrí sin, is follas nach pobal aonteangach é pobal na Ghaeltachta a thuilleadh. Agus aird tugtha ar fhairsingeacht

theangeolaíoch leanaí na Gaeltachta faoi láthair, deirtear go bhfoghlaímítear an dara teanga (T2) ach go sealbhaítear teanga an bhaile, an chéad teanga nó an mháthairtheanga (T1) (Baker agus Wright 2021). Tá áitithe ag Flynn (2021) gurb é an difear is suntasaí idir an dá phróiseas céanna, foghlaim nó sealbhú teanga, ‘...ná gur próiseas comhfhiosach a bhfuil dua ag baint leis atá san fhoghlaim (T2) agus gníomh fochomhfhiosach atá sa sealbhú (T1)’ (62). Tacaíonn Mac Éinrí (2007) leis seo agus déantar suntas don tábhacht a aithnítear le hionchur sothuigte i gcás shealbhú na chéad teanga, agus éascú na tuisceana tríd an teagasc foirmiúil i bhfoghlaim an dara teanga. Is gá a shoiléiriú, ámh, go sonraítear easaontú i dtéarmaíocht roghnaithe na scoláirí thuasluaite agus mórán scoláirí eile sa ghort (Ellis 2009, 2002; Ellis agus Shintani 2014; Gass agus Mackey 2014, 2012; Lightbown 2008) agus cás an dara teanga á phlé (.i. sealbhú nó foghlaim an dara teanga). Ar a shon sin agus uile, thabharfaí le tuiscint uaidh seo go sealbhaítear an T1 go céasta mar a bheadh i gceist i gcás linbh ag fás aníos agus gur próiseas comhfhiosach foghlama é sealbhú an T2. Nochtann Ellis (1994: 107), bunaithe ar an méid curtha chun tosaigh ag Bley-Vroman (1988), na difríochtaí a leanas idir sealbhú an T1 agus an T2 i dTábla 3.1.

Tábla 3.1: Sealbhú an T1 agus sealbhú an T2 (Ellis 1994)

Gnéithe	Sealbhú an T1	Sealbhú an T2
<i>Rathúlacht</i>	Go hiondúil baineann scoláirí máistreacht fhoriomlán amach sa teanga ag caighdeán atá inchurtha leis an gcainteoir dúchais	Ní móide go mbainfí máistreacht fhoriomlán amach sa teanga ag caighdeán atá inchurtha leis an gcainteoir dúchais
<i>Éagsúlacht san fhoghlaim</i>	Níl mórán comhathraithe sna bealaí ina bhféadfaí máistreacht a bhaint amach	Go leor comhthathraithe sna bealaí ina bhféadfaí máistreacht a bhaint amach
<i>Spriocanna</i>	Inniúlacht sa sprioctheanga	Is féidir le foghlaimeoirí T2 a bheith measartha sásta le leibhéal faoi bhun leibhéal inniúlachta an chainteora dhúchais a bhaint amach, áit ina mbíonn líofacht chun tosaigh ar an gceartúsáid
<i>Iontaisiú</i>	Neamhaithnid	Comónta
<i>Iomas</i>	Is féidir le leanaí iomas soiléir a fhorbairt i leith an chruinnis	Níos deacra ar fhoghlaimeoirí T2 breithiúnais a dhéanamh ar earráidí gramadaí
<i>Teagasc</i>	Níl sé de dhíth	Cabhrach agus éigeantach i gcásanna áirithe

Tá le tuiscint ón tábla thuas nach n-éiríonn i gcónaí le foghlaimeoirí teanga leibhéal inniúlachta an chainteora dhúchais a bhaint amach, gné atá pléite agus athphléite i gCaibidil 2. Ní mór a thabhairt san áireamh, ámh, go bhfuil Cook (2016, 2008) den tuairim nár cheart leibhéal inniúlachta sa T2 a mheas le hais an chainteora dhúchais i ngeall go bhfuil T1 ag gach foghlaimeoir T2. Sa bhreis air sin, agus ar ábhar an iontaisithe, cé go n-áitíonn Ellis (1994) go bhfuil a leithéid neamhaithnid i gcás an chainteora dhúchais, nochtann an litríocht dhúchasach a mhalairt (An Roinn Oideachais 2021a; Flynn 2021; Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh 2016). Leis sin, agus d’ainneoin easaontas i measc taighdeoirí mar a bhaineann le hábhar an (mhí)chruinnis, dealraíonn Ellis (1994) go bhforbraíonn cainteoirí dúchais iomas nó feasacht shoiléir i leith an chruinnis i gcodarsnacht le foghlaimeoirí teanga. Déanta na

fírinne, áfach, caithfear a lua nach raibh an t-údar céanna ag tagairt go sainiúil do chomhthéacs an tumoideachais i dTábla 3.1 ach do chomhthéacs níos leithne an tsealbhaite teanga. Is dá bhíthin sin go léiríonn an cuntas tugtha, agus tráchttaireacht ar an gcuntas céanna, gur casta agus gur ilghnéitheach atá an scéal nuair a bhíonn gá le teagasc idirdhealaithe a fhreastalaíonn ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaiméoirí teanga araon i gcomhthéacs an oideachais Ghaeltachta, castacht oideolaíochta aitheanta roimhe seo ag Ó Duibhir *et al.* (2015). Is gá, mar sin, féachaint chuige le mionscagadh a dhéanamh ar mhúnlaí an chomhtháthaithe ábhar agus teanga a dhíríonn aird go follasach ar fhoghlaim, forbairt agus saibhriú na litearthachta sa sprioctheanga.


3.3 Múnlaí Comhtháite Ábhar agus Teanga

Dealraítear sa litríocht luaite le foghlaim an T2 go bhfuil gluaiseacht ann ón teanga a theagasc aisti féin go cur chuige a thugann faoin ábhar agus faoin teanga a theagasc ar bhonn comhtháite (Ó Ceallaigh *et al.* 2017). Bíodh sin mar atá, b'fheasach don taighdeoir ó léirbhreithniú litríochta Chaibidil 2 gur iomaí constaic agus dúshlán atá roimh oidí tumoideachais an oideolaíocht chomhtháite seo a chur i bhfeidhm sa chleachtas teagaisc. Chuige sin, imscrúdófar ábharthacht na múnlaí comhtháite ábhar agus teanga in ord loighiciúil sna míreanna a leanas le teacht ar shain-inniúlachtaí agus ar bhonn eolais riachtanach an mhúinteora tumoideachais.

3.3.1 Múnla 4C

Tá an múnla 4C curtha chun tosaigh ag Coyle (1999), bunaithe ar obair Mohan agus an Fráma (Tagartha) Eolais (1989), áit ina dtugtar lionsa iomlánaíoch d'oideolaíochtaí FCÁT (Fíor 3.1). Sa mhúnla seo, maítear go bhfoghlaimítear ábhar trí chumarsáid agus trí

chognaíocht agus go mbíonn gnéithe uile an mhúnla neadaithe i gcomhthéacs soch-chultúrtha. Ar an mbonn sin, feictear go bhfuil ceithre bhloc tógála mar chuid den mhúnla seo a chruthaíonn comhthéacs foghlama comhtháite, ina measc, ábhar (.i. eolas, scileanna agus tuiscintí an ábhair), cumarsáid (.i. úsáid teanga agus foghlaim teanga), cognaíocht (.i. próiseas foghlama agus smaointeoireachta) agus cultúr (.i. tuiscint ar an idirchultúr agus ar shaoránacht a fhorbairt).



Fíor 3.1: Múnla 4C FCÁT (arna chur in oiriúint ó: Coyle 1999)

Is i dtreoirphlean Coyle (2005) a dhéantar na blocanna FCÁT a mhionléiriú do mhúinteoirí leis an bpleanáil do chur i bhfeidhm an mhúnla chéanna a éascú (Tábla 3.2).

Tábla 3.2: Treoirphlean Mhúnla 4C (arna chur in oiriúint ó: Coyle 2007, 2005)

4C	Ceisteanna Pleanála an Mhúinteora
Ábhar	<ul style="list-style-type: none"> ● Cad a bheidh á theagasc agam? ● Cad a bheidh le foghlaim ag na daltaí? ● Cad iad torthaí foghlama an cheachta?
Cumarsáid	<ul style="list-style-type: none"> ● Cad iad na téarmaí agus na frásaí sainiúla atá sonrach d'ábhar an ranga chun cáilíocht na foghlama a chinntiú? ● An bhfuil gné ghramadaí áirithe riachtanach le haghaidh cumarsáide? ● Cén t-idirghníomhú cainte a bheidh de dhíth? ● An féidir saorúsáid na teanga a chur chun cinn sa rang?
Cognaíocht	<ul style="list-style-type: none"> ● Cén bonn tuisceana atá de dhíth faoin ábhar seo? ● Cad iad na scileanna ard-oird smaointeoireachta atá de dhíth chun an t-ábhar a thuiscint, fadhbhanna a réiteach agus athmhachnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim? ● Cad iad na ceisteanna ard-oird atá ag teastáil leis an ábhar a phróiseáil?
Cultúr	<ul style="list-style-type: none"> ● Conas is féidir béim a chur ar an gcultúr áitiúil agus/nó domhanda ón ábhar atá faoi chaibidil? ● Conas is féidir féiniúlacht na ndaltaí mar shaoránaigh dhomhanda a chur chun cinn sa rang?


In ainneoin an mhúnla seo a bheith aitheanta mar mhúnla iomlánaíoch d'fhorbairt an fhoghlaim, tuigtear nach bhfuil an lucht acadúil ar aon intinn faoi ról lárnach an chultúir sa mhúnla céanna. Cáintear a ábharthacht de dheasca nach bhfuil gné an chultúir aitheanta mar bhunphrionsabal ag an bhfoghlaim chomhtháite i gcoitinne (Fahey 2022). Treisíonn Spratt (2017) an tuairim seo agus éilítear gur ceart gné an ábhair a aithint ag croílár an mhúnla, i ngeall go stiúran ábhar an cheachta na gnéithe a roghnófar ó na blocanna eile. Tagann sé seo go baileach le nóta Brinton, Snow agus Weshe (2003) a deir gurb é an t-ábhar a threoraíonn foirm agus seicheamh na teanga sa chomhthéacs comhtháite. Sin ráite, cé gur minic ról tánaisteach a bheith ag gné an chultúir sa chomhthéacs comhtháite, ní mór a mheabhrú go bhfuil an t-iolrachas cultúrtha mar aon leis an leathanaigeantacht ilchultúrtha aitheanta mar bhuntáistí ag an tumoideachas (Baker agus Wright 2021, 2017; Flynn 2021; Ní Aogáin *et al.* 2021; Ó Duibhir *et al.* 2017; Ó Laoire 2016; Tedick agus Lyster 2020).

Áitítear gur buntáistí iad seo nár cheart a cheilt ar fhoghlaimoirí an chórais tumoideachais ach oiread.

Anuas ar an dinimic chasta idir ábhar agus cultúr, feictear mórán airde á leagan ar an ngaol idir cumarsáid agus cognaíocht sa mhúnla 4C. Dar le Snow *et al.* (1998), cé go ndéanann gairmithe éifeachtacha tumoideachais iarrachtaí dírithe an teanga a theagasc i mbealaí córasacha, sách minic ní éiríonn leo dóthain dushlán cognaíoch a chruthú d'fhoghlaimoirí laistigh den churaclam ó thaobh na teanga de. Is ábhar inní é seo sa chiall is gur de réir mar a mhéadaíonn na héilimh go cognaíoch i gcomhthéacs an ábhair méadaíonn na héilimh go teangeolaíoch (Schleppergrell 2004), gné atá ábhartha don chomhthéacs iar-bhunleibhéil go deimhin. Ciallaíonn sé sin mura bhfuil inniúlacht leordhóthanach teanga á baint amach ag daltaí an chórais gur níos deacra fós a bheidh sé orthu rochtain a fháil agus ionramháil a dhéanamh ar an ábhar acadúil de réir mar a théann siad ar aghaidh sa chóras scolaíochta (Fortune 2012; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021). Is de thoradh sin inar thug Coyle (2007) faoi ghné na cumarsáide a scagadh tuilleadh sa 'Triptic Teanga.'

3.3.1.1 An Triptic Teanga

Déanann an 'Triptic Teanga' teanga an cheachta a idirdhealú ina trí chuid, lena gcuimsítear, teanga na foghlama (of-learning), teanga don fhoghlaim (for-learning) agus teanga tríd an bhfoghlaim (through-learning) (Fíor 3.2).



Fíor 3.2: Triptic Teanga bunaithe ar an múnla 4C (arna chur in oiriúint ó: Coyle 2007)

Sonraíonn an triptic, i bhfocail shimplí, go bhfuil ról na teanga sa chleachtas comhtháite ilfheidhmeach agus ní sainiúil do mheán an teagaisc amháin. Tugann treoirphlean Coyle (2005) mionbhriseadh síos ar an rangú teanga céanna chun scafláil a sholáthar do phleanáil éifeachtach an mhúinteora (Tábla 3.3) (aitheanta sa litríocht idirnáisiúnta mar uirlis ‘3A - Analyse-Add-Apply’).


Tábla 3.3: Treoirphlean an mhúinteora don Triptic Teanga (arna chur in oiriúint ó: Coyle 2010, 2007, 2005)

Céim	Cineál teanga	Treoirlínte
<i>Céim 1: Anailísiú</i>	Anailísiú ar an ábhar chun teanga na foghlama a shainaithint (teanga na foghlama)	Caithfear teanga an ábhair a shainiú trí anailísiú a dhéanamh ar an tsaintearmaíocht, na frásaí agus nathanna, na gnéithe gramadaí agus an t-eolas a bheidh ábhartha agus/nó le foghlaim sa cheacht. Ní leor aistriúchán sa chás seo amháin.
<i>Céim 2: Cuir le</i>	Cuir le teanga an ábhair ar mhaithe le foghlaim (teanga don fhoghlaim)	Caithfear teanga na hidirghníomhaithe agus na cumarsáide a shainiú (.i. an teanga a bheidh ag teastáil chun cur le scileanna plé, scileanna obair ghrúpa éifeachtacha, fianaise/eolas a chur i láthair agus tuairimí a nochtadh). Bíonn gá le scafláil teanga ón múinteoir le héascaitheoireacht a dhéanamh ar an idirghníomhú céanna.
<i>Céim 3: Cuir i bhfeidhm</i>	Cuir i bhfeidhm na teanga trí fhoghlaim an ábhair (tríd an bhfoghlaim)	Caithfear an teanga nua a eascróidh as an gceacht a réamhaithint chomh fada agus is féidir (.i. aiseolas féideartha, scileanna cur i láthair a fhorbairt agus scileanna foclóra a leathnú nó a shaibhriú). Ní féidir réamhphleanáil iomlán a dhéanamh chuige seo i gcónaí agus mar sin moltar filleadh ar an teanga nuafhoghlamtha ag deireadh an cheachta nó sa chéad cheacht sa tsraith nó san aonad teagaisc.

Cé go n-éascaíonn treoirphleana Coyle (2010, 2007, 2005) obair réamhphleanála mhúinteoirí ó thaobh an ullmhúcháin teanga de, tá na treoirphleananna teoranta don mhéid seo amháin. Táthar den tuairim seo de dheasca nach soláthraítear mórán treorach don tacar scileanna oideolaíochta atá de dhíth leis na cineálacha teanga aitheanta a theagasc i mbealaí córasacha. Is ar an mbonn seo a dhéanfar plé sa chéad mhír eile ar obair Shulman (1987) i leith eolas oideolaíochta ábhair agus na múnlaí FCÁT eile a forbraíodh dá bharr.

3.3.2 Múnla PCK (EOÁ)

D'aithin Shulman go bhfuil trí réimse de bhonn eolais de dhíth ar mhúinteoirí éifeachtacha i gcomhthéacsanna ginearálta teagaisc (Shulman 1987) (Fíor 3.3). I dtús báire, tá tuiscint fhorleathan ar Eolas Ábhair (EÁ) (Content Knowledge - CK) agus san áireamh anseo tá eolas ábhair agus eolas faoin gcuraclam, cur i gcás. Lena chois sin, tá Eolas Oideolaíochta (EO) (Pedagogical Knowledge - PK) nó eolas faoin bpróiseas teagaisc (.i. modhanna múinte, bainistíocht ranga agus pleanáil cheachta), foghlaim an dalta (.i. meon cognaíoch, inspreagadh agus mothúcháin mar aon le próisis foghlama agus forbartha) agus meastóireacht oideolaíochta (.i. cúrsaí difreála agus measúnaithe) (Guerriero 2017). Ag croílár an mhúnla tá Eolas Oideolaíochta Ábhair (EOÁ) (Pedagogical Content Knowledge - PCK) ina fhithear eolas ábhair agus eolas oideolaíochta le chéile (Shulman 1987, 1986).




Fíor 3.3: Múnla EOÁ (PCK) (Shulman 1987, 1986)

Tugann Shulman (1987) sainmhíniú níos mine ar an múnla EOÁ mar ‘...the blending of content and pedagogy into an understanding of how particular topics, problems, or issues are organized, represented, and adapted to the diverse interests and abilities of learners, and

presented for instruction' (8). Lena chur i mbeagán focal, déanann EÁO idirdhealú idir tuiscint an tsaineolaithe agus tuiscint an mhúinteora sa tslí is go bhfuil sé de chúram gairmiúil ar mhúinteoirí an t-eolas a chur i láthair i mbealach sothuigthe agus inrochtana d'fhoghlaimoirí. Ar an dul céanna, tá EÁO mar chónascadh idir eolas oideolaíochta agus eolas ábhair. D'ainneoin don mhúnla EOÁ a bheith so-aitheanta i réimse theagasc an ábhair chéad lá, rianaítear gur féidir an múnla seo a úsáid i gcomhthéacsanna teagasc teangacha, mar chomhréiteach ar an déscaradh idir eolas oideolaíochta agus eolas teanga (Johnston agus Goettsch 2000).

3.3.3 Múnla CKT (EÁT)

Mar fhairsingiú ar obair Shulman, d'fhorbair na scoláirí Ball, Thames agus Phelps (2008) an múnla Eolas an Ábhair don Teagasc (EÁT) (Content Knowledge for Teaching - CKT). D'aithin bunaitheoirí an mhúnla go raibh tuilleadh forbartha agus soiléirithe de dhíth i leith eolais oideolaíochta an ábhair do mhúinteoirí ó cuireadh an múnla EOÁ (Eolas Oideolaíochta Ábhair) (Pedagogical Content Knowledge - PCK) chun tosaigh. Rinne Phelps, Weren, Croft agus Gitomer (2014) achoimre ar an tógán mar mhúnla a chuimsíonn '...the content knowledge used in recognizing, understanding, and responding to the content practices that teachers engage in as they teach a subject' (13).



Fíor 3.4: Múnla CKT (EÁT) (Ball et al. 2008)

Mar atá le sonrú i bhFíor 3.4, cuimsítear dhá réimse faoi leith sa mhúnla faoi thrácht, ina measc, Eolas Ábhair (Subject Matter Knowledge - SMK) agus Eolas Oideolaíochta Ábhair (Pedagogical Content Knowledge - PCK) (Fíor 3.4) faoi réir ag na foréimsí seo a leanas:

- Eolas Coiteann Ábhair (ECÁ) (Common Content Knowledge - CCK) (.i. eolas coiteann faoin ábhar nach bhfuil sonrath do mhúinteoirí an tsainábhair⁴¹)
- Saineolas Ábhair (SÁ) (Specialised Content Knowledge - SCK) (.i. eolas ábhair atá sainiúil do mhúinteoirí an tsainábhair⁴²)
- Eolas Ábhair agus Daltaí (EÁD) (Knowledge of Content and Students - KCS) (.i. eolas faoi phróifíl na ndaltaí agus cur amach ar shuimeanna, spreagthaí, míthuiscintí féideartha agus araile)
- Eolas Ábhair agus Teagaisc (EÁT) (Knowledge of Content and Teaching - CKT) (.i. eolas ar phleanáil oiriúnach, seiceamhú, difreáil, measúnú agus araile)

⁴¹ Itheachán sláintiúil i gcás na hEacnamaíochta Baile mar shampla.

⁴² Aríonna vitimín B i gcás na hEacnamaíochta Baile mar shampla.

Tá sonraíthe go dtí seo go bhfuil béim leagtha sna múnlaí EOÁ (Eolas Oideolaíochta Ábhair) agus EÁT (Eolas an Ábhair don Teagasc) ar theagasc an ábhair go hiondúil. Maíonn Elder, Erlam agus Philp (2007) gur féidir breathnú ar Eolas Coiteann Ábhair an mhúnla EÁT i gcomhthéacs teagasc teangacha, áit ina nochtar go mbíonn eolas nó feasacht mheititheangeolaíoch an mhúinteora go minic easnamhach. Thairis sin, maítear go gcuireann an t-easnamh seo le deacrachtaí an mhúinteora botúin theangeolaíocha na ndaltaí a aithint agus a cheartú dá éis. Cuireann Morton (2018) leis an méid seo trína áitiú go n-éascaíonn Saineolas Ábhair sa chomhthéacs céanna sainscileanna an mhúinteora le bunús na mbotún seo a thuiscint chomh maith leis na botúin a shoiléiriú agus a mhíniú d'fhoghlaimoirí. Is léirbhreithnithe iad seo a leagan béim ar thábhacht an idirghaoil idir na foréimsí céanna le hinniúlacht teanga na ndaltaí a chothú i gcomhthéacs ábharbhunaithe. Is dá bhíthin sin inar chruthaigh bunaitheoir an tógáin, Morton (2016), an múnla Eolas Teanga do Theagasc Ábhair (ETTÁ) (Language Knowledge for Content Teaching - LKCT) do chomhtháthú an ábhair agus na teanga ar an mbonn nach bhfágfaí cúram agus cur chun cinn na teanga ar lár sa chomhthéacs ábharbhunaithe.

3.3.4 Múnla LKCT (ETTÁ)

Tagraíonn an múnla seo do cheithre shainréimse eolais laistigh den teagasc comhtháite ina gcuirtear béim ar an gcineál eolais teangeolaíoch atá de dhíth ar mhúinteoirí ábharbhunaithe.

San áireamh sa mhúnla seo, tá:

- Eolas Coiteann Teanga do Theagasc Ábhair (ECT-TÁ) (Common Language Knowledge for Content Teaching - CLK-CT)
- Saineolas Teanga do Theagasc Ábhair (ST-TÁ) (Specialised Language Knowledge for Content Teaching - SLK-CT)
- Eolas Teanga agus Daltaí do Theagasc Ábhair (ETD-TÁ) (Knowledge of Language and Students for Content Teaching - KCS-CT)
- Eolas Teanga agus Teagaisc do Theagasc Ábhair (ETT-TÁ) (Knowledge of Language and Teaching for Content Teaching - KLT-CT)

Tugtar achoimre i dTábla 3.4 ar na sainréimsí éagsúla thuasluaite.

Tábla 3.4: Múnla LKCT (ETTÁ) (arna chur in oiriúint ó: Morton, 2016: 21)

Eolas Teanga do Theagasc Ábhair (ETTÁ)			
Eolas ábhair an ábhair (EÁÁ) (SMK)		Eolas oideolaíochta ábhair (EÁO) (PCK)	
<p>ECT-TÁ <i>Eolas Coiteann Teanga do Theagasc Ábhair</i></p> <p>CLK-CT <i>Common Language Knowledge for Content Teaching</i></p>	<p>ST-TÁ <i>Saineolas Teanga do Theagasc Ábhair</i></p> <p>SLK-CT <i>Specialised Language Knowledge for Content Teaching</i></p>	<p>ETD-TÁ <i>Eolas Teanga agus Daltaí do Theagasc Ábhair</i></p> <p>KLS-CT <i>Knowledge of Language and Students for Content Teaching</i></p>	<p>ETT-TÁ <i>Eolas Teanga agus Teagaisc do Theagasc Ábhair</i></p> <p>KLT-CT <i>Knowledge of Language and Teaching for Content Teaching</i></p>
<p>Baineann an réimse seo le hinniúlacht teanga.</p> <p>Cé go n-aithnítear nach bhfuil an réimse eolais seo sainiúil do ghairm na múinteoireachta, bheifí ag súil leis ón leibhéal inniúlachta céanna go mbeifí in ann botúin theangeolaíochta a aithint agus a cheartú.</p>	<p>Baineann an réimse seo leis an teanga shainiúil a bhíonn de dhíth ar an mhúinteoir leis an ábhar a chur i láthair go sothuigte.</p> <p>Níl an cineál teanga seo dírithe ar ghnéithe gramadaí ná ar shaintearmaíocht an ábhair.</p> <p>Tá an réimse seo gaolmhar do shainteanga an mhúinteora i ndáil le EOÁ.</p>	<p>Baineann an réimse seo le heolas agus le cumas réamhphleanála an mhúinteora ina ndéantar réamh-mheastachán ar theanga an cheachta.</p> <p>Tá an réimse seo gaolmhar don chéim ‘Cumarsáid’ sa mhúnla 4C agus ‘Anailísiú’ nochta sa Triptic Teanga.</p>	<p>Baineann an réimse seo le heolas teanga an mhúinteora mar aon le ról na teanga i straitéisí agus i gcuir chuige oideolaíochta ábharbhunaithe.</p>

In ainneoin go bhfuil ceithre réimse éagsúla nochta sa mhúnla ETTÁ, aithnítear an gá le breathnú orthu mar réimsí forluiteacha i gcásanna áirithe (Morton 2016). Ar a bharr sin, is fiú a áitiú gur féidir tarraingt ar na foréimsí curtha chun tosaigh sa mhúnla ETTÁ, Triptic Teanga agus Múnla 4C araon agus cuspóirí comhlántacha foghlama teanga á bpeanáil don chomhthéacs ábharbhunaithe.

Faoi mar a shonraíonn Fahey (2022), cáintear an múnla ETTÁ de dheasca an léargais ar na sain-inniúlachtaí teanga amháin agus ar an mbonn nach soláthraítear léiriú ar na cleachtas


oideolaíochta ghaolmhara lena gcur i bhfeidhm. Tá an méid seo le sonrú go sainiúil sa réimse ETT-TÁ (Eolas Teanga agus Teagaisc do Theagasc Ábhair), áit ina luaitear go sonrach ‘straitéisí agus cuir chuige oideolaíochta ábharbhunaithe’ ach gur beag treoir rangbhunaithe a nochtar ina leith. Chuige seo, ní nach ionadh go dtráchtar go síoraí seasta sa litríocht trí chéile do na dúshláin oideolaíochta roimh mhúinteoirí ábharbhunaithe i dtaca leis an gcleachtas comhshnaidhmeach ábhar agus teanga a chur i bhfeidhm go córasach. Pléifear anois an múnla comhtháite is mó molta don chomhthéacs ábharbhunaithe/tumoideachais in Éirinn, an múnla Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite, d’fhonn léargas a sholáthar ar na cleachtais oideolaíochta a shamhlaítear leis na sain-inniúlachtaí aitheanta.

3.3.5 Múnla I-PCK (EOÁ-C)

Tá an múnla EOÁ-C (Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite) (PCK for Content and Language Integration - I-PCK) bunaithe ar bhunphrionsabail fhráma tagartha Shulman (1987, 1986), Mishra agus Koehler (2006) mar aon le Troyan, Cammarata agus Martel (2017). Go hachomair, tá an múnla EOÁ-C athchóirithe do shuíomhanna⁴³ oideachasúla ina chomhtháthaítear an fhoghlaim ábhair agus an fhoghlaim teanga le chéile (Ó Ceallaigh *et al.* 2019b; Tedick 2015b). Tuigtear go bhfuil éileamh ar a leithéid de mhúnla sa chomhthéacs comhtháite i ngeall go n-áitítear nach minic do na sainscileanna ná sain-inniúlachtaí cuí a bheith i stór oideolaíochta an oide tumoideachais le hardinniúlachtaí teangeolaíochta i measc foghlaimeoirí a chur chun cinn (Lyster 2018; Ní Dhiorbháin 2017; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Tedick *et al.* 2011). Mar a fheictear i bhFíor 3.5, is féidir sainréimsí an bhonn eolais uathúil seo a léirmhíniú i dtéarmaí idirghníomhaíochta, agus lena n-áirítear:

⁴³ Tagraítear anseo do shuíomhanna oideachasúla ar an láthair amháin agus ní don chomhthéacs foghlama cumaisc (.i. níl gné na teicneolaíochta san áireamh sa mhúnla seo).

- Eolas ar an Ábhar sa Teanga (EÁ-T)
- Eolas ar an Ábhar sa réimse Ábhair (EÁ-Á)
- Eolas Oideolaíochta (EO)
- Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga (EOÁ-T)
- Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa réimse Ábhair (EOÁ-Á)
- Eolas ar an Ábhar sa Teanga agus sa réimse Ábhair (EÁ-T/Á)
- Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga (EOÁCÁT)



Fíor 3.5: Múnla I-PCK (EOÁ-C): Bonn eolais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iar-bhunscoil Ghaeltachta (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh et al. 2019b, 2018)

Pléadh ní ba thúisce sa chaibidil seo an múnla EOÁ (Eolas Oideolaíochta Ábhair) (Pedagogical Content Knowledge - PCK) agus tá cur síos gonta ar a shainréimsí ábhartha i gcomhthéacs na hEacnamaíochta Baile san fhíor thuas (.i. EO - Eolas Oideolaíochta, EOÁ-

Á - Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa réimse Ábhair agus EÁ-Á - Eolas ar an Ábhar sa réimse Ábhair). Anuas air sin, tá aibhsithe ag staidéir Uí Ceallaigh *et al.* (2019b) agus Uí Cheallaigh *et al.* (2018) go bhfuil easpaí agus bearnaí eolais suntasacha le sonrú i measc múinteoirí tumoideachais (faoi oiliúint) i leith na réimsí EÁ-T (Eolas ar an Ábhar sa Teanga), EÁ-T/Á (Eolas ar an Ábhar sa Teanga agus sa réimse Ábhair) agus EOÁ-T (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga) faoi seach. Insíonn na húdair chéanna go gcuireann na heasnaimh seo srian leis an gcleachtas comhtháite a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus áitítear gur gné í seo atá sainiúil d'ábhar an taighde reatha. Cíorfair na réimsí sin anois mar aon le EOÁCÁT (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga) ag croílár an mhúnla.

3.3.5.1 Eolas ar an ábhar sa teanga (EÁ-T) agus sa réimse ábhair (EÁ-T/Á)

B'fheasach don taighdeoir ó thráchtairacht Chaibidil 2 go bhfuil sé éigeantach go mbeadh an múinteoir tumoideachais ina úsáideoir inniúil sa tumtheanga agus dá bhíthin sin go mbeifí ina eiseamláir nó samhail teanga do dhaltaí an chórais. Ar a bharr sin, maíonn Flynn (2021) go mbraitheann seachadadh agus cur chun cinn na teanga ar thaithí agus ar bhonn eolais teangeolaíoch an mhúinteora féin, agus ardfheasacht teanga forbartha acu dá réir. Cuirtear an méid seo in iúl sa litríocht mar 'F(h)easacht Teanga Múinteora' nó 'Teacher Language Awareness' go hiondúil (Fahey 2022). Cé nach bhfuil an fheasacht teanga luaite go sainiúil sna múnlaí ar a bhunaigh Ó Ceallaigh *et al.* (2018) agus Ó Ceallaigh *et al.* (2019b) an múnla EOÁ-C orthu, aithnítear go bhfuil an fheasacht teanga neadaithe sna sainréimsí EÁ-T (Eolas ar an Ábhar sa Teanga) agus EOÁ-T (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga) go follasach.

Míníonn Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh (2021: 92) coincheap, brí agus tábhacht na feasachta teanga don mhúinteoir tumoideachais éifeachtach sa chuntas seo a leanas:

Cuimsítear leis (i bhfeasacht teanga an mhúinteora) trí réimse fhorluiteacha d'eolas agus de phrionsabail chreidimh múinteoirí teanga: (1) eolas nó prionsabail chreidimh maidir leis an bhfáth agus leis an gcaoi ar cheart an teanga a úsáid (lena n-áirítear gnéithe amhail dearchthaí agus prionsabail chreidimh i leith na teanga, eolas ar a n-úsáid teanga féin agus ar úsáid teanga a bhfoghlaimoirí); (2) eolas ar chórais bhunúsacha na teanga (lena n-áirítear feasacht mheititheangeolaíoch, eolas ar leaganacha teanga, agus tuiscint ar na héilimh theangeolaíocha agus ar na gnéithe teangeolaíocha i gceachtanna nó i dtéacsanna ar leith); agus (3) eolas oideolaíoch ar theagasc na teanga (Andrews, 2007; Andrews & Lin, 2017; Andrews & Svalberg, 2017).

Ina fhianaise seo, nochtar go gcuirtear mar sprioc ghairmiúil roimh mhúinteoirí tumoideachais go mbeidís ina n-úsáideoirí inniúla teanga, ina n-anailíseoirí teanga agus ina múinteoirí teanga araon. Cé go bhfuil na sainréimsí sin comhtháite i gcoincheap na feasachta teanga, i gcomhthéacs an mhúnla EOÁ-C feictear go bhfuil ról an úsáideora agus an anailíseora luaite le réimse EÁ-T (Eolas ar an Ábhar sa Teanga) go príomha agus ról an mhúinteora teanga luaite le réimse EOÁ-T (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga).

Mhol Ó Ceallaigh *et al.* (2018) go ndíríonn EÁ-T (Eolas ar an Ábhar sa Teanga) ar eolas faisnéiseach agus ar eolas gnásúil faoi seach. Is ionann d'eolas faisnéiseach teanga agus tuiscint an mhúinteora ar chórais agus ar struchtúir na teanga i dteannta sainscileanna agus saintuiscintí a ghabhann le léacsacan, gramadach, séimeantaic, pragmataic, ortagrafaíocht, fóineolaíocht, sochtheangeolaíocht, anailís dioscúrsa agus teanga a bhaineann go sonrach le teagasc sainábhair (Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh *et al.* 2018). Lena chur i mbeagán focal, agus dar le Tedick agus Lyster (2020), baineann eolas faisnéiseach le heolas meititheangeolaíoch.

Ar an dul céanna, baineann eolas gnásúil le cur i bhfeidhm an eolais fhaisnéisigh ar mhaithe le próiseáil teanga, cúrsaí tuisceana nó aschur táirgiúil (Ó Ceallaigh *et al.* 2018). Thabharfaí le tuiscint uaidh seo, mar sin, go mbaineann réimse teangeolaíoch an úsáideora agus an

anailíseora le heolas faisnéiseach agus gnásúil go comhuaineach. É sin ráite, ní féidir a áitiú gurb ionann inniúlachtaí an úsáideora ná an anailíseora teanga agus na sain-inniúlachtaí a bhíonn de dhíth ar an múinteoir tumoideachais leis an mbonn eolais teangeolaíoch a aistriú ina oideolaíocht theangabhunaithe⁴⁴, d’ainneoin na hinniúlachtaí céanna a bheith riachtanach le hinniúlachtaí teangeolaíocha na bhfoghlaimoirí a mheas.

3.3.5.2 Eolas oideolaíochta ar an ábhar sa teanga (EOÁ-T)

San áireamh in eochairdhúshláin shainaitheanta an chórais tumoideachais luaite ní ba thúisce, tuairiscíodh go mbíonn scileanna ginchumais teanga fhoghlaimoirí an tumoideachais tearcfhorbartha go minic i réimsí arb iad cruinneas agus castacht ghradaí, sainiúlacht léacsach chomh maith le hoiriúnacht agus foghraíocht shochtheangeolaíoch. Is gá, mar sin, go bhfuil múinteoirí tumoideachais inniúil ar na bealaí ina bhféadfaí an t-eolas faisnéiseach sa tumtheanga a chur i láthair sa seomra ranga leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt teanga a dhearbhu (i. EOÁ-T - Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga). Sonraítear, áfach, cé go dtuigeann múinteoirí tumoideachais an dualgas gairmiúil a bhíonn orthu i leith chur chun cinn na teanga de, tá tuairim measartha leitheadach ann go mbíonn easnamh sa líon múinteoirí a bhfuil na hinniúlachtaí teanga riachtanacha agus na cleachtais oideolaíochta ghaolmhara acu leis an gcúram seo a chomhlíonadh (Harris *et al.* 2006; Mac Donnacha *et al.* 2005; Máirtín 2006; Ní Dhiorbháin 2017; Nic Réamoinn 2017; Ó Ceallaigh 2016, 2013; Ó Laoire *et al.* 2021; Ó Grádaigh 2015; Uí Mhurchú 2021). Is gné a léiríonn arís eile tábhacht an taighde idir lámha.

⁴⁴ Feictear cosúlacht idir an méid seo agus na próifíleanna teanga a luaitear le múinteoirí tumoideachais Thír na mBascach (Lasagabaster 2019).

I measc na geleachtas oideolaíoch éigeantach seo, is gá go mbeadh cur amach ag an múinteoir ar phróisis sealbhaithe agus saibhríthe teanga, straitéisí oiriúnacha ábhartha do theagasc foirmiúil na teanga chomh maith leis na bealaí ina bhféadfaí comhthéacs bríoch ábhartha a chruthú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt teanga a chur chun cinn (Fortune 2012; Lyster 2007; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019b; Uí Mhurchú 2021). Sin ráite, is baolach gur gnó níos deacra fós a bheidh in oideolaíocht na teanga don mhúinteoir tumoideachais nuair nach mbeidh na sain-inniúlachtaí mar úsáideoir agus anailíseoir forbartha acu sa tumtheanga (Ní Dhiorbháin *et al.* 2020). Sa chaoi chéanna, d'fhéadfaí a áitiú gur réamhriachtanas atá in oideolaíocht na teanga don réimse aitheanta ag croílár an mhúnla EOÁ-C, is é sin EOÁCÁT (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga), áit ina bhfítear an fhoghlaim agus an fhorbairt teanga le foghlaim an tsainábhair.

3.3.5.3 Eolas oideolaíochta ar an ábhar le haghaidh comhtháthú ábhar agus teanga (EOÁCÁT)

Tuairiscítear go comhsheasmhach sa litríocht go bhfuil sainscileanna agus bonn eolais ar leith ag teastáil ó mhúinteoirí tumoideachais thar mhúinteoirí in oideachas príomhshrutha aonteangach lena chinntiú go mbíonn an ghnóthachtáil acadúil agus an ardinniúlacht teanga á gcur chun cinn go comhthráthach (Baker 2003; Cammarata agus Tedick 2012; Fortune 2012; Lyster 2007; Ó Ceallaigh 2016, 2013; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghda 2017). Sa mhullach air sin, cuireann Ó Ceallaigh *et al.* (2019b) chun tosaigh go mbraitheann rath clár tumoideachais ‘...ar a éifeachtaí agus a thuigeann múinteoirí na saincheisteanna casta a bhaineann le comhtháthú theagasc an ábhair agus na teanga i gcomhthéacs sainiúil an tumoideachais agus ar a éifeachtaí agus atá na straitéisí atá acu chun aghaidh a thabhairt orthu’ (12). Sin ráite, nochtann an lucht léinn nach iondúil cur amach a bheith ag múinteoirí

tumoideachais ar na bealaí oideolaíochta leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt teanga a chur chun cinn go comhuaineach le foghlaim ábhair (Cammarata agus Ó Ceallaigh 2020; Lyster 2018; Nassaji agus Fotos 2011; Ní Aogáin *et al.* 2021; Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ní Dhiorbháin *et al.* 2020; Tedick agus Lyster 2020).

Tagann an méid seo le taighde de chuid Uí Laoire *et al.* (2021) agus Uí Ceallaigh *et al.* (2019a) sa chomhthéacs dúchasach lena ndealraítear dá ainneoin múinteoirí iar-bhunleibhéil a bheith báúil do bhunphrionsabail an chomhtháthaithe, nach mbíonn na sain-inniúlachtaí éigeantacha forbartha acu ón tsainoilíúint tosaigh ná ón bhfoghlaim ghairmiúil leis an méid céanna a inaistriú go dtí an cleachtas teagaisc. Is minic, mar sin, a dhéantar faillí ar theagasc foirmiúil na teanga áit ina dtugtar tús áite do theagasc an ábhair acadúil sa chomhthéacs tumoideachais ar chúiseanna amhail na cinn thuasluaite agus cúiseanna eile nach iad (féach mír 2.5.2.4). Chuige sin, aibhsíonn an méid céanna a ríthábhachtaí is atá oideachas agus foghlaim ghairmiúil shainchuspóireach a sholáthar do mhúinteoirí tumoideachais i leith an chleachtais chomhtháthaithe a chur i bhfeidhm go bríoch agus go córasach.

3.4 Dea-chleachtas Comhtháite Ábhar agus Teanga

Tá tráchttaireacht leanúnach le sonrú go dtí seo ar na dúshláin oideolaíochta a bhíonn roimh mhúinteoirí tumoideachais i dtaca leis an teanga a chomhtháthú le hábhar. Féachfar anois ar na dea-chleachtas oideolaíochta luaite le hoideolaíocht na teanga i gcomhthéacs an chomhtháthaithe ábhar agus teanga trí lionsa an teagaisc fhoirmdhírthe.

3.4.1 Teagasc Foirdhírithé

Tá tagairt fhánach déanta do theagasc foirmiúil na teanga go nuige seo ach a ndéanfar plé air anois mar theagasc foirdhírithé (TFD as seo amach) mar a thugtar air sa litríocht. Tá lear mór taighde a shonraíonn éifeachtacht agus luach TFD i ndáil le múineadh agus le sealbhú cruinn na tumtheanga sa chóras tumoideachais idirnáisiúnta agus náisiúnta (Lyster agus Mori 2006; Nassaji agus Fotos 2011; Ní Dhiorbháin 2010; Ní Shuibhne agus Ní Aogáin 2021; Ní Aogáin agus Ó Duibhir 2022; Ó Ceallaigh 2016, 2013; Ó Duibhir *et al.* 2016; Uí Mhurchú 2021). Tugann Spada (1997: 73) sainmhíniú ar TFD mar ‘...any pedagogical effort which is used to draw the learners’ attention to language form⁴⁵.’ Thairis sin, insíonn Nassaji agus Fotos (2011) gurb ionann teagasc foirdhírithé agus cleachtas oideolaíoch a bhfuil mar aidhm aige aird na ndaltaí a dhíriú ar fhoirm na teanga ach i gcomhthéacs cumarsáide lánbhrí. Tagraítear sa chás seo do chomhthéacs foghlama a chothaíonn deiseanna fíorchumarsáide seachas comhthéacs a bhíonn ag síorghabháil do dhruileanna teanga nach mbaineann le hábhar. Déanann an chodarsnacht idir an dá shainmhíniú thuasluaite ionadaíocht ar mhórfhorbairtí an tsainmhíniú le dornán blianta anuas i ngort an T2 sa chaoi is go spreagfaí úsáid na spriocfhoirmeacha ábhartha i mbealaí fóna nó ábharbhunaithe.

Bíodh is go bhfeictear tráchtairéachtaí éagsúla ar a bhfuil i gceist agus le cur san áireamh agus foirmeacha éagsúla teangeolaíocha á scagadh, glactar leis na foirmeacha éagsúla a luaitear go saineúil leis an gcomhthéacs lán-Ghaeilge in Éirinn (Ní Aogáin 2019; Ó Ceallaigh 2016, 2013; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh *et al.* 2019b). Ina fhianaise seo, rianaítear an téarma ‘foirm’ sa saothar taighde seo agus gnéithe gramadaí, séimeantacha

⁴⁵ Is ionann foirm agus na struchtúir nó córais éagsúla theangeolaíocha, féach Tábla 3.5.

agus léacsacha, pragmatheangeolaíochta, fóineolaíochta agus ortagrafaíochta na Gaeilge.

Tá achoimre ghonta ar ghnéithe éagsúla na foirme curtha i láthair i dTábla 3.5.

Tábla 3.5: Foirmeacha teangeolaíochta éagsúla

<i>Foirm nó Cód Teangeolaíoch</i>	<i>Brí Shimplithe</i>	<i>Tátal</i>
Gnéithe Gramadaí & Comhréire	Tagraítear go hinmhalartach do ghnéithe gramadaí agus comhréire áit ina gcuirtear béim ar rialacha agus ar spriocstruchtúir na teanga agus ar an ngaol atá ag patrúin éagsúla lena agus ar a chéile.	<i>Gramadach</i>
Gnéithe Séimeantacha & Léacsacha	Baineann gnéithe séimeantacha agus léacsacha d'fhoirm na teanga le brí na teanga go hiondúil, áit ina dtagraíonn séimeantaic do bhrí nó do chiall na teanga agus léacsacan do stór focal na teanga.	<i>Brí</i>
Gnéithe Pragmatheangeolaíochta	Díríonn gnéithe pragmatheangeolaíochta go bunúsach d'úsáid na teanga agus an cineál teanga a úsáidtear i gcomhthéacsanna éagsúla, bíodh sé sin laistigh nó lasmuigh den chomhthéacs foghlama.	<i>Úsáid</i>
Gnéithe Fóineolaíochta	Glactar leis go mbaineann gnéithe fóineolaíochta le córa(i)s fuaimeanna na teanga.	<i>Fuaim</i>
Gnéithe Ortagrafaíochta	Tagraíonn gnéithe ortagrafaíochta na teanga do chóras scríofa nó litriú na teanga.	<i>Litriú</i>

Foirm amháin, áfach, más féidir foirm ar leith a bhronnadh air, nach gcuimsítear sna cuir síos go dtí seo ná gnéithe canúnacha na teanga. Dar leis an taighdeoir, is córas teangeolaíoch ar leith é an chanúint ar cheart a chur san áireamh agus TFD á phlé, go háirithe agus géag an tsaibhríthe teanga faoi chaibidil. Cé go n-aithnítear go bhféadfaí gné na canúna a shamhlú i gnéithe éagsúla de na cóid thuasluaite (.i. gnéithe fóineolaíochta nó gnéithe gramadaí cur i gcás), síltear nach leor an méid céanna faoi scáth an taighde reatha, go háirithe agus saibhríú teanga na gcainteoirí dúchais sa chóras oideachais Ghaeltachta aitheanta mar cheann de mhórhthosaíochtaí an *POG* i leith an teagaisc idirdhealaithe.

Tuairiscíodh ní ba thúisce i gCaibidil 2 gur minic stór focal teoranta, gramadach shimplithe agus anáil an Bhéarla le sonrú i dteanga dhaltaí an tumoideachais⁴⁶, áit ar cuireadh chun tosaigh gur féidir le TFD ‘...rigor mortis an mhíchruinnis’ a shárú (Ó Ceallaigh, 2016: vii). Níor mhór, mar sin de, breathnú ar na cúiseanna féideartha a luaitear leis an míchruinneas céanna mar phointe tosaithe roimh chleachtas oideolaíoch an TFD a nochtadh. I dtús báire, agus d’ainneoin raon na bhfoirmeacha teangeolaíocha éagsúla luaite i dTábla 3.5, sonraítear go mbíonn sé de nós ag múinteoirí tumoideachais túsáite a bhronnadh ar phróiseáil bhrí an ábhair (.i. díriú go príomha ar ghnéithe séimeantacha agus léacsacha) (Lyster 2007; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Uí Mhurchú 2021). Is dá bhithín sin nach mbíonn ann go hiondúil do chur chuige cúitithe teagaisc idir léirtheagasc an ábhair agus léirtheagasc na bhfoirmeacha éagsúla teangeolaíocha (Cammarata agus Tedick 2012). Dar le Flynn (2021), eascraíonn an nósmaireacht oideolaíoch seo ó mhodhanna múinte teanga traidisiúnta agus an tuairim a mbíodh ann gur tábhachtaí don fhoghlaimoír brí an ábhair seachas cruinneas na teanga a thabhairt slán, dearcadh atá ann i measc sciar suntasach de mhúinteoirí tumoideachais iarbhunleibhéil i gcomhthéacs na hÉireann go fóill (Ó Laoire *et al.* 2021).

Cúis eile i bhfianaise na litríochta ar an ábhar seo ná an dearcadh gur deacair daltaí an chórais a ghríosadh le sprioc an chruinnis a chur rompu nuair a bhíonn cumas leordhóthanach cumarsáide bainte amach acu le hionramháil acadúil a dhéanamh ar an ábhar (Andrews 2008; Day agus Shapson 1996; Uí Mhurchú 2021). Nasctha go dlúth leis seo ná seasamh Ní Dhiorbháin (2016) a dhealraíonn go gcothaíonn an córas tumoideachais laigí agus earráidí an mhíchruinnis i dteanga a chuid foghlaimoírí. Táthar den tuairim chéanna ar an mbonn

⁴⁶ Úsáidtear an téarma ‘idirtheanga’ le cur síos a dhéanamh ar theanga mhíchruinn. Sa mhullach air sin, áirítear idirtheanga agus teanga a bhfuil spriocstruchtúir (lochta) na sprioctheanga agus struchtúir na mórtheanga le sonrú inti (Ní Shéaghdha 2010; Ní Dhiorbháin 2017, 2016; Ní Dhiorbháin *et al.* 2020).

go n-éilítear ar dhaltaí tumoideachais go minic cumarsáid a dhéanamh go pras agus ceal ama ina seilbh acu le cúram iomchuí a dhéanamh don phróiseáil teanga (.i. an t-eolas faisnéiseach a anailísiú agus a chur i bhfeidhm). Chuige sin, nuair a ghlactar le teachtaireachtaí míchruinne agus daltaí i mbun idirghníomhaithe déantar iontasiú ar an teanga lochtach (Ní Shéaghdha 2010). Thairis sin, áitítear go ndéantar iontasiú ar an teanga lochtach nuair nach ndírítear ‘...go héifeachtach ar ghnéithe den sprioctheanga a bhfuil buaic forbartha bainte amach acu’ (Lyster agus Mori 2008 luaite in Ó Ceallaigh, 2016: 4) agus dá thoradh air sin nach féidir a iompú ina spriocstruchtúr eiseamláireach dá éis (Tedick agus Lyster 2020). D’fhocail ghearra, ní mór do mhúinteoirí tumoideachais gnéithe éagsúla d’fhoirm na teanga, nach i gcónaí gnéithe séimeantacha agus léacsacha iad, a chomtháthú sa chleachtas teagaisc d’fhonn beachtas i gceartúsáid na teanga a chur chun cinn. Gan chur chuige mar seo ní dóchúla go mbeidh an múnla tumoideachais éifeachtach ná rathúil le lucht labhartha cruinn ná saibhir a sholáthar faoi dheireadh an chláir scolaíochta.

3.4.1.1 Eolas follasach agus foghlaim intuigthe

Tugadh le fios i sainmhíniú Spada (1997: 73) ag tús na míre seo gur féidir an TFD a shamhlú i dtéarmaí follasacha nó intuigthe araon. Míníonn Ellis (2009) go mbaineann TFD follasach le hidirghabhálacha dírithe teagaisc a dhíríonn aird go ‘follasach’ ar fhoirm na teanga (.i. trí rialacha gramadaí nó míniúchán meititheangeolaíoch) agus TFD intuigthe le hidirghabhálacha a mhealann aird ar fhoirm na teanga. Thairis sin, chuir Ellis 2012 (luaite in Ní Dhiorbháin, 2016: 15) tuilleadh leis an léirmhíniú ar fhoghlaim intuigthe ag áitiú ‘...go dtagann na foghlaimeoirí ar rialacha na teanga iad féin, trí anailís a dhéanamh ar na heiseamláirí teanga a chuirtear ar fáil dóibh.’ Ina theannta sin, tuigtear go mbíonn daltaí spreagtha le heolas nó le feacht mheititheangeolaíoch a fhorbairt i leith na rialach i gcás TFD fhollasaigh agus go mbítear spreagtha, go hainbhiosach, le gnéithe teangeolaíocha a

innmheánú i gcás TFD intuigthe (Ellis agus Shintani 2014; Spada 2011). In ainneoin mhéan an aistir, áfach, tuigtear go bhfuil saorúsáid nó cleachtadh na spriocstruchtúr mar cheann de mhórspríocanna an dá mhodh réamhráite (Ellis agus Shintani 2014). Tagann DeKeyser (2003) leis an tuairim chéanna, agus lena chois, áitítear gurb é an t-aon difear suntasach idir TFD follasach agus TFD intuigthe ná go mbíonn rialacha sealbhaithe trí mhodh an teagaisc nó tríd an bhféinfhollasú. Ciallaíonn sé seo, mar sin, go mbíonn feasacht na ndaltaí sa phróiseas foghlama gramadaí mar ghníomh comhfhiosach i gcás an eolais fhollasaigh amháin. Tá sampa den TFD follasach i gcomhthéacs an ábhair (.i. Eacnamaíocht Bhaile) le sonrú i bhFíor 3.6.


Greamanna Bróidnéireachta

Cúinne Cruinnis:

An greim
(firinscneach – níl h)
'Is breá liom an greim sin'

Na greamanna
'Beidh na greamanna á ndéanamh agam i ndath buí'

Tús an ghreama
(seilbh – an tuiséal ginideach uatha)
'Tá tús an ghreama déanta go han-néata agat'



Fíor 3.6: Cur i láthair an TFD fhollasaigh i gcomhthéacs an ábhair⁴⁷

In ainneoin an dealaithe shimplithe déanta idir TFD follasach agus TFD intuigthe meabhraíonn Glaser 2013 (luaite in Ní Dhiorbháin 2017, 2016) go bhfuil ann do rogha an chuir chuige ionductaigh-fhollasaigh d'oideoirí an ghoirt. Lena chur go hachomair, baineann an cur chuige ionductach-follasach le spriocstruchtú(i)r t(h)eangeolaíoch(a) a

⁴⁷ Féach Aguisín D don áis teagaisc ullmhaithe i gcomhairíocht le rannpháirtithe taighde.

chur i láthair ach gan an míniúchán meitheangeolaíoch a bheith luaite leo go sonrach. Déantar amhlaidh le foghlaimoirí a threorú leis an riail a aithint agus a sholáthar gan ionchur breisithe ón múinteoir (Ní Dhiorbháin *et al.* 2020). Ciallaíonn sé seo go bhfuil buanna féideartha ag an dá chineál cuir i láthair mar shaintréithe ag an gcur chuige cónasctha seo (Tábla 3.6).

Tábla 3.6: Cur i láthair déaduchtach agus cur i láthair ionduchtach (arna chur in oiriúint ó: Ellis & Shintani, 2014: 85, luaithe in Ní Dhiorbháin, 2017: 59)

Cur chuige déaduchtach	Cur chuige ionduchtach
<i>Buntáistí</i>	<i>Buntáistí</i>
<ul style="list-style-type: none"> • Is modh níos tapúla agus níos éasca é le riail a mhúineadh d'fhoghlaimoirí. • Léiríonn sé meas ar éirim agus ar aibíocht na bhfoghlaimoirí, go háirithe i gcás foghlaimoirí fásta. • Comhlíonann sé ionchais na bhfoghlaimoirí, go háirithe foghlaimoirí aosta agus foghlaimoirí a dtaitníonn sé leo fíos a bheith acu cén riail ghramadaí go díreach atá á foghlaim acu. • Sábháiltear am: tá sé níos tapúla riail a insint ná riail a aimsiú, agus fágtar níos mó ama do chleachtadh na rialach sa rang. 	<ul style="list-style-type: none"> • Tá seans níos mó ann go mbeidh cuimhne níos104earr ag na foghlaimoirí ar na rialacha agus go mbainfidh siad úsáid astu má thagann an t-eolas uathu féin. • Éilítear leibhéal próiseála níos doimhne, a thacaíonn le cuimhne na bhfoghlaimoirí ar an riail. • Spreagtar na foghlaimoirí le bheith gníomhach i bhfoghlaim na gramadaí. • Is cur chuige níos dúshlánaí é ná bheith ag glacadh le míniúchán ar an riail ina aonar. • Is féidir tabhairt faoin gcur chuige ionduchtach go comhoibritheach sa rang. • D'fhéadfadh próiseas saothraithe na rialacha cur le féinriar na bhfoghlaimoirí. • Forbraítear scileanna anailíseacha teanga. • Cuireann cur chuige fionnachtana leis an tuiscint go bhfuil an ghramadach 'conventional rather than logical' (Ellis, 2002a: 165).
<i>Míbhuntáistí</i>	<i>Míbhuntáistí</i>
<ul style="list-style-type: none"> • Tagann míniúchán gramadaí ón mbarr anuas (ón múinteoir), agus ní spreagtar rannpháirtíocht na bhfoghlaimoirí. • D'fhéadfadh míniúchán gramadaí a bheith mí-oiriúnach ó thaobh cognaíochta de d'fhoghlaimoirí óga. • D'fhéadfadh míniúchán gramadaí inspreagadh foghlaimoirí a ísliú. • Cuireann sé leis an dearcadh go mbaineann foghlaim teangacha le foghlaim rialacha amháin. 	<ul style="list-style-type: none"> • Éilíonn sé an-chuid ama sa rang a d'fhéadfaí a chaitheamh ar chleachtadh na rialacha. • D'fhéadfadh foghlaimoirí míthuiscint a bhaint as an riail. • Cothaíonn sé ualach mór oibre ar mhúinteoirí i dtaobh ullmhúcháin. • D'fhéadfadh sé frustrachas a chur ar foghlaimoirí a bhfuil taithí acu ar foghlaim dhéaduchtach.

Tá sampla den chur chuige ionduchtach-follasach neadaithe in áis teagaisc an tsainbhair i bhFíor 3.7.

Q. An féidir leat sainmhíniú a thabhairt ar na saghasanna caiteachais seo a leanas?

Scríobh amach na sainmhínithe agus ansin cuir tic le gach saghas.

— answer choices —

Calteachas seasta Calteachas neamhrialta

Calteachas lánroghnach

— answer explanation —

Feasacht teanga:

Neamhrialta v rialta ←

Neamhspleách v spleách ←

Neamhdhíobháileach v díobháileach


Cad a thugann tú faoi deara faoin bhfocal 'neamh'?

Fíor 3.7: Cur i láthair chur chuige an ionductaigh-fhollasaigh i gcomhthéacs an ábhair

Thar aon ní eile, tá fianaise léirithe i dtaighde de chuid Ní Dhiorbháin (2017, 2016), Ní Dhiorbháin agus Uí Dhuibhir (2017) mar aon le Ní Dhiorbháin *et al.* (2020) i leith éifeachtacht an chur chuige ionductaigh-fhollasaigh le forbairt a dhéanamh ar chruinneas na teanga sa suíomh lán-Ghaeilge, trí éascaitheoireacht a dhéanamh ar thabhairt faoi deara na spriocstruchtúr agus an t-eolas meititheangeolaíoch nó riailbhunaithe a nochtadh. Sa mhullach air sin, glactar leis gur féidir leas sa bhreis a bhaint as an gcur chuige céanna i gcás phróisis an tsaibhrithe teanga má dhírítear ar ghnéithe éagsúla de na cóid theangeolaíocha agus cleachtas oideolaíoch an TFD á chur i ngníomh.

Agus spleacadh tugtha ar na cineálacha TFD sna míreanna roimhe seo, déanann Ellis (2009) imlíniú ar na cleachtais oideolaíochta ghaolmhara a mholtar leis an TFD ionductach-follasach a chur i bhfeidhm ar bhonn frithghníomhach agus ar bhonn réamhghníomhach araon. Comhtháthaítear sna treoirlínte céanna, i bhFíor 3.8, na cleachtais chomhtháite ábhar agus teanga atá curtha chun tosaigh Ó Ceallaigh *et al.* (2018), Ó Ceallaigh *et al.* (2019b),

Lyster (2018) agus Tedick agus Lyster (2020) atá sainiúil do chomhthéacs teagaisc an chórais tumoideachais.



Fíor 3.8: Cleachtais oideolaíocha TFD sa chomhthéacs comhtháite ábharbhunaithe

3.4.1.2 TFD frithghníomhach

Is ionann TFD frithghníomhach agus na hidirghabhálacha teagaisc a úsáidtear i gcásanna fíor-ama mar fhreagairt don aschur táirgiúil (Lyster 2018). Maidir le cleachtas TFD frithghníomhach, de thoradh réimse leathan na bhfoirmeacha teangeolaíocha (féach Tábla 3.5), maítear go dtagann iliomad deiseanna chun cinn le linn an cheachta le haird a dhíriú ar an bhfoirm theangeolaíoch agus forbairt na litearthachta sa sprioctheanga a chur chun cinn dá réir (Ellis 2001). Molann na húdair Tedick agus Lyster (2020), chomh maith le Lyster (2018), an scafláil teanga mar chleachtas frithghníomhach TFD sa ghort. Ar a bharr sin, dealraíonn MacMahon, Uí Ghrádaigh agus Ní Ghuidhir (2016) go bhfuil ról lárnach ag an múinteoir tumoideachais iar-bhunleibhéil i leith scafláil a dhéanamh ar aistear cruinnis agus sealbhaithe teanga an dalta. Sainmhíníonn Lyster (2018: 7) coincheap na scaflála i gcomhthéacs oideachais ábharbhunaithe mar seo a leanas:

Scaffolding refers to the assistance that a teacher provides to students so that they can understand language and accomplish tasks in ways that they would be unable to do on their own without such support. Thus, while one type of scaffolding assists students in understanding content presented through their L2, another type supports them in productively using the L2 to engage with the content.

Ar an dul céanna, insíonn Tedick agus Lyster (2020) go bhfuil nasc follasach le sonrú idir straitéisí scaflála agus zón na neasfhorbartha atá curtha chun tosaigh ag Vygotsky (1978).

Dar le Vygotsky, is éard atá i gceist le zón na neasfhorbartha ná an bhearna eolais idir an méid atá daltaí in ann a dhéanamh, as a stuaim féin, agus an méid atáthar in inmhe a dhéanamh le tacaíocht nó le scafláil ón múinteoir nó ón té níos eolaí ná iad go deimhin. Ina theannta sin, is gá go mbeadh tuiscint ag an múinteoir ar an méid inar féidir leis an dalta a bhaint amach ar a chonlán féin agus ar an méid a bheadh ar a chumas acu a bhaint amach agus scafláil curtha ar fáil.

Tá teicnící scaflála ar leith in úsáid ag cleachtóirí éifeachtacha i suíomhanna tumoideachais lena n-áirítear athrá, athleagan, geáitsíocht, nótaí mínithe agus gluaiseanna, fothascanna, ceisteanna mionsaothraithe, naisc le taithí agus suimeanna na ndaltaí mar aon le tuilleadh eile nach iad (Fahey 2022; Lyster 2018; Mac Mahon *et al.* 2016; Ní Longaigh 2016). Ní mór a lua ag an am céanna, ámh, cé go bhfuil an scafláil luaite go sainiúil leis an gcleachtas frithghníomhach, tá le tuiscint ó na samplaí den chleachtas céanna (.i. nótaí mínithe) gur féidir leis an scafláil a mholadh mar chleachtas réamhghníomhach freisin, mar atá le sonrú in Aguisín D agus E. Breathnófar sa chéad mhír eile ar aiseolas ceartaitheach mar chleachtas amháin scaflála atá soilsihte mar mhórchleachtas frithghníomhach TFD ann féin (Ellis 2009; Lyster 2018).

3.4.1.2.1 Aiseolas ceartaitheach

D'áitigh Lyster agus Tedick (2014) nach mbíodh sé de nós ag múinteoirí tumoideachais go dtí blianta beaga anuas úsáid a bhaint as aiseolas (ceartaitheach) do bhotúin theangeolaíoch a cheartú. Sainmhínítear aiseolas ceartaitheach (AC as seo amach) mar ‘...the form of responses to learner utterances that contain (or are perceived as containing) an error. It occurs in reactive form-focused episodes consisting of a trigger, the feedback move and (optionally) uptake’ (Ellis agus Shintani, 2014: 249). Dá bhrí sin, is éard is brí le AC ná aiseolas frithghníomhach an mhúinteora a dhíríonn aird an dalta ar a (h)earráid ghramadaí d’fhonn foirm chruinn an spriocstruchtúir a úsáid agus a sholáthar (Ní Aogáin agus Ó Duibhir 2022, 2021).

Feictear borradh sa ghort idirnáisiúnta agus náisiúnta le dornán blianta anuas i ndáil le héifeachtacht an aiseolais cheartaithigh mar chineál amháin TFD (Harris agus Ó Duibhir 2011; Lee 2007; Lyster agus Ranta 1997; Nassaji agus Fotos 2011; Ní Aogáin 2019; Ní Aogáin agus Ó Duibhir 2022, 2021; Tedick agus Lyster 2020). Tá ról tábhachtach ag AC i leith na scaflála teanga sa teagasc cúitithe sa chiall is go dtugann sé deis d’oideoirí TFD a ionchorprú i dteagasc an tsainábhair gan mórán dua (Tedick agus Lyster 2020). Soiléiríonn na húdair seo ag an am céanna, áfach, nach bhfuil d’aidhm ag AC go seachnófaí earráidí san aschur táirgiúil ach go bhfoghlaimeofaí ó na hearráidí⁴⁸ a dhéantar trí dhul i muinín rioscaí a ghlacadh. Tá mórán straitéisí AC curtha chun tosaigh sa ghort, idir straitéisí athmhúnlaithé agus straitéisí leide araon, agus an dá chineál aiseolais rianaithe ag Nassaji agus Fotos (2011: 73) mar seo a leanas:

⁴⁸ Déanann Nassaji agus Fotos (2011) idirdhealú idir earráidí agus botúin sa chiall go mbaineann earráidí le laigí nó bearnaí san eolas meititheangeolaíoch agus botúin le hearráidí cur i láthair (performance errors).

Reformulations (*athmhúnlaithe*) are feedback strategies that rephrase learner's erroneous production, providing the learner with the correct form. Elicitations (otherwise known as prompts) (*leideanna*), on the other hand, do not provide learners with the correct form. Instead, they push or prompt the learner directly or indirectly to self-correct.

Tugtar cuntas ar na straitéisí éagsúla seo i dTabla 3.7.


Tabla 3.7: Straitéisí athmhúnlaithe (arna chur in oiriúint ó: Lyster & Ranta 1997; Lyster, Saito & Sato 2013; Sheen & Ellis 2011, luaite Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2020: 76)

Straitéisí Athmhúnlaithe		
An fhoirm chruinn den teanga a chur ar fáil don dalta		
<i>Straitéis Athmhúnlaithe</i>	<i>Sainmhíniú</i>	<i>Sampla</i>
Ceartú Follasach	Cuirtear an fhoirm chruinn ar fáil don dalta.	D (Dalta): An bhfuil cead agam faigh deoch? M (Múinteoir): An bhfuil cead agat deoch a fháil? D: An bhfuil cead agam deoch a fháil, a mhúinteoir?
Ceartú Follasach le Míniúchán Meititheangeolaíoch	Cuirtear an fhoirm chruinn ar fáil don dalta mar aon le míniú ar fhoirm na teanga.	D: Chuaigh mé go dtí an pictiúrlann ar an Satharn. M: Chuaigh mé go dtí an phictiúrlann ar an Satharn. Is focal baininsneach í pictiúrlann, cosúil le leabharlann agus bialann. D: Is cuimhin liom sin – Chuaigh mé go dtí an phictiúrlann Dé Sathairn.
Athmhúnlú Comhráiteach/ Teagascach	Cuireann an múinteoir ráiteas iomlán an dalta, nó cuid de, ar bhealach eile. Bíonn sé mar aidhm ag Athmhúnlú Comhráiteach réiteach a fháil ar fhadhb thuisceana agus bíonn sé mar aidhm ag Athmhúnlú Teagascach foirmeacha teangeolaíocha míchruinne a cheartú.	D: D'fhág Sorcha a mhála anseo. M: Is cailín í Sorcha. Nach gciallaíonn sé sin gur fhág sí a mála anseo? D: Tá an ceart agat – D'fhág Sorcha a mála anseo.

Tábla 3.8: Straitéisí leide (arna chur in oiriúint ó: Lyster & Ranta 1997; Lyster Saito & Sato 2013; Sheen & Ellis 2011, luaite in Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2020: 78)

Straitéisí Leide		
An fhoirm chruinn den teanga a choinneáil ón dalta		
<i>Straitéisí Leide</i>	<i>Sainmhíniú</i>	<i>Sampla</i>
Leid Mheallta	<p>Aon straitéis a úsáidtear chun an fhoirm chruinn a mhealladh go díreach ón dalta. D’fhéadfadh sé sin tarlú ar thrí bhealach éagsúla:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Is féidir leis an múinteoir bearna a fhágáil san abairt agus í á hathrá, ionas go mbeadh an dalta spreagtha leis an mbearna a líonadh; 2. Is féidir leis an múinteoir straitéisí ceistiúcháin a úsáid (.i. cé, cad, cén uair...) chun an fhoirm chruinn a mhealladh; 3. Is féidir leis an múinteoir an fhoirm cheartaithe a iarraidh go díreach. 	<p>D: Tá na bordanna ar fud an tseomra. M: Tá na céard ar fud an tseomra? D: Tá na boird ar fud an tseomra.</p>
Soiléiriú	Frása simplí (‘Gabh mo leithscéal? Cad é sin arís? Ní thuigim thú’) a thugann le fios don dalta go bhfuil botún éigin déanta.	<p>D: Rith mé timpeall an scoil inné le teachtaireacht ón bpríomhoide. M: Gabh mo leithscéal? D: Rith mé timpeall na scoile inné le teachtaireacht ón bpríomhoide.</p>
Leid Mheitheangeolaíoch	Déanann an múinteoir ráiteas an-ghearr nó cuireann sé ceist ghonta faoin bhfoirm teanga ach ní thugann sé an fhoirm chruinn don dalta.	<p>D: An rinne tú ceist a haon nó a dó sa scrúdú inné? M: Cad a tharlaíonn leis an bhfoirm cheisteach den bhriathar déan san aimsir chaite? An...? D: Athraíonn sé! An ndearna tú ceist a haon nó a dó sa scrúdú inné?</p>
Athrá	<p>Déanann an múinteoir athrá ar an mbotún a rinne an dalta gan an abairt iomlán a athrá.</p> <p>Is féidir le múinteoirí a dtuin chainte a athrú chun aird an dalta a dhíriú ar an mbotún gramadaí.</p>	<p>D: Tá mé amhránaí. M: Tá tú amhránaí?? (an glór ag ardú). D: Is amhránaí mé!</p>

D'fhéadfaí a áitiú ó ábhair na dtáblaí seo go samhlaítear an TFD follasach le straitéisí athmhúnlaithé agus an TFD intuigthe le straitéisí leide. Táthar den tuairim seo i ngeall go ndíríonn TFD follasach ar léirtheagasc na foirme agus TFD intuigthe ar aird a mhealladh ar fhoirm, ach tuigtear nach amhlaidh atá sa chás seo. Maíonn Ní Aogáin agus Ó Duibhir (2021), arna chur in oiriúint ó Lyster *et al.* (2013), go mbaineann straitéisí follasacha mar aon le straitéisí intuigthe le straitéisí athmhúnlaithé agus leide araon (Fíor 3.9). Tagann an cur chuige comhtháite seo le taighde Ní Dhiorbháin *et al.* (2020) a nochtann gur fearr an cur chuige ionductaigh-fhollasaigh le forbairt a dhéanamh ar chruinneas na teanga sa suíomh lán-Ghaeilge thar chur chuige aonair.



Fíor 3.9: Contanam aiseolais cheartaithigh (arna chur in oiriúint ó: Lyster *et al.* 2013, luaite in Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2021: 143)

Agus raon leathan de straitéisí curtha chun tosaigh i dtáblaí na míre seo, insítear go mbaintear úsáid níos minice as straitéisí athmhúnlaithé le hais straitéisí leide i gcomhthéacs an tumoideachais (Harris agus Ó Duibhir 2011; Ní Aogáin agus Ó Duibhir 2022, 2021; Lyster agus Tedick 2014). Thairis sin, tá claonadh ann do roghnú athmhúnlaithé thar leideanna sa chomhthéasc céanna le cúram a dhéanamh do sruth agus do chumarsáid an ranga (Nassaji agus Fotos 2011). É sin ráite, insíonn Brown (2016) gur nós d'oidoirí iarbhunleibhéil i ngort níos leithne an T2 dul i muintín straitéisí leide agus inniúlachtaí

teangeolaíocha níos forbartha i bhfianaise ag foghlaimeoirí níos sine. Ar an mbonn sin, sonraítear go soláthraíonn leideanna níos mó deiseanna don dalta teacht ar rialacha nó ar spriocstruchtúir theangeolaíocha trí anailís a dhéanamh ar a t(h)eanga féin, ach go bhfuil bunús leordhóthanach inniúlachta teanga (nó eolas meititheangeolaíoch) de dhíth le bheith in ann chuig an anailísiú céanna (Li agus Vuono 2019). Lena chur i bhfocail eile, is de réir mar a bhogann na straitéisí i dtreo na gceartúchán intuigthe ar an gcontanam thuasluaite ina mbeifí ag súil leis go dtiocfadh laghdú ar an méid scaflála a chuirfear ar fáil, trí leas a bhaint as straitéisí intuigthe in áit straitéisí follasacha. Tagann sé seo le seasamh Vygotsky (1978) agus an zón neasfhorbartha áit ina laghdaítear an scafláil tacaíochta (teanga) agus daltaí ag gluaiseacht trí na zóin dhifriúla foghlama le foghlaimeoirí cumasacha neamhspleácha (teanga) a chothú.

D'ainneoin an ratha ar AC i leith earráidí teangeolaíocha a réiteach, chomh maith leis an toillteanas a thuairiscítear i measc daltaí chun glacadh le ceartúchán ó mhúinteoirí, is minic dearthaí faichilleacha ag oidí tumoideachais i leith a húsáide mar straitéis aiseolais (Tedick agus Lyster 2020). Tarlaíonn amhlaidh agus múinteoirí amhrasach go mbeadh laghmhisneach cothaithe i ndáil le húsáid na sprioctheanga mar thoradh ar AC⁴⁹. Sin ráite, moltar nach gceartófaí gach aon earráid ach go ndíreofaí, go príomha, ar earráidí comhchoiteanna agus athchúrsacha an ranga (Nassaji agus Fotos 2011). Sa mhullach air sin, áitíonn Tedick agus Lyster (2020) gur ceart suntas a dhéanamh do chuspóirí foghlama teanga an cheachta san am céanna agus an múinteoir ag déanamh cúraim don idirdhealú faoi chaibidil. Ar a bharr sin, dhealraigh Lightbown (2008) go spreagfadh a leithéid de theorannú earráide na daltaí chun seilbh a ghlacadh ar chruinneas a n-aschuir féin, in áit a bheith ag brath de shíor ar

⁴⁹ Is fiú a lua go bhfuil ról ag scagaire mothúchánach an dalta leis an méid seo (Krashen 1985). Dealraítear go mbíonn scagaire íseal ag dea-fhoghlaimeoirí teanga a bhíonn oscailte agus toillteanach glacadh le haiseolas agus treoir ón múinteoir (Ní Chlochasaigh 2014).

cheartúcháin an mhúinteora amháin. De réir na tuairiscithe seo, d'fhéadfaí a áitiú go léiríonn torthaí an taighde a éifeachtaí is atá cur chuige AC le forbairt a dhéanamh ar an gceartúsáid teanga sa suíomh lán-Ghaeilge, má bhaintear úsáid as go cuí agus go córasach agus de réir chumas an dalta féin.

3.4.1.3 TFD réamhghníomhach

Insítear go bhfuil pleanáil chórasach de dhíth le foghlaim teanga a chomhtháthú le foghlaim ábhair trasna achar an churaclaim sa chóras tumoideachais (Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Ó Ceallaigh *et al.* 2019b). Thairis sin, dealraíonn Tedick agus Lyster (2020) go gcruthaíonn an phleanáil ábharbhunaithe dúshláin ar leith do mhúinteoirí a bhíonn den tuiscint go sealbhófaí an teanga mar thoradh nádurtha ar fhoghlaim an ábhair acadúil trí mheán na sprioctheanga (.i. ar bhonn osmóiseach). Ar an dul céanna, maíonn Lyster (2018) go mbaineann tábhacht nach beag le cur chuige réamhghníomhach sna cláir chomhtháite de dheasca nach leor aird theagmhasach a dhíriú ar ghnéithe den teanga leis an bhforbairt litearthachta sa sprioctheanga a dhearbhu. Sonraíonn lear mór taighdeoirí gur mar chuid lárnach den chleachtas réamhghníomhach é go bhféachfaí chuige le haird a dhíriú ar ghníomhaíochtaí múscailt comhfheasa teanga laistigh de chomhthéacs teagaisc sainábhair (Ellis 2009, 2002; Hinkel agus Fotos 2002; Lyster 2018, 2007; Tedick agus Young 2014).

Is féidir le múinteoirí feasacht nó comhfhios na bhfoghlaimeoirí a chur chun cinn trí aird a dhíriú ar ghnéithe éagsúla den teanga ábharbhunaithe le linn an cheachta (Nassaji agus Fotos 2011). Bíonn sé mar aidhm ag an ionchur breisithe seo feasacht na bhfoghlaimeoirí a ardú le hanailís a dhéanamh idir an spriocstruchtúr sainaitheanta agus a n-inniúlachtaí teangeolaíochta féin (Ellis 2002). Bíodh is go bhfuil an anailísiú céanna ailínithe le heolas gnásúil na teanga, tuigtear ón tuairisciú i mír 3.3.5.1 go gcaithfear an phróiseáil chéanna a

chur i bhfeidhm go táirgiúil leis na hinniúlachtaí teangeolaíocha a chur chun cinn go héifeachtach. Ar an ábhar seo, áfach, sonraíonn Hinkel agus Fotos (2002) gur minic do mhúinteoirí féachaint ar an ardú feasachta ann féin mar chur chuige leordhóthanach TFD. Leis sin, agus suntas á dhéanamh do mhórsprioc an TFD nochtá roimhe seo, caithfear daltaí a spreagadh leis an spriocstruchtúr eiseamláireach a úsáid i gcomhthéacs cumarsáideach lánbhí lena gcuid inniúlachtaí mar úsáideoirí agus mar anailíseoirí teanga a fhorbairt dá réir. Féachfar ar mhúnla oideolaíochta ábhartha anois leis na spriocanna seo a thabhairt chun críche sa chomhthéacs tumoideachais.

3.4.1.3.1 Múnla CAPA (CFCN)

Tugann Tedick agus Lyster (2020), mar aon le Lyster (2018), achoimre ar shraith theagaisc a dhíríonn aird go comhshnaidhmeach ar ábhar agus ar theanga. Ceithre chéim atá i seiceamh athchúrsach an Mhúnla CFCN (Cur i gcomhthéacs; Feasacht; Cleachtadh; agus Neamhspleáchas) (Múnla CAPA: Contextualise; Awareness; Practice; and Autonomy), mar atá le le sonrú i dTábla 3.9.

Tábla 3.9: Múnla CAPA (CFCN) (arna chur in oiriúint ó: Lyster 2018, Tedick & Lyster 2020, luaite in Ní Aogáin et al. 2021 & Ó Ceallaigh 2021a)

Múnla CAPA (CFCN)	
Céim	Sainmhíniú
Cur i gcomhthéacs	<p><i>Sainaitin spriocstruchtúr:</i> Sainaitnítear spriocstruchtúr d'fhoirm na teanga a chruthaíonn fadhbanna nó dúshláin d'fhoghlaimoirí.</p> <p><i>Sainaitin téacs ábhair:</i> Ciallaíonn 'téacs' sa chomhthéacs seo téacsanna scríofa, físeáin agus ábhair fhuaimne, láithreáin gréasáin, srl. Is gá comhthéacs lánbhri a aithint agus a chur ar fáil chun an spriocstruchtúr a chomhtháthú go nádúrtha laistigh den téama (ábhar) ineachair roghnaithe.</p>
Feasacht	<p><i>Dear tasc tabhairt faoi deara:</i> Chun an spriocstruchtúr a dhéanamh níos suntasaí agus/nó níos minice san ionchur, is gá treisiú topagrafach a dhéanamh ar théacs de ghnáth. Gníomhaíochtaí glactha iad na gníomhaíochtaí tabhairt faoi deara.</p> <p><i>Dear gníomhaíocht feasachta:</i> Éilíonn na gníomhaíochtaí feasachta ar fhoghlaimoirí an ghné theangeolaíoch a láimhseáil ar bhealach a théann i ngleic leo go cuimsitheach agus go hanailíseach i bhfionnachtain na rialach induchtaí. Is gníomhaíochtaí glactha agus giniúna iad na gníomhaíochtaí feasachta.</p>
Cleachtadh	<p><i>Dear tasc riailbhunaithe:</i> Gníomhaíochtaí giniúna atá dírithe ar chleachtadh riailbhunaithe atá i gceist anseo (.i. ní féidir le daltaí an tasc ábhair a chur i gcrích go rathúil gan an spriocstruchtúr meallta a úsáid go cruinn agus iad ag tarraingt ar an bhfeasacht mheititheangeolaíoch atá forbartha acu).</p> <p><i>Dear tasc cumarsáideach:</i> Anseo tá fócas ar chumarsáid agus mar sin bíonn an spriocstruchtúr ag teastáil go tapaidh ag na foghlaimoirí agus iad i mbun cumarsáide i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar chleachtadh cumarsáideach.</p>
Neamhspleáchas	<p><i>Sainaitin deiseanna eile:</i> Sainaitin deiseanna ina mbíonn an spriocstruchtúr aitheanta le cloisteáil, le cleachtadh agus in úsáid go neamhspleách ag daltaí i ngníomhaíochtaí atá dírithe ar ghníomhaíochtaí éagsúla trasna (achar) an churaclaim agus timpeall na scoile.</p>

Maíonn bunaitheoirí an mhúnla gur treoirphlean solúbtha atá sa mhúnla CFCN inar féidir le múinteoirí a úsáid i gcás ceacht aonair, sraith de cheachtanna nó aonad foghlama. Ina

theannta sin, áitíonn Tedick agus Lyster (2020) gur ceart cúram a dhéanamh do chuspóirí comhlántacha foghlama teanga⁵⁰ ar dtús áfach roimh chéimeanna CFCN a phleanáil agus a chur i ngníomh dá réir.

D'ainneoin na ndea-chleachtas nocht go nuige seo i dtaca le TFD sa chomhthéacs comhtháite ábharbhunaithe, tá le tuiscint ó thuairisciú Chaibidil 2 go bhfuil easnaimh shuntasacha trasna an chontanaim oiliúna sa chomhthéacs lán-Ghaeilge mar a bhaineann le bonn eolais agus tacar scileanna na hidé-eolaíochta comhtháite a scaipeadh agus a chur chun cinn (Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh agus Ó Laoire 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019ab; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Ó Laoire *et al.* 2021). Dhealródh sé, mar sin, gur dúshlán mór é an neamhshuim a dhéantar do na sainscileanna agus na saintuiscintí riachtanacha atá de dhíth ar an múinteoir tumoideachais éifeachtach sa chomhthéacs reatha. Ní mór, ar an mbonn sin, breathnú ar ghnéithe den fhoghlaim ghairmiúil éifeachtach le go mbeifí in ann freagairt go córasach do na héilimh oiliúna ábharbhunaithe.

3.5 Foghlaim Ghairmiúil

Áitíonn Tedick (2022) gurb ionann forbairt ghairmiúil éifeachtach agus foghlaim ghairmiúil struchtúrtha a chumasaíonn claochú i mbonn eolais agus i gcleachtais an mhúinteora féin. Cé go bhfuil taighdeoirí an ghoirt ar aon ghuth maidir le huailsprioc na foghlama gairmiúla éifeachtaí, feictear tuairimí éagsúla ag an lucht léinn i leith shaintréithe na foghlama céanna. Cuimsítear gnéithe éifeachtacha na foghlama gairmiúla i dTábla 3.10.

⁵⁰ Pléadh roimhe seo gur féidir tarraingt ar na múnlaí 4C, Triptic Teanga agus ETTÁ (Eolas Teanga do Theagasc Ábhair) nuair a bhíonn cuspóirí comhlántacha foghlama teanga á sainiú.

Tábla 3.10: Saintréithe na foghlama gairmiúla éifeachtaí sa chomhthéacs tumoideachais

Saintréithe na foghlama gairmiúla sa chomhthéacs tumoideachais in Éirinn (Ó Ceallaigh <i>et al.</i>, 2019a: 16)	Saintréithe na foghlama gairmiúla sa chomhthéacs tumoideachais go hidirnáisiúnta (Tedick 2022)
<ul style="list-style-type: none"> ● Foghlaim a sholáthraíonn tacaíocht mharthanach do mhúinteoirí. ● Foghlaim a spreagann sásamh agus rath gairmiúil. ● Foghlaim a mhisníonn rannpháirtíocht chuí. ● Foghlaim a chuireann comhghleacaíocht agus comhoibriú chun cinn. ● Foghlaim a chumasaíonn stór eolais atá ag forbairt i gcónaí. ● Foghlaim atá dírithe ar an bhfoghlaim chómhalartach. ● Foghlaim a spreagann triail a bhaint as straitéisí nua, rioscaí a ghlacadh agus fadhbanna a réiteach. ● Foghlaim a chothaíonn cur i bhfeidhm praiticiúil an chomhtháthaithe ábhar agus teanga. ● Foghlaim a thacaíonn le múinteoirí spriocanna a aithint atá ag teacht le fíís na scoile. ● Foghlaim a chuireann am ar fáil chun an fhoghlaim a thuiscint agus pleanáil a dhéanamh. 	<ul style="list-style-type: none"> ● Foghlaim atá dírithe ar chomhthéacs an ábhair. ● Foghlaim a chuireann foghlaim ghníomhach san áireamh. ● Foghlaim a thacaíonn le foghlaim chómhalartach. ● Foghlaim a úsáideann múnlaí de chleachtas éifeachtach. ● Foghlaim a chuimsíonn aiseolas agus machnamh. ● Foghlaim a chuireann cóitseáil agus oiliúint shaincheaptha ar fáil. ● Foghlaim a mhaireann thar thréimhse ama.

Cé go bhfuil na saintréithe thuasluaite saindírithe ar chomhthéacs an taighde seo ní mór cúram a dhéanamh do threoirlínte *Cosán*⁵¹ san am céanna. Sa chreatlach áirithe seo, maítear go bhfuil ceithre ghné éagsúla le cur san áireamh i bhfoghlaim éifeachtach múinteoirí, ina

⁵¹ Is creat náisiúnta um fhoghlaim múinteoirí de chuid na Comhairle Múinteoireachta é *Cosán*.

measc, foghlaim fhoirmiúil/neamhfhoirmiúil, foghlaim phearsanta/ghairmiúil, foghlaim chomhoibríoch/aonarach agus foghlaim scoilbhunaithe/lasmuigh den scoil nó den ionad oibre (An Chomhairle Múinteoireachta, 2016: 11). Ina fhianaise seo, cuirtear príomhghnéithe *Cosán* i gcomhthéacs shaintréithe na foghlama gairmiúla luaite ag Tedick (2022) agus Ó Ceallaigh *et al.* (2019a) ó chianaibh i dTábla 3.11.

Tábla 3.11: Saintréithe oiriúnaithe na foghlama gairmiúla éifeachtaí

Cineál foghlama	Saintréithe oiriúnaithe
Foghlaim fhoirmiúil / neamhfhoirmiúil	<ul style="list-style-type: none"> ● Foghlaim a chuireann cóitseáil agus oiliúint shaincheaptha ar fáil a éascaíonn triail a bhaint as straitéisí nua, rioscaí a ghlacadh agus fadhbanna a réiteach. ● Foghlaim a chuireann foghlaim ghníomhach, rannpháirteach agus chómhálartach san áireamh.
Foghlaim phearsanta / ghairmiúil	<ul style="list-style-type: none"> ● Foghlaim a spreagann sásamh agus rath gairmiúil i dtimpeallacht fionnmhar agus oscailte. ● Foghlaim atá dírithe ar phróiseáil ábhair chomh maith le próiseáil ar fhoirm sa chleachtas ábharbhunaithe atá bunaithe ar mhúnlaí do chleachtas éifeachtach.
Foghlaim chomhoibríoch / aonarach	<ul style="list-style-type: none"> ● Foghlaim a thacaíonn le foghlaim chómhálartach agus chíomhoibritheach a chur chun cinn. ● Foghlaim a chuimsíonn aiseolas agus machnamh ar bhonn comhoibríoch agus aonarach.
Foghlaim scoilbhunaithe / lasmuigh den scoil nó den ionad oibre	<ul style="list-style-type: none"> ● Foghlaim a sholáthraíonn tacaíocht mharthanach do mhúinteoirí laistigh agus lasmuigh den chomhthéacs scoile. ● Foghlaim a chuireann am ar fáil do mhúinteoirí an fhoghlaim a thuiscint, a phróiseáil agus a chur i bhfeidhm sa phleanáil.

Ar a bharr seo, d’áitigh Postholm (2020) d’fhonn tacú le múinteoirí barr feabhais a bhaint amach sa chleachtas teagaisc go gcaithfidh éascaitheoirí na foghlama gairmiúla an t-eolas agus teoiric litríochta i leith an fheiniméin a chur i gcomhthéacs an chleachtais ghairmiúil ar bhonn praiticiúil. Tagann an méid seo le taighde Fahey (2022) agus Uí Ceallaigh *et al.*

(2019a) a mhol go bhfuil plé agus moladh leanúnach, i dteannta samplaí agus eiseamláirí de straitéisí ábhartha leabaithe sa chomthéacs ábhair, de dhíth ar an múinteoir tumoideachais leis an éabhlú san fheasacht teanga agus sa chleachtas oideolaíoch dá réir a scafallú. Breathnófar sa chéad chaibidil eile ar na bealaí inar soláthraíodh foghlaim ghairmiúil shainchuspóireach do mhúinteoirí tumoideachais mar chuid den togra taighde seo.

3.6 Conclúid

Ag tús na caibidle seo rinneadh scagadh ar an bhfoghlaim agus ar an sealbhú teanga i gcomthéacs phróifíl theangeolaíoch dhaltaí an oideachais Ghaeltachta. Tugadh le fios nach ionann inniúlachtaí teangeolaíocha aon bheirt fhoghlaimeoirí i gcomthéacs foghlama na mionteanga, beag beann ar a gcúlraí teanga. Ina dhiaidh sin, tugadh cuntas ar mhúnlaí éagsúla comhtháite ábhar agus teanga lena n-áiríodh an Múnla 4C agus an Triptic Teanga, an Múnla EOÁ (Eolas Oideolaíochta Ábhair/Pedagogical Content Knowledge), an Múnla EÁT (Eolas an Ábhair don Teagasc/Content Knowledge for Teaching) agus an Múnla ETTÁ (Eolas Teanga do Theagasc Ábhair/Language Knowledge for Content Teaching) araon. Bhí le sonrú i gcás fhormhór na múnlaí seo gur minic léargas cuimsitheach a bheith tugtha ar shain-inniúlachtaí teangeolaíocha an mhúinteora i dteannta na sainréimsí teanga inar gá suntas a dhéanamh dóibh le linn cheacht ábharbhunaithe. Dá ainneoin seo, chonaacthas nár leagadh béim inchurtha sna múnlaí céanna ar shoilsiú na dea-chleachtas oideolaíochta gaolmhar leis na sain-inniúlachtaí réamhnochta a chomhlíonadh.

Pléadh an múnla EOÁ-C (Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite) go mion ina dhiaidh sin mar chreat teoriciúil eiseamláireach don chomthéacs ábharbhunaithe in Éirinn. Aibhsíodh na croí-inniúlachtaí teagaisc is mó dúshláin do mhúinteoirí tumoideachais, ina measc, EÁ-T (Eolas ar an Ábhar sa Teanga), EOÁ-T (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa

Teanga) agus EOÁCÁT (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga). Sonraíodh nach ionann inniúlachtaí sa teanga mar úsáideoir agus mar anailíseoir agus na hinniúlachtaí éigeantacha a bhíonn de dhíth ar an múinteoir tumoideachais leis an oideolaíocht theangabhunaithe a chur i bhfeidhm sa chleachtas teagaisc. Ní hamháin sin ach chonacthas gur gnó coimpléascach é do mhúinteoirí an oideolaíocht (chomhtháite) céanna a thabhairt chun críche. Is mar leigheas féideartha ar an gcastacht seo inar tugadh faoi mhionscagadh a dhéanamh ar an TFD le heiseamláirí rangbhunaithe a nochtadh. Ar deireadh, scagadh saintréithe de chuid na foghlama gairmiúla éifeachtaí le múinteoirí a chumasú i leith na ndea-chleachtas comhtháite.

Is sa chéad chaibidil eile ina fhéachfar ar an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm le múinteoirí a mhisniú ar an mbonn céanna.

Caibidil 4 : Modheolaíocht Taighde

4.1 Intreoir

Rinneadh athbhreithniú litríochta i gCaibidlí 2 agus 3 ar fheiniméan an tumoideachais mar aon le comhtháthú an ábhair agus na teanga. Cé gur nocht litríocht an ghoirt iliomad buanna féideartha ag na cineálacha oideachais dhátheangaigh ar fud na cruinne, sonraíodh lear mór deacrachtaí roimh mhúinteoirí tumoideachais i ndáil le dea-oideolaíochtaí an teagaisc ábhairbhunaithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, bhí sé mar aidhm ag modheolaíocht an taighde seo imscrúdú criticiúil a dhéanamh ar na saincheisteanna gaolmhara, mar atá le sonrú i bhFíor 4.1.

An teagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga: Iniúchadh criticiúil ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iarbhunscoil Ghaeltachta

- *Cad iad creidiúintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith theagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga?*
- *Cad iad tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith theagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga?*
- *Cad iad cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith theagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga?*

Fíor 4.1: Saincheisteanna taighde

Tabharfar spléachadh ag tús na caibidle seo ar an bparaidím roghnaithe agus déanfar suntas do bhunphrionsabail na paraidíme céanna i ngach aon ghné den mhodheolaíocht taighde tríd síos. Míneofar an rogha modheolaíochta ab oiriúnaí don tionscadal taighde agus tabharfar léargas ar an gcur chuige earcaíochta a úsáideadh le teacht ar fhaisnéiseoirí oiriúnacha. Déanfar scagadh ar an dearadh taighde a bhí mar bhunús ag an bplean gnímh le haghaidh thréimhse bhailithe sonraí agus breathnófar ar na huirlisí taighde úsáidte. Féachfar ina


dhiaidh sin ar an olltábhacht a bhain le cúram a dhéanamh i dtaca le cúrsaí eitice agus sonraí taighde á mbailiú. Ina theannta sin, pléifear an cur chuige anailíse a cuireadh i bhfeidhm chun teacht ar mhórtéamaí an taighde. Cé go bpléifear teorainneacha an taighde go grinn i gCaibidil 7 míneofar impleachtaí na géarchéime sláinte COVID-19 ar an modheolaíocht taighde le linn na tréimhse céanna.

4.2 Fealsúnacht Taighde

Is ar mhaithe leis na ceisteanna taighde a scagadh ar bhealach cuimsitheach agus iontaofa inar beartaíodh an pharaidím bhunathraitheach oiriúnach don tionscadal taighde. Sa mhír a leanas, tabharfar léargas ar bhunphrionsabail na paraidíme bunathraithe i gcomhthéacs an togra taighde reatha.

4.2.1 An Pharaidím Bhunathraitheach

Is éard is brí le paraidím taighde ná an cruinneshamhail nó an dearcadh atá ann i leith chúrsaí an tsaoil (Creswell agus Creswell, 2018: 5). Ina theannta sin, maíonn Mertens (2004) gurb ionann paraidím taighde agus dearcadh an taighdeora ar phróiseas cruthaithe an eolais agus ní go saineúil an cur amach nó an tuiscint atá acu ar mhodheolaíochtaí simplí amháin. Agus an pharaidím taighde á roghnú, áitíonn Denzin agus Lincoln (2005) go bhfuil ceithre ghné ábhartha le cur san áireamh ag an taighdeoir (Fíor 4.2). Pléifear na gnéithe seo ceann ar cheann sa chaibidil reatha ach mar phointe tosaithe déanfar suntas do chúlra agus do sheasaimh na paraidíme roghnaithe, is é sin an pharaidím bhunathraitheach



Fíor 4.2: Codanna ábhartha na paraidíme taighde (Denzin agus Lincoln 2005)

Díríonn an pharaidím bhunathraitheach ar theoiricí eolais agus ar chuir chuige a thugann tosaíocht do cheartas agus/nó d’athrú sóisialta (Mertler 2019). Ar a bharr sin, nochtáítear go dtagraíonn an pharaidím bhunathraitheach do phróiseas an chlaochlaithe (Mertens 2017, 2015). Forbraíodh an pharaidím bhunathraitheach an chéad lá ariamh de dheasca ceal ionadaíochta a bheith déanta ar thaithí na ngrúpaí imeallaithe sa tsochaí (Creswell agus Creswell 2018; Mertens agus Tarsilla 2015; Mertens agus Wilson 2012). Fiú ina dhiaidh sin, nuair a tugadh faoi mhéid áirithe taighde a dhéanamh ‘ar’ na grúpaí céanna, insíodh gur beag tionchar a bhí ag na torthaí taighde ar a gcáilíocht saoil (Cram agus Mertens 2015; Mertler 2019).

Cinneadh an pharaidím bhunathraitheach oiriúnach don togra taighde seo i ngeall ar chomhthéacs foghlama na mionteanga a bheith mar shuíomh sainiúil an taighde. Sa mhullach air sin, agus dar le Ní Thuairisg (2014: 195), tá ‘...claonadh i measc mhúinteoirí na Gaeltachta féachaint orthu féin mar ghrúpa ar leith lasmuigh ní hamháin den chóras náisiúnta oideachais, ach lasmuigh den chóras oideachais lán-Ghaeilge.’ D’fhéadfaí a áitiú, de réir an toraidh seo, go mbraitheann múinteoirí an chórais oideachais Ghaeltachta

imeallaithe nó scoite amach ó na dlínsí oideachasúla eile in Éirinn mar gheall ar a dtúrdhreach sainiúil oideachais. Thairis sin, aithnítear go bhfuil sé mar chuspóir an taighde seo, neamhspleách ar ghné an imscrúdaithe, go mbeadh rannpháirtithe cumasaithe leis na deachleachtais teagaisc ailínithe leis an sainréimse teagaisc ag croílár an mhúnla EOÁ-C (Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite), EOÁCÁT (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga), a fhí isteach nó a chur i bhfeidhm sa chleachtas teagaisc. Tuigtear gur féidir ról lárnach a bheith ag an idé-eolaíocht chéanna, faoi scáth an chur chuige lántumtha, i gcaomhnú, cothú agus saibhriú na mionteanga mar theanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta trí chéile (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016a). Leis sin, áitítear go gcuirfí dlús leis an athrú sóisialta agus dúshlání shochtheangeolaíoch na gceantar Gaeltachta san áireamh. Is gá, mar sin, réaltachtaí an tsuímh thaighde a aithint mar thúsphointe imscrúdaithe leis an sprioc chéanna a thabhairt chun críche go rathúil.

4.2.1.1 Seasamh Ointeolaíoch

Tá áitithe ag Mertens (2012, 2010), de réir na paraidíme bunathraithí, go bhfuil réaltachtaí éagsúla le cur san áireamh i gcás fhíorthaithí fhairsing na ngrúpaí imeallaithe. D'eascaíodh na réaltachtaí céanna, go traidisiúnta, ó chomhthéacsanna sochaíoch a bhí éagsúil ó thaobh aicme, inscne, gnéasachta, cine agus creidimh de, mar aon le mórán athróga eile nach iad (Shan 2022). Insíonn Mertens (2012), áfach, go mbíonn túsáite bronnta ar réaltachtaí áirithe thar cinn eile go minic agus nach mór imscrúdú a dhéanamh ar na réaltachtaí uile chun teacht ar na peirspictíochtaí fágtha ar lár. Ar a bharr sin, áitíonn Creswell agus Creswell (2018) gur iondúil do na dearthaí seo a bheith ar iarraidh de dheasca na nguthanna céanna a bheith plúchta. Dealraíonn Mertens (2017) go mbíonn iarmhairtí diúltacha i ndán do chúrsaí taighde trí chéile má ghlactar le réaltacht aonair amháin mar lionsa taighde.

Toisc réaltachtaí na paraidíme bunathraithí a bheith múnlaíthe ag luachanna sóisialta, cultúrtha agus polaitiúla, bíonn na comhthéacsanna taighde an-éagsúil óna chéile (Creswell agus Creswell 2018). Chuige sin, bíonn iliomad réaltachtaí le sonrú ó chomhthéacs go comhthéacs (Mertens 2012, 2010). Bíodh is go bhfuil suíomh sonrath na hiar-bhunscoile Gaeltachta ag croílár an taighde seo, tuigeadh go mbeadh réaltachtaí éagsúla le sonrú i ngach comhthéacs scoile, ina measc, taithí agus cúlraí teagaisc rannpháirtithe, próifíl theangeolaíoch rannpháirtithe agus foghlaimoirí, stádas na teanga sa cheantar áitiúil (.i. catagóir A, B, nó C) mar aon le creidiúintí, tuiscintí agus cleachtais éagsúla rannpháirtithe i leith an teagaisc ábhairbhunaithe. Ina fhianaise seo, b'fhollas go raibh gá le hardchúram a dhéanamh do réaltachtaí éagsúla rannpháirtithe agus a gcuid comhthéacsanna sainiúla teagaisc le teacht ar chruinnphictiúr an fheiniméin. Ní mór a thabhairt chun cuimhne, áfach, go mbíonn gá le caidreamh údarach idir an taighdeoir agus an rannpháirtí chun teacht ar na réaltachtaí ábhartha (Mertens 2017).

4.2.1.2 Seasamh Eipistéimeolaíoch

Baineann an seasamh eipistéimeolaíoch le nádúr an eolais chomh maith leis an gcaidreamh nó leis an ngaol a bhíonn ag an taighdeoir le rannpháirtithe taighde chun teacht ar an eolas céanna (Shan 2022). Sa mhullach air sin, d'fhonn a bheith ailínithe le spriocanna na paraidíme bunathraithí maítear go bhfuil saintuiscint ar leith de dhíth ar an taighdeoir ar an bpobal taighde (Mertens 2012). Ina theannta sin, moltar nasc a bheith ag an taighdeoir leis an bpobal taighde nó go mbeidís mar bhall den phobal céanna, mar is tríd an idirghníomhú le rannpháirtithe a ghníofar an t-eolas (Creswell agus Creswell 2018). Sin ráite, ní mór don taighdeoir suntas a dhéanamh dá chlaontachtaí féin mar thoradh ar a thaithí phearsanta agus dearcadh na sochaí i gcoitinne (Mertens 2012). Mura ndéantar cúram do seo, ámh, maíonn

Christians (2005) nach mbeadh sé ar chumas an taighdeora sonraí ná eolas a bhailiú go cruinn.

Sa treis ar an méid seo, is cuí aird an taighdeora a dhíriú ar a chumhacht mar ‘shaineolaí,’ agus iarmhairt fhéideartha an dearcaidh údarásaigh seo ar an gcaidreamh le rannpháirtithe taighde (Shan 2022). Mura bhfuil feasacht léirithe ina leith, d’fhéadfadh ‘stádas’ nó ‘saineolas’ an taighdeora inní nó imeagla a chur ar rannpháirtithe. Luíonn sé le réasún, mar sin, nach mór don taighdeoir breathnú orthu féin mar éascaitheoir nó mar áisitheoir in áit saineolaí ar ábhar (Mertens 2017). Áitítear, freisin, go gcabhródh an méid seo le toilteanas na rannpháirtithe le bheith idirghníomhach agus rannpháirteach i gcéimeanna éagsúla den togra (Shan 2022). Is dá bhíthin seo inar gá don taighdeoir a thuiscint go bhfuil ríthábhacht ag baint le dea-chaidrimh bharántúla agus ghairmiúla a chothú le rannpháirtithe nuair atáthar i mbun obair pháirce ag iarraidh teacht ar réaltacht agus ar fhíorthaithí an tsampla (Mertens 2012, 2010).

I bhfianaise an mhéid a pléadh sna míreanna roimhe seo, aithnítear go raibh ceangal díreach ag an taighdeoir leis an bpobal taighde agus í mar mhúinteoir Eacnamaíochta Baile le taithí ar leith sa ghort céanna. Níor fhéach an taighdeoir orthu féin mar shaineolaí ábhair ach mar chomhbhádóir a bhí ag iarraidh tacú le comhghleacaithe teagaisc barr feabhais a bhaint amach sa chleachtas, cleachtas curtha chun tosaigh ag táscairí dea-chleachtais an *POG* a neartódh caighdeán, ról agus stádas na teanga sna ceantair Ghaeltachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016a). Nasctha go dlúth leis an bpróiseas éabhlaithe seo ná cur chuige modheolaíochta sainchuspóireach a d’éascódh an fhorbairt chéanna.

4.3 Cur Chuige Modheolaíochta

D'fhonn na ceisteanna taighde a fhiosrú, b'éigean modheolaíocht oiriúnach taighde a aithint a cheadódh don taighde iniúchadh cuimsitheach agus fiúntach a dhéanamh orthu faoi scáth na paraidíme bunathraithí. Sa mhír áirithe seo, breathnófar ar an gcur chuige modheolaíochta taighde a úsáideadh chun iniúchadh a dhéanamh ar na saincheisteanna taighde, nó mar atá áitithe ag Denzin agus Lincoln (2005), chun an t-eolas a shealbhú.

4.3.1 Roghnú na Modheolaíochta Taighde

Dar le Mertens (2015, 2012, 2010), cé nach moltar aon mhodheolaíocht áirithe amháin le comhthéacs taighde na paraidíme bunathraithí, is minic modhanna measctha taighde a bheith mar rogha na coitiantachta do thaighdeoirí bunathraitheacha an ghoirt, agus scata taighdeoirí eile ar aon fhocal leis seo (Cram agus Mertens 2015; Plano Clark agus Ivankova 2015).

Sainmhíníonn Creswell agus Creswell (2018: 249) modhanna measctha mar seo a leanas:

Mixed methods research is an approach to inquiry that combines or integrates both qualitative and quantitative forms of research. It involves philosophical assumptions, the use of qualitative and quantitative approaches, and the mixing or integrating of both approaches in a study.

Insíonn Shan (2022) go bhfuil de bhua ag modhanna measctha taighde, i gcomhthéacs na paraidíme bunathraithí, sonraí fairsinge a bhailiú a dhéanann ionadaíocht ar pheirspictíochtaí éagsúla, peirspictíochtaí múchta ina measc. Féachfar chuige anois le modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla a léirmhíniú agus na modhanna céanna mar bhunchlocha ag an rogha modheolaíochta.

4.3.2 Modhanna Cáilíochtúla agus Cainníochtúla

Luaitear dhá phríomh-mhodh taighde sna heolaíochtaí sóisialta idir thaighde cáilíochtúil agus taighde cainníochtúil araon. Lena chur i mbeagán focal, samhlaítear taighde cáilíochtúil

le tuairimíocht agus le taithí agus samhlaítear taighde canníochtúil ansin le figiúirí agus le sonraí uimhriúla (Creswell agus Creswell 2018). Maítear go ndíríonn an modh cáilíochtúil ar thaithí saoil agus ar eispéiris an rannpháirtí mar gheall go dtugann sé ‘...an in-depth, intricate and detailed understanding of meanings, actions, non-observable as well as observable phenomena, attitudes, intentions and behaviours’ (Gonzales, Stallone Brown agus Slate, 2008: 8). Ina choinne sin, áfach, aibhsítear nach mbíonn bunús sách eolaíochtúil luaite le taighde cáilíochtúil mar mhodh, de thoradh go gcuirtear suim i ngnéithe a bhaineann le hiompar, cleachtais agus tuairimíocht phearsanta rannpháirtithe amháin (Creswell 2013). Chuige sin, bíonn amhras ann scaití faoi iontaofacht an phróisis anailíse nuair a dhéantar léirmhíniú ar thuairimí seachas ar fhíricí (Gass agus Mackey 2012). Is é an mórhátal a bhaintear as seo, mar sin de, ná go rialaíonn modhanna measctha in aghaidh an amhrais chéanna toisc béim ar leith a bheith leagtha ar anailís nithiúil an uimhris.

4.3.3 Modhanna Measctha


Tá áitithe ag an lucht léinn (Creswell agus Creswell 2018; Creswell agus Plano Clark 2017; McKim 2017; Mertler 2019), go neartaíonn modhanna measctha an mhodheolaíocht taighde i ngeall go ndéantar neamhní ar laigí an mhodha eile, mar atá réamhluaite, agus triantánú⁵² i bhfeidhm ar an mbonn céanna. An méid seo ráite, agus cé is moite de mhórleas an mheasctha, ní modheolaíocht gan cháim í mar sin féin. Sa chaoi sin, aithnítear laigí mar aon le láidreachtaí modhanna measctha taighde i dTábla 4.1.

⁵² Is éard atá i gceist le triantánú ná an measúnú a dhéantar ar thorthaí an taighde ó pheirspictíochtaí éagsúla (Denscombe, 2010: 346).

Tábla 4.1: Láidreachtaí agus laigí modhanna measctha

<i>Láidreachtaí</i>	<i>Laigí</i>
<p>Arna chur in oiriúint ó: Burke Johnson & Onwuegbuzie (2004: 21), Caruth (2013: 115) & Cohen, Manion & Morrison (2018: 33, 43-44).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is féidir imscrúdú níos leithne a dhéanamh ar ábhar an taighde mar gheall nach bhfuil ar an taighdeoir cloí go docht le modh nó le cur chuige taighde amháin. • Is féidir le meascán de shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla iontaofacht agus bailíocht an togra a neartú. • Is féidir cosaint níos láidre a dhéanamh ar chonclúidí an taighde. 	<p>Arna chur in oiriúint ó: Burke Johnson & Onwuegbuzie (2004: 21), Caruth (2013: 115) & Cohen, Manion & Morrison (2018: 33, 43-44).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is féidir dúshlán a bheith roimh an taighdeoir dhá mhodh éagsúla a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhthráthach. • Is féidir le modhanna measctha brúanna breise ama agus costais a chruthú don togra taighde. • Tá tuilleadh taighde de dhíth ar mhodhanna measctha mar chur chuige taighde i ndáil le cúrsaí anailíse go háirithe.

D’ainneoin modhanna measctha a roghnú mar mhodheolaíocht fhabhrach do spriocanna na paraidíme bunathraithí a thabhairt chun críche, ní hionann sin is a rá go gcaithfear úsáid chomhionann a bhaint as modhanna cáilíochtúla is a bhaintear as modhanna cainníochtúla le cur chuige modheolaíochta a aithint mar mhodhanna measctha (Mertler 2019). Dar le Mertens (2012), is féidir le sonraí cainníochtúla cur le sonraí cáilíochtúla, nó a mhalairt, gné a thagann go beacht le coincheap modhanna measctha neadaithe (Creswell agus Plano Clark 2017; Mertler 2019) (Fíor 4.3).



Fíor 4.3: Modhanna measctha neadaithe (arna chur in oiriúint ó: Creswell agus Plano Clarke 2017)

Ciallaíonn modhanna measctha neadaithe i gcomhthéacs an taighde reatha go raibh ról tacaíochta nó tánaisteach ag modhanna cainníochtúla toisc gur baineadh úsáid as modhanna cáilíochtúla go príomha le saincheisteanna an taighde a imscrúdú. Agus modhanna measctha roghnaithe mar mhodheolaíocht taighde, tá gá le cúram a dhéanamh don mhodh samplála le teacht ar fhaisnéiseoirí oiriúnacha taighde.

4.4 Sampláil


Tagraíonn sampláil don mhodh a úsáidtear chun líon áirithe daoine ó phobal atá bainteach, slí amháin nó slí eile, leis an mórcheist taighde a roghnú (Mertler 2019). Sainmhíniú Sarantakos (2005) sampláil mar ghníomh a éascaíonn ‘...the researcher to study a relatively small part of the target population and yet obtain data that are representative as a whole’ (152). Déanann Creswell agus Creswell (2018) idirdhealú idir an dá chur chuige samplála mar shampláil dóchúla agus sampláil neamhdhóchúla araon. Úsáidtear sampláil dóchúla, agus é go minic ar scála níos leithne, le roghnú rannpháirtithe go randamach agus úsáidtear sampláil neamhdhóchúla nuair nach mbíonn an sampla roghnaithe go randamach ach a mhalairt, lena chur i mbeagán focal.

Nochtann Punch agus Oancea (2014) go bhfuil iliomad straitéisí samplála neamhdhóchúla á n-úsáid i ngort an oideachais, ina measc, sampláil áiseach, sampláil chuspóireach, sampláil chuóta agus sampláil bhreisiitheach. Agus léamh measartha leitheadach déanta ar na straitéisí céanna cinneadh dul i gcomhairle cur chuige samplála a bhí idir chuspóireach agus áisiúil. Glacadh leis an gcinneadh dul le sampláil chuspóireach mar gheall go raibh rannpháirtithe le bheith earcaithe ar an mbonn go raibh eolas ar leith nó cur amach acu ar an ábhar taighde (.i. múinteoirí Eacnamaíochta Baile in iar-bhunscoileanna Gaeltachta cláraithe faoin *Scéim Aitheantais* agus é luaite i dtáscairí dea-chleachtais na *Scéime* go mbeadh gach múinteoir ábhair ina mhúinteoir teanga). Thairis sin, roghnaíodh sampláil áisiúil bunaithe ar shuíomh an taighdeora agus na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta ábhartha do réachtáil na mbreathnóireachtaí ranga ar an láthair scoile agus rannpháirtithe a thabhairt le chéile in ionad oideachais lár tíre do na hidrghabhálacha taighde (.i. laethanta forbartha gairmiúla).

Sin ráite, agus de dheasca iarmhairt na paindéime COVID-19 agus na srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm roimh thús na tréimhse bailithe sonraí maidir leis an teacht le chéile ar an láthair, ní rabhthas in ann a chinntiú go mbeadh sampláil áisiúil in oiriúint don tréimhse chéanna⁵³. Sa mhullach air sin, léiríodh gur gnó dúshlánach a bhí in earcú rannpháirtithe oiriúnacha de dheasca impleachtaí na géarchéime sláinte COVID-19 ar ualach an mhúinteora agus mar sin chuathas i muinín sampláil bhreisiitheach in áit sampláil áisiúil chun teacht ar rannpháirtithe oiriúnacha don staidéar. Sa bhreis ar chur chuige samplála a roghnú moltar critéir roghnúcháin a chur san áireamh (Mertler 2019). Baintear leas as critéir roghnúcháin chun teacht ar na tréithe is tábhachtaí agus is suntasaí don taighde idir lámha.

⁵³ Tá cuntas tugtha ar impleachtaí na paindéime sláinte COVID-19 ar an modheolaíocht taighde trí chéile le sonrú in Aguisín X.

D'fhonn múinteoir Eacnamaíochta Baile a chur san áireamh sa sampla taighde, bhí gá go sásóidís na critéir curtha i láthair i bhFíor 4.4:



Fíor 4.4: Critéir roghnúcháin an tsampla

San áireamh i dTábla 4.2, tá léargas ar an sampla taighde faoi scáth na gcritéar roghnúchán agus critéir ábhartha eile nach iad.

Tábla 4.2: Próifil an tsampla

Critéar Roghnúcháin	<i>Bláthnaid</i>	<i>Ciara</i>	<i>Deirdre</i>	<i>Éabha</i>	<i>Máire</i>	<i>Méadhbh</i>
<i>Clárúchán iomlán leis an gComhairle M(h)úinteoireachta</i>	✓	✓	✓	✓	✓	✓
<i>Trí bliana de thaithí mhúinteoireachta in iar-bhunscoil Ghaeltachta</i>	10-20	20+	3-5	3-5	3-5	3-5
<i>Rannpháirtíocht na Scoile sa Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta</i>	✓	✓	✓	✓	✓	✓
<i>Ról múinteoireachta nó ceannaireachta sa scoil</i>	Múinteoir	Múinteoir	Ceannaire	Múinteoir	Múinteoir	Múinteoir
<i>Eacnamaíocht Bhaile mar ábhar teagaisc reatha</i>	✓	✓	✓	✓	✓	✓
<i>Próifil éagsúil teanga</i>	Cainteoir dúchais	Cainteoir dúchais	Cainteoir dúchais	Foghlaim-eoir teanga	Foghlaim-eoir teanga	Cainteoir dúchais

4.4.1 Earcú Rannpháirtithe

Is ar mhaithe le rannpháirtithe a earcú inar cuireadh nóta eolais chuig múinteoirí Eacnamaíochta Baile sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta (ionadaíoch ar na contaetha Gaeltachta) i dtéarma scoile an Earraigh 2020. Bhí sé ina sprioc thaighde go mbeadh tús á chur leis an mbailiú sonraí i mí Mheán Fómhair 2020. Léirigh deichniúr múinteoirí

Eacnamaíochta Baile suim le bheith rannpháirteach sa togra. As an deichniúr dóibh siúd, ámh, bhí múinteoir amháin nach raibh an taithí mhúinteoireachta chuí aici ach shásaigh an naonúr eile na critéir roghnúcháin thuasluaite, in ainneoin nach raibh ionadaíocht déanta ar chontae Gaeltachta amháin (.i. contae Mhaigh Eo). I mí Mheán Fómhair na bliana 2020, agus pobail na scoileanna fillte ar láthair na scoileanna den chéad uair ó mhí an Mhárta na bliana céanna, tharraing triúr rannpháirtithe siar as an rannpháirtíocht sa tionscadal taighde de dheasca éiginnteacht agus ualach breise oibre na cianfhoghlama i gcoitinne. Fágadh ina dhiaidh sin seisear múinteoirí Eacnamaíochta Baile a rinne ionadaíocht ar cheithre chontae Gaeltachta (.i. Dún na nGall, Gaillimh, Corcaigh agus Ciarraí).

Seoladh comhfhreagrais chuig bainistíocht na scoileanna ag lorg toiliú feasach leis an taighde a reáchtáil i gcomhpháirt leis an múinteoir⁵⁴ agus ar láthair na scoileanna indibhidiúla. Thairis sin, bhí gá le toiliú feasach a lorg ó rannpháirtithe agus ó thuismitheoirí nó ó chaomhnóirí na ndaltaí sna ranganna sóisearacha a raibh breathnóireacht le déanamh orthu. Ní raibh gá le toiliú feasach a lorg ó dhaltá de thoradh go raibh fócas ag an taighde dírithe ar mhúinteoirí amháin. Pléifear toiliú feasach go mion i mír 4.7.1. Féachfar anois ar an taighde feidhmeach mar dhearadh taighde don tréimhse bhailithe sonraí.

4.5 Dearadh Taighde: An Taighde Feidhmeach

Maíonn mórúdar na paraidíme bunathraithí, Mertens (2012) go mbeadh modhanna measctha taighde fite fuaite le dearadh agus le bailiúchán timthriallach taighde, agus sa chás áirithe seo an taighde feidhmeach, le hathruithe nó barr feabhais a bhaint amach i ndáil leis an dúshlán aitheanta (.i. an teagasc ábharbhunaithe i gcomhthéacs na hiar-bhunscolaíochta

⁵⁴ Tharla go raibh beirt mhúinteoirí in iar-bhunscoil Ghaeltachta amháin mar chuid den sampla.

Gaeltachta). Faoin dearadh taighde áirithe seo, bailítear eolas faoi dheacrachtaí nó faoi dhúshlán ar leith agus déantar iarrachtaí dul i ngleic leo go praiticiúil (Creswell agus Creswell 2018). Tugann Koshy (2010) sainmhíniú beacht ar thaighde feidhmeach mar ‘...a method used for improving educational practice. It involves action, evaluation and reflection and, based on gathered evidence, changes in practice are implemented’ (10).

Insíonn Koshy (2012) mar aon le Mertens (2012) gurb é an bua is mó a shainítear leis an bpróiseas athchúrsach seo ná go bhfaightear tuiscint níos doimhne ar a bhfuil i gceist leis an bhfadhb nó leis an dúshlán faoi chaibidil gach uair a fhilltear ar chéimeanna éagsúla an timthrialla. Ar a bharr sin, deirtear go ndíríonn an taighde feidhmeach ar an mbearna idir torthaí taighde a sholáthar agus gníomhú ar na torthaí céanna (.i. moltaí a chur i bhfeidhm ar mhaithe le barr feabhais a bhaint amach sa chleachtas) (Mertler 2019). Rinne Kurt Lewin, bunaitheoir an taighde fheidhmigh, imlíniú ar chur chuige an dearaidh taighde, d’fhocail ghearra, mar phróiseas bíseach taighde ina chuimsítear an phleanáil, gníomhú agus machnamh araon (Lewin 1946). Go simplí, mar sin, is é príomhaidhm an taighde fheidhmigh ná próiseas simplí, praiticiúil agus athdhéanta a chur i bhfeidhm a bhíonn foghlaim atriallach, measúnú agus dul chun cinn na foghlama agus an teagaisc ag an gcroílár. Dá bhrí sin, síleadh gurbh é an taighde feidhmeach an dearadh taighde ab oiriúnaí don tionscadal taighde seo i ngeall go gcuirtear béim ar thaithí mhúinteoirí agus tugtar deis dóibh iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar a gcleachtas féin agus athruithe a chur i bhfeidhm dá réir.

Sa treis ar bhunchlocha an taighde fheidhmigh, áitíonn Mertler (2019) go dtugann an taighde feidhmeach deis don taighdeoir an dearadh taighde a mhúnlú agus a oiriúnú de réir mar is gá. Is bua é seo a ndeachaigh chun sochair don tréimhse bhailithe sonraí agus cúrsaí géarchéime sláinte i réim. Thairis sin, ní hé go mbíonn taighde feidhmeach déanta ‘ar’

rannpháirtithe ach déantar taighde feidhmeach a chur i gcrích i gcomhpháirt leo, gné a chiallaíonn gur taighde rannpháirteach atá ann (Denscombe 2010; Koshy 2010; Mertler 2019), agus an tréithe áirithe seo go smior i seasamh eipistéimeolaíoch na paraidíme bunathraithí. Bíodh is go bhfuil roinnt mhaith tráchtairachta déanta go nuige seo ar láidreachtaí an taighde fheidhmigh, ní mór a bheith feasach ar bhaoil a chur i bhfeidhm. Tugtar léargas cothromaithe ar úsáid an taighde fheidhmigh sa chomhthéacs taighde i dTábla 4.3.


Tábla 4.3: Láidreachtaí agus laigí an taighde fheidhmigh

<i>Láidreachtaí</i>	<i>Laigí</i>
<p>Arna chur in oiriúint ó: Denscombe (2010: 134) & Mertler (2019: 146).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bíonn sé mar sprioc ag taighde feidhmeach dúshláin logánta a aithint agus a réiteach go praiticiúil. • Cruthaítear deiseanna do rannpháirtithe le haghaidh foghlaim ghairmiúil leanúnach. • Ní bhíonn sainoiliúint de dhíth ar thaighdeoirí ná ar chleachtóirí leis an gcineál taighde seo a chur i gcrích go héifeachtach. • D'fhéadfadh tionchar a bheidh ag a thoradh ar pholasaithe nó ar chleachtais i suíomhanna comhchosúla. 	<p>Arna chur in oiriúint ó: Denscombe (2010: 134), Mertler (2019: 146) & Mackenzie, Poh-Ling, Hoverman agus Baldwin (2012: 12).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is baolach go gcaithfí an iomarca ama ar chéimeanna na pleanála agus/nó an ghníomhaithe agus nach ndéanfaí dóthain machnaimh ag staid na hanailíse. • Ní nós do thaighdeoirí go leor athfhillidh a dhéanamh ar chéimeanna éagsúla an phróisis mar ba chóir. • Bíonn easpa treorach ar fáil don taighdeoir sa mhéid is nach mbíonn modhanna nó uirlisí taighde sainiúla luaite leis mar dhearadh taighde. • Ní móide go mbíonn an taighde chomh mionchúiseach céanna le taighde traidisiúnta nó taighde foirmiúil. • Bíonn dúshláin roimh na torthaí a ghinearálú i gcomhthéacsanna níos leithne oideachais.

Breathnófar anois ar an dearadh taighde a mhúnlú don togra taighde.


4.5.1 Timthriall an Taighde Fheidhmigh

Cé go bhfuil lear mór múnlaí céimnithe sa ghort atá bunaithe ar bhunmhúnla Lewin, cuirtear i gcás thimthriallacha Kemmis agus Taggart (2000), Riel (2010), Denscombe (2010), Mertler (2017) agus Cohen *et al.* (2018), is í an chomhchosúiltacht is mó a aithnítear eatarthu seo ná go gcuirtear na ceithre mhórchéimeanna seo a leanas san áireamh iontu: (1) Pleanáil, (2) Gníomhú, (3) Monatóireacht agus (4) Meastóireacht (Fíor 4.5).



Fíor 4.5: Eochairchéimeanna an taighde fheidhmigh

Beartaíodh an timthriall taighde a bhunú ar na heochairchéimeanna seo ach go ndéanfaí cúram, go comhuaineach, do laigí réamhluaite an dearaidh. Cinneadh dhá thimthriall taighde a chur sa tsúil don tréimhse bhailithe sonraí a mhair thar thréimhse na bliana acadúla 2020-2021, mar atá le sonrú i bhFíor 4.6.



Fíor 4.6: Múnla bíseach taighde oiriúnaithe

Sa mhír a leanas, pléifear na hionstraimí taighde a úsáideadh i ngach céim den dearadh taighde agus é mar sprioc ag an bpróiseas timthriallach barr feabhais i gcreidiúintí, tuiscintí agus cleachtas ábharbhunaithe na rannpháirtithe a thabhairt chun críche faoi dheireadh an togra.

4.6 Uirlisí Taighde

Mar chuid den tréimhse phleanála, féachadh ar chleachtas an mhúinteora trí bhreathnóireacht ranga agus cíoradh creidiúintí agus tuiscintí na múinteoirí i leith an chleachtais chéanna in agallaimh aisghairme spreagtha ina dhiaidh. Thug an méid seo léargas don taighdeoir ar shainriachtanais rannpháirtithe i leith an teagaisc ábhairbhunaithe d'fhonn pleanáil shaindeartha a dhéanamh do na hidirghabhálacha taighde dá réir. B'ionann na hidirghabhálacha taighde agus céim an ghníomhaithe sa phróiseas timthrialla, áit inar cumasaíodh rannpháirtithe le tabhairt faoi straitéisí nuálacha agus rioscaí a ghlacadh sa chleachtas teagaisc. Ina dhiaidh sin, rinneadh monatóireacht ar an gcur i bhfeidhm trí dhialanna taighde agus trí chuir chuige chomhoibritheacha. Cuireadh tús leis an gcéad timthriall eile trí mheastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Tugadh faoin timthriall seo faoi dhó mar a thugtar le fios i dTábla 4.4.


Tábla 4.4: Uirlisí taighde de réir an timthrialla taighde

	Céim	Conas	Cathain
T I M T H R I A L L 1 T I M T H R I A L L 2	Pleanáil	(1) Breathnóireacht Ranga	Tús mhí Dheireadh Fómhair
		(2) Agallamh Aisghairme Spreagtha	Lá na Breathnóireachta
	Gníomhú	(3) Idirghabháil Taighde (.i. lá um fhorbairt ghairmiúil)	An tseachtain roimh an mbriseadh meán téarma (mí na Samhna)
	Monatóireacht	(4) Dialann Taighde	Idir meán téarma na Samhna agus laethanta saoire na Nollag 2020
		(5) Grúpa <i>Whatsapp</i>	
	Meastóireacht	(1) Breathnóireacht Ranga	An tseachtain roimh an mbriseadh meán téarma (mí Feabhra)
		&	
	Pleanáil	(2) Agallamh Aisghairme Spreagtha	Lá na breathnóireachta
	Gníomhú	(3) Idirghabháil Taighde (.i. lá um fhorbairt ghairmiúil)	An tseachtain roimh bhriseadh na Cásca
	Monatóireacht	(4) Dialann Taighde	Idir briseadh na Cásca agus lár mhí na Bealtaine
(5) Grúpa <i>Whatsapp</i>			
Meastóireacht	(1) Breathnóireacht Ranga	Lár mhí na Bealtaine	
	(2) Agallamh Aisghairme Spreagtha	Lá na breathnóireachta	

Tá scagadh déanta sna míreanna a leanas ar na huirlisí taighde ar baineadh úsáid astu chun sonraí a bhailiú de réir chéimeanna an timthrialla taighde. Tosófar le coimriú ar an mbreathnóireacht ranga.

4.6.1 Breathnóireacht Ranga

Tá dealraithe ag Mertens (2012), agus an t-údar ag déanamh tagartha don pharaidím bhunathraitheach, go gcuirtear tús, go hiondúil, leis an mbailiú sonraí le huirlis taighde atá cáilíochtúil seachas cainníochtúil. Chuige sin, roghnaíodh breathnóireacht ranga mar thúsphointe agus mar bhunchloch an taighde fheidhmigh agus í aitheanta mar ionstraim cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi seach (Creswell agus Creswell 2018). Insíonn Cohen *et al.* (2018: 542) go n-éascaíonn modh na breathnóireachta an bailiúchán de ‘...live data in *situ* from naturally occurring social situations.’ Tá dhá shaghas breathnóireachta ann idir bhreathnóireacht rannpháirteach agus bhreathnóireacht neamh-rannpháirteach (Koshy 2010). Bhí breathnóireacht neamh-rannpháirteach roghnaithe don taighde seo mar gheall nach raibh aon bhaint ná ról le bheith ag an taighdeoir sna ranganna faoi bhreathnú. Tá Hopkins (2014) agus Koshy (2010) ar aon tuairim go bhfuil trí mhórtreimhse le cur san áireamh agus ‘timthriall breathnóireachta’ in úsáid mar mhodh taighde (i.e. pleanáil, breathnóireacht agus aiseolas) (Fíor 4.7).



Fíor 4.7: Timthriall breathnóireachta

Le linn na tréimhse pleanála, moltar don taighdeoir agus do rannpháirtithe taighde fócas nó cuspóir na breathnóireachta a aontú roimh ré (Coyle 2005; Hopkins 2014, 2008). Is féidir leis an bhfócas seo a bheith ‘sainiúil’ (.i. agus é ag díriú ar ghné amháin den cheacht) nó ‘ginearálta’ (.i. agus é ag díriú ar ghnéithe éagsúla den cheacht) (Hopkins, 2008: 76). Dá bhrí sin, bhí fócas ginearálta ag breathnóireachtaí an taighde seo toisc go raibh an taighdeoir ag díriú ar chleachtais an mhúinteora i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí chéile, agus an méid seo réamhaontaithe le rannpháirtithe. Ní mór a thabhairt san áireamh, áfach, na láidreachtaí agus na laigí a aithnítear le modh na breathnóireachta lena héifeachtacht a dhearbhu, mar atá le sonrú i dTábla 4.5.

Tábla 4.5: Láidreachtaí agus laigí mhodh na breathnóireachta

<i>Láidreachtaí</i>	<i>Laigí</i>
<p>Arna chur in oiriúint ó: Creswell & Creswell (2018: 188), Hopkins (2014: 93-95) & Koshy (2010: 95).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is foinse phríomhúil í. • Is féidir imscrúdú a dhéanamh ar an ábhar taighde trí iompar an rannpháirtí a chíoradh. • Nuair nach bhfuil struchtúr teoranta leis an mbreathnóireacht tugann sé deis don taighdeoir féachaint ar mhórán gnéithe éagsúla den chleachtas. 	<p>Arna chur in oiriúint ó: Creswell & Creswell (2018: 188), Hopkins (2014: 93-95) & Koshy (2010: 95-96).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Má tá fócas an-sainiúil ag an mbreathnóireacht tá gá le tréimhse phlé leis an rannpháirtí roimh ré. • Má tá réimse leathan de shonraí bailithe d’fhéadfadh dúshláin eascairt as an mbarraíocht eolais ag céim na hanailíse. • Is féidir le fuaimeanna agus le torainn éagsúla sa chúlra cur isteach ar an mbailiúchán sonraí. • Tá baol ann sonraí a fhágáil ar lár más rud é nach bhfuil siad ag teacht leis an teimpléad breathnóireachta.

Mar sin, tá le tuiscint gur modh í an bhreathnóireacht a thugann léiriú mionsonrach ar chleachtais an mhúinteora. Ar an lámh eile, áfach, tuigtear go mbíonn treoir de dhíth ón taighdeoir agus sonraí loma á mbailiú tríd an modh céanna.

D'úsáid staidéar de chuid Barendsen agus Henze-Rietveld (2017) tábla breathnóireachta chun struchtúr agus fócas a sholáthar do bhreathnóireachtaí ranga a bhí dírithe ar chleachtais mhúinteoirí eolaíochta. D'aithin na húdair seo go raibh an tábla breathnóireachta ina scafall le gnéithe cainníochtúla (.i. ag comhaireamh minicíochta) agus le gnéithe cáilíochtúla a aithint (.i. patrúin a thabhairt faoi deara). Anuas air sin, úsáideadh teimpléad breathnóireachta dar teideal an 'LOCIT' (Lesson Observation Critical Incident Technique) i dtaighde de chuid Coyle (2005) a dhírigh ar uas-sciliú múinteoirí i leith FCÁT. Baineadh úsáid as cur chuige LOCIT sa chás áirithe seo le tréimhsí criticiúla a roghnú chomh maith le leanúnachas ó mhúinteoir go múinteoir agus ó chomhthéacs go comhthéacs a chinntiú. Tuigtear ón méid seo, mar sin, go dtabharfadh tábla nó teimpléad breathnóireachta scafall don taighdeoir leis na míreanna ábhartha sa chleachtas i leith cheisteanna neadaithe an taighde a aithint, agus teimpléid bhreathnóireachta an taighde luaite le hAguisín F go H.

Anuas ar spreagthaí nó míreanna ábhartha ranga a aithint, maíonn an próiseas LOCIT gur gá plé agus imscrúdú a dhéanamh ar na míreanna ranga ábhartha aitheanta i ndiaidh an cheachta. Leis sin, tugadh faoin tréimhse aiseolais go luath i ndiaidh an cheachta mar atá pléite ag mórthréimhsí an timthrialla bhreathnóireachta. Áitítear san am céanna nach féidir an leas is fearr a bhaint as an mbreathnóireacht mar uirlis taighde gan suntas a dhéanamh don tréimhse iar-anailíse (Hopkins 2014; Koshy 2010). Chuige sin, agus ar aon dul le staidéir eile sa ghort (Barendsen agus Henze-Rietveld 2017; de Graaff, Koopman, Anikina agus Westhoff 2007; Lo agus Macaro 2012), rinneadh an bhreathnóireacht a thairfeadh mar

ancaire don tréimhse aiseolais. Tabharfar suntas do na tréithe a aithnítear leis an bpróiseas breathnóireachta a thairfeadh i dTábla 4.6.

Tábla 4.6: Láidreachtaí agus laigí mhodh na breathnóireachta a thairfeadh

<i>Láidreachtaí</i>	<i>Laigí</i>
<p>Arna chur in oiriúint ó: Creswell & Creswell (2018: 189), Hopkins (2014: 130) & Koshy (2010: 96).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is féidir léargas mionsonraithe a fháil ar iompar agus ar chleachtas na múinteoirí i gcodarsnacht le nótaí breathnóireachta amháin. • Is tairfeadh ‘buan’ é gur féidir filleadh air nó a roinnt más gá, gné a bheidh ina thairbhe do staidéar fadréimhseach. • Is féidir patrúin a aithint. • Is féidir teacht ar nithe nach luafaí in agallamh. • Neamh-intuarthacht nó úrnuacht na sonraí. 	<p>Arna chur in oiriúint ó: Creswell & Creswell (2018: 189), Hopkins (2014: 130) & Koshy (2010: 96).</p> <ul style="list-style-type: none"> • D’fhéadfadh an tairfeadh múinteoirí a chur ar seachrán agus an baol ann go mbeadh tionchar aige seo ar an bhfíorchleachtas. • Ní féidir brath i gcónaí ar threalamh teicneolaíochta. • Más rud é go bhfuil an taighdeoir chun treoir an cheamara a athrú le linn an ranga d’fhéadfaidís feidhmiú mar eagarthóir seachas mar thaighdeoir. • D’fhéadfadh sé tarlú go mbeadh sé deacair ciall a bhaint as na sonraí. • D’fhéadfadh le múinteoirí cuid dá bhfíorchleachtas a cheilt nó a choimeád faoi rún mar thoradh ar an tairfeadh.

Déanfar scansaíl sa mhír a leanas ar an uirlis taighde a roghnaíodh don tréimhse aiseolais.

4.6.2 Agallamh Aisghairme Spreagtha

Maíonn Gass agus Mackey (2014: 44) gurb é sprioc an agallaimh aisghairme spreagtha ná ‘...to activate or refresh recollection of cognitive processes so that they can be accurately recalled and verbalized.’ D’fhocail shimplí, éascaíonn cur chuige an agallaimh aisghairme spreagtha an machnamh a dhéantar ar an gcleachtas teagaisc. Cé go ndeir an litríocht go

bhfuil sé de rogha ag taighdeoirí míreanna ábhartha i bhfoirm scríofa, fuaimne nó amhairc a roghnú, cloíodh leis an bhfoirm físe i ngeall go gcónasctar an fhoirm fuaimne agus amhairc le chéile. Aibhsítear i dTábla 4.7 na buntáistí agus na míbhuntáistí a shaináithnítear le hagallaimh mar ionstraimí taighde, agus an méid seo inaistrithe don agallamh aisghairme spreagtha mar uirlis bhailithe sonraí.

Tábla 4.7: Láidreachtaí agus laigí mhodh an agallaimh

<i>Láidreachtaí</i>	<i>Laigí</i>
<p>Arna chur in oiriúint ó: Creswell & Creswell (2018: 188), Hopkins (2014: 135, 151) & Koshy (2010: 88).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tugtar rochtain dhíreach ar shonraí nuair a bhíonn breathnóireacht dodhéanta. • Is féidir teacht ar smaointeoireacht an mhúinteora fad is atá sé úr. • Is féidir atmaisféar neamhfhoirmiúil a chruthú chun rannpháirtithe a chur ar a gcompond. • Faightear peirspictíochtaí ó rannpháirtithe nach mbíonn an taighdeoir ag súil leis uaireanta. 	<p>Arna chur in oiriúint ó: Creswell & Creswell (2018: 188), Hopkins (2014: 135, 151) & Koshy (2010: 88).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Glactar go leor ama (tras-scríbhinní san áireamh). • Tá trealamh teicneolaíochta de dhíth más rud é go mbeadh taifeadadh déanta. • D'fhéadfadh le láithreach an taighdeora tionchar a imirt ar chlaontacht thuairimí agus dhearcthaí an rannpháirtí. • Ní éasca do rannpháirtithe i gcónaí a gcuid smaointeoireachta a chur in iúl go beacht.

I staidéar de chuid Coyle (2005), rinneadh agallamh aisghairme spreagtha ina dhiaidh na breathnóireachta. Moladh sa taighde céanna gan níos mó ná cúig nó sé ‘eachtra’, nó ‘spreagtha’ a roghnú ón gceacht. Ina theannta sin, insíodh gur chóir samplaí de dheachleachtais (luaite leis an teagasc ábharbhunaithe, .i. TFD) agus a mhalairt a chur san áireamh ionas nach gcuirfí laghmhisneach ar rannpháirtithe. Chruthaigh an ghné seo ábhartha sa dara timthriall taighde go háirithe agus iarmhairt na cianfhoghlama i bhfianaise go tréan ar an geleachtas teagaisc.

4.6.2.1 Agallamh Leathstruchtúrtha

Áitítear go mbíonn agallamh ‘leathstruchtúrtha’ nuair a bhíonn sé d’acmhainn ag an taighdeoir tuilleadh ceisteanna a chur ar an rannpháirtí anuas ar nó lasmuigh de na ceisteanna réamhbheartaithe (féach Aguisín F-H) (Mertler 2019). Thairis sin, agus dar le Ní Dhiorbháin *et al.* (2020: 87), ‘Is é láidreacht uirlis an agallaimh leathstruchtúrtha ná an guth agus an tsaoirse a thugtar do na rannpháirtithe a dtuairimí pearsanta a chur in iúl.’ Chuige sin, sholáthraigh an cur chuige ‘leathstruchtúrtha’ deis don taighdeoir a thuilleadh tuairimí mar aon le taithí nach rabhthas ag súil leis, ach a bhí fós ábhartha do na ceisteanna taighde, a iniúchadh. Sa mhullach air sin, rinneadh gach seisiún aiseolais a reáchtáil chomh luath agus arbh fhéidir i ndiaidh an cheachta lena chinntiú nach raibh líon suntasach sonraí fágtha ar lár, agus cuimhne úr ag rannpháirtithe ar an gcleachtas teagaisc (Creswell agus Creswell 2018). Mhair an t-agallamh go ceann uair an chloig, ar a mhéid, agus suntas déanta do chúraimí bainistithe ama na rannpháirtithe le linn uaireanta scoile. I ndiaidh do na breathnóireachtaí ranga agus agallaimh aisghairme spreagtha a bheith déanta i gcomhairíocht le rannpháirtithe chuathas i mbun pleanála do na hidirghabhálacha taighde. Meabhraítear gur ailíníodh na hidirghabhálacha taighde le céim an ghníomhaithe i dtimthriall an taighde fheidhmigh.

4.6.3 Idirghabháil Taighde

Dealraítear go dtacaíonn an taighde feidhmeach éifeachtach le cleachtas inmhianaithe a fhorbairt i ndáil le dúshlán nó le deacracht aitheanta (.i. cur i bhfeidhm córasach an teagaisc ábhairbhunaithe) (Mackenzie *et al.* 2012; McNiff 2013; Postholm 2020). Leis an éabhlú céanna a thabhairt chun críche is gá plean gnímh nó idirghabháil taighde a chur i bhfeidhm (Mertler 2019). Insítear freisin gur tábhachtach rannpháirtíocht na rannpháirtithe i ndearadh

na hidirghabhála a chinntiú má táthar ag dréim leis go mbeidh rath inbhuanaithe ar an gclaochlú oideolaíochta (Engeström agus Sannino 2010). Chuige sin, rinneadh suntas do riachtanais agus d'éilimh fhéintuairisce the na rannpháirtithe taighde agus ionchur na n-idirghabhálacha á réiteach (féach Fíor 6.3 agus Tábla 6.1).

Reáchtáladh dhá idirghabháil taighde mar chuid de chéimeanna gníomhaithe na dtimthriallacha taighde (féach Tábla 4.4). Tharla idirghabháil an chéad thimthrialla i mí Dheireadh Fómhair na bliana 2020 agus idirghabháil an dara timthriall i mí an Mhárta na bliana 2021 i ndiaidh do na breathnóireachtaí taighde agus agallaimh aisghairme spreagtha a chomhlíonadh. Bíodh is go raibh sé mar sprioc ag an taighde reatha na rannpháirtithe a thabhairt le chéile ar an láthair in ionad oideachais lár tíre, níor cheadaigh na srianta sláinte poiblí don chomhthionól céanna. Leis sin, reáchtáladh na hidirghabhálacha taighde ar líne ar an bhfeidhmchlár *Microsoft Teams*.

Sa chéad idirghabháil taighde, féachadh chuige le creidiúintí mar aon le tuiscintí na rannpháirtithe i ndáil le croí-inniúlachtaí teagaisc an mhúinteora tumoideachais, de réir an chreata EOÁ-C (Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite), a iniúchadh trí ghníomhaíocht chás-staidéir. Ina dhiaidh sin, cíoradh modhanna múinte éagsúla TFD a nasc ábhar na hEacnamaíochta Baile le teagasc na teanga (.i. cúinní cruinnis, cúrsaí foclóra, aiseolas ceartaitheach agus líonraí séimeantacha cur i gcás). Tá ionchur samplach de chuid na chéad idirghabhála le sonrú in Aguisín I. Ar deireadh, pléadh moltaí i dteannta tacaíochtaí do chur i bhfeidhm na modhanna múinte ábhartha don tréimhse ama luaite idir an chéad idirghabháil taighde agus an chéad bhabhtha eile de bhreathnóireachtaí ranga.

Thart ar achar ama an dara hidirghabháil taighde ansin bhí mórán neamhchinnteachta maidir le cathain a thiocfadh deireadh leis an dara tréimhse cianmhúinte. Dá bhíthin sin, féachadh chuige le straitéisí comhtháite teagaisc a d’oirfeadh don chleachtas cianteagaisc agus don chleachtas teagaisc ar an láthair araon a chur san áireamh in ionchur an dara hidirghabháil trí fhilleadh ar roinnt straitéisí a pléadh sa chéad idirghabháil agus oiriúnú déanta orthu dá réir (.i. cultúr an fhoclóra ar líne agus an teicí teanga, an cúinne cruinnis agus an gúrú gramadaí, an cúinne cruinnis agus gnéithe éagsúla den chód teangeolaíoch chomh maith le haiseolas ceartaitheach ó bhéal agus i scríbhinn). Ní hamháin sin ach tugadh cuireadh d’aoichainteoir le saineolas sa réimse taighde le cur i láthair a dhéanamh ar réimse leathan de straitéisí ábharbhunaithe óna chomhthéacs teagaisc féin (.i. moltaí don obair bhaile, don chur chuige measúnaithe agus do chothú na ceartúsáide teanga). Tá ionchur samplach de chuid an dara hidirghabháil le sonrú in Aguisín J.

Bíodh is go raibh na hidirghabhálacha taighde ag teacht le céim an ghníomhaithe, níor luigh sé le réasún ionchur na n-idirghabhálacha céanna a úsáid mar uirlis taighde. Ar an mbonn sin tarraingíodh ar na hidirphléanna gairmiúla ar leith a tharla idir an taighdeoir, rannpháirtithe agus i gcásanna áirithe an t-aoichainteoir. Ag deireadh na n-idirghabhálacha, baineadh úsáid as ceistneoirí le deis aiseolais agus deis mhachnaimh a bhronnadh ar rannpháirtithe, agus cúram á dhéanamh do nóta Mackenzie *et al.* (2012) a mhaígh nach ndéantar dóthain suntais don chéim chéanna scaití i gcomhthéacs an taighde fheidhmigh.

4.6.4 Ceistneoir

Dealraíonn Cohen *et al.* (2018) gur uirlis úsáideach bailithe sonraí é an ceistneoir taighde agus go mbíonn sé in úsáid go forleathan le sonraí suirbhé nó cosúil a bhailiú. Insíonn na húdair chéanna go bhfuil sé aitheanta mar bhua ag an gceistneoir taighde nach gá don

taighdeoir a bheith i láthair leis na sonraí céanna a mhealladh. Sa mhullach air sin, mhínigh Koshy (2010) gur féidir leas a bhaint as ceistneoirí taighde le teacht ar bhonn eolais rannpháirtithe a bhíonn idir cháilíochtúil agus chainníochtúil araon. Chuige sin, is uirlis é an ceistneoir a thacaíonn le spriocanna modhanna measctha taighde. De thoradh fhormhór na n-uirlisí taighde roghnaithe don togra seo a bheith ina n-uirlisí cáilíochtúla áitítear gur sholáthraigh gnéithe cainníochtúla an cheistneora sonraí uimhriúla don taighde reatha. Leis sin, cruthaíodh íomhá iomlánaíoch de dhearchtaí, smaointeoireacht agus taithí iarbhrí rannpháirtithe. Ar a shon sin agus uile, tuigtear nach mbíonn aon uirlis gan cháim agus léargas cothromaithe ar an gceistneoir mar mhodh taighde faoi réir i dTábla 4.8.

Tábla 4.8: Láidreachtaí agus laigí mhodh an cheistneora

<i>Láidreachtaí</i>	<i>Laigí</i>
<p>Arna chur in oiriúint ó: Cohen <i>et al.</i> (2018: 509), Hopkins (2014: 143) & Koshy (2010: 84).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Éasca le dáileadh ar rannpháirtithe. • Is féidir líon mór sonraí a bhailiú laistigh d’achar gearr ama. • Is féidir an t-eolas atá bailithe a chur i láthair go héasca (.i. céatadáin, graifeanna srl.). • Is féidir comparáid a dhéanamh idir sonraí go héasca. • Déantar riachtanais na rannpháirtithe a aithint. 	<p>Arna chur in oiriúint ó: Cohen <i>et al.</i> (2018: 509), Hopkins (2014: 143), Koshy (2010: 84) & Ní Dhonnabháin (2014: 103-104).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Glacann an próiseas anailíse go leor ama mura bhfuil sé déanta go huathoibríoch ag an mbogearra roghnaithe. • Is féidir le claontacht an taighdeora teacht trasna sna ceisteanna má táthar róghonta. • D’fhéadfadh rannpháirtithe an freagra ‘ceart’ a roghnú in áit a dtuairimí féin a nochtadh. • D’fhéadfadh sé a bheith dúshlánach ar rannpháirtithe ceisteanna oscailte a fhreagairt go baileach i bhfoirm scríbhinn. • Bíonn castachtaí ag baint le rannpháirtithe a spreagadh chun an ceistneoir a líonadh agus a sheoladh ar aghaidh go tráthúil (mura bhfuil sé ar líne).

Maidir le dearadh an cheistneora, cé gur shonraigh Cohen *et al.* (2018) go bhfuil iliomad saghsanna ceistneoirí ann mar rogha do thaighdeoirí, moltar go mbeadh an ceistneoir measartha struchtúrtha más sampla mór a bhíonn i gceist agus dearadh níos scaoilte a chur i bhfeidhm má bhíonn méid an tsampla measartha beag, rud a bhí fíor i gcás an taighde seo. Baineadh úsáid as an mbogearra *SurveyMonkey* leis an gceistneoir a chruthú agus cuireadh idir cheisteanna dúnta, ceisteanna oscailte chomh maith le scálaí rátála san áireamh. Rinneadh amhlaidh lena chinntiú go raibh an t-uasmhéid sonraí á mbailiú i leith thuiscintí, creidiúintí agus cleachtais na rannpháirtithe. Baineadh leas as an scála rátála ‘Likert’ do cheistneoirí an taighde chomh maith, mar a bhí úsáidte ag Lo agus Macaro (2012) ina gcuid taighde ar fheasacht teanga mhúinteoirí FCÁT. Ceann de na buanna is mó a shamhlaítear le scálaí rátála ná go mbíonn ceisteanna ilroghnacha le sonrú iontu agus soláthraíonn na hilroghanna céanna léargas níos mine don taighdeoir ar smaointeoireacht an rannpháirtí (Cohen *et al.* 2018).

Tuairiscíodh go bhfaightear locht ar an gceistneoir go minic mar gheall go mbraitheann rathúlacht nó tairbhe an cheistneora ar spreagadh na rannpháirtithe chun na ceistneoirí a chomhlíonadh agus na ceistneoirí a chur ar ais chuig an taighdeoir go tráthúil (Ní Dhonnabháin 2014). Ar an ábhar sin, cinneadh go ndéanfaidh rannpháirtithe an ceistneoir a chomhlíonadh ag deireadh na n-idirghabhálacha taighde agus an grúpa rannpháirtithe bailithe le chéile ar líne. Is gá a shoiléiriú, áfach, gur bhain an chéad cheistneoir le creidiúintí, tuiscintí agus cleachtais ábharbhunaithe rannpháirtithe agus an dara ceistneoir taighde le measúnú ar an idirghabháil taighde agus ar an eispéireas taighde ina iomláine. Tá teimpléid na gceistneoirí taighde le fáil in Aguisín K agus L faoi seach. Agus cúram déanta do chéim an ghníomhaithe, tugadh aghaidh ar chéim na monatóireachta mar chuid de thimthriall an taighde fheidhmigh.

4.6.5 Dialanna Athmhachnamhacha

Dearbhaíonn Koshy (2010) go mbaintear úsáid as an dialann i gcomhthéacs an taighde fheidhmigh le monatóireacht a dhéanamh ar an éabhlú sa chleachtas agus sa tuairimíocht ina leith. Feictear macalla fheidhmeanna na dialainne i dtaighde Ní Chlochlasaigh (2014) nuair a úsáideadh an uirlis chéanna chun taifeadh leanúnach a dhéanamh ar thuiscintí, bonn eolais, creidiúintí agus cleachtais na bhfaisnéiseoirí. Anuas air sin, d'úsáid Coyle (2005) an dialann mar uirlis taighde le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar mhúinteoirí FCÁT agus iad i mbun forbartha gairmiúla. Tuigtear ina fhianaise seo, gur nós an dialann athmhachnamhach a úsáid i ngort an tumoideachais go minic. Sin ráite, ní mór do thaighdeoirí a bheith ar an eolas faoi bhuanna agus faoi bhaol a cur i bhfeidhm (Tábla 4.9).

Tábla 4.9: Láidreachtaí agus laigí mhodh na dialainne

<i>Láidreachtaí</i>	<i>Laigí</i>
<p>Arna chur in oiriúint ó: Jones & Woolley (2015: 11) & Koshy (2010: 91).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déanann na dialanna an tionscnamh a nascadh go pearsanta le taithí fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil na rannpháirtithe. • Cuireann na sonraí leis an eolas atá bailithe cheana féin ó fhoinsí eile (.i. triantánú). • Is gné lárnach í an scríbhneoireacht mhachnamhach don fhoghlaim ghairmiúil. • Tugtar deis do thaighdeoirí teacht ar ghrúpaí áirithe nach bhfuil teacht ró-éasca acu orthu. 	<p>Curtha in oiriúint ó: Jones & Woolley (2015: 11-12) & Koshy (2010: 91).</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is deacair a chinntiú go mbíonn na hiontrálacha á ndéanamh go rialta agus go leanúnach. • D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh cuntais róshuibhachtúil nó róphearsanta i bhfianaise. • Bíonn costais ag gabháil le bogearraí dialainne scaití.


Luadh ní ba thúisce go bhfuil baol ann uaireanta go bhféadfadh le múinteoirí áirithe a gcleachtas nó gnéithe áirithe dá gcleachtas a leasú ar lá na breathnóireachta (Hopkins 2014).

Leis an dialann in úsáid mar uirlis bhailithe sonraí, áitítear go bhfaightear léargas níos iomláine ar ghnáthchleachtais an mhúinteora nuair nach bhfuil an rannpháirtí i láthair an taighdeora (Koshy 2010). Ina theannta sin, tacaíonn na dialanna le scagadh a dhéanamh ar smaointeoireacht an mhúinteora, rud nach mbeifí in ann a dhéanamh go ró-éasca le modh na breathnóireachta nó agallaimh amháin. É seo ráite, cé gur comhlíonadh na dialanna taighde ar lá na chéad idirghabhála níor éirigh le rannpháirtithe na dialanna taighde a chomhlíonadh ina dhiaidh sin mar gheall ar na brúanna breise gairmiúla cruthaithe ag éiginnteacht agus ualach na foghlama cumaisc. Dá ainneoin seo, bhí dialann athmhachnamhach taighde á comhlíonadh go leanúnach ag an taighdeoir. Féach teimpléid agus ábhar samplach na ndialann in Aguisín M agus N. Chomh maith le dialanna machnamhacha, baineadh úsáid as feidhmchláir ilardán le céim na monatóireachta a éascú.

4.6.6 Foghlaim Chómhalartach

Tagraíonn an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027* (leagtha amach ó 2015-2020 roimhe seo) don chuspóir go mbeadh pobail chleachtais forbartha do mhúinteoirí T1 ar líne, áit inar féidir le múinteoirí smaointe, acmhainní agus dea-chleachtas oideolaíocha a mhalartú (Ó Beaglaoidh agus Crotty 2020). Ar an ábhar seo, luadh an fhoghlaim chómhalartach chomh maith leis an gcomhghleacaíocht agus leis an gcomhoibriú mar shaintréithe forbartha gairmiúla, lena gcuirtear ar chumas mhúinteoirí iar-bhunscoile an t-ábhar agus an teanga a chomhtháthú sa chleachtas teagaisc (Ó Ceallaigh *et al.* 2019a). Chonacthas taighde de chuid Fahey (2022) ag tarraingt ar an gcoincheap céanna, áit inar baineadh úsáid as ardáin shóisialta amhail *Google Drive*, *Twitter* agus *WhatsApp* le go mbeadh ‘...a continuous connection point for participants to reflect on classroom/CLIL/learning processes, share best practice and seek advice and manage challenges respectively’ (174).

Ar an dul céanna, tosaíodh amach ag tús an togra leis an ardán *Padlet* a d'fheidhmigh mar uirlis shimplí roinnt acmhainní idir rannpháirtithe. Ag druidim i dtreo lárphointe an togra, ámh, chuir rannpháirtithe in iúl don taighdeoir gurbh fhearr leo úsáid a bhaint as *Google Drive* agus níos mó taithí acu ar an ardán céanna, gné a léirigh ról lárnach na rannpháirtithe sa togra arís eile. Chomh maith le roinnt acmhainní agus ábhair thacaíochta teagaisc in *Google Drive*, bunaíodh grúpa príobháideach *WhatsApp* idir rannpháirtithe agus an taighdeoir le deiseanna idirghníomhaithe agus athmhachnamhacha neamhfhoirmiúla a chruthú. Is cuí a lua, áfach, cé nach raibh *Google Drive* ná *WhatsApp* aitheanta mar uirlisí bailithe sonraí bhí ról tábhachtach acu i leith na tacaíochta agus monatóireachta trí chéile. Mar sin, d'éascaigh na hardáin faoi chaibidil creidiúintí, tuiscintí agus cleachtas ábharbhunaithe na rannpháirtithe tríd an idirphlé agus tríd an gcómalartú seo. Tá achoimre d'ionstraimí an taighde le sonrú i bhFíor 4.8.



Fíor 4.8: Uirlisí bailithe sonraí

Scagfar anois gnéithe eitice an togra a dheimhnigh go raibh ardchúram déanta do chosaint rannpháirtithe agus do chaighdeán foriomlán an taighde ó thús deireadh.

4.7 Cúrsaí Eitice

Luadh ag tús na caibidle seo go mbaineann seasamh aisceolaíoch na paraidíme bunathraithí le cúrsaí eitice trí chéile (Denzin agus Lincoln 2005). Dar le Cohen *et al.* (2018), tagraíonn cúrsaí eitice don difear idir ceart agus mícheart mar aon le maith nó olc i gcomhthéacsanna éagsúla taighde. Leis sin, leanadh cód eitice Choláiste Mhuire gan Smál go mionchúiseach ag gach staid den togra seo agus níor tosaíodh ar shonraí a bhailiú go dtí go raibh cead faighte ó Choiste Eitice an Choláiste (MIREC⁵⁵). Pléifear na bunphrionsabail eitice lena gcuimsítear toiliú feasach, rúndacht, anaithnideacht agus príobháideachtas mar aon le bailíocht, iontaofacht agus laofacht i gcomhthéacs an taighde reatha sna míreanna seo a leanas.

4.7.1 Toiliú Feasach


Aithníodh go raibh sé de chúram eitice ar an taighdeoir toiliú feasach a lorg ón sampla taighde chomh maith le príomhoidí, tuismitheoirí agus/nó caomhnóirí na ndaltaí scoile araon. Is éard atá i gceist le toiliú feasach ná ‘...a responsibility on the sociologist to explain as fully as possible, and in terms meaningful to participants, what the research is about, who is undertaking and financing it, why it is being undertaken, and how it is to be promoted’ (Bryman, 2012: 139). Ina theannta sin, is gá a shoiléiriú go bhfuil sé de rogha ag rannpháirtithe páirt a ghlacadh sa taighde ar bhonn deonach. Thairis sin, má chinntear a bheith rannpháirteach níor mhór a chur in iúl go baileach do rannpháirtithe go bhfuil lánsaoirse acu éirí as an taighde ag céim ar bith gan cúis a sholáthar⁵⁶ (Creswell agus Creswell 2018). Rinneadh cur síos beacht ar na pointí thuasluaite sna foirmeacha agus leathanaigh faisnéise a scaipeadh chun toiliú feasach a lorg (Aguisín O-U).

⁵⁵ Mary Immaculate Research Ethics Committee.

⁵⁶ Tharraing rannpháirtí amháin siar ón taighde i dtreo dheireadh thimthriall 2.

4.7.2 Rúndacht, Príobháideacht agus Anaithnideacht

Má thoilíonn rannpháirtithe páirt a ghlacadh sa taighde is gá a mhíniú conas mar a chinnteofar rúndacht, príobháideacht chomh maith le hanaithnideacht na bhfaisnéiseoirí ó thús deireadh (Creswell agus Creswell 2018). Sa bhreis air sin, tá sonraí ag Cohen *et al.* (2018) go bhfuil sé de dhualgas ar an taighdeoir gach iarracht a dhéanamh sonraí agus eolas a bhaineann le rannpháirtithe taighde a choimeád faoi rún. Ar a bharr sin, is gá na bealaí ina mbainfear úsáid as na sonraí chun an riachtanas seo a chomhlíonadh a chur in iúl go soiléir. I gcomhréir le beartas Choláiste Mhuire gan Smál rinneadh cúram do rúndacht, príobháideacht agus anaithnideacht rannpháirtithe trí na céimeanna seo a leanas a ghlacadh (Fíor 4.9):



Fíor 4.9: Rúndacht, príobháideacht agus anaithnideacht


Tugadh faoi na gnéithe seo den taighde a shoiléiriú le rannpháirtithe ó thus an phróisis i scríbhinn sna bileoga faisnéise, sna foirmeacha toiliú feasaigh agus i bhfoirm na labhartha go neamhfhoirmiúil.

4.7.3 Bailíocht, Iontaofacht agus Laofacht

Insíonn Cohen *et al.* (2018) go lom nach mbíonn luach ar bith ar thaighde neamhbhailí. Tugann Denscombe (2014) sainmhíniú ar choincheap na bailíochta mar ‘...the idea of validity (that) hinges around the extent to which research data and the methods for obtaining

the data are deemed accurate, honest and on target' (300). Ar a bharr sin, agus dar le Bryman (2012), tá tábhacht nach beag ag an mbailíocht má tá iontaoibh le bheith ag an taighdeoir, agus an gort trí chéile go deimhin, as an taighde. Cé go bhfuil sainmhínte éagsúla ag údair éagsúla i leith na hiontaofachta (Cohen *et al.* 2018; Mertler 2019; Koshy 2010), b'fheasach don taighdeoir go dtagraíonn sé do choincheap na comhsheasmhachta. Ciallaíonn sé sin, i bhfocail shimplí, gur féidir brath ar thorthaí an taighde ar an mbonn go mbeadh na torthaí nó conclúidí céanna i gceist dá dtabharfaí faoin taighde an athuir (Denscombe 2014). Tá tionchar aige seo, mar sin, ar inaistritheacht an taighde agus an tréithe áirithe seo luaite mar laige ag an taighde feidhmeach uaireanta.

Cúram eitice eile a imríonn tionchar ar bhailíocht agus ar iontaofacht an taighde ná laofacht an taighdeora. Sonraíonn Noble agus Smith (2015) go bhfuil rian na laofachta dosheachanta in aon togra taighde. Cé go bhféadfaí a áitiú nach bhfuil a leithéid idéalach agus taighdeoirí ag dréim le taighde iomlán oibiachtúil a chur i gcrích, tuigtear ó nádúr an taighde cháilíochtúil go háirithe nach féidir fáil réidh le laofacht ina iomláine agus taithí, tuairimíocht agus eispéiris phearsanta rannpháirtithe á n-iniúchadh (Bryman 2012). Leis sin, caithfear cúram a dhéanamh in aghaidh na suibiachtúla chomh fada agus is féidir le rian na laofachta a smachtú. Déanann Koshy (2010: 152) imlíníú ar an téarma 'suibiachtúil' mar dhearcthaí nó peirspictíochtaí claonta an rannpháirtí nó an taighdeora óna dtaithí agus óna dtuiscintí féin, gné a ardaíodh roimhe seo ag tús na caibidle i leith sheasamh eipistéimeolaíoch na paraidíme. Cloíodh leis na prótacail seo a leanas i bhFíor 4.10 i dtaca le bailíocht, iontaofacht agus laofacht an taighde trí chéile a chinntiú.



Fíor 4.10: Bailíocht, iontaofacht agus laofacht

Nuair a bhí an próiseas athchúrsach bailithe sonraí curtha i gcrích go heiticiúil, go cothrom agus go trédhearcach féachadh chuige le hanailísiú a dhéanamh ar amhshonraí an taighde.

4.8 Anailísiú ar Shonraí

Insíodh mar chuid den tuairisciú ar mhodhanna measctha neadaithe ag tús na caibidle seo go raibh modhanna cáilíochtúla chun tosaigh ar mhodhanna cainníochtúla i gcur chuige modheolaíochta an taighde reatha. Chuige sin, cé go mbeidh mórchuid den chuntas anailíseach atá le teacht dírithe ar an anailísiú a rinneadh ar shonraí cáilíochtúla, is gá nóta a sholáthar ar an anailísiú a rinneadh ar shonraí cainníochtúla. Luadh ní ba thúisce go soláthródh uirlis an cheistneora sonraí cainníochtúla agus i ngeall ar an mbogearra *SurveyMonkey* a bheith in úsáid don cheistneoir céanna rinneadh anailís uimhriúil ar fhreagraí ábhartha rannpháirtithe go huathoibríoch. Chuige sin, rinneadh na torthaí cainníochtúla seo a fhí le torthaí cáilíochtúla na hanailíse téamaí de réir mar ba chúí.

Deir Clarke agus Braun (2017) gur modh atá san anailís théamach i leith patrúin i sonraí cáilíochtúla, mar a bhaineann le tuiscintí, dearcthaí agus taithí rannpháirtithe cur i gcás, a aithint agus a léirmhíniú. Thairis sin, chuir Cohen *et al.* (2018) chun tosaigh nach bhfuil aon

mhodh áirithe amháin le hanailís agus le cur i láthair a dhéanamh ar shonraí taighde, cé go ndeirtear san am céanna go bhfuil ar an taighdeoir a dhearbhu go bhfuil ‘sé’ (.i. an anailís agus an cur i láthair) oiriúnach don chuspóir. Lena chur i mbeagán focal, caithfidh tuiscint ríshoiléir a bheith ann i dtaobh fheidhm nó chuspóir na hanailíse. I gcás an taighde reatha, bhí sé mar aidhm ag an taighdeoir iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora ábhair mar a bhain leis an teagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga. Agus sprioc na hanailíse deimhnithe ag an taighdeoir, ní foláir plean nó cur chuige taighde a chur i bhfeidhm a d’éascódh an próiseas anailíse ar mhaithe le dianscagadh agus mionanailís a dhéanamh ar shonraí. Sa mhúnla anailíseach curtha chun tosaigh ag Braun agus Clarke (2013, 2006⁵⁷), leagtar amach na seacht gcéim seo a leanas (Tábla 4.13).

⁵⁷ Leasaigh na húdair chéanna an múnla anailíse sa bhliain 2013 nuair a rinneadh dhá chéim éagsúla as céim a haon: (1) tras-scríobh agus (2) tuiscint mar aon le cur amach ar shonraí.

Tábla 4.10: Anailís théamach (arna chur in oiriúint ó: Braun agus Clarke 2013, 2006)

<i>Céim</i>	<i>Míniú</i>
<i>Tras-scríobh</i>	Tras-scríobh a dhéanamh ar na sonraí loma.
<i>Cur amach ar shonraí taighde</i>	Léamh agus athléamh, chomh maith le héisteacht agus athéiseacht, a dhéanamh ar na sonraí uile.
<i>Próiseas códúcháin a chur i bhfeidhm</i>	Códú a dhéanamh ar shonraí an taighde ar bhonn comhordaithe.
<i>Téamaí agus patrúin a aimsiú</i>	Cnuasaigh na cóid i gcatagóirí le fianaise chuí.
<i>Athbhreithniú ar théamaí</i>	Imscrúdú a dhéanamh ar oiriúnacht na dtéamaí in aghaidh na sonraí bailithe (.i. sleachta códaithe).
<i>Sainiú agus lipéadú na dtéamaí</i>	Cruthaigh mórfhictiúr na hanailíse, beachtaigh sonraí sainiúla na dtéamaí uile, cinntigh sainmhínte soiléire agus teidil na dtéamaí.
<i>Tuairisciú</i>	Deis deiridh le hanailísiú a dhéanamh, ag aimsiú sleachta ábhartha, ag cruthú naisc leis an gceist taighde agus leis an litríocht ar an ábhar taighde, ag cumadh tuairisc acadúil ar an gcur chuige anailíse.

Tá mórán scoláirí eile tar éis múnlaí anailíse do shonraí cáilíochtúla a chur chun tosaigh chomh maith céanna, atá bunaithe a bheag nó a mhór, ar chéimeanna Braun agus Clarke. Is féidir féachaint i dtreo mórúidair eile amhail Cohen *et al.* (2018) i dteannta Creswell agus Creswell (2018) do mhúnlaí comhchosúla. Déanfar cur síos sa chéad mhír eile ar mhúnla anailíse Braun agus Clarke céim ar chéim agus é roghnaithe mar an múnla ab oiriúnaí do stíl an taighdeora chun teacht ar bhonn fianaise i leith na gceisteanna taighde.


4.8.1 Tras-scríobh agus Cur Amach ar Shonraí

Bailíodh agus eagraíodh na sonraí loma ó na hionstraimí taighde agus rinneadh an t-ábhar cuí a thras-scríobh ag baint úsáid as *Microsoft Onenote*, agus sampla den mhéid céanna in Aguisín V. Mar gheall ar chritéir rúndachta agus eitice an togra, baineadh sonraí aitheantais na rannpháirtithe agus na scoileanna uile de thras-scríbhinní an togra agus úsáideadh ainmneacha cleite dá éis. Ar an dul céanna, agus cé go raibh an taighdeoir ag iarraidh cloí

go docht le *verbatim* na rannpháirtithe, rinneadh eagarthóireacht ar nathanna agus ar théarmaí canúnacha, mar a rinneadh i dtaighde Ní Thuairisg (2014) agus an t-údar ag plé leis an gcomhthéacs gairmiúil céanna⁵⁸.

4.8.2 Próiseas Códúcháin a Chur i bhFeidhm

I ndiaidh don taighdeoir sonraí loma na n-uirlisí taighde a thras-scríobh, rinneadh scagadh ar na sonraí uile agus cuireadh cód nó téarmaíocht chuí le gach píosa eolais, rud a thugtar códú oscailte air (Braun agus Clarke 2006; Cohen *et al.* 2018; Williams agus Moser 2019). Míníonn Braun and Clarke (2013) gurb ionann cód agus focal nó ‘...(a) brief phrase that captures the essence of why you think a particular bit of data may be useful’ (207). Ina theannta sin, féachtar ar na cóid taighde mar aonaid bheaga anailíse a fheidhmíonn mar bhlocanna tógála do théamaí ábhartha an taighde (Clarke agus Braun 2017; Denscombe 2014). Tá samplaí den chódú oscailte i bhfianaise Agusín W ach tá roinnt samplaí de na cóid chéanna léirithe i bhFíor 4.11.




Fíor 4.11: Samplaí de chóid oscailte an taighde

Is fiú a lua, áfach, go raibh cur chuige ionduchtach ar bun chun teacht ar théamaí éiritheacha. Cinneadh dul le cur chuige ionduchtach thar chur chuige déaduchtach agus creidiúintí, tuiscintí agus cleachtais na rannpháirtithe féin a bheith ag croílár an togra taighde. Dá bhrí sin, eascraíodh na cóid ó na sonraí loma a bailíodh in áit cóid réamhshocráithe (Braun, Clarke agus Terry 2014). Ina dhiaidh na céime seo, tugadh faoin gcódú aiseach, mar atá le

⁵⁸ Is gá a lua nach raibh an cineál eagarthóireachta céanna déanta ar fhreagraí an cheistneora d'fhonn inniúlachtaí scríbhneoireachta na rannpháirtithe a nochtadh tuilleadh.


sonrú i bhFíor 4.12, ar mhaithe le patrúin agus téamaí gaolmhara a aithint.



Fíor 4.12: Samplaí den chódú aiseach


4.8.3 Téamaí agus Patrúin a Aimsiú

Insítear go bhfuil códú aiseach éagsúil ón gcódú oscailte sa chiall is go ndírítear ar théamaí a bhíonn ag teacht chun sinn ón gcódú oscailte a shainiú, a rangú agus a chatagóiriú (Williams agus Moser 2019). Ar an mbonn is bunúsaí, is ionann catagóir atá i ndiaidh eascairt as an gcódú aiseach agus téama comónta idir cóid, codanna, patrúin nó fothéamaí éagsúla (Cohen *et al.* 2018). Leanadh an próiseas seo chun teacht ar chatagóirí ábhartha taighde. Is ar mhaithe le téamaí taighde a aithint ina mholtar don taighdeoir tabhairt faoin gcódú roghnaitheach mar chéim dheireanach den phróiseas códúcháin. Amhail an códú aiseach, rinneadh téamaí agus ábhair na gcatagóirí a chuimsiú agus a chúnghú go mion chun mórtéamaí an taighde a aithint, agus sampla den chéim seo i bhFíor 4.13.



Fíor 4.13: An códú roghnaitheach agus mórthéamaí taighde

Go achomair, bhí trí chéim lárnacha sa phróiseas códúcháin, cuimsithe i gcéim a trí agus ceathair de mhúnla Braun agus Clarke⁵⁹ (2013, 2006) agus lena gcuimsítear códú oscailte, códú aiseach agus códú roghnaitheach araon (Fíor 4.14).



Fíor 4.14: An próiseas códúcháin

4.8.4 Athbhreithniú ar Théamaí

I ndiaidh don phróiseas códúcháin a bheith curtha i bhfeidhm, tugadh faoin athbhreithniú ar théamaí le cinntiú go raibh ciall le gach téama, go raibh gach sonra agus sliocht ábhartha

⁵⁹ Próiseas códúcháin a chur i bhfeidhm mar aon le téamaí agus patrúin a aimsiú.

curtha san áireamh agus go raibh na sonraí, agus catagóirí roghnaithe feiliúnach don téama roghnaithe. D'éascaigh *Microsoft Onenote* an chéim seo agus an taighdeoir ag baint úsáid as an bhfeidhm 'cóipeáil agus greamú' i ranna na dtéamaí.

4.8.5 Sainiú agus Lipéadú

Áitíonn an taighdeoir gurb ionann céim an tsainithe agus an lipéadaithe agus an chéim dheireanach san anailís théamach roimh an tuairisciú ar an bpróiseas céanna. Chuige sin, b'éigean don taighdeoir go leor seiceála, athbhreithnithe agus profála a dhéanamh ar na céimeanna uile le cinntiú go raibh ionadaíocht chuí á déanamh ar na téamaí, catagóirí agus cóid ábhartha, le cinntiú nach raibh aon eolas ná sonraí fágtha ar lár, le cinntiú go raibh cosaint iomlán déanta ar rúndacht na rannpháirtithe agus go raibh céimeanna an mhúnla ag teacht go hiomlán le coinbhinsiúin agus treoirlínte eitice Choláiste Mhuire gan Smál. Agus an méid seo deimhnithe, tugadh faoin tuairisc a scríobh. Bíodh sin agus uile, gné amháin ábhartha eile ar a raibh tionchar aige ar an gcur chuige modheolaíochta agus ar an anailísiú ar shonraí trí chéile, ach nach raibh le sonrú go forleathan i bhfoilseacháin acadúla, ná impleachtaí phaindéim domhanda COVID-19 ar an gcur chuige modheolaíochta trí chéile.

4.9 Tionchar na Géarchéime Sláinte COVID-19 ar Mhodheolaíocht an Taighde

Ar an 12 Márta 2020, dúnadh foirgnimh uile na scoileanna i bPoblacht na hÉireann agus is thar oíche a ndeachaigh an teagasc agus an fhoghlaim ar líne de dheasca na srianta sláinte poiblí, cur chuige a mhair don chuid eile den bhliain acadúil 2020-2021 (Márta go Bealtaine/Meitheamh 2020) (Gilger 2020). Cé go raibh pleananna teicneolaíochta faisnéise forbartha ag scoileanna na tíre mar chuid dá bpleanáil uile scoile go dtí sin, ní dóchúla go raibh a leithéid de ghéarchéim sláinte tuartha sna pleananna céanna (McCoy, Lyons, Coyne agus Darmody 2016; Mohan, McCoy, Carroll, Mihut, Lyons agus Mac Domhnaill 2020).

Lena chois sin, ní rabhthas ag súil leis go dtiocfadh an lá ina mbeadh an cur chuige teagaisc agus foghlama trasna chontanam an oideachais ag brath go hiomlán ar chúrsaí teicneolaíochta (Gilger 2020). Ina fhianaise seo, tuigtear gur le gearrfhógra a bhí ar mhúinteoirí uas-sciliú a dhéanamh maidir lena gcuid inniúlachtaí digiteacha chun déileáil leis an modh teagaisc coimhthíoch a bhí rompu (Mohan *et al.* 2020). Chuathas i muinín na n-ardán digiteach teagaisc amhail *Microsoft Teams*, *Zoom* agus *Google Classroom*, den mhórchuid, leis an bhfoghlaim chumaisc a éascú (Flynn, Keane, Davitt, McCauley, Heinz agus Mac Ruairc 2021). Sa mhullach air sin, d'áitigh Mohan *et al.* (2020) go raibh toradh iarmhartach ar an gclaochlú ar líne ar obair ghrúpa, obair phraiticiúil agus rannpháirtíocht ranga araon. Ní hamháin sin ach mhaígh Hartshorn agus McMurry (2020) agus Ó Domagáin (2022) go raibh teanga na ndaltaí agus an fhoghlaim teanga i gcoitinne thíos leis an aistriú céanna. Déanann Tábla 4.11 scagadh ar mhórimpleachtaí ábhartha na cianmhúinte ar fhoghlaim agus ar chur chun cinn na teanga le linn thréimhsí na ndianghlasálaithe i gcomhthéacsanna oideachasúla gaolmhara.

Tábla 4.11: Mórdhúshláin na cianfhoghlama ábhartha don togra taighde

Dúshlán	Tagairtí Litríochta
<i>Easpa trealaimh teicneolaíochta agus rochtain ar idirlíon leathanbhanda</i>	Flynn <i>et al.</i> (2021); Fu & Zhou (2020); Gilger (2020); Karataş & Tuncer (2020); Kundu & Bej (2021); Mohan <i>et al.</i> (2020); Ó Domagáin 2022; Winters & Maguire (2022)
<i>Inniúlachtaí digiteacha i measc oideachasóirí</i>	Charney, Camarata & Chern (2020); Flynn <i>et al.</i> (2021); Fu & Zhou (2020); Gao & Zhang (2020); Gilger (2020); Kundu & Bej (2021); Mohan <i>et al.</i> (2020); Ó Ceallaigh (2021b); Ó Domagáin 2022; Winters & Maguire (2022)
<i>Idirghníomhaíocht bheo</i>	Charney <i>et al.</i> (2020); Fu & Zhou (2020); Flynn <i>et al.</i> (2020); Gilger (2020); Jiang, Jiang & Yu (2020); Karataş & Tuncer (2020); Kundu & Bej (2021); Longhurst, Stone & Duloherly (2020); Mohan <i>et al.</i> (2020); Wang, Wang, Li & Li (2020)
<i>Deiseanna le haghaidh aschur teanga</i>	Charney <i>et al.</i> (2020); Fu & Zhou (2020); Gilger (2020); Jiang, Jiang agus Yu (2020); Karataş & Tuncer (2020); Ó Domagáin 2022
<i>Spleáchas méadaithe ar an mórtheanga</i>	Gilger (2020); Ó Domagáin 2022
<i>Aiseolas tráthúil</i>	Fu & Zhou (2020); Jiang <i>et al.</i> (2020); Mohan <i>et al.</i> 2020; Ó Domagáin 2022; Wang <i>et al.</i> (2020)
<i>Monatóireacht agus meastóireacht éifeachtach ar fhoghlaim</i>	Chadwick & McLoughlin (2021); Gao & Zhang (2020); Kundu & Bej (2021); Longhurst <i>et al.</i> (2020); Mohan <i>et al.</i> (2020); Ó Domagáin 2022; Winters & Maguire (2022)

Ní hamháin go raibh tionchar ag cúrsaí paindéime ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim, ach imríodh tionchar nach beag ar thréimhse bhailithe sonraí an taighde faoi chaibidil idir Meán Fómhair 2020 agus Bealtaine 2021. In Aguisín X, tugtar cuntas ar na himpleachtaí agus leasuithe a cuireadh i bhfeidhm. Bíodh is go raibh iliomad leasuithe le cur i bhfeidhm ar an modheolaíocht taighde, ní raibh impleacht róthromhcúiseach aige seo ar mhóraidhmeanna an taighde trí chéile. Ina theannta sin, cé gur éirigh leis an mbailiú sonraí den mhórchuid ar líne, is i ngeall ar a laghad litríochta sa ghort maidir le cur i bhfeidhm an taighde fheidhmigh ar líne le linn phaindéim COVID-19 go ndeachaigh an taighdeoir i mbun fiosraithe le bealach an leasa a aimsiú.

4.10 Conclúid

Tugadh spleáchadh ag tús na caibidle seo ar chúlra, comhthéacs agus móreilimintí na paraidíme bunathraithí mar fhráma tagartha do chur chuige na modheolaíochta. Breathnaíodh ina dhiaidh sin ar an modheolaíocht taighde ag nochtadh na réasúnaíochta ar chúis le modhanna measctha a roghnú don taighde thar mhodhanna cáilíochtúla ná cainníochtúla amháin. Féachadh ansin ar na roghanna ábhartha samplála agus leagadh amach na critéir roghnúcháin lena chois. Rinneadh suntas don dearadh taighde agus an taighde feidhmeach ailínithe le mórspriocanna an taighde agus na paraidíme bunathraithí trí chéile. Thángthas ar eochairghnéithe an taighde fheidhmigh agus cruthaíodh timthriall taighde oiriúnaithe. Úsáideadh an timthriall athfhillteach taighde mar threoir agus na huirlisí taighde á roghnú d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna taighde. Díríodh ar bhunphrionsabail na heiticiúlachta le cosaint rannpháirtithe agus le cáilíocht fhoriomlán an taighde a chinntiú. Thairis sin, bhí gá le mionchuntas a sholáthar ar an gcur chuige anailíse. Ar deireadh, rinneadh scansáil ar impleachtaí na géarchéime sláinte COVID-19 ar chur chuige na modheolaíochta.

Tabharfaidh an chéad dá chaibidil eile aghaidh ar thorthaí an taighde.

Caibidil 5 : Creidiúintí agus Tuiscintí Ábharbhunaithe an Mhúinteora

5.1 Intreoir

Sa chaibidil seo tugtar faoi anailís ghrinn a dhéanamh ar thorthaí an taighde i ndáil le ‘Creidiúintí agus Tuiscintí Ábharbhunaithe an Mhúinteora.’ Roinnfear an chaibidil ina dtrí chuid faoi théamaí áirithe, lena gcuimsítear, an teanga sa chomhthéacs ábharbhunaithe, oideachas an mhúinteora Eacnamaíochta Baile mar aon leis na dúshláin shainiúla ghairmiúla i dtaca le cur i ngníomh an teagaisc ábhairbhunaithe sa chóras oideachais Ghaeltachta. Déanfar na téamaí taighde seo a chóradh trí scagadh criticiúil a dhéanamh ar na fothéamaí ábhartha. Bunófar an tuairisciú céanna ar na sonraí loma a bailíodh ó na hionstraimí taighde uile ach amháin na breathnóireachtaí ranga i ngeall go mbaineann sonraí an chleachtais teagaisc go sainiúil le mórthéama Chaibidil 6. Déanfar naisc fhollasacha i ngach fothéama le fráma teoriciúil an staidéir trí phlé a dhéanamh ar thorthaí na litríochta nochta i gCaibidlí 2 agus 3 araon.

5.2 An Teanga sa Chomhthéacs Ábharbhunaithe

Is é an chéad téama a phléifear sa chaibidil seo ná ilghnéitheacht na teanga sa chomhthéacs ábharbhunaithe. Breathnófar mar chuid d’fhothéamaí an téama seo ar chreidiúintí agus ar thuiscintí an mhúinteora i leith ról agus feidhm na teanga sa chleachtas ábharbhunaithe mar aon le neamhdhiongbháilteacht teanga an mhúinteora agus an tionchar atá aige seo ar chur i bhfeidhm na hidé-eolaíochta comhtháite.

5.2.1 Ról na Teanga sa Teagasc Ábharbhunaithe

Tá sé mar chonstaic leanúnach ag an gcóras tumoideachais iar-bhunleibhéil in Éirinn múinteoirí a bhfuil na hinniúlachtaí éigeantacha teanga acu a earcú agus a choimeád (Mac Donnacha *et al.* 2005; Máirtín 2006; Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021; Ní Thuathaláin 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019ab; Ó Grádaigh 2015; Ó Lionáird 2020). Seo ráite, bhí le tuiscint don taighdeoir ó thús na tréimhse bailithe sonraí gur eiseamláirí luachmara ar dhea-úsáid na Gaeilge, sa chumas labhartha go háirithe, a bhí sna rannpháirtithe ar cainteoirí dúchais iad agus rannpháirtithe nach cainteoirí dúchais iad araon. Bíodh is nach raibh ach measúnú neamhfhoirmiúil déanta ag an taighdeoir ar inniúlachtaí teangeolaíocha rannpháirtithe, gné a aithnítear mar teorainn taighde ann féin, thángthas ar an toradh dearfach seo agus ardchaighdeán Gaeilge mar mheán cumarsáide ag na rannpháirtithe leis an taighdeoir, le rannpháirtithe eile mar aon lena gcuid foghlaimeoirí. Cloíonn an breithiúnas seo le moladh de chuid na Roinne Oideachais do scoileanna na *Scéime Aitheantais* (2021a), áit ina bhfuil sé ‘...thar a bheith tábhachtach go mbeadh na scoláirí ag éisteacht le Gaeilge ar ardchaighdeán ionas gur féidir leo múnlaí cainte agus frásaí dúchasacha a aithint agus a aithris, chomh maith le stór saibhir focal a shealbhú’ (86). Dhealródh sé, mar sin, go raibh daltaí na rannpháirtithe nochta d’eiseamláirí teangeolaíocha sa tumtheanga sa rang Eacnamaíochta Baile.

Sa treis ar bhreathnú an taighdeora, léiríodh mianta soiléire i leith lárnacht an lántumtha sa rang Eacnamaíochta Baile, mar a mhínítear sna teistiméireachtaí thíos:

Yeah so nuair atá mé ag pleanáil, na nótaí mar shampla, tá mé ag iarraidh a bheith chomh cruinn agus atá mé in ann agus mé ag aistriú agus úsáidim na focail a úsáideann na scoláirí le cinntiú go dtuigfeadh siad é agus cinntiú nach mbeidh siad ag brath ar an mBéarla, ar bhealach, so muna dtuigeann siad coincheap deacair atá sa leabhar you know cuirim é i mbealach atá níos éasca le foghlaim.

(Éabha - Agallamh #1)

Is dóigh liom sa chéad bhliain go mbíonn corrphocal ann so mar shampla uirlis...bheadh cleachtadh acu ar an 'whisk' ach déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mbeadh na téarmaí Gaeilge acu, mar sin a bheidh uathu sa scrúdú.

(Ciara - Agallamh #1)

Bainim úsáid as foclóir nó teaglann go minic le cinntiú go bhfuil an litriúchán i gceart agam agus nótaí nó PowerPoint á ullmhú agam...ach cé nach féidir liom go bhfuil sé 100% i gcónaí, déan deimhin de nach bhfuil (an múinteoir ag gáire), measaim go bhfuil sé tábhachtach go gcíonn na daltaí go bhfuil tú sórt ag iarraidh é sin a chur chun tosaigh.

(Deirdre - Agallamh #1)

Déanaim iarracht a chinntiú go bhfuil an t-ábhar ar fad i nGaeilge agam do na ranganna agus nach mbíonn sé sórt leath agus leath nó aon rud mar sin.

(Máire - Agallamh #1)

Ina fhianaise seo, d'aithin rannpháirtithe go raibh sé de fhreagracht orthu a chinntiú go mbeadh an lán tumadh á chur i ngníomh sa rang ábhair, cé nár úsáideadh téarmaíocht an tumtha le cur síos a dhéanamh ar na cinntí oideolaíochta céanna. Freagraíonn sé seo do chritéir cháilitheachta theangabhunaithe na *Scéime Aitheantais* tríd an gcur chuige lán tumtha a dhearbhuí thar achar an churaclaim (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2016a). Sa treis air seo, dhealraigh rannpháirtithe sna sleachta thuasluaite go ndéantar cúram go minic do cheartúsáid na teanga agus na saintéarmaíochta agus iad i mbun pleanála, gné a léirigh dúthracht rannpháirtithe le go mbeadh scoth na Gaeilge mar bhonn an tsoláthair. Aontaíonn an méid seo le táscaire dea-chleachtas de chuid an *POG* ina bhfeictear chuige go mbeadh múinteoirí na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta ag gabháil do thimpeallacht shaibhir theangeolaíoch a chothú (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020).

D'ainneoin creidiúintí tacúla a bheith léirithe i dtreo bhunphrionsabail an lán tumtha trí chéile, ní raibh dearcthaí i gcónaí chomh comhlíontach céanna nochta mar a bhain le teagasc

na teanga a iompar ina dhualgas gairmiúil. Sin ráite, shonraigh leath de na rannpháirtithe (n=3) tuairimí fabhracha ina leith:

Sílímse go gcaithfidh achan múinteoir ní hamháin na múinteoirí Gaeilge mar gur rud uile scoile atá ann.

(Méadhbh - Agallamh #1)

I think go bhfuil an dualgas ar gach múinteoir sa rang agus níl a fhios agam just gur múinteoir Gaeilge mise freisin, go gcuirim béim ar an teanga agus an ghramadach.

(Éabha - Agallamh #1)

Tá cinnte, agus sin an rud ina bhfuilimidne ag iarraidh a chur in luí ar na múinteoirí ar fad go bhfuil an dualgas orainn ar fad anois agus ní díreach na múinteoirí Gaeilge y'know.

(Deirdre - Agallamh #1)

Ar ndóigh, ní gach rannpháirtí a bhí ar aon intinn faoi thosaíocht an dualgais seo ná na slite ab fhearr leis an gcúram a thabhairt chun críche:

Yeah tá sé mar chuid den ról anois, go cinnte, ach fós ní bheifeá really 100% faoi conas é sin a dhéanamh nuair atá tú faoi bhrú leis an gcúrsa Eac. Bhaile a chlúdú.

(Máire - Agallamh #1)

Bhuel I mean tá rudaí a chaitheas múinteoirí Eac. Bhaile a dhéanamh agus tá rudaí a chaitheas an múinteoir teanga a dhéanamh chomh maith, a cuid ábhair féin...caithfidh siad an dán a dhéanamh, caithfidh siad an úrscéal a dhéanamh...tá an fhreagracht orainn uilig ar bhealach ach nílím cinnte cé leis a luíonn sé.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

Ba í Ciara an t-aon rannpháirtí a luaigh, go lom, nár cheart go mbeadh sé de dhualgas ar an múinteoir Eacnamaíochta Baile an ghnóthachtáil sa Ghaeilge a chur chun cinn go comhuaineach le gnóthachtáil an ábhair:

Ní dóigh liom le bheith fírinneach...tá an t-ualach atá orainn an-mhór an t-ábhar a chlúdú, gan Covid san áireamh.

(Ciara - Agallamh #1)

I bhfianaise na dtuairimí seo, ba léir éagsúlachtaí i measc na rannpháirtithe agus an cheist seo á plé. Cé go bhféadfaí a mhaíomh ar lámh amháin gur thacaigh tromlach na rannpháirtithe (n=5) le táscaire dea-chleachtas an *POG* ina n-éilítear ar gach múinteoir ábhair féachaint orthu féin mar mhúinteoir teanga (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020), sonraíodh go leor neamhchinnteachta agus teannais mórtimpeall ar an

gcomhshnaidhmeadh céanna. Dar le rannpháirtithe, baineann an t-achrann oideolaíochta seo, go príomha, le srianta agus le bainistithe ama i ndáil le soláthar agus le héilimh an ábhair acadúil, toradh nach bhfuil coimhthíoch ó thorthaí mórán staidéar tumoideachais eile (Ball 2018; Cammarata agus Tedick 2012; Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Perez-Cañado 2015; Uí Ainiféin 2015; Uí Mhurchú 2021). Mar sin, agus faoi mar a léireofar go mion ar ball, feictear rannpháirtithe gafa le seachadadh an ábhair acadúil mar phríomhchúram oideolaíochta. Is cur chuige é seo a chuireann dearcadh fíorchúng faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim i gcoitinne sa chóras oideachais Ghaeltachta in iúl.

Agus é léirithe ag rannpháirtithe go nuige seo go mbíonn cúram an ábhair agus cúram na teanga de shíor ag tarraingt in aghaidh a chéile sa seomra ranga tumoideachais, iarradh ar rannpháirtithe le linn na chéad idirghabhála taighde sainréimsí teagaisc an mhúinteora Ghaeltachta a shainiú:

Tugadh deis do mhúinteoirí an cás-staidéar⁶⁰ a phlé i mbeirteanna chun teacht ar shainseiceanna agus saintuiscintí an mhúinteora ábhair sa chomhthéacs Gaeltachta. Aithníodh (1) ullmhúchán, pleanáil agus tuiscintí sainiúil d'eolas an ábhair (.i. curaclam nó sonraíocht an ábhair), (2) cumas maith teanga a bheith ag an múinteoir do reáchtáil na ranganna ábhair trí mheán na Gaeilge (.i. teanga ghairmiúil na hoideolaíochta) agus (3) saintearmaíocht an ábhair a bheith ar a dtail ag an múinteoir mar na scileanna agus tuiscintí is mó de dhíth. Níor thagair aon phéire do mhodhanna múinte ná tuiscintí a dhírigh ar oideolaíocht na teanga ná oideolaíochtaí sonracha do chomhtháthú an ábhair agus na teanga.

(Dialann an Taighdeora - Timthriall #1)

Le linn na gníomhaíochta seo d'éirigh le rannpháirtithe mórán sainréimsí teagaisc ábhartha agus riachtanacha a aithint. Cé go ndearna rannpháirtithe suntas don eolas d'inniúlacht theangeolaíoch measartha leordhóthanach a bheith ag an múinteoir (.i. EÁ-T - Eolas ar an Ábhar sa Teanga), chomh maith le tuiscintí forbartha i dtaca le gnéithe léacsacha agus

⁶⁰ Bunaíodh an cás-staidéar ar chró-inniúlachtaí teagaisc an mhúinla EOÁ-C (Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite) (féach mír 3.3.5 mar aon le hAguisín Y).

séimeantacha an ábhair (.i. EÁ-T/Á - Eolas ar an Ábhar sa Teanga agus sa réimse Ábhair), is beag tagartha a rinneadh d'eolas oideolaíochta na teanga (.i. EOÁ-T - Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga agus EOÁCÁT - Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga). Leis sin, nocht na torthaí seo go raibh tuiscintí rannpháirtithe i leith na sainréimsí teagaisc EOÁ-T agus EOÁCÁT neamhfhorbartha.

D'aibhsigh faisnéis na rannpháirtithe freisin go mbíonn cinní maidir le pleanáil agus le teagasc déanta acu bunaithe ar an ábhar agus ar an ábhar acadúil go príomha. Maítear gurb amhlaidh atá i ngeall ar fheidhm na teanga a bheith teoranta do mheán an tsoláthair amháin. Tagann an easpa feasachta faoi chaibidil i ndáil le cúram oideolaíochta na teanga lasmuigh den mheán cumarsáide le staidéir thumoideachais eile trasna chontanam an tumoideachais sa chomhthéacs lán-Ghaeilge agus Gaeltachta faoi seach (Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Ó Ceallaigh *et al.* 2019ab; Ó Laoire *et al.* 2021). Ar an dul céanna, tá tuairim measartha leitheadach ann nach mbainfí leibhéal innhianaithe inniúlachta teanga amach sa tumtheanga trí ábhar a theagasc trí mheán na spriotheanga amháin (Cammarata agus Haley 2018; Cammarata agus Tedick 2012; Genesee agus Lindholm-Leary 2013; Lyster 2007; Snow *et al.* 1989).

Dá réir, tá cruthaithe sa ghort go bhfuil olltábhacht ag baint le cur chuige cúitithe ábharbhunaithe ina ndírítear ar bhrí (ábhar) agus ar theanga (foirm) araon (Lightbown agus Spada 2013; Lyster 2018, 2007; Ní Aogáin agus Ó Duibhir 2022, 2021; Ó Ceallaigh 2020a, 2016, 2013; Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Ó Laoire *et al.* 2021; Tedick agus Lyster 2020). D'fhocail shimplí, agus dá ainneoin na báúlachta léirithe don Ghaeilge mar spriotheanga an teagaisc agus na foghlama, léiríodh gur beag tuisceana a bhí ag rannpháirtithe i leith na sainréimsí teagaisc sainiúil d'oideolaíocht na teanga sa

teagasc ábharbhunaithe, agus a ríthábhachtaí is atá forbairt na n-inniúlachtaí céanna le cur chuige comhshnaidhmeach ábhar agus teanga a chuimsiú sa chleachtas oideolaíochta.

Cuimsítear i bhFíor 5.1 mórphointí ábhartha an fhothéama seo i gcomhthéacs na gceisteanna taighde (.i. creidiúintí agus tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga):

- *Thuig rannpháirtithe go raibh sé de fhreagracht orthu a bheith ina samhlacha agus ina n-eiseamláirí tumtheanga do dhaltaí an chórais.*
- *Chreid rannpháirtithe go raibh sé mar chuid dá ndualgais ghairmiúla go mbeadh an Ghaeilge mar mheán an teagaisc agus na foghlama sna ranganna ábhair.*
- *Léiríodh tuiscintí tearcfhorbartha i measc rannpháirtithe i ndáil le saincileanna an mhúinteora ábhair leis an gcleachtas ábharbhunaithe a chur chun cinn de réir shainréimsí teagaisc an mhúnla EOÁ-C.*

Fíor 5.1: Ról na teanga

Díreofar sa chéad fhothéama eile ar neamhdhiongbháilteacht teanga na rannpháirtithe mar a bhain lena n-eolas meitheangeolaíoch sa teanga, agus tionchar na mbearnaí eolais sin ar a dtuiscintí agus ar a gcreidiúintí ábharbhunaithe.

5.2.2 Neamhdhiongbháilteacht Teanga an Mhúinteora

Feictear níos mó tráchttaireachta sa ghort idirnáisiúnta agus náisiúnta le dornán blianta anuas ar an inní a léiríonn múinteoirí tumoideachais ar chruinneas a n-úsáide teanga féin, nó an neamhdhiongbháilteacht teanga mar is fearr aithne air sa litríocht (Day agus Shapson 1996; Fahey 2022; Fortune *et al.* 2008; Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ní Dhiorbháin

2017; Ní Dhiorbháin *et al.* 2020; Ó Ceallaigh 2016). Ar an ábhar sin, shonraigh formhór na rannpháirtithe (n=5) go raibh easpaí agus laigí sonracha ina gcuid eolais faisnéiseach teanga:

Níl muinín agam i mo cuid feasacht i dtaobh gramadach agus ehm...chomh maith leis sin cuirim an-chuid de am amú ehm...sort ag 'second guessing' An é sin an rud ceart? An bhfuil seo mícheart? An bhfuil mé...an bhfuilim ag rá é seo ach scríobhann tú é seo?

(Éabha - Agallamh #1)

I suppose no...ní bheinn iontach muinéeach as an ngramadach. Like is maith liom frásaí canúnacha agus rudaí mar sin...but I suppose ní bheinn cinnte faoi...abair...gach aon píosa den tuiséal ginideach mar shampla.

(Máire - Agallamh #1)

Bíodh is go léiríonn Éabha agus Máire meas ar an mbeachtas teangeolaíoch, insítear go raibh féinbhraistint lag acu maidir lena n-eolas meititheangeolaíoch féin. Ar a bharr sin, tagraíonn na rannpháirtithe seo a leanas don amhras a eascraíonn as a gcuid easnamh teangeolaíoch a nochtadh os comhair ranga nó os comhair comhghleacaithe teagaisc:

...ach 'sé an fhadhb atá agamsa ná an cruinneas scríofa, níl aon dabht ansin agus cuireann sé faitíos orm féin agus níl mise compordach a bheith ag úsáid téarmaíocht scríofa nuair nach bhfuil an cruinneas agam féin, so tá sé deacair...agus tá's agam go raibh pleananna ann sa scoil anuraidh le fócas na seachtaine⁶¹ ach níor thuig mé féin fócas na seachtaine so cén bealach go raibh mise in ann cur ina luí ar na scoláirí faoi bhriathra agus rudaí nach mbeadh cliú agamsa.

(Ciara - Agallamh #1)

...ach y'know uaireanta nílimid féin á litriú i gceart mar sin tá sé deacair a rá leobsan.


(Bláthnaid - Agallamh #1)

Meon é, cúthail, like tuigim ceann de na rudaí a dhéanfadh mé cúthaileach ná nílím róchinnte an bhfuil sé ceart...ní theastaíonn uaim rudaí (acmhainní) a roinnt ar dhaoine (múinteoirí eile) atá mícheart ach roinnfinn é agus deirim ceartaigh é seo beidh botúin ann agus d'fhéadfainn a rá oh bhuel tá botún ann d'aon ghnó (an múinteoir ag gáire).

(Deirdre - Agallamh #1)


D'aithin an taighdeoir gur músclaíodh go leor inní agus bréagchúthaileachta i measc an tsampla faoi chlampar an chruinnis, agus achoimre d'eochairthéarmaíocht an fhaitíos faoi chaibidil le sonrú i bhFíor 5.2:

⁶¹ Is straitéis uile scoile í seo ina spreagtar baill teagaisc le haird na ndaltaí a dhíriú ar ghné áirithe ghramadaí in aghaidh na seachtaine thar achar an churaclaim. Crochtar samplaí agus míniúcháin shothuigthe den riail faoi chaibidil mórthimpeall na scoile chun tacú le pobal na scoile an chruinnúsáid a chur chun cinn.



Fíor 5.2: Neamhdhiongbháilteacht teanga i leith an chruinnis (curtha in oiriúint ó uirlisí éagsúla)

B'fhollas, mar sin, go raibh rannpháirtithe in easpa muiníne maidir lena gcumas féin sa chruinneas teangeolaíoch, nó san eolas ar an ábhar sa teanga (.i. EÁ-T). Ní hamháin sin ach chuir a leithéid de neamhdhiongbháilteacht teanga isteach ar a bhféinmhuinín chun tabhairt faoi ghnéithe den TFD sa chleachtas teagaisc (Fíor 5.3).



Fíor 5.3: Muinín rannpháirtithe díriú ar an bhfoirm theangeolaíoch

Mar a léireofar níos faide anonn sa chaibidil seo, shoiléirigh an t-aon rannpháirtí a luaigh go raibh sí muiníneach as a cuid EÁ-T nach raibh sí iomlán cinnte faoi na bealaí ab éifeachtaí le tascanna oideolaíochta éifeachtacha a dhearadh bunaithe ar an eolas céanna.

Tagann torthaí an chéad cheistneora go baileach le seasamh scoláirí idirnáisiúnta sa ghort a mhaíonn go gcuireann easnaimh shuntasacha in eolas ábhair na teanga srian le cumas agus le héifeachtacht an mhúinteora tumoideachais tabhairt faoi theagasc rathúil na foirme (Andrews 2007; Borg 2005; Fortune *et al.* 2008; May *et al.* 2004; Tedick agus Lyster 2020). Sa mhullach air sin, áitíonn taighdeoirí dúchasacha tumoideachais go mbíonn leibhéal ard feasachta teanga de dhíth ar an múinteoir tumoideachais má táthar le díriú go córasach, agus go muiníneach go deimhin, ar ghnéithe éagsúla d'oideolaíocht na teanga (Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ó Ceallaigh 2020a; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Laoire *et al.* 2021). Os rud é go bhfuiltear ag súil leis go mbeadh gach múinteoir ábhair ina mhúinteoir teanga sa chóras oideachais Ghaeltachta, tá gá, mar sin, go bhforbródh an múinteoir tumoideachais ardinniúlacht i leith a chuid eolais ar an ábhar sa

teanga mar réamhriachtanas ar an gcumas oideolaíochta teangabhunaithe a thabhairt chun críche go rathúil.

Tháinig téama ilghnéitheach an chruinnis aníos arís eile san idirphlé gairmiúil ag an dara hidirghabháil taighde. D'fhiafraigh Ciara den aoichainteoir ar cheap sí gur sprioc shodhéanta a bhí i mbaill teagaisc uile na scoile a mhisniú leis an gceartúsáid a chur chun cinn má bhíonn leibhéil éagsúla inniúlachta le sonrú ina leith:

Aoichainteoir: Ceapaim go mbaineann sé le muinín an mhúinteora ar aon nós agus y'know tá roinnt múinteoirí agus is cainteoirí dúchais iad agus tá múinteoirí eile agus b'fhéidir go raibh siad i scoileanna Gaeltachta ar feadh na blianta nó Gaelcholáistí agus tá's acu nach bhfuil siad go hiomlán ó thaobh an chruinnis de, ach tá siad breá sásta ó thaobh labhairt na teanga agus bíonn siadsan sásta é a phlé agus a rá le scoláirí 'táimse ag foghlaim chomh maith, nílím 100% cinnte ach déanfaimid é sin a sheiceáil' ...ach tá múinteoirí eile ann agus níl an mhuinín acu an stuif sin a phlé.

*Ciara: Ceapaim gurb é an rud sin faoi mhuinín, formhór de na múinteoirí sa scoil s'againne is cainteoirí dúchais iad, ach tá cuid acu seo...is dócha go bhfuil an iomarca Gaeilge acu (an múinteoir ag gáire)...so má chuireann mise fiú póstaer sa seomra foirne nó pé rud é fhéin, d'fhéadfadh le ***** teacht i mo dhiaidh le biro dearg agus cé go bhfuil mise ag caint Gaeilge le X bliain an-tapaiddh tiocfaidh 'siad' i do dhiaidh.*

*Deirdre: Na ***** Gaeilge an ea?*

Ciara: Oh a mhaighdean tá siad i ngach áit!

*Aoichainteoir: Tá an rud céanna tar éis tarlú in ***** chomh maith agus is dócha is é sin an chúis nach mbíonn daoine sásta triail a bhaint as mar ní fheadar an gceapann siad go mbaineann céimniúlacht leis...go bhfuil daoine áirithe níos fearr ná daoine eile.*

(Idirphlé gairmiúil - Idirghabháil taighde #2)

Cé gur dearfach an ní é go bhfuil ann do mhúinteoirí áirithe sa chomhthéacs T1 a bhíonn sásta dúshlán theangeolaíoch a phlé i gcomhréir lena gcuid daltaí go hoscailte, agus cultúr foghlama agus saibhrithe teanga cothaithe sa seomra ranga mar thoradh ar scagaire íseal mothúchánach a bheith acu (Krashen 1985), tuigtear go mbíonn cuir chuige níos díri nó níos boirbe fiú ag múinteoirí eile leis an gcrúinneas teangeolaíoch a thabhairt chun críche. Ar ndóigh, bíodh is go bhfuil na súile géire gramadaí seo le moladh le dlús a chur faoi chultúr an bheachtas san iar-bhunscoil Ghaeltachta, is ábhar inní é san am céanna go bhféadfadh

lena leithéid d'iompar lagmhisneach a chur ar mhúinteoirí a bhíonn ag gabháil go céimniúil don phróiseas forbartha mar eiseamláirí tumtheanga, go háirithe iad siúd atá scagaire ard mothúchánach acu.

Cuirtear suim sa bhlúirín thuasluaite a thagraíonn d'ábhar an chruinnis i measc múinteoirí ar cainteoirí dúchais iad. Insíodh sa sleacht seo cé go mbíonn scil na labhartha ar a dtoil acu nach mbítear lánmhuinéach i gcónaí faoi chruinneas a n-úsáide. Thairis sin, tuigtear ó ionstraimí éagsúla an taighde gur léirigh triúr rannpháirtithe taighde arb í an Ghaeilge an chéad teanga acu féinbhraistint lag i leith na ceartúsáide. Tagann an toradh seo le taighde Flynn (2021) a mhaígh gur '...in ainneoin a gcumas labhartha sa teanga, nach mbíonn tuiscint mhaith i gcónaí ag cainteoirí dúchais ar chúrsaí gramadaí' (152). Sa mhullach air sin, tacaíonn staidéir de chuid Ní Chathasaigh agus Uí Cheallaigh (2021), Ní Dhiorbháin *et al.* (2020) agus Uí Cheallaigh (2016) araon leis an mbreithiúnas céanna ar an mbonn gur léirigh faisnéiseoirí a gcuid taighde, a bhí idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimoirí teanga, go mbíonn siad ag mothú inníoch agus cúthaileach maidir lena n-úsáid teanga féin. Sin ráite, agus dar le He agus Lin (2018), maítear nach coincheap neamhghnách é i ngort na foghlama teanga go mbeadh ardinniúlacht ag an múinteoir mar úsáideoir teanga fad is atáthar ag gabháil don phróiseas éabhlaithe mar anailíseoir teanga. Dá bhrí sin, ní tharlaíonn sé i gcónaí go mbíonn gach aon chainteoir dúchais ina (h)anailíseoir teanga, in ainneoin go bhfuiltear so-aitheanta ina n-úsáideoirí cumasacha teanga i gcomhthéacsanna cumarsáide. Tríd is tríd, nochtar sa mhír seo nach le múinteoirí tumoideachais arb í an Ghaeilge an dara teanga acu amháin a shamhlaítear neamhdhiongbháilteachtaí teanga.

Mhínigh rannpháirtithe taighde ar cainteoirí dúchais iad na réasúnaíochtaí ba bhonn lena gcuid laigí in eolas faisnéiseach na teanga, ag cur béim nach beag ar an gcur chuige oideolaíochta le linn a n-óige:

...mar shampla domsa bhí mo chuid oideachais ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal trí Ghaeilge ach níor múineadh an litriú foirmeálta ná an cruinneas sin ar chor ar bith...is ar aon chaoi a chuimhníonn ar na briathra...go dtí an lá inniu cuireann an litriú Gaeilge faitíos orm.

(Ciara - Agallamh #1)

Ní bhfuairamar mórán 'de' sa mheánscoil mar bhí sé sórt leabaithe istigh againn.

(Deirdre - Agallamh #1)

Cuireann faisnéis na rannpháirtithe seo in iúl nár díródh ar theagasc foirmiúil na teanga le linn a gcuid scolaíochta (.i. TFD). Is toradh é seo a dhéanann macalla ar thaighde Ní Dhiorbháin *et al.* (2020) i leith thaithí iarbhír cainteoirí dúchais ach gné a léiríonn ann féin gur coincheap measartha nua oideolaíochta a bhí sa TFD do rannpháirtithe taighde.

Díol spéise i sleacht Dheirdre thuasluaite ná an tagairt a rinneadh do choincheap na smután teanga nuair a shonraigh sí go raibh '*an teanga leabaithe istigh*' iontu. Is ionann smután teanga agus aonaid nó sraitheanna focal a bhíonn sealbhaithe ag an úsáideoir ach gan aon chur amach a bheith acu ar na rialacha nó na struchtúir atá mar bhunús leo (Tedick agus Lyster 2020). Dealraíonn Andrews (2008) go mbíonn na giotaí céanna úsáideach nuair a éilítear ar an úsáideoir cumarsáid a dhéanamh go pras ach go mbíonn a bhfiúntas teangeolaíoch teoranta don mhéid céanna. Tugann Éabha mionchuntas ar an gcoincheap céanna ach ó dhearcadh an mhúinteora ábhair atá ina foghlaimeoir teanga:

...ach ní cainteoir dúchais mise, as in d'fhoghlaim mé an Ghaeilge, so tuigim na rialacha. So ceapaimse le cainteoirí dúchais, déanann siad dearmad ar an ngramadach, you know it's kind of like oh well tá sé sin ar eolas agaibh cause deireann siad ó 'timpeall an tí' ní chaithfidh tú a mhíniú well you know sin 'tí' mar gheall ar an tuiseal ginideach...i scoileanna Gaeltachta tá sé chomh nádúrtha agus is...but I suppose ní bhíonn siad ag caint faoi 'Oh an tEarrach, tá sé baininscneach, tá sé firinscneach.'

(Éabha - Agallamh #1)

D'fhéadfaí a áitú, de réir na teistiméireachta seo, go dtéann taithí Éabha i gcoinne na tráchtairachta litríochta go dtí seo ar inní an mhíchruinnis i measc cainteoirí dúchais i ngeall go bhfacthas di go sealbhaíonn cainteoirí dúchais óga foirm chruinn na teanga go neamhchomhfhiosach. Cé is moite den inmheánú baileach, áitítear sa taithí chéanna nach iondúil do chothú an chruinnis a bheith ina thosaíocht oideolaíochta ag an gcóras oideachais Ghaeltachta. Tugann scoláirí éagsúla an ghoirt réasúnaíocht ar an méid céanna nuair a mholtar nach nós do mhúinteoirí tumoideachais suntas oideolaíoch a dhéanamh don chruinneas teangeolaíoch nuair a bhíonn cumas leordhóthanach cumarsáide bainte amach ag foghlaimeoirí le hionramháil a dhéanamh ar an ábhar acadúil (Andrews 2008; Day agus Shapson 1996; Ó Laoire *et al.* 2021; Uí Mhurchú 2021). Sa mhullach air sin, aithnítear go bhfuil bunaithe go daingean mar nósmaireacht ag an gcomhthéacs dúchasach gur tábhachtaí don fhoghlaimeoir brí an ábhair seachas cruinneas na teanga a thabhairt slán (Flynn 2021; Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ní Thuairisg 2014; Ó Laoire *et al.* 2021; Uí Mhurchú 2021). D'fhéadfaí a áitú, de réir an toraidh seo, go bhfuil athrú ó bhonn de dhíth ar an dearcadh oideolaíochta seo má táthar le cur chuige ábharbhunaithe a leabú sa chleachtas teagaisc.

Cuimsítear i bhFíor 5.4 mórphointí ábhartha an fhothéama seo i gcomhthéacs na gceisteanna taighde (.i. creidiúintí agus tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga):

- *Shonraigh formhór na rannpháirtithe (n=5) neamhdhiongbháilteachtaí i leith chruinneas a n-úsáide teanga féin.*
- *Bhraith triúr rannpháirtithe arbh chainteoirí dúchais iad go leor inmí maidir lena gcuid eolais fhaisnéisigh teanga.*
- *Ní raibh ach rannpháirtí amháin muiníneach as a cumas i leith aird a dhíriú ar mhíniúcháin mheititheangeolaíocha le linn theagasc sainábhair.*
- *Nocht rannpháirtithe gur cur chuige measartha nua é an TFD i gcomhthéacs foghlama na mionteanga.*

Fíor 5.4: Neamhdhiongbháilteacht teanga an mhúinteora


Aithnítear go follasach ón méid atá pléite go nuige seo a thábhachtaí is atá an gá le hoideachas agus le foghlaim ghairmiúil shainchuspóireach a chur ar fáil do mhúinteoirí ábhair i gcomhthéacs foghlama na Gaeltachta leis na tuiscintí agus creidiúintí éigeantacha a chothú agus a shaibhriú i leith choincheap an teagaisc ábhairbhunaithe. Leis sin, féachfar go mion sna míreanna a leanas ar oiriúnacht chontanam oideachais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i ngeall ar an gcleachtas céanna a thabhairt chun críche go rathúil.

5.3 Oideachas an Mhúinteora Eacnamaíochta Baile

Breathnófar sna míreanna a leanas ar ghéaga éagsúla d'oideachas rannpháirtithe sainiúil do tuiscintí agus do chreidiúintí éagsúla an teagaisc ábhairbhunaithe. Pléifear i dtosach báire an oiliúint san oideachas tosaigh. Cíorfear ina dhiaidh sin soláthar agus oiriúnacht na foghlama gairmiúla do mhúinteoirí an chomhthéacs oideachais Ghaeltachta agus ar deireadh tabharfar aghaidh ar an bhfoghlaim ghairmiúil saincheaptha de chuid na *Scéime Aitheantais*.

5.3.1 Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Luadh sa léirbhreithniú litríochta go bhfuil an cur chuige cúitithe teagaisc, cur chuige a dhíríonn go córasach ar theagasc an ábhair agus ar theagasc na teanga go comhuaineach ag croílár cláir rathúla thumoideachais (Cammarata agus Tedick 2012; Lyster 2007; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Ó Ceallaigh *et al.* 2019ab). Os a choinne sin, tuigtear go bhfuil luaite mar cheann de na constaicí is mó roimh a leithéid de chur chuige teagaisc ná an t-ullmhú easnamhach le haghaidh oideolaíocht an tumoideachais sna cláir réamhoiliúna tosaigh (Cammarata agus Tedick 2012; Fortune 2012; Ní Shéaghdha 2010; Ó Ceallaigh *et al.* 2019ab; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Grádaigh 2015; Tedick 2022). Is i ngeall air seo nach suntasach an ní é gur shonraigh na rannpháirtithe uile nár ullmhaigh an clár oideachais tosaigh⁶³ iad le bheith ina gcleachtóirí tumoideachais éifeachtacha sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta, mar atá léirithe i bhFíor 5.5.



Fíor 5.5: Taithí oideachais tosaigh rannpháirtithe

Tagann taithí easnamhach na rannpháirtithe leis an litríocht idirnáisiúnta agus litríocht náisiúnta araon (Birnie agus Rice 2020; Cain 2019; Fortune 2012; Mac Donnacha *et al.*

⁶³ Tagraítear anseo do Choláiste San Aingeal, Sligeach mar phríomhsholáthróir reatha agus Coláiste San Caitríona, Cnoc Síóin, Baile Átha Cliath a dúnadh sa bhliain 2003. Níor mhór a lua go mbeidh an dara soláthróir oideachas tosaigh san Eacnamaíocht Bhaile ar an bhfód faoi Mheán Fómhair na bliana 2023 (Coláiste Mhuire gan Smál, Campas Phádraig, Durlas).

2005; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Ó Ceallaigh *et al.* 2019ab; Ó Grádaigh 2015; Tedick agus Lyster 2020). Tá dealraithe ag an lucht léinn nach ndéanann soláthar reatha na hoiliúna tosaigh freastal leordhóthanach ar na mbonn eolais oideolaíochta ná tacar scileanna atá de dhíth ar mhúinteoirí ábhair an chomhthéacs T1. |

Thug torthaí an chéad cheistneora le fios freisin go raibh Eacnamaíocht Bhaile mar phríomhábhar teagaisc ag rannpháirtithe uile an staidéir. Thairis seo, tharla go raibh cáilíochtaí foirmiúla i dteagasc na Gaeilge⁶⁴ ag ceathrar den seisear siúd. Sin ráite, ní raibh an Ghaeilge á múineadh ach ag beirt den cheathrar sin le linn na tréimhse bailithe sonraí. Cé nach bhfuiltear á mhaíomh sa chás seo gurb ionann cáilíocht teagaisc i múineadh na teanga agus na sainscileanna cuí a bhíonn de dhíth ar an oideachasóir tumoideachais i leith an teagaisc ábhairbhunaithe, tugann an taighdeoir suntas don ní go raibh rannpháirtithe, a raibh Gaeilge mar ábhar acu sa bhunchéim, ar aon ghuth nár rinneadh comhshnaidhmeadh ar bith idir an Ghaeilge agus an Eacnamaíocht Bhaile le linn na réamhoiliúna tosaigh:

Dar liomsa bhí an Ghaeilge agus Tíos⁶⁵ mar dhá ábhar difriúil ar an gcoláiste. Ní rinneadh nasc idir an dá ábhar, níor cuireadh aon acmhainní Tíos trí Ghaeilge ar fáil agus níor rinneadh tagairt leis an nGaeilge sna ranganna Tíos.

(Éabha - Agallamh #1)

Ní raibh aon nasc soiléir le feiscint idir an Ghaeilge agus Eac. Bhaile, bhí gach aon rud pléite dúinn trí Bhéarla agus bhí go leor fadhbanna ann d'éinne a bhí ag iarraidh níos mó a dhéanamh trí Ghaeilge.

(Deirdre - Agallamh #1)

Thaitin an dá ábhar liom nuair a bhí mé sa choláiste ach ní raibh aon chaint ar iad a thabhairt le chéile nó Tíos a mhúineadh i nGaeilge.

(Máire - Agallamh #1)

⁶⁴ Cáilíochtaí teagaisc i múineadh na Gaeilge aitheanta ag an gComhairle Múinteoireachta don chreidiúnú gairmiúil. Bhain triúr rannpháirtithe na cáilíochtaí seo amach mar chuid den chlár oideachais tosaigh.

⁶⁵ Is ionann 'Tíos' agus ainm logánta ar an Eacnamaíocht Bhaile.

Bhí le tuiscint ó na teistiméireachtaí seo gur chreid rannpháirtithe gur beag iarrachta a bhí le sonrú le linn an oideachais tosaigh i leith nasc tras-dhisciplíneach a chothú idir Eacnamaíocht Bhaile agus Gaeilge. Is ar an ábhar seo inar nocht beirt rannpháirtithe gur mithid do na soláthróirí oideachais tosaigh oiliúint shainchuspóireach i leith na riachtanas oideolaíochta sainiúil don chomhthéacs lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a chur ar fáil mar rogha d'ábhar oidí ina mbeadh sé de shuim acu dul i dtreo na múinteoireachta san earnáil T1:

Measaim nach rud an-mhór é iarraidh ar na háiteanna a bhfuil ag traenáil na múinteoirí ag an bliain deireanach nó pé am, go bhfuil an modúl don Cheard Teastas⁶⁶ nó modúl cosúil le sin ann...so nuair a bheidh an chéim acu tá 'id cáilithe nó I suppose ullmhaithe go hiomlán.
(Deirdre - Agallamh #1)

Ardaíonn sleacht Dheirdre nach mbíonn na tuiscintí cuí forbartha nó 'ullmhaithe go hiomlán' ag múinteoirí nua-cháilithe leis an Eacnamaíocht Bhaile a mhúineadh san earnáil T1 i ndiaidh dóibh an chéim san oiliúint tosaigh a bhaint amach. Ar a bharr sin, moladh go bhféachfaí chuige go soláthrófaí modúl sainchuspóireach dírithe ar éilimh theangeolaíochta agus oideolaíochta an chomhthéacs lán-Ghaeilge mar leigheas ar an mbearna chéanna.

Thagair Éabha don tacaíocht shaindeartha a bhíonn de dhíth ar ábhar oidí má bheartaíonn siad ar chuid dá socrúchán scoile a dhéanamh san earnáil lán-Ghaeilge:

*Like théadh muid amach chuig na Gaelcholáistí agus na Scoileannaí Gaeltachta ar TP⁶⁷, nó cibé ainm atá air anois, agus bhí an coláiste in ann daoine...bhuel duine nó beirt is dócha a chur chugainn agus Tíos á dhéanamh trí Ghaeilge...so like ní thuigim cén fáth nach raibh siad in ann rud ceart a dhéanamh roimh ré linn. I mean bhí ***** agus ***** an-mhaith chun treoir a chur ar fáil dúinn na pleans (pleananna ceachta) a scríobh as Gaeilge, le Blooms agus an stuif sin ach seachas sin ní raibh rud ar bith eile curtha ar fáil dúinn y'know.*
(Éabha - Agallamh #1)

⁶⁶ Tagraítear don TGMI anseo.

⁶⁷ Cleachtadh múinteoireachta nó 'Teaching Practice' sa Bhéarla.

Tuigtear ón tuairisciú seo gurbh ionann don tacaíocht nó scafláil a cuireadh ar fáil d'ábhar oidí roimh dóibh tabhairt faoi shochrúchán scoile sa chomthéacs T1 agus ionchur teagmhasach a bhain go saineúil le haistriúchán ar shaintearmaíocht na bpleananna ceachta amháin. Ardaíodh uaidh seo cad ina thaobh nach mbeifí in ann tacaíocht spriocdhírthe don tréimhse chleachtaidh seo a sholáthar agus teagascóirí saincheaptha le meastóireacht a dhéanamh ar an gcleachtadh teagaisc céanna. Dá bhrí sin, ní hamháin go n-aithníonn na rannpháirtithe bearnaí oiliúna ábhartha sa soláthar reatha ach soilsítear an easpa tuisceana ag an bpríomhsholáthróir oideachais tosaigh i ndáil le sainscileanna éigeantacha an mhúinteora Eacnamaíochta Baile sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta.

Thairis sin, b'fhollas go ndeachaigh an ceal airde ar shain-inniúlachtaí teagaisc an tumoideachais sa chlár oideachais tosaigh i bhfeidhm ar dhearcthaí rannpháirtithe nach raibh an Ghaeilge mar ábhar sa chéim acu go háirithe:

I mean táimid uilig anseo ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn chomh fada is a bhfuilimid in ann ach ag an am céanna is é Eac. Bhaile go bhfuilimid ag iarraidh a chur chun cinn thar aon rud eile.

(Bláthnaid - Idirghabháil taighde #1)

Nil aon fhadhb agamsa an Eac. Bhaile a mhúineadh trí Ghaeilge, taitníonn sé liom ar go leor bealaí ach tá an Eac. Bhaile féin mar thosaíocht againn, caithfidh sé a bheith mar sin againn má thuigeann tú leat mé?

(Ciara - Agallamh #1)

Feictear meon cúng, cosantach á chur in iúl ag rannpháirtithe anseo i leith sholáthar an ábhair acadúil in áit cur chuige comhtháite teagaisc idir ábhar agus teanga araon. Tagann na torthaí céanna lena bhfuil dealraithe ag Hoare agus Kong (2008) ar an mbonn go gcothaítear a leithéid de mheon aonfhócasach de bharr go gcoinnítear múinteoirí ábhair, trasna an chontanaim oideachais i gcoitinne, cuntasach faoi ghnóthachtáil acadúil na ndaltaí san ábhar go príomha. Tuigtear gurb amhlaidh atá i ngort saineúil an tumoideachais de thoradh go mbreathnaítear san oideachas tosaigh ar an tacar scileanna agus bonn eolais oideolaíochta a

éilíonn riachtanais oideolaíochta scoileanna príomhshrutha i gcomhthéacs na mórtheanga amháin (Dalton-Puffer *et al.* 2009; Evnitskaya agus Morton 2011; Morton 2016; Ó Laoire *et al.* 2021). Dá réir, áitítear go mbíonn d'iarmhairt fhéideartha ag an easpa freastail seo an chreidiúint a threisiú i measc múinteoirí gur speisialtóirí ábhair iad seachas múinteoirí tumoideachais, creidiúint a bhí le sonrú go láidir sna teistiméireachtaí thuasluaite. Mar sin, gan soláthar oideachais tosaigh atá lánfheasach ar éilimh an chomhthéacs Ghaeltachta dealraítear nach mbeidh sé ar chumas an ábhair oide na sainchreidiúintí, saintuiscintí ná sainscileanna oideolaíochta atá de dhíth orthu chun feidhmiú go lán-éifeachtach i mbun a gceirde a shealbhú go cruinn ná go hiomlán.

Cuimsítear i bhFíor 5.6 mórphointí ábhartha an fhothéama seo i gcomhthéacs na gceisteanna taighde (.i. creidiúintí agus tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga):

- *Shíl rannpháirtithe nár ullmhaigh an clár oideachais tosaigh iad le bheith ina gcleachtóirí éifeachtacha tumoideachais sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta.*
- *Chreid rannpháirtithe go raibh sé thar am do na soláthróirí oideachais tosaigh iar-bhunleibhéil oiliúint shaincheaptha a chur ar fáil d'ábhar oidí ar spéis leo dul i dtreo na múinteoireachta sa chomhthéacs T1.*
- *Threisigh an ceal airde ar shainréimsí teagaisc an chomhthéacs tumoideachais san oideachas tosaigh an dearcadh i measc rannpháirtithe áirithe gur speisialtóirí ábhair iad go príomha.*


Fíor 5.6: Oideachas múinteoirí

Díreofar anois ar ról na foghlama gairmiúla ar chreidiúintí agus ar thuiscintí rannpháirtithe i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga.

5.3.2 Foghlaim Múinteoirí

Luadh mar chuid de réimsí gnímh an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* go mbunófaí Diplóma Iarchéime san Oideachas trí mheán na Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal. Ina theannta sin moladh go gcuirfear le ‘...roghanna forbartha gairmiúla ar líne agus gearrthréimhseacha le haghaidh múinteoirí atá ag obair’ sa chomthéacs lán-Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2010: 15). Chuige sin, agus mar a luadh ní ba thúisce i gCaibidil 2, tá ann anois do chlár máistir (.i. an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta) agus clár iarchéime (.i. an Teastas Iarchéime sa Teagasc Ábharbhunaithe san Iar-bhunscolaíocht Lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta) mar thionscnaimh shaincheaptha forbartha gairmiúla d’oideachasóirí na hearnála lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.


Chonacthas ón gcéad cheistneoir taighde nach raibh oiread is rannpháirtí amháin i ndiaidh an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a bhaint amach (Fíor 5.7), in ainneoin an clár áirithe seo a bheith ar an bhfód le deich mbliana anuas agus tacaíocht mhaoinithe na Roinne Oideachais ar fáil d’iarrthóirí rathúla ón mbliain 2018 i leith.



Fíor 5.7: Taithí rannpháirtithe ar an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Sa mhullach air sin, cé nach raibh an Teastas sa Teagasc Ábharbhunaithe san Iarbhunscolaíocht Lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta ar bun faoin am inar dáileadh an ceistneoir ar rannpháirtithe taighde, tugadh le fios nach raibh aon rannpháirtí taighde mar chuid de chéad chohórt an chláir céanna. Sin ráite, tuigtear go raibh an gealltanais ama lasmuigh d'uaireanta scoile ina chonstaic ag an léiriú spéise céanna i measc rannpháirtithe a raibh mórán cúraimí gairmiúla agus pearsanta breise orthu. Cé is moite de neamhsuim na rannpháirtithe sna sainchláir réamhluaite d'fhéadfaí a áitiú go sáraíonn an soláthar dúchasach seo na seasaimh litríochta idirnáisiúnta agus náisiúnta a mhaíonn nach bhfuil foghlaim ghairmiúil iomchuí á soláthar do mhúinteoirí tumoideachais (Birnie agus Rice 2020; Cammarata agus Tedick 2012; Lyster agus Tedick 2014; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Tedick 2022; Tedick agus Wesley 2015).

Sa bhreis ar na cláir iarchéime thuasluaite, dhealraigh cúigear rannpháirtithe nár fhreastalaíodar san am roimh an tionscadal taighde seo ar fhoghlaim ghairmiúil a dhírigh ar a gcuid eolais ná scileanna teanga, mar atá i bhfianaise Fhíor 5.8.



Fíor 5.8: Taithí rannpháirtithe ar an bhfoghlaim ghairmiúil sa sprioctheanga

Shonraigh an t-aon mhúinteoir a luaigh ‘gur fhreastail’ ar a leithéid d’fhoghlaim ghairmiúil gur tugadh faoi dhiplóma sa Ghaeilge fheidhmeach tráth, oiliúint nár bhain go saineúil lena comhthéacs saineúil teagaisc ach leis an nGaeilge i gcomhthéacs níos leithne. D’ainneoin an cháilíocht bhreise seo a ghnóthú sa Ghaeilge fheidhmeach, mhínigh an rannpháirtí toisc an cháilíocht a bheith bainte amach aici breis is deich mbliana ó shin, nach raibh an mhuinín aici, le himeacht aimsire, i leith a cuid cruinnis teanga go pearsanta ná go gairmiúil. Ar an iomlán, mar sin, léirigh torthaí an chéad cheistneora nach nós do rannpháirtithe a bheith ag gabháil don fhoghlaim leanúnach, ar bhonn leanúnach, ar mhaithe lena gcuid sain-inniúlachtaí oideolaíocha agus/nó teangeolaíocha a shaibhriú.

In ainneoin neamhláithreachta na foghlama gairmiúla seachtraí i dtaithe ghairmiúil na rannpháirtithe, cuireadh in iúl don taighdeoir go raibh siad cleachtaithe ar réimse leathan d’acmhainní teanga a úsáid leis an gceartúsáid teanga a dheimhniú agus a thabhairt chun cuimhne chomh fada agus ab fhéidir leo:

San ollscoil is i mBéarla a rinne mé mo chéim, níl aon chéim agam sa nGaeilge y’know so táim ag dul siar go stuif na hArdteiste.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

Níl lá ar bith nach bhfuil orm teaglann nó foclóir.ie a sheiceáil amach chun a chinntiú go bhfuil mo litriú féin i gceart...so gur foghlaim leanúnach saoil is dóichí...rud a thuigim féin ...eh hello!(an múinteoir ag gáire).

(Ciara - Agallamh #1)

Bíonn an Fís agus Foghlaim⁶⁸ an-mhaith muna bhfuil tú cinnte faoi rud, ach caithfidh an téarmaíocht a bheith ar eolas agat leis an gceann ceart atá uait a fháil, is dócha sin an t-aon rud.

(Deirdre - Agallamh #1)

Tá mé ag úsáid an Ghaeilge a d'fhoghlaim mé ar an gcoláiste agus ag tógáil ar sin i gcónaí le mo thaighde fhéin m.sh. leabhair ghramadaí.

(Ceistneoir #1)

*Téim siar ar na nótaí a bhí agam agus mé i *ainm an choláiste* uaireanta nó féachaim ar nótaí gramadaí sna téacsleabhair.*

(Ceistneoir #1)

Cé gur dearfach an ní é gur shonraigh rannpháirtithe go dtéadh i muinín foinsí tagartha sa Ghaeilge, lena n-áirítear nótaí agus leabhair ghramadaí, foclóirí éagsúla ar líne mar aon le físeáin tacaíochta teanga ní thagann an fhoghlaim ghairmiúil áirithe seo le táscairí deachleachtas an *POG*. Tugann na táscairí áirithe seo suntas don sprioc go mbeadh múinteoirí na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta ag gabháil don fhoghlaim leanúnach teanga ar mhaithe le machnamh a dhéanamh, agus barr feabhais a bhaint amach, sna hinniúlachtaí teanga uile (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020). Sa mhullach air sin, dealraíonn na táscairí chomh maith céanna go dtacódh bainistíocht na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta le deiseanna oiliúna do mhúinteoirí i leith na n-inniúlachtaí teanga a rochtain (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020).

Ar an drochuair, ámh, agus mar atá i bhfianaise thorthaí an chéad cheistneora níor nós do rannpháirtithe freastal ar a leithéid d'fhoghlaim ghairmiúil a bhain go sonrach lena gcuid inniúlachtaí teanga a chothú. Ciallaíonn sé seo go bhfuil breis tacaíochta de dhíth ar lucht

⁶⁸ Is ionann *Fís agus Foghlaim* agus sraith de 50 físeán forbartha ag an eagraíocht/coláiste tríú leibhéal *Gaelchultúr/Coláiste na hÉireann* ina ndírítear ar chuid de na rialacha gramadaí is lárnaí sa Ghaeilge.

bainistíochta na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta rannpháirteach le deiseanna oiliúna den chineál thuasluaite a aithint chomh maith le cultúr agus feasacht na foghlama gairmiúla ó thaobh na teanga de a chur chun cinn. Áitítear go bhful tábhacht nach beag leis an méid céanna i ngeall go bhfeidhmíonn an ardinniúlacht theangeolaíoch mar réamhriachtanas éigeantach ar chumas an mhúinteora tumoideachais díriú ar oideolaíocht na teanga go héifeachtach (Fortune 2012; Lyster 2007; Ní Dhiorbháin *et al.* 2020; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2021; Uí Mhurchú 2021).

Sa bhreis ar an méid réamhnocha, tuigtear ó thuairimíocht na rannpháirtithe nach iad múinteoirí an chórais amháin a mbíonn tacaíocht teanga de dhíth uathu ach oideachasóirí an chórais i gcoitinne. Thagair rannpháirtithe in amanna don chumas míshásúil teanga i measc áisitheoirí oiliúna agus scrúdaitheoirí praiticiúla a thagadh chuig na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta go minic, agus cuntas ar an taití bherránach seo le sonrú sna sleachta seo a leanas:

Má bhíonn cruinnithe againn agus anois leis na MRBs⁶⁹ agus rudaí táim ag ceapadh go bhfoghlaimíonn na háisitheoirí i bhfad níos mó uainne agus i dtaobh even an teanga agus ní hamháin even na smaointí.

(Ciara - Agallamh #1)

Ní hé go bhfuilim á rá go bhfuil Gaeilge foirfe agamsa ach tharla sé cúpla babhta gur thuigeamar láithreach is dócha nach raibh an múinteoir a bhí linn an-chompordach labhairt linn as Gaeilge.

(Máire - Agallamh #1)

Tá sé (leibhéal míshásúil teanga scrúdaitheoirí an CSS⁷⁰) tarlaithe dúinne freisin ó thaobh scrúduithe praiticiúla de...tá sé an-éasca an bosca sin a ticeáil agus tú ag líonadh isteach an fhoirm sin 'an bhfuil tú in ann do chuid dualgais a dhéanamh trí Ghaeilge' ach ní mórán Gaeilge a bhíonn acu nuair a thagann siad anseo i ndáiríre.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

⁶⁹ Measúnuithe RangBhunaithe de chuid na Sraithe Sóisearaí.

⁷⁰ Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Tarlaíonn sé uaireanta, bíonn a fhios againn go mbíonn daoine ag teacht agus níl faic á rá acu léiríonn sé sin nach bhfuil siad ag iarraidh a bhéal a oscailt mar bheadh a fhios againn nach féidir leo (Gaeilge a labhairt).

(Deirdre - Agallamh #1)

Léiríonn rannpháirtithe go follasach a míshástacht i ndáil le caighdeán agus le hinniúlacht teanga na scrúdaitheoirí agus na n-áisitheoirí oiliúna ábhair, gné atá aibhsithe roimhe seo i dtaighde Ní Thuairisg (2020, 2014). Sa bhreis air sin, shonraigh na rannpháirtithe uile agus cúrsaí inseirbhíse ar bun acu, cúrsaí nó cnuaslaethanta bunaithe ar shonraíocht na Sraithe Sóisearaí den mhórchuid, nach mbíodh tagairt ar bith don teagasc comhtháite iontu agus ábhair na n-idirghabhálacha sonracha do theagasc an ábhair amháin:

...i ndáiríre nuair a bhuaílím le múinteoirí Eac. Bhaile ag na laethanta inseirbhíse or whatever ní bhíonn aon chaint ar chúrsaí teanga bíonn sé dírithe ar an Eac. Bhaile amháin.

(Deirdre - Agallamh #3)

No ní bhíonn siad ag caint ar Tíos agus Gaeilge a thabhairt le chéile.

(Máire - Agallamh #1)

Bíonn na laethanta sin bainteach leis an Eac. Bhaile ní ar rud ar bith eile agus bónas a bhíonn ann dúinne má tá an stuff ar fad acu i nGaeilge.

(Ciara - Agallamh #1)

Sa treis air sin, agus faoi mar atá aibhsithe i sleacht Chiara, is minic a d'úsáidítí acmhainní Béarla sna cnuaslaethanta céanna saincheaptha do mhúinteoirí Eacnamaíochta Baile an chomhthéacs T1.

Cnuaslá a bhí againn ar an...ar an Mháirt no ar an Aoine seo caite, bhí orainn measúnú a dhéanamh ar dhá nó trí rud chun tacú linn i dtaobh Eac. Bhaile a mhúineadh ach ní raibh an leagan Gaeilge ar fáil...fiú fós, you know, so bhí measúnú á dhéanamh againn ar acmhainn atá ar fáil as Béarla.

(Deirdre - Agallamh #2)

...ach fós níl na hacmhainní, fiú rudaí ón JCT, cuireann siad an chóip Béarla ar fáil and then caithfidh na múinteoirí Gaeilge ceist a chur an bhfuil cóip Gaeilge ar fáil, it's like caithfidh muid ceist a chur...eh just easpa tacaíochta go bunúsach.

(Éabha - Agallamh #1)

Léiríonn dearcthaí na rannpháirtithe thuas a mbunphrionsabail chreidimh láidre i dtaobh úsáid na teanga sa chomhthéacs lántumtha ar an mbonn gur ceart inniúlacht leordhóthanach teanga a bheith ag oideachasóirí agus ábhair thacaíochta an chórais i gcoitinne. Soiléiríonn an méid seo freisin, an easpa freastail, agus easpa tuisceana b'fhéidir, ag na heagraíochtaí nó seirbhísí tacaíochta foghlama do mhúinteoirí i ndáil le bunchlocha an tumoideachais éifeachtaigh. Cé go dtuigtear nach éasca do na heagraíochtaí céanna teacht ar oideachasóirí oiriúnacha le hinniúlacht shásúil teanga i gcónaí (Ó Lionáird 2020), ní thacódh an soláthar céanna le hiarrachtaí ná tiomantas múinteoirí chun an lántumadh a chur chun cinn go rathúil. Dá bhrí sin, is léir agus faisnéis na rannpháirtithe á gcíoradh gur minic do thábhacht na sprioctheanga agus idé-eolaíocht an teagaisc ábhairbhunaithe trí chéile a bheith imeallach san fhoghlaim ghairmiúil faoi chaibidil.

Cuimsítear i bhFíor 5.9 mórphointí ábhartha an fhothéama seo i gcomhthéacs na gceisteanna taighde (.i. creidiúintí agus tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga):

- *Ní raibh aon rannpháirtí i ndiaidh tabhairt faoi cheachtar den dá chlár iarchéime saincheaptha don chomhthéacs tumoideachais lán-Ghaeilge lena gcuid sain-inniúlachtaí oideolaíocha agus teangeolaíocha a shaibhriú.*
- *Ní raibh sé de nós ag rannpháirtithe (n=5) freastal ar fhoghlaim ghairmiúil leanúnach mar a bhain lena gcuid eolais ar an ábhar sa teanga a chothú.*
- *Sonraíodh nach raibh ag éirí le bainistíocht na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta rannpháirteach ina gcuid iarrachtaí le cultúr na foghlama gairmiúla ó thaobh na teanga de a chur chun cinn.*
- *Chreid rannpháirtithe go léirítear dímheas ar an lántumadh i gcomhthéacs oideachais na Gaeltachta nuair a earcaítear áisitheoirí foghlama gairmiúla agus scrúdaitheoirí ábhair gan inniúlachtaí leordhóthanacha sa tumtheanga.*
- *Níor thacaigh an cur chuige dátheangach san fhoghlaim ghairmiúil le hiarrachtaí ná tiomantas rannpháirtithe chun an lántumadh a chur chun cinn.*
- *Insíodh nach gcuirtear an teagasc ábharbhunaithe chun cinn mar chuid den fhoghlaim ghairmiúil luaite le múinteoirí Eacnamaíochta Baile.*

Fíor 5.9: Foghlaim múinteoirí

Cíorfair sa chéad mhír eile an fhoghlaim ghairmiúil shaincheaptha le freastal ar riachtanais oideolaíochta an chomhthéacs oideachais Ghaeltachta iar-bhunleibhéil.

5.3.3 Foghlaim Múinteoirí de chuid na Scéime Aitheantais

Tá tugtha le fios ag Rialtas na hÉireann (2021) go bhfuil scoileanna na *Scéime Aitheantais* incháilithe do thacaíochtaí breise leis na critéir theangabhunaithe a chomhlíonadh agus aitheantas á ghnóthú mar Scoil Ghaeltachta. Áirítear i measc na dtacaíochtaí seo soláthar foghlama gairmiúla de chuid COGG agus mórán seirbhísí tacaíochta foghlama eile do

mhúinteoirí mar aon le seisiúin/cuairteanna comhairleacha Chigireacht na Roinne Oideachais. Dírítear sa mhír seo ar fhiúntas agus ar fhoghlaim na dtacaíochtaí breise seo i ndáil le creidiúintí agus le tuiscintí ábharbhunaithe rannpháirtithe a chothú agus a shaibhriú.

Nocht na rannpháirtithe uile le linn na n-agallamh taighde nach raibh an fhoghlaim ghairmiúil a fuarthas mar chuid den *Scéim* sainchuspóireach a dhóthain leis na táscairí deachleachtas rangbhunaithe a thabhairt chun críche (.i. modhanna múinte maithe a nascadh múineadh teanga agus múineadh ábhair go héifeachtach). Labhair rannpháirtithe sna sleachta thíos ar a gcuid taithí iarbhír ón ionchur céanna:

Bhí cruinniú inseirbhíse againn sa scoil ach mar a dúirt mé leat ní dhearna sé mórán céille dom mar níor thuig mé é so eh bhí sé ceart go leor...bhí an tuairim...bhí an smaoineamh taobh thiar de an-mhaith ach bhí sé rómhór, but ní raibh sé like réalaíoch or whatever dúinne agus muid i lár rang.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

*Tá sé uafasach é a rá ach bhí sé chomh leadránach like ní dhearna *an t-áisitheoir* aon rud gníomhach it was just caint, caint, caint...but it was more so bainteach le cur chuige uile scoile ar bhealach. So ahm, I don't think go ndúirt sé aon rud like faoi na ranganna iad fhéin.*

(Éabha - Agallamh #1)

Yeah is dócha tá cúpla duine tagtha chugainn ó COGG agus like tuigim spriocanna an Scéim, agus measaim gur rud an-mhaith é an Scéim ach fós ní...nílim cinnte faoi conas gur féidir liom...I suppose...é a thabairt isteach sa rang mé féin.

(Máire - Agallamh #1)

Insítear sna teistiméireachtaí seo cé go soláthraíodh ionchur saindirithe a d'fhorbair tuiscintí rannpháirtithe i leith aidhmeanna, spriocanna agus ionchais na *Scéime*, chreid rannpháirtithe nár éascaigh an fhoghlaim ghairmiúil chéanna a saintuiscintí oideolaíochta leis an deachleachtas ábharbhunaithe a chomhtháthú sa ghnáthchleachtas teagaisc. Leis sin, bhí tuairimí faichilleacha ag rannpháirtithe faoi na bealaí ab éifeachtaí lena chur i bhfeidhm:

Ní hiad na pointí gramadaí is fearr liom agus is dóigh go bhfuil níos mó suim agam go mbeidh an ábhar content acu seachas na mionphointí teanga, agus ní bheinn rómhuíneach as an méid sin a dhéanamh ach oiread.

(Ciara - Agallamh #1)

Táim muiníneach chun aird na ndaltaí a dhíriú ar ghnéithe teanga ach nílim róchinnte faoi ndóigh is fearr len é seo a dhéanamh uaireanta.

(Méadhbh - Agallamh #1)

Ó thaobh an Scéim bíonn an scoil ag díriú isteach ar ghnéithe gramadaí gach aon téarma agus iarrtar orainn é a chur chun cinn ansin sa rang, rud atá go maith, ach uaireanta ní bhím róchinnte faoi conas é a dhéanamh i gceart.

(Máire - Agallamh #1)

Feictear sna ráitis seo, cé gur thuig rannpháirtithe go raibh sé de chúram gairmiúil orthu aird a dhíriú ar theagasc na teanga le linn rang ábhair⁷¹, ní raibh tuiscintí sách forbartha acu, dar leo féin, i leith shainscileanna oideolaíochta an teagaisc ábhairbhunaithe, ceal tuisceana a d'fheidhmeodh mar bhac ar an gcleachtas céanna dar ndóigh. Is ar an mbonn sin go ndealraíonn Postholm (2020) go gcaithfidh éascaitheoirí na foghlama gairmiúla an t-eolas agus an teoiric litríochta i leith na hidé-oideolaíochta a chur i láthair don oideachasóir ar bhealach inrochtana. Thairis sin, áitíonn Fahey (2022), mar aon le Ó Ceallaigh *et al.* (2019a), nach mór samplaí praiticiúla agus eiseamláirí ábhairbhunaithe a dhéanamh lárnach ag laethanta forbartha gairmiúla le múinteoirí a chumasú le dul i muinín na ndea-chleachtas molta.

Thairis seo, dhealraigh na rannpháirtithe bíodh is go raibh an t-ionchur céanna faighte ag na baill teagaisc uile go raibh sé nach mór de rogha ag comhghleacaithe leo aird a dhíriú ar ionchais oideolaíochta na *Scéime Aitheantais* nó gan seo a dhéanamh, beag beann ar a gcuid tuiscintí oideolaíochta forbartha nó neamhfhorbartha ina leith:

But braitheann sé ar na múinteoirí ar céard...ar cé atá ag iarraidh é sin a chur i bhfeidhm go bunúsach.

(Éabha - Agallamh #1)

Chuir mé an cheist orthu (na daltaí) an ndéanann múinteoirí eile Gaeilge in ábhair eile taobh amuigh den Eac. Bhaile y'know le fáil amach an raibh sé ag cuidiú leo nó cibé but no dúirt siad no ní dhéanann múinteoirí eile an Ghaeilge a spreagadh.

(Méadhbh - Agallamh #3)

⁷¹ Feictear athrú meoin ag Ciara anseo faoi dhualgas oideolaíochta na teanga a iompar mar mhúinteoir ábhair.

Tá's agam go bhfuil daoine áirithe anseo sásta tacú leis an Scéim agus na rudaí bainteach leis agus daoine eile nach bhfuil. Tá sé deacair mar go bhfuilimidne ag déanamh ár ndícheall é a chur chun tosaigh ach bíonn sé deacair daoine áirithe a...a spreagadh nuair nach bhfuil aon 'incentive' ann...like beidh an t-airgead céanna acu ag deireadh na bliana má dhíríonn siad air nó muna ndéanann...so bíonn sé dúshlánach an meon áirithe sin a láimhseáil.

(Deirdre - Agallamh #1)

Tuigtear ón méid seo nach raibh cur chuige uile scoile aontaithe i bhfeidhm i gcás gach aon iar-bhunscoil Ghaeltachta rannpháirteach sa taighde seo. Tagann sé seo chomh maith le taighde na Roinne Oideachais (2021a) a d'aithin '...i líon beag iar-bhunscoileanna (go raibh) scóip ann chun báúlacht na múinteoirí uile le fíis na Scéime a threisiú' (7). D'fhéadfaí a áitiú, de réir an toraidh seo, nach raibh an easpa freastail ar thuiscintí na rannpháirtithe i leith an teagaisc ábhairbhunaithe ag tacú leis an mbáúlacht a mbeifí ag súil leis i leith spriocanna na *Scéime Aitheantais* a chur i gcrích. Is dá bhíthin sin go bhfuil géarghá le hiarrachtaí níos dírithe, agus spriocdhírithe, in ionchur de chuid na *Scéime Aitheantais* a thugann aghaidh go follasach ar thábhacht, tairbhe agus níos mó ná aon ní eile tuiscintí oideolaíochta rangbhunaithe na múinteoirí a chothú.

Tagann peirspictíochtaí na rannpháirtithe nochta go dtí seo go lom leis an litríocht dhúchasach a mhaíonn nach mbíonn foghlaim ghairmiúil de chuid an chomhthéacs tumoideachais saindeartha le freastal ar a riachtanais shainiúla (Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Ceallaigh *et al.* 2018; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Laoire *et al.* 2021). Áitítear gur fíor do seo i ngeall nár léirigh oiread is rannpháirtí amháin ag tús an togra na tuiscintí oideolaíochta éigeantacha i ndáil leis an teagasc ábharbhunaithe a chur i bhfeidhm go córasach. Treisíonn an méid seo an moladh curtha chun tosaigh ag an gCigireacht do scoileanna rannpháirteach sa *Scéim Aitheantais* le go bhféachadh an cheannaireacht chuige go mbeadh baill teagaisc eolach ar phrionsabail agus ar chleachtais an chomhtháthaithe ábhar agus teanga (An Roinn Oideachais 2021a). Cé go dtuigtear gur pléadh réasúnaíocht

agus spriocanna na *Scéime* mar chuid den fhoghlaim ghairmiúil, gné atá sainiúil don chomhthéacs céanna go deimhin, tuigtear ó thuairimíocht na rannpháirtithe thuasluaite nach raibh an t-ionchur a fuarthas sainiúil ná sonrath a dhóthain le tuiscintí i dtaca leis an dea-chleachtas comhtháite a chothú. Mar atá nocht ag Tedick (2022), is ionann foghlaim ghairmiúil éifeachtach agus foghlaim ghairmiúil a chumasaíonn an claochlú i mbonn eolais oideolaíoch agus cleachtais an mhúinteora, agus dá bhrí sin, insítear nach foghlaim ghairmiúil sách éifeachtach a bhí i bhfoghlaim ghairmiúil de chuid na *Scéime Aitheantais*.

Cuimsítear i bhFíor 5.10 mórphointí ábhartha an fhothéama seo i gcomhthéacs na gceisteanna taighde (.i. creidiúintí agus tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga):

- *Soláthraíodh ionchur saindirithe a d'fhorbair tuiscintí rannpháirtithe i leith aidhmeanna, spriocanna agus ionchais na Scéime Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta.*
- *Chreid rannpháirtithe nár éascaigh an fhoghlaim ghairmiúil saindeartha de chuid na Scéime Aitheantais a saintuiscintí oideolaíochta leis an dea-chleachtas ábharbhunaithe a chomhtháthú sa ghnáthchleachtas teagaisc.*
- *Nocht rannpháirtithe nach raibh an teagasc ábharbhunaithe á chur i ngníomh go forleathan thar réimse na n-ábhar acadúil.*

Fíor 5.10: Foghlaim múinteoirí de chuid na Scéime Aitheantais

D'ainneoin an fhoghlaim ghairmiúil réamhphléite a bheith sainsoláthraithe do mhúinteoirí an chórais oideachais Ghaeltachta faoi scáth an *POG*, tuigtear gur iomaí tosca seachtrach a imríonn tionchar ar chur i bhfeidhm agus ar rathúlacht an chleachtais chomhtháite sa chóras céanna.

5.4 Dúshlán Shainiúla Ghairmiúla

Breathnófar sa mhír a leanas ar na toiscaí breise oideolaíochta a aithnítear mar chonstaicí eistreacha leis an teagasc ábharbhunaithe a thabhairt chun críche go héifeachtach sa chomhtheacs oideachais Ghaeltachta. Leis sin, díreofar sna míreanna ar leanas ar sholáthar agus ar oiriúnacht na n-acmhainní teagaisc mar aon le forlámhas an ábhair acadúil.

5.4.1 Acmhainní Teagaisc

Cuireann Wilson (2014) chun tosaigh gurb ionann acmhainn teagaisc agus ‘rud’ ar bith a thacaíonn le timpeallacht éifeachtach, spreagúil teagaisc agus foghlama a chothú. Leis sin, tagraítear d’acmhainní teagaisc sa mhír áirithe seo mar acmhainní tacaíochta teagaisc nó foghlama a chuimsíonn téacsleabhair, leabhair ghníomhaíochta, cuir i láthair *MS PowerPoint*, físeáin ábhair, bileoga eolais agus páipéir scrúdaithe araon. Pléifear an fothéama seo ina dhá chuid éagsúla lena n-áirítear soláthar agus oiriúnacht na n-acmhainní teagaisc.

5.4.1.1 Soláthar na nAcmhainní Teagaisc

Cé gur aithin na rannpháirtithe go raibh líon na dtéacsleabhar agus na n-acmhainní teagaisc lán-Ghaeilge i gcomhtheacs an ábhair feabhsaithe le blianta beaga anuas, agus an méid seo aibhsithe mar sprioc chun feabhais roimh an *Staitéis 20 Bliain don Ghaeilge* (Rialtas na hÉireann 2010), insíodh nach raibh freastal leordhóthanach á dhéanamh ar an éileamh go fóill:

...tá feabhas tagtha ar rudaí, tá aistriitheoirí nua tagtha ar aghaidh tá even pictiúirí níos fearr ach still tá bealach fada fós le dul.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

Is dócha go bhfuil cúpla téacsleabhar ann anois rud atá dearfach y’know ach níl tú ach ag caint ar cheann nó dhó sílim.

(Méadhbh - Agallamh #1)

Tá an Tairseach ann agus cúpla rud eile but ní hé go gclúdaíonn an Tairseach an dá chúrsa iomlán ach an oiread.

(Deirdre - Agallamh #2)

...rudaí ar fáil as Gaeilge just níl siad ann.

(Éabha - Agallamh #1)

Airgead curtha ar fáil (ag an scoil) chun acmhainní a cheannach ach deacair teacht ar cinn as Ghaeilge.

(Ceistneoir Taighde #1)

Sonraítear ó na teistiméireachtaí seo an díspeagadh i measc rannpháirtithe mar gheall ar acmhainní oiriúnacha don earnáil lán-Ghaeilge trí chéile a bheith ar an ngannchuid. Ní toradh é seo, áfach, atá sainiúil don chóras iar-bhunleibhéil tumoideachais in Éirinn amháin (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2015c; Ní Thuairisg 2014; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021; Nig Uidhir 2021; Ó Laoire *et al.* 2021; Uí Ainiféin 2015) ach atá le sonrú go forleathan i gcomhthéacsanna dátheangacha ar bhonn idirnáisiúnta (Birnie agus Rice 2020; Fortune 2012; Genesee 2007; Lyster agus Ranta 1997; Lyster agus Tedick 2014; Tedick 2022; Tedick agus Lyster 2022). Ar a bharr seo, agus in ainneoin go bhfuil dul chun cinn ar éigean i bhfianaise sa soláthar acmhainne, a bhuí d'áisiúneacht 'An Tairseach' caithfear a rá, ní fheictear go mbíonn na hacmhainní Gaeilge foilsithe ná ar fáil do mhúinteoirí T1 le hais na n-acmhainní Béarla go minic:

...go mbíonn an maitheas imithe, y'know tá sé ar fad feicthe i mBéarla tá na heochairfhocail feicthe i mBéarla, tá an leagan feicthe i mBéarla agus tá an novelty imithe.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

...maidir leis an ith-mair-pleanáil like an leabhar Béarla sin, bhí na powerpoints ar fad déanta ar líne ar educate...or...ceann acu sin...chuile powerpoint, as Béarla, agus múinteoirí like in ann iad a chur suas ar an gclár bán and then bhí na leabhair ag na gasúir eh i scoileanna Béarla agus tada curtha ar fáil ansin dúinne as Gaeilge...it's always an dara rud a smaoiníonn siad faoi.

(Éabha - Agallamh #1)

...tá go leor daltaí agus múinteoirí atá sna Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta faoin am seo agus cén fáth nach féidir linn ceapadh má tá acmhainn nua a chur ar fáil, mar a deirim, go bhfuil sé ar fáil as Gaeilge ag an am céanna.

(Deirdre - Agallamh #2)

Thairis sin, fiú nuair a d'iarr rannpháirtithe áirithe ar sholáthróirí acmhainní leaganacha Gaeilge a chur ar fáil d'acmhainní sainábhair, ní minic toradh ar bith ar a n-éilimh:

So mar shampla an roinn sláinte...Healthy Ireland tar éis acmhainn álainn a chur amach ar an bpirimid bia nua agus tá sé uilig i mBéarla agus mar sin tá gearán déanta agam le bhuel...ní COGG ach labhair mé le COGG agus mhol siad domsa teagmháil a dhéanamh leis an roinn, rud a ndearna mé ach tá sé fós uilig i mBéarla.

(Ciara - Agallamh #1)

...ach má tá sé (acmhainn i nGaeilge) ag teastáil uait caithfidh tusa an cheist a chur i gcónaí an bhfuil leagan Gaeilge do seo ar fáil...an JCT⁷², an ATHE⁷³, an rud do Covid agus ní gá go mbeadh ar dhuine na ceisteanna a chur...ach níos measa fós ní bhíonn a leithéid ann.

(Máire - Agallamh #1)

Braitear go neamhbhalbh an díomá agus an frustrachas ó rannpháirtithe sna sleachta thuas toisc nach bhfuil an soláthar acmhainní ag leibhéal inchurtha leis an earnáil lán-Bhéarla sa chomhthéacs reatha. D'fhéadfaí a áitiú, de réir an toraidh seo, go dtreisíonn a leithéid d'easpa soláthair an bhraistint i measc oideachasóirí T1 go bhfuiltear imeallaithe nó scoite amach ón gcomhthéacs T2.

Anuas ar achrann na n-acmhainní luaite go nuige seo, d'inis Deirdre go bhfuil sé de nós ag An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM as seo amach) a fhógairt ar shuíomh na heagraíochta go mbíonn acmhainní Gaeilge ar fáil san Eacnamaíocht Bhaile nuair nach bhfuil:

Nuair a fhéachann tú ar suíomh PDST⁷⁴ agus tá an-chuid acmhainní ann agus an tab leis an leagan Gaeilge agus brúann tú air...tá na cinnteidil as Gaeilge ach nuair a bhuaileann tú isteach is na leaganacha Béarla atá ann⁷⁵.

(Deirdre - Agallamh #1)

Is ar an ábhar seo ina raibh an taighdeoir spreagtha le fiosrú an amhlaidh a bhí ar shuíomh an SSM, is é sin seirbhís tacaíochta forbartha gairmiúla eile do mhúinteoirí iar-bhunleibhéil

⁷² Junior Cycle for Teachers/An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM as seo amach).

⁷³ Association of Teachers of Home Economics.

⁷⁴ Professional Development Service for Teachers.

⁷⁵ Mar atá go fóill ar shuíomh na heagraíochta ar an 13 Eanáir 2022.

de chuid na Roinne Oideachais. Bíodh is go raibh scata suntasach d'acmhainní lán-Ghaeilge i bhfianaise shuíomh na heagraíochta seo, tugadh faoi deara san am céanna go raibh roinnt mhaith ceannteideal Gaeilge luaite le hacmhainní lán-Bhéarla ar an leagan Gaeilge den suíomh (www.jct.ie). Níl amhras ar bith ach go léiríonn cleachtas dá leithéid easpa tacaíochta do chóras oideachais na Gaeltachta nuair a thugtar le fios go mbíonn acmhainní Gaeilge ar fáil ach nach mbíonn ann dóibh nuair a lorgáítear iad. Thar aon ní eile, áfach, áitíonn an taighdeoir go mbeidh srian curtha le tuiscintí an mhúinteora i leith an teagaisc ábhairbhunaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn más i mBéarla, go hiondúil, a bheidh na hacmhainní teagaisc ar fáil dóibh agus in úsáid acu dá réir. Mar sin, níl na hiarrachtaí curtha i bhfeidhm go dtí seo leordhóthanach chun bearna an tsoláthair acmhainne a sháru.

5.4.1.2 Oiriúnacht na nAcmhainní Teagaisc

Mar bharr ar an tearcamas, fuair rannpháirtithe mórán lochtanna ar sciar suntasach de na hacmhainní lán-Ghaeilge mar gheall ar a dtéarmaíocht mhí-oiriúnach:

...agus tá go leor focail nach bhfuil feiliúnach a bhfuil aistrithe as Béarla go Gaeilge agus tá siad uafásach agus ní bhíonn ciall ná réasún ag baint leo.

(Ciara - Agallamh #1)


*Tá cuid de na focail millteanach deacair you know go háirithe leis an *ábhar* agus an Eac. Bhaile so tá an téarmaíocht iontach trom agus tá sé deacair é a thuigmháil.*

(Méadhbh - Agallamh #2)

...agus ní féidir liom labhairt ar chuid de na leabhair Eac. Bhaile a tháinig amach i nGaeilge ...bhíodar an-trom, le droch-Ghaeilge agus caite le chéile cuid acu.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

Cuimsíodh cáineadh na rannpháirtithe uile ar an ábhar seo i bhFíor 5.11:



Fíor 5.11: Saintearmaíocht na n-acmhainní Gaeilge (curtha in oiriúint ó uirlisí éagsúla)

Deimhníonn na teistiméireachtaí seo nach mó ná sásta a bhí rannpháirtithe le téarmaíocht ná caighdeán an ábhair i bhfianaise na n-acmhainní lán-Ghaeilge. Ar an ábhar seo, tá aibhsithe ag mórán taighde eile ar an tumoideachas in Éirinn nach mbíonn formhór na dtéacsleabhar Gaeilge aitheanta ina n-acmhainní oiriúnacha teagaisc de dheasca na téarmaíochta ciotaí (An Roinn Oideachais 2021a, 2015c; Ní Thuairisg agus Ó Duibhir 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2021; Uí Ainiféin 2015). Sa mhullach air sin, maíonn táscairí deachleachtais an *POG* nár cheart téacsleabhair Bhéarla a úsáid agus téacsleabhair ‘oiriúnacha’ Ghaeilge ar fáil (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2020: 19). Tuigtear, áfach, go mbaineann na breithiúnais oiriúnachta seo ní hamháin le meán na hacmhainne ach leis an téarmaíocht a bhíonn i bhfianaise iontu. Sin ráite, fágтар cinneadh na feiliúnachta faoi chúram an mhúinteora aonair nó na ranna ábhair go minic agus nach bhfuil ann do chritéir roghnúcháin leis na cinntí céanna a ghlacadh ar bhealach córasach.

Mhínigh Deirdre sa sleacht thíos gur *'ghoill sé go mór'* orthu mar roinn Eacnamaíochta Baile téacsleabhar Béarla a roghnú do ghrúpaí na Sraithe Sóisearaí agus gur bhraith siad nach raibh an dara rogha acu ach dul i muinín an téacsleabhair Bhéarla de dheasca na neamhoiriúnachta:

*...agus mar shampla leis an gcéad bhliain an téacsleabhar atá againn níor roghnaíomar an téacsleabhar Gaeilge mar mhothaíomar nach raibh sé oiriúnach do na daltaí...is téacsleabhar Béarla atá againn do bhliain a dó agus trí agus ghoill sé go mór *ar an roinn Eac. Bhaile**

(Deirdre - Agallamh #1)

Ní hamhlaidh a bhí i gcás gach rannpháirtí agus polasaithe scoile áirithe níos lárnaí ná cinn eile i leith théacsleabhair Bhéarla a úsáid ach fillfear níos moille ar ról agus ar thionchar an Bhéarla sa chleachtas ábharbhunaithe sa chéad chaibidil eile.

Is i ngeall ar an soláthar teoranta acmhainní, agus an téarmaíocht mhínádúrtha i bhfianaise go minic, ina chuirtear le hualach an mhúinteora trí na hacmhainní a mhodhnú nó a gcuid acmhainní féin a chruthú as an nua:

Tá siad go maith mar bhunchloch ach bíonn orm mo leagan féin Gaeilge a chur orthu.

(Máire - Agallamh #1)

Má tá tú ag iarraidh sáracmhainní a bheith agat just caithfidh tú iad a dhéanamh tú féin.

(Éabha - Agallamh #1)

Aibhsíonn teistiméireachtaí na rannpháirtithe go mbíonn cultúr an aistriúcháin fréamhaithe go daingean i ndualgais ghairmiúla an mhúinteora sa chóras oideachais Ghaeltachta agus an méid seo nochta roimhe seo i staidéir Ní Thuairisg (2014), Uí Cheallaigh *et al.* (2019a) agus Uí Laoire *et al.* (2021) araon. Sa bhreis air sin, thagair rannpháirtithe don ualach ama a bhíonn i gceist leis an gcúram seo a chomhlíonadh:

Chaith mé gach seachtain ar feadh an chéad trí bliain ag cur aistriúchán le chéile do mo chuid nótaí féin agus bhí sé sin go breá le haghaidh an Scrúdú Sóisearach agus anois tá Sraith Sóisearach difriúil agus tá foclóir nua ansin agus ar a laghad táim á rá diaidh ar ndiaidh éireoidh liom é a dhéanamh ach níl ach an chéad bhliain agam.

(Deirdre - Agallamh #1)

...agus tógann sé an t-uafás uaireanta cloig orm an stuif a réiteach don rang nuair a bhíonn ort chuile rud a aistriú ó Bhéarla, go háirithe an stuif do dream na hArdteiste.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

Bhuel mar shampla i dtaobh pleanáil...tá sé deacair teacht ar na teimpléid...níl teimpléid ann i nGaeilge mar sin tá tú ag brath ar rudaí atá i mBéarla... agus caithfidh tú é a aistriú tú féin agus tá an méid sin am breise tógtha suas leis an aistriúchán.

(Ciara - Agallamh #2)

*Tá an téacsleabhar agus an leabhar gníomhaíochtaí ann agus níl sé sin ach ar fáil as Béarla, níl na powerpoints ar fáil...táimid fós ag fanacht ar na powerpoints a bheith curtha ar fáil as Gaeilge do ***** you know so bíonn ort an-chuid am a chaitheamh ar d'acmhainní féin a chruthú.*

(Méadhbh - Agallamh #1)

In ainneoin an chúraim bhreise seo a bheith ar mhúinteoirí an chórais nochtar sa taithí chéanna tiomantas agus dílseacht rannpháirtithe don chur chuige lántumtha.

Chun bearnaí an tsoláthair agus na mí-oiriúnachta a chúngú aithníodh go raibh rannpháirtithe idir chomhbhách agus fhlaithiúil i ndáil le hacmhainní dá gcuid féin a roinnt ar chomhghleacaithe roinne nó ar chomhghleacaithe ábhair in iar-bhunscoileanna Gaeltachta eile:

Má tá mise i dteagmháil le na múinteoirí eile bhfuil aon nóta agat ar X, Y, Z cuireann tú ar an bealach iad straight away mar tá's agat nach bhfuil tada eile acu. Táimid go maith ag roinnt ar a chéile because níl againn ach a chéile.

(Ciara - Agallamh #2)

So scaití just ceapaim go bhfuil sé níos éasca má suím síos agus déanaim rudaí dom fhéin and then tá siad agam...but cinnte iad a roinnt le múinteoirí eile.

(Éabha - Agallamh #2)

Chuirfínn acmhainn ar bith chuig duine ar bith mar tuigim nach bhfuil an stuif ann, anois seans nach mbeidh sé iontach cruinn ach fós féin bheadh bunchloch éigin acu.

(Deirdre - Agallamh #1)

Dealraítear sna ráitis trí chéile go mbraitheann múinteoirí ar a leathbhádóirí ábhair chun teacht ar ábhair thacaíochta teagaisc oiriúnacha agus ní ar pháirtithe leasmhara oideachais, seirbhísí tacaíochta foghlama do mhúinteoirí ná comhlachtaí foilsitheoireachta oideachais. Bíodh is go bhfuil an comhoibriú agus an comhshaothar seo ag teacht le táscairí deachleachtais an *POG* ar an mbonn go mbeadh múinteoirí na scoileanna Gaeltachta ag obair i gcomhairíocht lena chéile chun ábhair thacaíochta teagaisc oiriúnacha a chruthú (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020), níor fhéach rannpháirtithe air seo mar dhea-chleachtas ach mar chleachtas dosheachanta toisc a laghad acmhainní oiriúnacha trí mheán na Gaeilge ar fáil dá gcomhthéacs sainiúil oideachais. Músclaíonn an dúshlán céanna frustrachas i measc múinteoirí agus eascraíonn an mhíshástacht seo as cúraimí breise a chruthú don mhúinteoir a bhíonn ag dréim le cur chuige lán-Ghaeilge a dhearbhuí. Chuige sin, aithnítear an acmhainn oiriúnach Gaeilge mar réamhchoinníoll le cur chuige lántumtha a chinntiú agus aithnítear an cur chuige lántumtha mar bhonn agus mar thaca ag an teagasc ábharbhunaithe.

Is follas ó thorthaí an fhothéama seo, mar sin, nach mó ná sásta a bhí rannpháirtithe i leith sholáthar ná oiriúnacht na n-acmhainní teagaisc sainábhair don earnáil T1. Sin ráite, is inspéise an ní é nár thagair oiread is rannpháirtí amháin do rian, nó ceal riain, an chomhtháthaithe ábhar agus teanga sna hacmhainní céanna agus a mífheiliúnacht á nochtadh. Léirigh sé seo, an athuir, go raibh comhtháthú an ábhair agus na teanga imeallach i gcinntí agus i gcreidiúintí oideolaíochta na rannpháirtithe. Tugann na húdair Massler (2012) mar aon le Otto agus Estrada (2019) réasúnaíocht do ghné na teanga (.i. TFD) a bheith ar iarraidh sna hacmhainní sainábhair i gcomhthéacsanna tumoideachais de bharr go mbíonn speisialtóirí ábhair go hiondúil ag gabháil don dearadh acmhainne. Leis sin, áitítear nach bhfuil dearcadh an mhúinteora ná an speisialtóra tumoideachais san áireamh sa phróiseas cruthaithe acmhainne don earnáil T1.

Cuimsítear i bhFíor 5.12 mórpointí ábhartha an fhothéama thuas i gcomhthéacs na gceisteanna taighde (.i. creidiúintí agus tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga):

- *Chreid rannpháirtithe nach raibh tacaíocht leordhóthanach á cur ar fáil don chomhthéacs T1 mar a bhain le hábhair thacaíochta teagaisc.*
- *Bhraith rannpháirtithe go raibh siad imeallaithe ón gcomhthéacs T2 de dheasca an easpa freastail acmhainní.*
- *Shíl rannpháirtithe go raibh éagóir á déanamh ag eagraíochtaí agus ag seirbhísí tacaíochta foghlama éagsúla ar an soláthar acmhainní don earnáil lán-Ghaeilge.*
- *Mheas rannpháirtithe nach raibh saintearmaíocht na dtéacsleabhar ná na n-acmhainní teagaisc trí Ghaeilge oiriúnach don suíomh sainiúil oideachais.*
- *Chreid rannpháirtithe go raibh cultúr an aistriúcháin go smior i gcúraimí gairmiúla an mhúinteora sa chóras oideachais Ghaeltachta le cur chuige lán-Ghaeilge a chinntiú.*
- *Bhí rannpháirtithe den tuairim gur cor i leataobh a bhí i moladh tháscairí deachleachtais an POG go mbeadh múinteoirí an chórais mar cheann de phríomhsholáthóirí acmhainní an chórais.*

Fíor 5.12: Soláthar agus oiriúnacht na n-acmhainní teagaisc

Féachfar anois ar éilimh an ábhair acadúil ina bhac suntasach leis an gcleachtas comhtháite ábhar agus teanga a chur i bhfeidhm.

5.4.2 Éilimh an Ábhair Acadúil

Mhaígh Ní Thuairisg (2014) go mbíonn múinteoirí ábhair i gcóras oideachais na Gaeltachta faoi shrian ag éilimh an ábhair acadúil agus an bhainistithe ama. Feictear macalla na tuairimíochta sin i dteistiméireachtaí rannpháirtithe an tionscadail taighde seo:

Tá am ag teastáil, tá ár cúrsa an-fhada mar atá sé, tá sé deacair é seo a chur sa mullach ar an méid oibre a dhéanann muid gan trácht ar an nGaeilge a bhrú ar aghaidh.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

Yeah tá sé mar chuid den ról anois (teagasc na teanga), go cinnte, ach fós ní bheifeá really 100% faoi conas é sin a dhéanamh nuair atá tú faoi bhrú leis an gcúrsa Eac. Bhaile a chlúdú.

(Máire - Agallamh #1)

Go leor brú ama cheana féin an curaclam a mhúineadh seachas bheith ag cur am le an teanga a chur chun cinn.

(Ceistmeoir Taighde - #1)

Thagair rannpháirtithe do ró-ualach an churaclaim sna ráitis seo trína áitiú go bhfuil sé geall leis dodhéanta ar an múinteoir ábhair aird oideolaíochta a dhíriú ar ghnéithe éagsúla den teanga i ngeall ar na brúanna gairmiúla a shamhlaítear le soláthar an ábhair. Bíodh is go ndeir an litríocht go bhfuil de fhreagracht ghairmiúil ar mhúinteoirí tumoideachais éifeachtacha an ghnóthachtáil acadúil a chur chun cinn go comhchémneach le forbairt na litearthachta sa tumtheanga (Nic Réamoinn 2017; Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ní Thuairisg 2020, 2014; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Uí Ainféin 2015), sonraítear san am céanna go bhfuil an comhshnaidhmeadh áirithe seo ar an dúshlán oideolaíochta uilechoiteann is mó roimh mhúinteoirí tumoideachais trí chéile (Camarata agus Tedick 2012; Coyle 2007; Dalton-Puffer 2007; Mehisto *et al.* 2008; Ní Chathasaigh 2020; Ó Ceallaigh agus Ní Chathasaigh 2021; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Snow *et al.* 1989; Uí Mhurchú 2021). Anuas air seo, luaigh rannpháirtithe ionchais arda i ndáil leis an ngnóthachtáil acadúil mar bhac suaithinseach leis an teagasc cúitithe a thabhairt chun críche:

...agus ansin nuair a thagann an cheist suas an bhfuil an litriú tábhachtach agus le hata amháin táim a rá just scríobh síos an t-eolas right agus ansin leis an Scéim táim á rá no fan tá an litriú tábhachtach chomh maith, ach ag deireadh an lae níl measúnú déanta ar an teanga sa scrúdú so tá sé deacair nuair a bhíonn tú faoi bhrú.

(Deirdre - Agallamh #1)

I think go bhfuil an dualgas ar gach múinteoir sa rang agus níl a fhios agam just gur múinteoir Gaeilge mise freisin, go gcuirim béim ar an teanga agus an ghramadach...ach é sin ráite díríonn na Scrúduithe (Stáit) ar Eac. Bhaile., níl caint ar an ngramadach so as in yeah tá na marcanna breise ann más rud é go ndéanann tú iad i nGaeilge ach ní hé go bhfuil an SEC⁷⁶ ag féachaint ar an ngramadach...so tá an chothromaíocht sin deacair orainn.

(Éabha - Agallamh #1)

Ina fhianaise seo, léiríonn peirspictíochtaí na rannpháirtithe an chruacheist choiteann a bhíonn ag dó na geirbe ag múinteoirí tumoideachais trí chéile, gur gnó casta, anásta é an teagasc comhtháite a bhaint amach laistigh de theagasc sainábhair de thoradh nach mbíonn an beachtas teangeolaíoch comhtháite sna critéir mheasúnaithe sheachtracha⁷⁷ (Coyle *et al.* 2010; Massler 2010; Mehisto *et al.* 2008; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Uí Mhurchú 2021). Tháinig aincheist na frithchothromaíochta idir ábhar agus teanga aníos an athuir le linn an dara hidirghabháil taighde:

Bláthnaid: Bhuel cad é an rud is tábhachtaí dúinne...an cheist a bheith freagartha nó an Ghaeilge a bheith ceart?

Ciara: Sin pointe an-mhaith.

Bláthnaid: Níl siad chun a bheith ag fáil aon mharc (teanga) nuair a bheith an scrúdú ann anyway.

Ciara: That's true.

Taighdeoir: An gceapann tú mar sin nár cheart go mbeadh an dualgas ar an múinteoir ábhair díriú ar ghnéithe den teanga?

⁷⁶ Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

⁷⁷ Mar atá pléite i mír 2.5.2.4 bronntar marcanna bónais ar dhaltaí na hArdteistiméireachta a thugann faoina gcuid Scrúduithe Stáit a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Ní mór a mheabhrú nach dtugtar suntas do chaighdeán ná cruinneas na teanga mar chuid de na bónasmharcanna céanna.

Bláthnaid: Bhuel sin an rud...an é go bhfuilimid ag iarraidh an teachtaireacht Eac. Bhaile a chur chun cinn nó an é go bhfuil tú ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn? I mean táimid uilig anseo ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn chomh fada is a bhfuilimid in ann ach ag an am céanna is é Eac. Bhaile go bhfuilimid ag iarraidh a chur chun cinn. Seo í an fhadhb, sna scrúduithe bíonn siad ag cuartú freagraí agus na scoláirí ag cuartú marcanna...agus tá tusa mar mhúinteoir ag iarraidh riachtanais an eolais a mhúineadh.

(Idirphlé gairmiúil - Idirghabháil taighde #2)

Léiríonn na dearthaí nochta gur chreid rannpháirtithe go raibh siad teanntaithe ag géarfhócas measúnaithe na Scrúduithe Stáit ina gcleachtas gairmiúil. Bhíodar den tuairim chéanna i ngeall ar ionchais arda acadúla scoláirí agus tuismitheoirí araon, toradh a thagann go baileach le staidéir éagsúla ar an tumoideachas go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta (Cammarata agus Tedick 2012; Coyle *et al.* 2010; Dalton-Puffer 2007; Mehisto *et al.* 2008; Ní Thuairisg 2014; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2021; Prodromou 1995; Uí Ainiféin 2015; Uí Mhurchú 2021). Rinne rannpháirtí amháin achoimre ar an aincheist uilíoch seo go gonta nuair a mhol sí go mbíonn múinteoirí ábhair ‘i gcónaí ag féachaint ar an scrúdú ar deireadh’ (Méadhbh - Agallamh #1).

Bíodh is go léiríonn an t-idirphlé go nuige seo go raibh rannpháirtithe feasach agus tuiscint léirithe acu dá réir ar tháscaire dea-chleachtais na *Scéime Aitheantais* le go mbeadh gach múinteoir ábhair ina mhúinteoir teanga (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020), luaitear sna teistiméireachtaí céanna nach bhfuil polasaithe measúnaithe an Stáit ailínithe leis an gcleachtas comhtháite a bhfuiltear ag súil leis mar chuid den *POG*. Is macalla é an méid seo ar thorthaí taighde idirnáisúnta a mhaíonn nach minic polasaithe ná scéimeanna teagaisc a bheith ar aon fhocal le polasaithe ná le cuir chuige mheasúnaithe a bhaineann le scrúduithe stáit, scrúduithe caighdeánaithe ná scrúduithe seachtracha (Madaus agus Russell 2010; Prodromou 1995). Is dá bhíthin sin gur rídheacair ar mhúinteoirí, dar leo féin, cás dlisteanach a dhéanamh do theagasc foirmiúil na teanga agus éifeacht diúltach an chúltionchair i bhfeidhm ar an mbonn céanna. Tríd is tríd, deimhníonn torthaí na míre seo go raibh inní

nach beag léirithe ag rannpháirtithe taighde i leith thoradh iarmhartach an teagaisc chúitithe ar an ngnóthachtáil acadúil.

Cuimsítear i bhFíor 5.13 mórphointí ábhartha an fhothéama seo i gcomhthéacs na gceisteanna taighde (.i. creidiúintí agus tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga):

- *Chreid rannpháirtithe go raibh ualach an ábhair acadúil mar shrian leis an teagasc ábhairbhunaithe a chur i ngníomh sa chleachtas teagaisc.*
- *Bhraith rannpháirtithe go raibh tábhacht nach beag le daltaí a ullmhú chuig na Scrúduithe Stáit thar an inniúlacht sa tumtheanga a chothú.*
- *Chreid rannpháirtithe dá ndíreoidís ar theagasc na teanga sa rang ábhair go mbeidh eolas an ábhair, agus an ghnóthachtáil acadúil dá réir, thíos leis an oideolaíocht chéanna.*
- *Shíl rannpháirtithe go raibh míréir fhollasach idir táscairí dea-chleachtais an POG agus córas measúnaithe na Scrúduithe Stáit.*

Fíor 5.13: Éilimh an ábhair acadúil

5.5 Conclúid

Cuimsítear sa chaibidil seo tuiscintí agus creidiúintí rannpháirtithe taighde i leith theagasc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga. Ag tús na caibidle, cíoradh géaga éagsúla de ról na teanga sa chomhthéacs ábhairbhunaithe. Insíodh gur thuig rannpháirtithe go raibh sé de fhreagracht orthu a bheith ina samhlacha agus ina n-eiseamláirí tumtheanga do dhaltaí an chórais. Ina theannta sin, bhí rannpháirtithe ar aon ghuth go raibh sé mar chuid dá ndualgais ghairmiúla go gcuirfí an lántumadh i bhfeidhm thar achar an churaclaim. An méid seo ráite, agus de réir an chreata EOÁ-C (Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite), léirigh

rannpháirtithe tuiscintí neamhimleor i dtaca le hEolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga (EOÁ-T) agus ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga (EOÁCÁT). Thairis sin, léiríodh tuiscintí tearcfhorbartha i ndáil le hEolas ar an Ábhar sa Teanga (EÁ-T) sa chaoi is go raibh mórchuid na rannpháirtithe in easpa muiníne maidir le cruinneas a n-úsáide teanga féin.

Sa dara cuid den chaibidil, cíoradh ról an oideachais tosaigh agus na foghlama gairmiúla i gcothú tuiscintí agus chreidiúintí ábharbhunaithe na rannpháirtithe. Tugadh le fios nár chothaigh réamhoiliúint tosaigh rannpháirtithe na saintuiscintí ná na sainscileanna oideolaíocha riachtanacha leis an teagasc ábharbhunaithe a chur i ngníomh go héifeachtach. Sa mhullach air sin, threisigh an ceal airde ar shainréimsí teagaisc an chomhthéacs tumoideachais san oideachas tosaigh an dearcadh i measc rannpháirtithe áirithe gur speisialtóirí ábhair iad go príomha. Insíodh nach raibh oiread is rannpháirtí amháin i ndiaidh tabhairt faoi cheachtar den dá chlár iarchéime saincheaptha do chomhthéacs an tumoideachais lena gcuid sain-inniúlachtaí oideolaíocha agus teangeolaíocha a shaibhriú. Ar an dul céanna, sonraíodh nach nós do rannpháirtithe freastal ar fhoghlaim ghairmiúil lena neolas meititheangeolaíoch a leathnú ná a shaibhriú. Leis sin, aibhsíodh nach raibh ag éirí le bainistíocht na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta rannpháirteach ina gcuid iarrachtaí le cultúr na foghlama gairmiúla ó thaobh na teanga de a chur chun cinn.

Ní hamháin go ndeachaigh an soláthar foghlama gairmiúla sainiúil don Eacnamaíocht Bhaile i gcoinne bhunphrionsabail an lántumtha go minic ach rinneadh neamhaird iomlán ar na tuiscintí ábhartha d'oideolaíocht (chomhtháite) na teanga a chothú san oiliúint chéanna. Thairis sin, cé go raibh rannpháirtithe den tuairim gur chothaigh an fhoghlaim ghairmiúil de chuid na *Scéime Aitheantais* na saintuiscintí cuí i ndáil le fíis agus mórspriocanna na *Scéime*

agus an *POG* trí chéile, measadh nach raibh béim leordhóthanach san fhoghlaim shaindeartha seo ar na modhanna múinte praiticiúla a bhíonn de dhíth ar an múinteoir tumoideachais le teanga a nascadh go héifeachtach le hábhar.

Sa tríú cuid den chaibidil, tugadh spleáchadh ar na dúshlán shainiúla sheachtracha roimh rannpháirtithe i ndáil leis an teagasc ábharbhunaithe a chur i bhfeidhm sa chomhthéacs reatha. Díríodh i dtús báire ar sholáthar agus ar oiriúnacht na n-acmhainní teagaisc. D'áitigh rannpháirtithe nach raibh tacaíocht leordhóthanach á cur ar fáil don chomhthéacs lán-Ghaeilge mar a bhain le hábhair thacaíochta teagaisc agus nach raibh saintearmaíocht na dtéacsleabhar ná na n-acmhainní teagaisc trí Ghaeilge oiriúnach do chomhthéacs foghlama na mionteanga ach oiread. Sa mhullach air sin, nocht rannpháirtithe go raibh cultúr an aistriúcháin neadaithe go smior i gcúraimí gairmiúla an mhúinteora sa chóras oideachais Ghaeltachta le cur chuige lántumtha a dhearbhu. Ina theannta sin, mheas rannpháirtithe go raibh ualach agus éilimh an ábhair acadúil ag an iar-bhunleibhéal mar shrian leis an teagasc ábharbhunaithe a chur i ngníomh sa chleachtas teagaisc agus go raibh tábhacht nach beag le cúram a dhéanamh don ghnóthachtáil acadúil thar ardinniúlachtaí sa tumtheanga a chothú. Ní hamháin sin ach cheap rannpháirtithe dá ndíreoidís ar theagasc na teanga sa rang ábhair go mbeadh foghlaim an ábhair, agus an ghnóthachtáil acadúil dá réir, thíos leis an oideolaíocht chéanna. Leis sin, b'fhollas gur shíl rannpháirtithe go raibh míréir fhollasach idir polasaí teagaisc an *POG* agus na polasaithe measúnaithe Stáit.

Sa chéad chaibidil eile, cíoifear cleachtais ábharbhunaithe na rannpháirtithe.

Caibidil 6 : Cleachtas Ábharbhunaithe an Mhúinteora


6.1 Intreoir

Léiríodh i gCaibidil 5 gur beag cur amach a bhí ag rannpháirtithe taighde, dar leo féin, ar dhea-chleachtas an chomhtháthaithe ábhar agus teanga. De réir sin, bhí le sonrú i bhfaisnéis na rannpháirtithe go raibh a gcuid sainréimsí oideolaíochta faoi scáth an teagaisc ábhairbhunaithe tearcfhorbartha den mhórchuid. Sa bhreis air sin, sonraíodh meon a bhí idir chúng agus chosantach i ndáil le soláthar an ábhair mar aon le tuairimí faichilleacha faoi iarmhairt na foghlama teanga ar an bhfoghlaim agus ar an ngnóthachtáil ábhair. Leis sin, soláthraíonn na torthaí taighde seo réasúnaíocht láidir le féachaint chuige an amhlaidh a bhí i bhfianaise chleachtas oideolaíoch na rannpháirtithe.

Faoi mar a pléadh i gCaibidil 2, tugann táscairí dea-chleachtas an *POG* treoir d'iarbhunscoileanna Gaeltachta maidir leis na cleachtas mhaith, agus an-mhaith, ina mbeifí ag súil leo agus an t-aitheantas céanna á ghnóthú. Cuirtear i gcuimhne don léitheoir cuid de na dea-chleachtas teagaisc ghaolmhara d'ábhar an taighde reatha: bíonn cur amach ag múinteoirí ar mhodhanna múinte maithe a nascann múineadh teanga agus múineadh ábhair go héifeachtach; cuirtear an fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga chun cinn; cuirtear ionchais shoiléire in iúl maidir le húsáid na tumtheanga agus déantar cruinneas Gaeilge a theagasc agus a thástáil mar chroílár de theagasc gach ábhair (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2020: 14-19). Os a choinne sin, agus faoi mar a cuireadh i láthair i gCaibidil 3, tá raidhse leathan de chleachtas TFD atá ailínithe leis an sainréimse teagaisc EOÁCÁT (Eolas Oideolaíochta ar Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga) ag croílár an chreata EOÁ-C (Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite). Agus cleachtas oideolaíoch

ábharbhunaithe mar théama na caibidle seo, díreofar go príomha ar an éabhlú agus ar an bhforbairt oideolaíoch i leith na ndea-chleachtas thuasluaite.

Ó thaobh struchtúr na caibidle de, tabharfar faoin tuairisciú anailíseach mar a tugadh faoin taighde feidhmeach, is é sin ar bhonn timhriallach agus ar bhonn bíseach (féach Fíor 4.6). Rinneadh iniúchadh ar an gcleachtas trí bhreathnóireacht ag trí staid ar leith den chur chuige modheolaíochta agus úsáideadh teimpléad breathnóireachta le leanúnachas a chinntiú ó chomhthéacs go comhthéacs agus chun iontaofacht agus bailíocht na sonraí taighde a dhearbhu. Déanfar scagadh ar an gcleachtas ábhartha de réir na mbreathnóireachtaí taighde (Fíor 6.1).



Fíor 6.1: Leagan amach na caibidle

Tosóidh gach mír le scansáil ar chleachtas (ábharbhunaithe) an mhúinteora agus iniúchfar an próiseas smaointeoireachta ina leith. Déanfar an fhaisnéis oideolaíochta a léirmhíniú i bhfianaise na litríochta agus breathnófar ar nádúr agus ar mhéid na forbartha. Thairis sin, tabharfar spléachadh ar shainriachtanais oiliúna rannpháirtithe d’fhonn barr feabhais sa chleachtas teagaisc a éascú. Ní mór a mheabhrú, áfach, agus faoi mar atá pléite i gCaibidil 4, go raibh tionchar nach beag ag an bpaindéim sláinte COVID-19 ar chur chuige an taighde fheidhmigh trí chéile, agus ar an dul céanna, bhí impleachtaí ag an tréimhse chianfhoghlama

ar scálaí agus rátaí forbartha an chleachtais ábhairbhunaithe. Féachfar chuige anois leis an túsphointe cleachtais a nochtadh.

6.2 Túsphointe Cleachtais an Mhúinteora

Reáchtáladh na chéad bhreathnóireachtaí ranga i mí Mheán Fómhair na bliana acadúla 2020-2021 agus pobail na scoileanna fillte ar na láithreacha den chéad uair ó mhí an Mhárta 2020. I gcásanna áirithe (n=4), bhí cead ag an taighdeoir breathnóireachtaí ranga a reáchtáil ar an láthair agus i gcásanna eile (n=2), ní raibh ach de rogha ag an taighdeoir breathnóireachtaí ranga a reáchtáil ar na hardáin dhigiteacha teagaisc (n=2). Is gá a thabhairt chun cuimhne go raibh cinneadh mheán na breathnóireachta faoi chomaoin pholasaithe slándála COVID-19 na scoileanna rannpháirteach (féach Aguisín X).

6.2.1 Sprioctheanga an Teagaisc

Aibhsíodh i gCaibidil 5 ní ba thúisce go raibh rannpháirtithe taighde idir dháil agus tiomanta don chur chuige lántumtha. Ar a bharr sin, sonraíodh gur síleadh go raibh sé de dhualgas orthu mar mhúinteoirí a bhí ag feidhmiú i gcóras tumoideachais na Gaeltachta go mbeidís ina samhlacha teanga dá gcuid daltaí. Chuige sin, ba í an Ghaeilge teanga an teagaisc agus na cumarsáide sna ranganna ar fad a breathnaíodh orthu, gné den chleachtas a thacaigh go láidir le bunphrionsabail de chuid an tumoideachais iomláin. Bíodh is go raibh ionchais i ndáil le húsáid na tumtheanga léirithe ar an mbonn seo, ba ríléir ón gcleachtas oideolaíochta nach raibh sé de nós ag oiread is rannpháirtí amháin torthaí foghlama sainiúil d'fhoghlaim nó d'fhorbairt teanga a chur faoi bhráid an ranga, sna cásanna ina raibh torthaí foghlama maidir le foghlaim ábhair á gcur in iúl (n=3). Sa mhullach air sin, is inspéise an ní é gur

thagair gach rannpháirtí sna ceistneoirí taighde do ról an Bhéarla ar mhaithe le deacrachtaí tuisceana a shárú, d'ainneoin a gcreidiúintí láidre gur gné neamh-inmhianaithe í úsáid an Bhéarla sa chleachtas teagaisc tuairiscithe i gCaibidil 5. Bhí na míniúcháin ba bhonn leis an úsáid chéanna le sonrú sa chéad cheistneoir taighde:

Úsáidim Béarla anois agus arís chun tearmaíochtaí deacra a mhíniú do na scoláirí.

(Ceistneoir Taighde #1)

Ní úsáidim ach in éisceachtaí msh le daltaí Bl 1 nách bhfiul fós ar a gcompórd leis an ghaeilge agus nuair is ga le focail deacra casta nua san Ardteist.

(Ceistneoir Taighde #1)

Uaireanta le tearmaí a mhíniú agus le cinntiú go mbeidh na scoláirí ar eolas don scrúdú stát áit a mbeidh an dá leagan don páipéar acu.

(Ceistneoir Taighde #1)

Úsáideann, chun téarmaí casta a mhíniú agus roinnt nótaí atá níos spreagúil.

(Ceistneoir Taighde #1)

Úsáidim. Le téarmaíocht a mhíniú.

(Ceistneoir Taighde #1)

Anois is arís ag braith ar an rang bíonn na ranganna meascaithe ó thaobh léibhéal Gaeilge atá acu.

(Ceistneoir Taighde #1)

D'ainneoin gur áitigh na múinteoirí uile go raibh ról ag an mórtheanga sa chleachtas teagaisc, is beag Béarla a bhí le sonrú sna breathnóireachtaí ranga féin. Úsáideadh an Béarla go fíorannamh agus an cur chuige lántumtha i bhfianaise go soiléir. Tugtar samplaí den mhéid céanna sna sleachta thíos:

Múinteoir: ...agus cífidh sibhse ansin nuair a rachaidh sibh chomh fada le 'assignment' (ar MS Teams)...cífidh sibh gur thug mé aiseolas...cad is aiseolas ann?

Dalta A: Assignment?

Múinteoir: No 'ais - eolas' (an focal ráite os ard ina dhá leath)

Dalta B: Feedback?

Múinteoir: So it's eolas a thug mé (geaitsíocht coirp) ar ais duit.

(Deirdre - Breathnóireacht #1)

Feictear sa chás seo nár glacadh leis an leagan Béarla mar fhreagra na ceiste agus gur leanadh le brí an téarma a mhíniú i bhfoclaíocht neamhchasta trí Ghaeilge. Rinneadh amhlaidh ionas

nach mbeadh daltaí ag brath ar an mBéarla do thuiscint an téarma sin, a mhalairt is a bhí curtha chun tosaigh ag an múinteoir áirithe seo sa cheistneoir taighde. Sonraíodh cleachtais chomhchosúla i gcás na rannpháirtithe eile go minic agus iad ag soláthar mionbhriseadh síos ar shaintearmaíocht Eacnamaíochta Baile agus uaireanta fiú ag tabhairt míniúcháin lán-Ghaeilge ar théarmaí lán-Bhéarla (féach an téarma RDA):

Deisiú: 'Rud a dhéanamh níos fearr nó é a thabhairt ar ais'

Easnamh: 'Má tá sé ar iarraidh'

Feidhmeanna: 'An jab atá acu'

Comhdhéanamh: 'Cad as a bhfuil sé déanta'

RDA (Recommended Daily Allowance): 'Téarma Béarla ach an méid laethúil a mholtar'

(Bláthnaid - Breathnóireacht #1)

Foinse: 'Cad as a dtagann sé?'

Rangú: 'Can sórt nó an cineál?'

Macrathothaithigh: 'Na cinn móra: próitéin, carbaihiodráití agus saill'

(Ciara - Breathnóireacht #1)

Oidhreacht: 'Tagann sé ó ghlúin go glúin'

Aistí bia: 'Cad a itheann tú de ghnáth nó gach lá'

Riachtanais: 'Rudaí tábhachtacha a bhíonn ag teastáil'

(Máire - Breathnóireacht #1)

Sa bhreis ar na míniúcháin shothuigthe ó bhéal, tugadh le fios gur nós do scoil amháin leabhrán téarmaíochta⁷⁸ a chur ar fáil do dhaltaí na chéad bhliana chun rochtain a fháil ar choincheapa casta.

Tá leabhrán againn do bhliain a haon agus ar chúl tá sórt eh gluais leis na saintearmaí agus na míniúcháin taobh leo mar tá chuid de na téarmaí millteanach deacair.

(Méadhbh - Agallamh #1)

⁷⁸ Cuireadh teicnící scaflála teanga san áireamh sa leabhrán céanna in Aguisín E.

Ar a bharr sin, chonacthas beirt mhúinteoirí eile ag cothú chultúr an fhoclóra teanga⁷⁹ mar nósmaireacht ranga d'fhonn teacht ar théarmaí coibhéiseacha trí Ghaeilge, agus timpeallacht shaibhir teanga ar an gcaoi sin á cur chun cinn mar thoradh ar an gcleachtas céanna.

Léiríonn na samplaí thuasluaite go raibh féith an mhíniúcháin ag rannpháirtithe i leith eochairthéarmaíocht shonrach an ábhair a mhíniú i dteanga chruinn shimplí. Tagann cleachtas dá leithéid seo le moltaí de chuid Chigireacht na Roinne Oideachais a mhaígh ‘...gur chóir téarmaí nó coincheapa deacra i nGaeilge a mhíniú ar bhealach níos simplí’ (An Roinn Oideachais, 2021a: 87). Is inspéise an lua ar an ábhar céanna gur dhealraigh Ó Ceallaigh agus Ó Brolcháin (2020) mar aon le Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh (2021) go dtéann múinteoirí an chórais i muinín na mórtheanga go minic chun na dúshláin phróiseála maidir le hábhar casta a shárú. Ba chleachtas é seo nach raibh i bhfianaise na mbreathnóireachtaí ranga ag tús an togra. Ar a shon sin agus uile, tugadh le fios nár thapaigh oiread is rannpháirtí amháin na deiseanna cuí leis an tsaintéarmaíocht a shealbhú agus a leabú i stóras foclóra na ndaltaí.

6.2.2 Deiseanna le haghaidh Aschur Teanga

Is fíorbheagán deiseanna úsáide teanga (.i. aithris a dhéanamh ar an téarmaíocht nó an téarmaíocht a chur in abairtí ó bhéal nó i scríbhinn) a bhí le sonrú i gcleachtas rannpháirtithe sna chéad bhreathnóireachtaí ranga. Tagann an toradh seo le cleachtas comhchoiteann aitheanta sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta go forleathan (An Roinn Oideachais 2021a).

⁷⁹ Bhí sé de nós ag na rannpháirtithe seo úsáid rialta a bhaint as na foclóirí éagsúla ar líne (.i. téarma.ie, foclóir.ie agus teaglann.ie) le linn an ranga.

Ar a bharr sin, shonraigh an tuarascáil céanna go raibh saintearmaíocht an ábhair á teagasc trí mheán na sprioctheanga ar mhaithe leis an ngnóthachtáil acadúil amháin, agus ní ar mhaithe leis an sealbhú ná leis an saibhriú teanga. Feictear macalla den dearcadh céanna i dteistiméireachtaí na rannpháirtithe thíosluaite:

...so dáiríre sin ceann de na cúiseanna a bhfuil mise ag úsáid focail Ghaeilge is mar gheall ar scrúduithe.

(Bláthnaid - Agallamh #1)

...ach déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mbeadh na téarmaí Gaeilge acu, mar sin a bheidh uathu sa scrúdú.

(Ciara - Agallamh #1)

Treisiónn an toradh seo creidiúintí rannpháirtithe a tháinig chun solais agus a pléadh i gCaibidil 5 agus meon an speisialtóra ábhair ag croílár na gcinntí oideolaíochta. Ina theannta sin, is toradh é seo nach bhfuil coimhthíoch ó thorthaí mórán staidéar tumoideachais eile (Evnitskaya agus Morton 2011; Hoare agus Kong 2008; Ní Chathasaigh agus Ó Ceallaigh 2021; Ní Thuairisg 2014; Ó Laoire *et al.* 2021) agus a léiríonn chomh maith céanna go raibh foghlaim na téarmaíochta sa tumtheanga mar fhothoradh ar ardcheannasaíocht na gnóthachtála acadúla.

Anuas ar cheal úsáide an tsainfhoclóra, tugadh faoi deara i gcás gach aon rannpháirtí nár bronnadh deiseanna úsáide ná deiseanna idirghníomhaithe teanga ar dhaltaí lasmuigh de fhreagairt ceisteanna, agus an méid seo tuairiscithe i ndialann an taighdeora:

Ní bhíonn deis cainte tugtha do dhaltaí go hiondúil i lár ranga lasmuigh de fhreagairt ceisteanna agus freagraí iad seo a bhíonn an-ghonta nó aonfhoclach go minic (Deireadh Fómhair 2020).

(Dialann an taighdeora - Timthriall #1)

Tagann sé seo go lom le taighde na Roinne Oideachais (2021a) a dhealraíonn nach nós d'oidí an chóras oideachais Ghaeltachta gníomhaíochtaí cumarsáide leordhóthanacha a chruthú do dhaltaí an chórais, beag beann ar a gcumas nó cúlra teangeolaíoch. Sa mhullach air sin,

maíonn an lucht acadúil go bhfuil teagmháil fhairsing leis an sprioctheanga de dhíth ar fhoghlaimoírí tumoideachais (Krashen 1985) agus go gcuireann an aisghabháil agus úsáid nádúrtha teanga borradh faoin sealbhú teanga trí dhoimhneacht na próiseála a threisiú (Ó Ceallaigh agus Ó Brolcháin 2020). D'fhéadfaí a mhaíomh, ar an mbonn sin, go bhfuil dlúthnasc idir an méid réamhphléite agus an bhearna a aithnítear idir eolas faisnéiseach agus eolas gnásúil teanga an dalta sa chaoi is go bhfuil orthu a c(h)uid eolais ghnásúil teanga a fhorbairt, trí úsáid mhéadaithe, le teacht chuig ardinniúlacht teanga mar úsáideoir agus anailíseoir teanga araon⁸⁰. Dá réir sin, baineann olltábhacht le deiseanna aisghabhála teanga a chomhtháthú sa chleachtas ábharbhunaithe chun scafláil a dhéanamh ar shealbhú iomlán baileach na teanga (Ellis agus Shintani 2014; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017).

Léirigh an t-easnamh seo i gcleachtas oideolaíochta na rannpháirtithe tuiscintí tearcfhorbartha den mhórchuid i ndáil leis na dea-chleachtas éifeachtacha ábharbhunaithe atá le cur i ngníomh ag an múinteoir ábhair le timpeallacht fhabhrach d'fhorbairt na litearthachta sa mhionteanga a chur chun cinn. Bíodh seo mar atá, ní raibh deireadh cailte ar an gcleachtas agus móimintí eiseamláireacha den dea-chleachtas ábharbhunaithe i bhfianaise scaití sna ranganna faoi bhreathnú. Is cuí, mar sin, gnéithe den dea-chleachtas comhtháite ábhar agus teanga i ngnáthchleachtas rannpháirtithe ag tús an togra a scagadh sa chéad mhír eile.

⁸⁰ Bíodh is go bhfuil an cainteoir dúchais so-aitheanta mar úsáideoir cumasach teanga tagraítear anseo do shaintearmaíocht an ábhair acadúil nach bhfuil i stóras laethúil teanga an chainteora dhúchais agus nach bhfuil sealbhaithe acu go fóill.

6.2.3 Teagasc Comhtháite Ábhar agus Teanga

D'ainneoin go raibh an Ghaeilge mar mheán an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna ag tús an togra, agus go raibh bua an mhíniúcháin i dteanga shothuigthe tugtha faoi deara mar thréith choiteann i measc rannpháirtithe, chonacthas gur fíorannamh a díródh ar theagasc foirmiúil na teanga (.i. TFD) le linn na gceachtanna faoi bhreathnú:

Ar an iomlán ní fheictear rian den TFD córasach i gcleachtas na rannpháirtithe ach amháin sna cásanna ina ndírítear ar an sainfhoclóir a mhíniú trí mheán na Gaeilge.

(Dialann an Taighdeora - Timthriall #1)

Cé gur aithin faisnéiseoirí staidéar Uí Laoire *et al.* (2021) go raibh múineadh an tsainfhoclóra ina dhea-shampla de chleachtas comhtháite ábhar agus teanga, b'fheasach don taighdeoir ón tráchttaireacht sa mhír roimhe seo nach leor brí na heochairthéarmaíochta a theagasc leis na hinniúlachtaí cuí sa tumtheanga a fhorbairt, a chothú ná a shaibhriú. Ar a bharr seo, tagann iontráil dialainne an taighdeora le taighde Uí Ceallaigh *et al.* (2019a) agus Uí Mhurchú (2021) a dhealraíonn go mbíonn múinteoirí ábhair iar-bhunleibhéil ag gabháil, go príomha, do ghnéithe séimeantacha agus léacsacha a chur chun cinn. Mar thoradh air sin, insítear gur beag airde a leagtar ar fhoirmeacha éagsúla den chód teangeolaíoch (.i. gnéithe gramadaí agus comhréire, gnéithe pragmatheangeolaíochta, gnéithe fóineolaíochta agus gnéithe ortagrafaíochta) dá bharr. Dhealródh sé, mar sin, nuair a bhíonn an comhthéacs foghlama ródhírthe ar bhrí agus ar chiall, nach bhfuil sé de chumas, nó d'acmhainn fiú, ag an dalta tumoideachais gnéithe áirithe den tumtheanga a shealbhú go cruinn. Os a choinne sin, dearbhaítear nuair a bhíonn gníomhaíochtaí ranga saindírithe ar fhoirm na teanga comhtháite le foghlaim sainábhair, go sáraítear go héifeachtach na dúshláin a bhaineann le foghlaim agus le forbairt na tumtheanga sa chomhthéacs tumoideachais (Flynn 2021).

Bíodh is nach raibh sé de nós ag rannpháirtithe deiseanna iomadúla cumarsáide a chruthú do dhaltáí lasmuigh de fhreagairt ceisteanna, tugadh rian den TFD teagmhasach faoi deara i gcás triúr rannpháirtithe ag tús na tréimhse bailithe sonraí. Tagraítear sa sliocht seo a leanas do mhír ábhartha ranga a roghnaíodh ó chleachtas Éabha mar bhunús don phlé san agallamh aisghairme spreagtha :

Abair anois ‘an’ agus an focal ‘uisce’ le chéile and they said ‘an t-uisce,’ agus dúirt mé ‘cén fáth go ndúirt tú an t-uisce ?,’ agus dúirt siad ‘oh níl a fhios agam,’ agus dúirt mé you know an bhfuil a fhios agat an bhfuil sé firinscneach nó baininscneach agus dúirt siad ‘nó, níl’ agus dúirt mé bhuel bhí tú ceart, like bhí sé sin ceart an t-uisce nó an t-anraith...and I said bhuel sin mar gheall go bhfuil sé firinscneach agus tosaíonn sé le guta agus you know... d’inis mé an riail dhó.

(Éabha - Agallamh #1)

Rinneadh suntas don mhéid thuasluaite i ngeall ar an eolas meititheangeolaíoch a léirigh an rannpháirtí i leith fhoirm chruinn na teanga (.i. i gcás an ainmfhocail agus an ailt sa tuiseal ainmneach uatha), d’ainneoin a neamhdhiongbháilteacht teanga tuairiscithe roimhe seo i gCaibidil 5. Sa bhreis air sin, léiríodh san am céanna an chaoi inar tugadh faoin TFD follasach i gceacht sainábhair, bíodh is nár thug an rannpháirtí an téarmaíocht áirithe seo air ag an am. An méid seo ráite, ámh, chuir Éabha in iúl go raibh sí ag tarraingt ar a cleachtas agus ar a tuiscintí oideolaíochta mar mhúinteoir Gaeilge le díriú ar fhoirm na teanga sa rang Eacnamaíochta Baile, agus ní ar a cuid tuiscintí forbartha ón oideachas tosaigh ná ón bhfoghlaim ghairmiúil:

...níl a fhios agam just gur múinteoir Gaeilge mise freisin, go gcuirim béim ar an teanga agus an ghramadach.

(Éabha - Agallamh #1)

Bhí cleachtas comhchosúil le sonrú i gcleachtas Mhéadhbh. Sa chás seo, tháinig an freagra ‘go leor airgid’ aníos i ransú smaointe agus scríobhadh ar an gclár bán é mar ‘go leor airgead’ mar bhunús don phlé ranga:

Múinteoir: So cén fáth go bhfuil sé mícheart?

Dalta A: Eh 'go leor?'

Múinteoir M: No tá 'go leor' ceart

Dalta B: Airgead?

*Múinteoir: Airgead, ceart go leor, féach anseo ar an ghiota atá mícheart (cuireann an múinteoir ciorcal mórthimpeall ar na litreacha 'ead' in 'airgead' agus ceartaíonn sí é faoina bhun trí 'go leor airgid' a scríobh). Cén fáth *ainm an dalta*? (cén fáth ar athraigh 'airgead' go 'airgid').*

...ciúnas ranga

Múinteoir: So nuair a chuireann tú méid os a chomhair...so go leor nó a lán...so an gcloiseann sibh na múinteoirí Gaeilge ag labhairt faoin tuiséal ginideach...so sin an fáth, má chuireann tú méid os a chomhair athraíonn sé ó 'a-i-r-g-e-a-d' go 'a-i-r-g-i-d.'

(Méadhbh - Breathnóireacht #1)

Ardaíodh an ghné seo den cheacht le Méadhbh i ndiaidh na breathnóireachta le fiosrú cad é a spreag í le béim a leagan ar fhoirm na teanga sa rang ábhair:

I think it's kinda like cross-curricular sílim...you know its cosúil le go mbeadh mé ag déanamh ceangail le rud éigin eile...so like má fheiceann tusa you know...oh fuinneamh dúirt duine de na gasúir ó shíl mé go raibh fuinneamh litrithe mar f-u-i-n-n-e-a-m-h agus dúirt mé yeah tá ach nuair a chuireann tú méid roimhe athraíonn sé go dtí an tuiséal ginideach...I know b'fhéidir go nglacann sé níos mó ama but ag an am céanna I think go bhfuil sé níos tábhachtaí go dtuigeann siad ansin cause it...grinds in agus bíonn sé concrete.

(Méadhbh - Agallamh #1)

D'aithin Méadhbh an tábhacht le naisc thras-theangeolaíoch a éascú mar oide éifeachtach tumoideachais agus í 'ag déanamh ceangail le rud éigin eile' (Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017). Ba thoradh é seo a léirigh tuiscintí forbartha ag an rannpháirtí i dtaobh spriocanna agus aidhmeanna an chórais tumoideachais i gcoitinne. Sa breis air sin, shonraigh an múinteoir gur bhraith sí go raibh sé de dhualgas uirthi, agus de mhuintín aici go deimhin, na naisc chéanna a dhéanamh i ngeall ar a cúlra oideolaíochta mar mhúinteoir Gaeilge, faoi mar a d'aithin Éabha sna míreanna roimhe seo. É seo ráite, ní raibh an cleachtas céanna ag eascairt as a cuid tuiscintí i ndáil leis an gcleachtas ábharbhunaithe ach as a cuid saintuiscintí

mar mhúinteoir teanga. Mar sin, áitítear gur bonn eolais ar leith é seo nach gcinnteodh an cleachtas ábharbhunaithe éifeachtach ar bhonn marthanach.

D'fhonn éifeachtacht na gcleachtas réamhnochta a scagadh, is follas sa dá chás thuasluaite go ndearnadh iarrachtaí dírithe le feacht na ndaltaí i leith na spriocstruchtúr teangeolaíoch a ardú. Bíodh is go bhfuil tuairim measartha leitheadach ann gur mar chuid lárnach den chleachtas TFD é go spreagfaí an fheacht nó an mhúscailt comhfheasa teanga sa rang tumoideachais, ar mhaithe leis an dalta a chumasú chun na bearnaí ina c(h)uid teanga féin a aithint (Lyster 2018; Ó Ceallaigh 2021; Tedick agus Lyster 2020), sonraítear san am céanna go gcaithfear daltaí a ghríosadh leis an spriocstruchtúr aitheanta a úsáid i gcomhthéacs cumarsáideach lena gcuid eolais ghnásúil agus inniúlachtaí sa sprioctheanga a fhorbairt dá réir (Ellis agus Shintani 2014; Lyster 2018; Tedick agus Lyster 2020).

Cé nach bhfuil amhras ar bith ach go raibh cleachtas Éabha agus Mhéadhbh fabhrach do shaibhriú na tumtheanga sa rang ábhair, b'fheasach don taighdeoir go raibh an cleachtas seo teagmhasach, *ad hoc* fiú. Is gné é seo atá mar mhacalla ar thaighde Uí Cheallaigh *et al.* (2019a) sa chomhthéacs náisiúnta, agus taighde Cammarata agus Tedick (2012) sa chomhthéacs idirnáisiúnta, áit ina ndealraíonn na húdair idirnáisiúnta gur minic do mhúinteoirí tumoideachais tabhairt faoin teagasc cúitithe ar bhonn '*stab in the dark*' (261). Thairis sin, agus d'ainneoin gur thuig rannpháirtithe na dualgais ghairmiúla a bhíonn orthu i leith chur chun cinn na teanga mar mhúinteoirí ábhair, is ríléir go raibh bearnaí ina gcuid bonn eolais ábharbhunaithe, agus tagairt déanta don easnamh céanna go síoraí seasta i litríocht an tumoideachais (Cammarata agus Cavanagh 2018; Cammarata agus Ó Ceallaigh 2020; Morton 2016; Ní Aogáin agus Ó Duibhir 2022, 2021; Ó Ceallaigh 2016; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017; Tedick agus Lyster 2020).

Tugadh suntas do mhír ranga a roghnaíodh ó chleachtas Dheirdre freisin, cleachtas a dhírigh ar ghnéithe ortagrafaíochta agus fóineolaíochta na foirme (.i. litriú cruinn agus fuaimniú sa chanúint áitiúil) nuair a tarraingíodh aird na ndaltaí ar bhotúin scríofa san obair bhaile. D'aithin an rannpháirtí go raibh cuid mhaith foghlaimoírí i ndiaidh deartháir agus/nó deirfiúr a litriú go míchruinn agus tugadh tasc dóibh le linn an ranga teacht ar leaganacha cearta do na hainmfhocail faoi chaibidil:

...an bhfeiceann sibh na focail seo ‘deartháir’ agus ‘deirfiúr’...roinnt de na sleamhnáin a rinne daoine bhí deacracht agaibh leis an bhfocal sin a litriú. Tá siad deacair nach bhfuil? Deirtear anseo ‘drea-tháir’ agus litríonn tú é i slí difriúil (ansin déanann an múinteoir an rud céanna le deirfiúr). So sin é an dara dúshlán atá agam (daoibh). An féidir libh dul ar ais ar na sleamhnáin a rinne sibh agus más rud é gur luaigh sibh deartháir nó deirfiúr an bhfuil an litriú i gceart ann.

(Deirdre - Breathnóireacht #1)

Léiríonn aiseolas an mhúinteora sa bhlúirín ranga thuasluaite go raibh daltaí ag brath ar fhuaimniú na n-ainmfhocail ó bhéal don litriú⁸¹. Thairis sin, d’fhéadfaí a áitiú gan idirghabháil an mhúinteora go raibh toradh an iontaisithe i ndán don litriú lochtach. Treisíonn an sampla seo luach an TFD sa chomhthéacs tumoideachais i ngeall go raibh an litriú ciotach iompaithe ina spriocstruchtúr mar thoradh ar an ionchur breisithe (Ó Ceallaigh 2016). Sa mhullach air sin, léirítear dea-shampla den TFD ionduchtach-follasach sa sampla seo freisin de thoradh go raibh daltaí spreagtha le botún a aimsiú agus an botún a chur ina cheart. Treisíonn an sampla seo seasamh Ní Dhiorbháin *et al.* (2020), Ní Dhiorbháin (2017, 2016) mar aon le Ní Dhiorbháin agus Uí Duibhir (2016) i dtaobh éifeachtacht an chuir chuige ionduchtaigh-fhollasaigh i dtaca le fadhb an mhíchruinnis sa súomh lán-Ghaeilge a mhaolú.

Cé is moite den dea-chleachtas thuasluaite, níor thuig an múinteoir í féin go raibh a leithéid de TFD ionduchtach-follasach á chur i ngníomh aici. Míníodh go raibh sé de nós aici ‘*trial*

⁸¹ Bhí ‘deartháir’ litrithe mar ‘dreacháir’ agus ‘deirfiúr’ litrithe mar ‘dreifiúr’ ag formhór na ndaltaí sa rang.

a bhaint as rudaí ar bhealaí a bhí idir fhiúntach uaireanta áirithe, faoi mar a bhí le sonrú sa mhír thuas, agus teagmhasach uaireanta eile. Bíodh sin mar atá, léirigh an rannpháirtí dúthracht ar leith ó thús an togra i ndáil le táscairí dea-chleachtas de chuid na *Scéime Aitheantais* a chomhtháthú sa chleachtas teagaisc, mar atá i bhfianaise an tsleachta seo a leanas:

*I mean like táim just ag baint triail as rudaí, rudaí a bhainim féin úsáid astu cosúil le teanglann but ahm chomh maith leis sin cuirim ceist ar ***** atá mar mhúinteoir Gaeilge anseo agus tá sé i bhfeighil ar an Scéim but I suppose sin an chúis go bhfuil mé sásta go bhfuil tusa liom anois ionas nach mbeidh mé ag cur na daltaí ar strae leis an stuif seo ach an oiread.*

(Deirdre - Agallamh #1)

Is léir, ina fhianaise seo, gur bhraith Deirdre éiginnteacht oideolaíochta mórthimpeall ar na modhanna múinte comhtháite a nascadh múineadh teanga le múineadh ábhair go héifeachtach sa chleachtas teagaisc.

Lena chur i mbeagán focal, cé go raibh dea-chomharthaí amanna le sonrú i leith na ndea-chleachtas oideolaíoch ábharbhunaithe i gcás triúr rannpháirtithe, bhí le sonrú go raibh na cleachtas ag tarlú ar bhonn neamhchórasach seachas mar ghné chomhtháite den ghnáthchleachtas go comhsheasmhach.

6.3 Súl Siar

Tugadh spléachadh sa mhír seo ar na cleachtas teagaisc ba shuntasá i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga agus achoimre den chleachtas i bhfianaise le sonrú i bhFíor 6.2.

- *Bhí an Ghaeilge mar mheán an teagaisc agus na foghlama trí chéile agus níor baineadh úsáid as an mBéarla ach i gcásanna fíorannamha.*
- *Léiríodh ionchais arda maidir le húsáid na tumtheanga mar mheán an teagaisc agus na foghlama bíodh is nach nós do rannpháirtithe torthaí foghlama teanga a shainnithint i gceachtanna sainábhair.*
- *Bhain teagasc na teanga den mhórchuid le múineadh téarmaí nó coincheapa nua ar mhaithe le scileanna tuisceana a fhorbairt.*
- *Is beag deis úsáide teanga a cruthaíodh do dhaltaí lasmuigh de fhreagairt ceisteanna.*
- *Shonraigh triúr rannpháirtithe dea-shamplaí den teagasc ábharbhunaithe mar a bhain le múineadh na foirme (.i. gnéithe gramadaí, comhréire, ortagrafaíochta agus fóineolaíochta faoi seach) bíodh is nach raibh bunús córasach leis an ionchur breisithe seo.*
- *Bhí beirt den triúr rannpháirtithe seo ag tarraingt ar a gcuid tuiscintí oideolaíochta mar mhúinteoirí teanga seachas ar a dtuiscintí mar mhúinteoirí tumoideachais chun an teanga a chomhtháthú le hábhar.*

Fíor 6.2: Achoimre ar thúsphointe cleachtais rannpháirtithe

Ar an iomlán, ní raibh fianaise ann de réir na mbreathnóireachtaí ranga go raibh an chothromaíocht chúí idir ábhar agus teanga á baint amach ag rannpháirtithe. Chuige sin, ní raibh na sainscileanna oideolaíochta i measc an tsampla le deiseanna feabhsaithe agus saibhríthe teanga a phleanáil agus a theagasc ar bhonn córasach. Ar ndóigh, baineadh úsáid as an gcleachtas a nochtadh sna chéad bhreathnóireachtaí ranga mar bhunchloch do dhearadh na chéad idirghabhála taighde.

6.4 Súil ar Aghaidh

I ngeall go raibh éagsúlachtaí suntasacha in eolas faisnéiseach teanga an tsampla, mar a cuireadh i láthair i gCaibidil 5, síleadh go mbeadh olltábhacht le straitéisí éagsúla teagaisc

ábharbhunaithe a chuimsiú sna hidirghabhálacha taighde a bheadh ailínithe leis an éagsúlacht chéanna, agus nár bhain le dúspéis sa ghramadach amháin (féach mír 6.6.4). Anuas ar an idirphlé le rannpháirtithe sna hagallaimh aisghairme spreagtha, tugadh ardán eile dóibh sa chéad cheistneoir taighde lena gcuid riachtanas oiliúna féin a nochtadh i ndáil leis na bealaí ina bhféadfadh leis an togra taighde éascaitheoireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn sa chleachtas gairmiúil. D’eascair an ghné áirithe seo den idirghabháil taighde as cúram dílis a dhéanamh do threoirínte sheasamh eipistéimeolaíoch na paraidíme bunathraithí. Tá cuntas ar shainriachtanais fhéintuairiscithe na rannpháirtithe le sonrú i bhFíor 6.3.

<i>Riachtanais Oiliúna Rannpháirtithe</i>
<i>‘acmhainní le h-úsáid sa rang’</i>
<i>‘modhanna le gearradh síos ar úsáid Béarla’</i>
<i>‘bealaí chun Gaeilge a nascaithe isteach go neamh-fhoirmiúil’</i>
<i>‘labhair le múinteoirí eile a mhúineann i scoileanna Gaeltachta’</i>
<i>‘léargas a fháil ar mhúineadh múinteoirí eile i scoileanna Gaeltachta’</i>
<i>‘bheinn ag súil le bheith mar chuid de ghréasán le múinteoirí eile a bheadh suim acu tacú lena chéile agus acmhainní a roinnt agus straitéisí a roinnt a ndéanfadh múineadh Eac. Bhaile trí Ghaeilge níos fusa’</i>

Fíor 6.3: Riachtanais oiliúna rannpháirtithe

Feictear i bhFíor 6.3 gur leagadh béim nach beag ar an ngá le tuilleadh acmhainní oiriúnacha, oiliúint shaindeartha ar mhodhanna múinte praiticiúla leis an teanga a chomhtháthú leis an ábhar agus mianta le bheith mar chuid de ghréasán múinteoirí sa chomhthéacs céanna. Cuireadh na riachtanais seo san áireamh agus an taighdeoir i mbun pleanála do na hidirghabhálacha taighde.

6.5 Cleachtas Ciantegaisc an Mhúinteora

Sa mhír seo féachfar ar chleachtas rannpháirtithe ag lárphointe an taighde idir an chéad agus an dara hidirghabháil taighde. Is gá a lua gur reáchtáladh na breathnóireachtaí ranga go comhthreomhar le tréimhse chianfhoghlama an Earraigh 2021, agus ar an gcaoi sin rinneadh na breathnóireachtaí ranga uile ar líne ar na hardáin dhigiteacha teagaisc éagsúla.

6.6 Comhthéacs na Cianfhoghlama

Faoi mar a sonraíodh i gCaibidil 4, níor osclaíodh doirse fhoirgnimh na scoileanna i mí Eanáir na bliana 2021 de dheasca éigeandáil sláinte an Choróinvíris COVID-19. Tugann iontrálacha éagsúla i ndialann an taighdeora cuntas ar an éiginnteacht a bhí le láimhseáil ag an gcóras oideachais iar-bhunleibhéil thart ar an am céanna:

Feictear go bhfuil moill shuntasach ar scéal oifigiúil ón Roinn Oideachais i ndáil le hathoscailt scoileanna. Ceapann na múinteoirí nach mbeidh siad ar ais ar scoil go dtí i ndiaidh na Cásca ar a luaithe ach ní féidir leo a bheith cinnte.

Braitear go lom ó na múinteoirí go bhfuil siad faoi bhrú agus go bhfuil an neamhchinnteacht athoscailte ag cur leis an ualach oibre chomh maith leis an inní mórthimpeall ar MRBanna agus scrúduithe praiticiúla go háirithe.

Fógraíodh ag deireadh mhí Feabhra i ndiaidh do na scoileanna a bheith dúnta le breis is dhá mhí go mbeidh lucht na hArdteiste ag filleadh ar an láthair ar an 1 Márta agus lucht an chúigiú bhliain le bheith sna sála orthu ansin ar an 15 Márta. Beidh na bliainghrúpaí eile ag gabháil don chianfhoghlaim go dtí i ndiaidh laethanta saoire na Cásca.

(Dialann an Taighdeora - Timthriall #2)

Is de dheasca na héiginnteachta thuasluaite inar cuireadh moill le timthriall a dó den taighde feidhmeach ionas nach mbeifí ag cur le hualach gairmiúil ná pearsanta na rannpháirtithe taighde. Chuathas i mbun breathnóireachta ar líne roimh an mbriseadh lár téarma i mí Feabhra 2021 in áit tús mhí Eanáir mar a bhí beartaithe.

6.6.1 Spleáchas Méadaithe ar an Mórtheanga

Tugadh faoi deara i gcaitheamh na mbreathnóireachtaí ranga ar líne go raibh na rannpháirtithe uile níos spleáiche ar úsáid an Bhéarla ná mar a bhí i bhfianaise na chéad bhreathnóireachtaí ar an láthair:

San áireamh i Sleamhnán 12 den chur i láthair PowerPoint bhí na téarmaí/aistriúcháin seo a leanas:

- *Táirgí neamh-mheatacha (non-perishable)*
- *Lascaí (discounts)*
- *Dátaí ní b'fhearr roimhe (best-before) agus úsáid roimhe (use-buy)*
- *Inbhuanaitheacht bia (food sustainability)*

An múinteoir ag soláthar aistriúcháin choibhéiseacha i mBéarla do théarmaí an ábhair ó bhéal agus ar an toirt (.i. inbhuanaitheacht > sustainability, lorg carbóin > carbon footprint, tomhaltas > consumption, tomhaltachas > consumerism, níos córa > fairer)

An múinteoir ag soláthar aistriúcháin choibhéiseacha i mBéarla do théarmaí an ábhair i ndiaidh di iad a mhíniú trí Ghaeilge le cabhair léaráide (.i. buíochán > yolk, geallachán > white, scannán > membrane, blaosc > shell, úr > fresh)

Leaganacha dátheangacha do cheisteanna obair bhaile curtha san áireamh sa chur i láthair PowerPoint.

An múinteoir ag léamh na nótaí ón PowerPoint i nGaeilge agus ag aistriú na habairtí go Béarla ionas go mbeidh na daltaí in ann dul siar a dhéanamh ar ábhair an ranga.

(Samplaí éagsúla ó theimpléid bhreathnóireachta an taighdeora - Timthriall #2)

Is é an mórthatal a bhaintear as na samplaí thuasluaite ná go raibh cur chuige dátheangach le sonrú go comónta i measc chleachtas na rannpháirtithe sna ranganna sioncronacha. Ardaíodh na samplaí seo sna hagallaimh aisghairme spreagtha agus sonraíodh braistintí láidre i measc rannpháirtithe maidir le hardchúram a dhéanamh do chuspóirí foghlama sainiúil d'fhoghlaim an ábhair mar chúis leis an iompú teangeolaíoch faoi chaibidil:

Ceapaim faoi láthair na huair, mar gheall go bhfuil muid ar líne, tá mé ag cur an Béarla idir lúibíní théis an focal Gaeilge ar fhaitíos go bhfuil scoláirí ag iarraidh breathnú siar agus go bhfuil an deis sin acu you know 'oh sin an chiall leis an bhfocal sin' agus beidh sé níos éasca rudaí a fhoghlaim agus araile.

(Éabha - Agallamh #2)

...but ar líne níl a fhios agam an bhfuil sé sin á dhéanamh acu, are they daydreaming, céard atá siad ag déanamh so cuirim an Béarla isteach ar fhaitíos nach dtuigfidh siad é.

(Ciara - Agallamh #2)

Níor theastaigh uaim an frustrachas a mhéadú gan an leagan Béarla a bheith ann so is annamh a mbeadh...so it's actually an chéad uair go mbeadh leagan Béarla agam do rudaí.

(Deirdre - Agallamh #2)

Ní bhíonn sé de nós agam an Béarla a úsáid mar is eol duit ach ar an lámh eile táimid faoi bhrú leis an gcúrsa a chlúdú.

(Bláthnaid - Agallamh #2)

...déarfaidh tú é (an focal coibhéiseach i mBéarla) y'know cause tá sé deacair because caithfidh tú a bheith cinnte go dtuigeann siad uilig é.

(Méadhbh - Agallamh #2)

D'eascair an treocht choiteann as na hagallaimh go raibh an Béarla in úsáid mar mheán cumarsáide le deacrachtaí tuisceana a réiteach agus sruth na gceachtanna a chinntiú. Treisíonn cleachtas dá leithéid an tuairim go mbíonn múinteoirí tumoideachais ite ag gnéithe séimeantacha an ábhair acadúil mar phríomhchúram a gceirde (Hoare agus Kong 2008; Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Ó Laoire *et al.* 2021; Uí Ainiféin 2015; Uí Mhurchú 2021). In ainneoin na réasúnaíochta seo, tugadh le fios san am céanna gur mheas rannpháirtithe gur rud neamh-inmhianaithe, frith-iomasach fiú, a bhí in úsáid na mórtheanga i gcomhthéacs foghlama na mionteanga:

So ceapaim gur droch rud é sin go bhfuil sé seo á dhéanamh agam ach ag an am céanna just tá mé ag iarraidh just go mbeidh na focail ar eolas.

(Éabha - Agallamh #2)

De bharr go bhfuilimid ag múineadh ar líne go bhfuilim sórt ag dul i gcoinne an rud gur mhaith liom a dhéanamh ionas go bhfuil sé sodhéanta.

(Deirdre - Agallamh #2)

Ní maith liom go bhfuil níos mó Béarla in úsáid agam le bheith fírinneach ach braithim go bhfuil gá leis agus muid ar líne.

(Bláthnaid - Agallamh #2)

Níl tú ag iarraidh Béarla a úsáid ar líne ach seans maith go mbeidh tú go mór taobh thiar leis an gcúrsa muna n-úsáideann.

(Máire - Agallamh #2)

San íomhá a tháinig chun solais anseo, léirítear teannais áirithe idir na prionsabail chreidimh nochta ag rannpháirtithe roimhe seo i leith mhéan an tumtha agus a gcleachtais iarbhír le linn na tréimhse cianfhoghlama.

Cé gur beag ár n-eolas ar chleachtais mhúinteoirí tumoideachais iar-bhunleibhéil le linn na paindéime, dhealraigh staidéar Gilger (2020) go raibh ceannairí na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta den tuairim go raibh an earnáil tumoideachais trí chéile imithe i dtuilleamaí an Bhéarla de dheasca chúinsí eisceachtúla na foghlama cumaisc. Thairis sin, dheimhnigh torthaí taighde Uí Dhomagáin (2022) nár nochtadh páistí bunscoile ná daltaí iar-bhunscoile de chuid an chórais tumoideachais ó thuaidh do mhéid leordhóthanach Gaeilge i rith na dtréimhsí teagaisc céanna. De réir an toraidh seo, mhol Ó Domagáin (2022) gur tumoideachas gan tumadh a bhí le sonrú sna cleachtais dhátheangacha seo. Nasctha go dlúth le húsáid amscáil an Bhéarla sa chomhthéacs tumoideachais ná coincheap oideolaíochta an trasteangaithe.

Léiríonn an modhnú a rinneadh ar theanga an ionchuir teagaisc le linn na cianfhoghlama go raibh gnéithe den chleachtas trasteangaithe i bhfianaise sna ranganna faoi bhreathnú. Dar le Ó Ceallaigh agus Ó Brolcháin (2020: 1), ‘Is éard atá i gceist le trasteangú ná malartú córasach idir dhá theanga (.i. Gaeilge agus Béarla) sa seomra ranga tumoideachais, chun tacú le foghlaim an ábhair agus le forbairt inniúlachta sa dá theanga.’ Thairis sin, is féidir le hidé-oideolaíocht an trasteangaithe a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as aistriúchán, códmheascadh⁸², acmhainní nó uirlisí idirghabhála saindeartha (Ballinger, Lyster, Sterzuk agus Genesee 2017). Dealraítear go bhfuil sé de bhua ag an trasteangaú an fheasacht

⁸² Is ionann códmhalartú agus malartú idir teangacha in abairtí a tharlaíonn le linn comhrá nó dioscúrsa (Baker agus Wright 2017). Feictear go minic an códmhalartú i dteistiméireachtaí na rannpháirtithe (.i. focail, téarmaí nó frásaí Béarla in abairtí Gaeilge cur i gcás).

mheititheangeolaíoch, an délitearthacht agus an dátheangachas suimitheach a chur chun cinn, ach gur gá do chleachtóirí tumoideachais a bheith ar an airdeall ar bhaoil a chur i bhfeidhm (Ó Brolcháin 2017).

Molann scoláirí tumoideachais gur ceart do mhalartú na trasteanga tarlú go hinmhalartaithe idir daltaí amháin (Ó Brolcháin agus Ó Ceallaigh 2020). Sa mhullach air sin, áitítear gur gá cleachtais trasteangaithe a phleanáil ar bhonn réamhghníomach lena chinntiú gur malartú córasach idir teanga an ionchuir agus teanga an aschuir a bhíonn i gceist in áit malartú frithghníomhach ar mhaithe le deacrachtaí tuisceana a shárú (Baker agus Wright 2021). Ní hamháin sin ach maítear go bhfuil oideolaíocht an trasteangaithe níos tairbhí don dalta a bhfuil inniúlachtaí sách forbartha acu sa tumtheanga leis an gcomparáid agus leis an anailísiú idir an dá theanga a éascú (Ballinger *et al.* 2017). Ar an dul céanna, dealraítear go gcaithfear cúram a léiriú i leith na hoideolaíochta seo i ndáil le daltaí a bhfuil inniúlachtaí tearcfhorbartha acu sa tumtheanga, ar fhaitíos go n-éireoidís róspleách ar úsáid na mórtheanga agus an páirtsealbhú i ndán don mhionteanga dá réir (Ó Brolcháin 2017; Ó Brolcháin agus Ó Ceallaigh 2020). Bíodh ar a shon sin agus uile, tuigtear ó ráitis agus ó chleachtais na rannpháirtithe réamhráite go raibh oideolaíocht an trasteangaithe á chur i bhfeidhm go míchuí. Sonraíodh go raibh an malartú teanga ag tarlú idir an múinteoir agus daltaí, go raibh sé in úsáid le rochtain a fháil ar choincheapa deacra agus go raibh sé dírithe ar an rang ina iomláine seachas daltaí a raibh ardinniúlachtaí teanga acu amháin mar straitéis idirdhealaithe teagaisc.

Dá ainneoin seo, áitítear dá mbainfí úsáid as oideolaíocht an trasteangaithe ar chaoi chórasach, agus ar aon dul leis na treoirlínte réamhnocta, go bhféadfaí í a aithint ina hoideolaíocht fhabhrach don teagasc idirdhealaithe faoi scáth an *POG*. Sin ráite, is beag

treorach a sholáthraítear do mhúinteoirí sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta i leith a húsáide, lasmuigh de ghné na comparáide, sa tagairt fhánach a dhéantar d'oideolaíochtaí na trasteanga i dtáscairí dea-chleachtais an *POG*:

Bíonn múinteoirí ag obair as lámh a chéile chun oideolaíochtaí trasteanga a oireann don chomhthéacs a shainaithint, chun aird na scoláirí a tharraingt go follasach ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na teangacha atá acu agus chun straitéisí foghlama lárnacha a threisiú ar bhealach comhordaithe.

(An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2020: 14).

Os a choinne sin, ní luaitear go sonrath mar chuid den táscaire céanna, ag an leibhéal is bunúsaí, gur cur chuige oideolaíoch é an trasteangú a fheileann níos mó don chainteoir dúchais nó don fhoghlaiméoir a léiríonn ardinniúlacht sa tumtheanga amháin. Is follas, mar sin, agus i bhfianaise na gcleachtas thuasluaite go bhfuil treoir agus soiléireacht bhreise de dhíth ar mhúinteoirí chun féachaint ar a fhéideartha is atá sé leas a bhaint as an oideolaíocht chéanna i gcomhthéacs tumoideachais na Gaeltachta ná mar atá curtha chun tosaigh sa táscaire dea-chleachtais réamhluaite. Ar an iomlán, cé gur thuig rannpháirtithe nach raibh a gcleachtas i dtaca leis an mórtheanga inmhianaithe faoi scáth bhunphrionsabail an lántumtha, agus mar a thuigtear anois i bhfianaise oideolaíocht an trasteangaithe, léirigh sé san am céanna fíorthosaíochtaí teagaisc an mhúinteora ábhair le linn na cianfhoghlama le soláthar an ábhair acadúil a chinntiú thar chur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm. An méid seo san áireamh, b'fheasach don taighdeoir gur mar iarmhairt nádúrtha ar úsáid mhéadaithe an Bhéarla ná an teorannú a bhí i ndán don aschur táirgiúil trí mheán na sprioctheanga.

6.6.2 Deiseanna le haghaidh Aschur Teanga

Dhealraigh Gilger (2020) gurbh í an fhadhb ba mhó roimh an gcomhthéacs lán-Ghaeilge le linn na dtréimhsí dúnta scoile ná an meath a tuairiscíodh i leith úsáid na Gaeilge labhartha. Cé is moite den chleachtas a cuireadh i láthair roimhe seo i mír 6.2.2 a d'áitigh nach minic do rannpháirtithe deiseanna iomadúla cumarsáide a chruthú i ndáil le saorúsáid na teanga, is

a laghad fós na deiseanna idirghníomhaithe cainte a cruthaíodh le linn ranganna sioncronacha na tréimhse cianfhoghlama:

Moladh sa chéad idirghabháil taighde go mba chóir daltaí a mhisniú le habairtí iomlána a úsáid agus ceisteanna á bhfreagairt agus go spreagfaí níos mó deiseanna cainte le linn gníomhaíochtaí éagsúla ranga. B'fhollas go raibh rannpháirtithe ag streachailt le béim a leagan ar an nGaeilge labhartha mar chuid den chleachtas ar líne, go háirithe sna ranganna móra. Ar ndóigh, bhí an-tionchar ar rochtain leathanbhanda agus trealamh teicneolaíochta na ndaltaí ar an méid céanna agus ba mhinic don idirghníomhú ranga a bheith teoranta do bhoscaí cabaireachta, roghnú deilbhíní agus nótaí/ comhaid roinnte ar na hardáin teagaisc.
(Dialann an taighdeora - Timthriall #2)

Bíodh is go bhfuil teagmháil fhairsing leis an tumtheanga (Krashen 1985) mar aon le deiseanna úsáide nádúrtha teanga (Ó Ceallaigh agus Ó Brolcháin 2020) de dhíth ar an sealbhú iomlán, aithníodh an idirghníomhaíocht bheo mar chonstaic shainiúil de chuid nádúr agus dinimic na cianfhoghlama i gcomhthéacsanna foghlama teanga ar fud na cruinne (Charney *et al.* 2020; Fu agus Zhou 2020; Jiang *et al.* 2020; Karataş agus Tuncer 2020; Wang *et al.* 2020). Déanann an iontráil dialainne thuasluaite macalla ar an mbac céanna i gcomhthéacs oideachais na Gaeltachta le linn na tréimhse teagaisc ó chian.

Ina theannta sin, sonraíodh le linn na ranganna sioncronacha nach iondúil do dhaltaí a bheith ar a gcompord ag labhairt os comhair ranga, beag beann ar a gcuid inniúlachtaí teangeolaíocha agus iarrachtaí múinteoirí leis an rannpháirtíocht sa dioscúrsa a chur chun cinn:

Nach bhfeicim na scoláirí (nuair nach mbíonn na ceamairí ar siúl), níl a fhios agam an bhfuil na mics ag obair dóibh...an méid ama a thógann sé na mics a chur air agus as, ahm an bhfuil siad fós ann, an bhfuil an idirlíon ag obair gan trácht ar iad a spreagadh chun labhairt amach agus an taifead ar siúl.
(Éabha - Agallamh #2)

Bíonn tú caite amach uaireanta ag iarraidh orthu na mics a choimeád ar siúl mar ghnáthnós ionas go mbeidís istigh ar an bplé. Oireann sé do dhaltaí áirithe is dócha ach ní oireann sé do na daltaí cúthaileach agus nach bhfuil an-mhuiníneach.
(Deirdre - Agallamh #2)

Braitheann tú uaireanta go mbíonn tú ag caint leat féin, is maith leo na emojis a úsáid nó rud nó dhó a chur sa chat ach seachas sin bíonn sé an-deacair iad a chur ag caint, agus fiú má chuireann tú iad i breakoutrooms nó rud ar bith mar sin bíonn ort a bheith ag dul ó sheomra go seomra agus bíonn sé deacair a chinntiú go bhfuil siad ag labhairt as Gaeilge.
(Bláthnaid - Agallamh #2)

Ina fhianaise seo, is dóchúla go raibh scileanna labhartha agus idirghníomhaithe cainte na bhfoghlaimeoirí teanga go háirithe thíos leis an gcur chuige foghlama ar líne. Tagann an breithiúnas seo go lom le torthaí Uí Dhomagáin (2022: 43) a shonraigh gur bhraith 96% de mhúinteoirí tumoideachais sa chomhthéacs oideachais ó thuaidh go raibh iarmhairt ag an bhfoghlaím chumaisc ar dhul chun cinn teangeolaíoch dhaltaí na scolaíochta lán-Ghaeilge. Cé nach iontas ar bith é seo i bhfianaise na míre seo agus mír 6.6.1, ní mór a thabhairt chun cuimhne go raibh tacar scileanna breise de dhíth ar mhúinteoirí tumoideachais leis an sainábhar a mhúineadh go héifeachtach trí mheán na mionteanga ar líne.

6.6.3 Inniúlachtaí Digiteacha an Chiantegaisc

Tuigtear nach ar an bhfoghlaím chumaisc a bhíodh an bhéim i suíomhanna oideachasúla ar fud na cruinne roimh theacht an Choróinvírís agus go raibh na cleachtais oideolaíochta, den mhórchuid, fréamhaithe sa seomra ranga fisiciúil. Chuige sin, tá sé tábhachtach a mheabhrú go raibh ar mhúinteoirí a gcleachtais teagaisc a chlaochlú, thar oíche nach mór, le dul i muinín an mhodh teagaisc choimhthígh a bhí rompu (Mohan *et al.* 2020). Ar an ábhar seo, áitíonn Gilger (2020) go raibh sciar suntasach de mhúinteoirí san earnáil lán-Ghaeilge, go háirithe iad siúd a bhí ag feidhmiú lasmuigh de scoileanna a raibh an teicneolaíocht leabaithe ina ngnáthchleachtas teagaisc laethúil, gan an riar scileanna digiteacha le tabhairt faoin gcianteagasc go héifeachtach. Níl aon amhras, mar sin, ach gur chruthaigh a leithéid de thréimhse theagaisc dúshláin mhóra oideolaíochta do mhúinteoirí fud fad an chontanaim oideachais.

Bhí tuairim ag na rannpháirtithe uile nach raibh na tacaíochtaí cuí curtha ar fáil ag an gceannaireacht leis na hinniúlachtaí teicneolaíochta a bhí de dhíth orthu a rochtain:

Shocraigh an príomhoide I suppose cruinnithe foirne ach bhí sé bunaithe ar bhuel céard atá cabhrach an bhfuil aon smaointí ag daoine atá siad ag iarraidh a roinnt, céard atá ag oibriú, céard nach bhfuil, agus má tá ceisteanna ag daoine bhuel, céard atá sibhse ag déanamh ar Teams.

(Éabha - Agallamh #2)

*No em i ndáiríre Sarah fiú i dtaobh múineadh ar líne, em bhí orm impí ar ***** i mí Meán Fhómhair, look tá an-chuid frustrachas anseo...má theastaíonn uaim rud éigin a dhéanamh, bheadh orm féachaint suas ar Youtube...now tá...tá...bhí múinteoirí againn nach raibh fiú in ann an rolla a thógaint ar VSware i gceart.*

(Deirdre - Agallamh #2)

I don't think go bhfuair muid ríomphost le haghaidh cuidiú ach ehm...no, I don't think so.

(Méadhbh - Agallamh #2)

Ar an ábhar seo, mhaígh an Roinn Oideachais agus Scileanna (2021b) go raibh pleananna á gcur i bhfeidhm ag 99% de na hiar-bhunscoileanna a ndearnadh suirbhé orthu chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ó chian. Sin ráite, b'fheasch don taighdeoir ón tuarascáil chéanna go raibh na pleananna áirithe seo teoranta do shocruithe praiticiúla sainiúil do cheannairí (.i. roghnú ardáin dhigiteacha, modhanna teagmhála le daltaí agus tuismitheoirí, socruithe amchláir agus araile), in áit pleananna nó socruithe éagsúla a bhain le teicneolaíochtaí digiteacha na múinteoirí a chothú, gan trácht ar na hinniúlachtaí riachtanacha a bhí de dhíth ar mhúinteoirí leis an eispéireas tumoideachais nó an teagasc ábharbhunaithe a aistriú ar líne.

Sa bhreis ar an neamhchinnteacht i measc múinteoirí faoi úsáid agus faoi chur i bhfeidhm modheolaíochtaí digiteacha teagaisc le linn an ama céanna, bhí frustrachas úr le brath i measc rannpháirtithe faoi réimse teoranta na n-acmhainní teagaisc Gaeilge. Thagair múinteoir amháin d'acmhainn a bhí in úsáid ag comhghleacaí léi san earnáil T2 chun scafláil a dhéanamh ar an teagasc éifeachtach ar líne, feidhmchlár a rinne tras-scríbhinn, i mBéarla

go deimhin, ar aiseolas gutha an mhúinteora leis an ualach ceartúcháin a smachtú agus an t-aiseolas céanna a chur ar fáil ar bhonn tráthúil do dhaltáí scoile:

...ach ní raibh tú in ann Gaeilge a úsáid, d'fhéadfá Galic ón Albain and I think Gaeilge ón Bhreatain Bheag nó ceann ón Bhreatain Bheag a úsáid ach ní raibh Gaeilge ar fáil (mar rogha) agus dúirt sé níl sé fós réitithe acu...agus like bhíos ag rá chun aiseolas a thabhairt as Gaeilge níl tú in ann sin a dhéanamh...so tá tú ag úsáid na apps ceart go leor ach i dtaobh na deacrachtaí atá ag teacht suas de bharr a bheith ag múineadh as Gaeilge, cosúil le gach rud eile, tá siad sórt ar an 'backburner,' níl sé chun tosaigh mar is gnáth.

(Deirdre - Agallamh #2)

Aibhsítear i bhfianaise thaithí Dheirdre nach raibh na tacaíochtaí teagaisc céanna ar fáil di mar oide tumoideachais ag feidhmiú i suíomh na mionteanga is a bhí ar fáil dá comhghleacaithe teagaisc i suíomh na mórtheanga, agus gné é seo a chur le hualach gairmiúil an mhúinteora tumoideachais ag an am⁸⁵. Sin ráite, aithníodh go raibh deacrachtaí ag na córais oideachasúla ar fud na cruinne le haiseolas caoithiúil a sholáthar do dhaltáí scoile le linn na cianfhoghlama (Fu agus Zhou 2020; Jiang *et al.* 2020; Wang *et al.* 2020). Bíodh sin mar atá, d'fhéadfaí a áitiú gur níos casta fós a bhí an méid céanna do mhúinteoirí chomhthéacs foghlama na mionteanga in Éirinn toisc a laghad tacaíochtaí teagaisc oiriúnacha a bheith ar fáil sa Ghaeilge, agus meon scoite an mhúinteora Ghaeltachta sa treis arís eile dá bharr.

Cé gurbh fhuistrach dhúshlánach an rogha chúng d'acmhainní oiriúnacha Gaeilge a bhí ar fáil do mhúinteoirí i gcaitheamh na tréimhse céanna, ba theist mhaith í ar chruthaitheacht agus ar inoiriúnaitheacht an mhúinteora nuair a sonraíodh gur thug rannpháirtí amháin faoi athghuthú Gaeilge ar fhíseán Béarla:

...ar dtús thaispeáin mé físeán ar Youtube agus y'know bíonn sé i mBéarla but ansin I got cute I suppose...an technology a d'fhoghlaim mé...like inné chuir mé suas an físeán sin, bhuel múch mé an fhuaim agus bhí mé in ann an Ghaeilge a labhairt thairis...that took mé cúig seachtainí len é a figuráil amach.

(Méadhbh - Agallamh #2)

⁸⁵ Tuigtear go bhfuil forbairtí tagtha ar an scéal seo ó shin agus an rogha ag úsáideoirí *MS Word* agus an feidhmchlár *Say Hi* le tabhairt faoi dheachtú sa Ghaeilge.

Mhínigh Méadhbh sa chás áirithe seo go raibh sí spreagtha leis an méid Béarla a bhí in úsáid aici sa chur chuige teagaisc a laghdú. Cé go n-aithnítear go raibh dea-chleachtas féinstiúrtha den chineál seo eisceachtúil, léirigh sé tiomantas agus dea-thoil an mhúinteora le cur chuige teagaisc ar ardchaighdeán Gaeilge a dhearbhu le linn thréimhse na cianfhoghlama. Bíodh is go n-áitíonn Jiang *et al.* (2020) gur spreag an cur chuige teagaisc ar líne foghlaim fhéinspreagtha múinteoirí go minic, mar atá le sonrú i gcás Mhéadhbh thuas, tuigtear go raibh leibhéal áirithe inniúlachta digítí de dhíth ar mhúinteoirí chun na modheolaíochtaí céanna a rochtain.

Feictear cruatan an mhúinteora gan an leibhéal céanna inniúlachta i ndáil le teicneolaíochtaí digiteacha sna teistiméireachtaí seo a leanas:

...scaití téim isteach ar rudaí agus tá srianta leis and I'm like but sure níl aon mhaithe leis sin. Is cuimhin liom a bheith ar aip éicint nó suíomh idirlíne ag iarraidh rud éicint a chruthú agus thóg sé like uair an chloig and bhí mé like tá sé just ag cur ama amú mar ní raibh aon rud agam ag an deireadh.

(Éabha - Agallamh #2)

Agus toisc nach múinteoir ríomhaireachta mé...eh hello 'talk and chalk' (an múinteoir ag gáire) tógann sé an t-uafás uaireanta cloig orm na PowerPoints a dhéanamh...agus cén bealach gur féidir liomsa MS Teams a dhéanamh exciting.

(Ciara - Agallamh #2)

Tá tú ag iarraidh an ranganna ar líne a dhéanamh taitneamhach agus gníomhach nuair is féidir ach tá sé an-deacair nuair nach mbíonn tú cinnte faoi conas é sin a dhéanamh agus tógann gach rud i bhfad níos mó ama ar líne like as in obair bhaile a chur amach, a cheartú, ceisteanna a fhreagairt I suppose níl ach méid áirithe ama agat.


(Máire - Agallamh #2)

Ina fhianaise seo, treisíonn torthaí an tionscadail torthaí ón ngort idirnáisiúnta agus náisiúnta a dhealraigh go raibh easpa inniúlachta agus oiliúna digítí le sonrú go minic i measc múinteoirí le linn na cianfhoghlama (Flynn *et al.* 2020; Fu agus Zhou 2020; Gao agus Zhang 2020; Kundu agus Bej 2021; Mohan *et al.* 2020; Ó Ceallaigh 2021b; Ó Domagáin 2022; Winters agus Maguire 2022). Sin ráite, agus dá ainneoin raon clár forbartha gairmiúla um

fhoghlaim chumaisc a bheith forbartha ag an SFGM faoi scáth chúinsí teagaisc COVID-19 (Gilger 2020), níor thagair oiread is rannpháirtí amháin do na tacaíochtaí gairmiúla seo le linn na n-agallamh aisghairme spreagtha, rud a fhágann nach raibh na tacaíochtaí seo curtha ar shúile rannpháirtithe nó nár ceapadh go raibh siad dóthanach ná feiliúnach chun freagairt dá sainriachtanais teagaisc. Ar an ábhar seo, d'aithin Mohan *et al.* (2020) mar aon le Flynn *et al.* (2020) nach mó ná sásta a bhí múinteoirí an chórais oideachais in Éirinn i leith sholáthar ná oiriúnacht na dtacaíochtaí foghlama gairmiúla a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais. Dá bhrí sin, braitheadh go mór ar an tacaíocht a d'eascair as an bhfoghlaim chómhalartach agus as an bhfoghlaim chomhoibritheach ón idirphlé gairmiúil le comhghleacaithe teagaisc.

Anuas ar an défhócas a éilíonn comhtháthú an ábhair agus na teanga sa chomhthéacs tumoideachais, tuigtear le linn na tréimhse cianfhoghlama go raibh fócas breise dlite don oideolaíocht teicneolaíochta freisin. Ar aon dul leis sin, d'éabhlaigh lionsa oideolaíochta défhócasach an oide tumoideachais éifeachtaigh ina lionsa oideolaíochta trífhócasach agus cúram na teicneolaíochta san áireamh (Fíor 6.4). Sin ráite, is ríléir nach raibh rannpháirtithe sainoilte i ndáil le teicneolaíochtaí na foghlama cumaisc faoin dara tréimhse dúnta scoileanna⁸⁶.

⁸⁶ Mhair an chéad tréimhse dúnta scoileanna (tréimhse chianfhoghlama) idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh na bliana 2020.



Fíor 6.4: Lionsa oideolaíochta trífhócasach an mhúinteora tumoideachais le linn na tréimhse cianfhoghlama

Bíodh seo mar atá, agus in ainneoin modhanna múinte sách teagascach a bheith i bhfianaise na ranganna faoi bhreathnú, ní mór an t-aitheantas agus moladh cuí a thabhairt do rannpháirtithe faoi scáth na ndálaí teagaisc eisceachtúla. D’ainneoin na gconstaicí éagsúla, d’éirigh le rannpháirtithe ranganna sioncronacha struchtúrtha a reáchtáil ar na hardáin dhigiteacha éagsúla trí ranganna a eagrú agus a thaifeadadh, sleamhnáin agus acmhainní teagaisc a roinnt ar an scáileán, boscaí cabaireachta a úsáid, seomraí ar leithligh a chruthú agus nótaí roinnte a scaipeadh. Ar an an ábhar sin, d’aithin Deirdre agus machnamh déanta aici ar chúinsí teagaisc na cianfhoghlama:

De bharr an dianghlasáil bhí orainn dul i ngleic leis an teicneolaíocht agus anois I suppose táimid in ann é a úsáid níos fearr.

(Deirdre - Agallamh #2)

Deimhníonn na torthaí seo, ar an iomlán, cé nach raibh raon leathan de thacaíochtaí foghlama gairmiúla ábhartha ar fáil do rannpháirtithe lena gcuid inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt, insíodh go raibh na hinniúlachtaí riachtanacha á gcothú agus á scaipeadh ón mbonn aníos. Tuigtear ag an am céanna, áfach, go raibh na hinniúlachtaí áirithe seo teoranta do mhodhanna múinte nó eolas oideolaíochta ginearálta agus ní na hinniúlachtaí a bhí de dhíth leis an eispéireas tumoideachais, ná na dea-chleachtas ábharbhunaithe go deimhin, a

aistriú go dtí an cur chuige teagaisc ar líne. Breathnófar sa chéad mhír eile ar thionchar na cianfhoghlama ar chleachtas ábharbhunaithe na rannpháirtithe.

6.6.4 Teagasc Comhtháite Ábhar agus Teanga

D’ainneoin go raibh moltaí agus treoir á bhfógairt ag na húdaráis oideachais trí mheán na Gaeilge, de réir a chéile, is beag treoir a thagair do dhálaí an tumoideachais le linn thréimhse na cianfhoghlama (féach An Roinn Oideachais 2022e; An Roinn Oideachais agus Scileanna 2021c). Ní iontas ar bith é, mar sin, nach bhfacthas mórán béime i gcleachtas cianteachais na rannpháirtithe i ndáil leis an teagasc ábharbhunaithe:

Bíonn an fócas oideolaíochta dírithe ar thuiscint na bhfoghlaimeoirí i leith an ábhair acadúil a chinntiú. Ní raibh na samplaí ná na modhanna múinte a pléadh mar chuid den chéad idirghabháil taighde le sonrú ach i mbreathnóireacht ranga amháin. Cé go dtuigeann an taighdeoir go bhfuil rannpháirtithe ag déanamh a seacht ndícheall leis an ábhar acadúil a chur i láthair ar bhealach inrochtana sonraítear ag an am céanna nach bhfuil ag éirí leo défhócas a choimeád ar ábhar agus ar theanga sa chleachtas ar líne.

(Dialann an Taighdeora - Timthriall #2)

Seo ráite, bhí dul chun cinn suntasach le sonrú i gcleachtas teagaisc rannpháirtí amháin sa tslí is gur dhírigh sí aird na ndaltaí ar nathanna canúnacha éagsúla:

*An gcíonn sibh na focail ‘nú’ agus ‘ciste’ anseo...an bhfuil a fhios agaibh go mbaineann na focail seo leis an nGaeilge atá againn anseo i *****? Ní bhíonn sé ráite mar sin i nGaeltachtaí eile mar shampla i ***** agus ***** deireann siad ***** agus *****.*

(Deirdre - Breathnóireacht #2)

Fiafraíodh den rannpháirtí cad é a spreag í le díriú ar ghnéithe canúnacha d’fhoirm na teanga, cleachtas nach raibh i bhfianaise modhanna múinte aon rannpháirtí eile go dtí seo:

Yeah bhuel is dóigh liom go dtuigim anois leis an plé a bhí againn an lá sin roimh an briseadh meántearma gur féidir liom pointe nó dhó a dhéanamh sa rang don teanga atá againn anseo mórthimpeall na háite, ionas go dtuigfidh na daltaí go bhfuil roinnt focail a bhfuil sórt linne.

(Deirdre - Agallamh #2)

Tá cleachtas dá leithéid seo ina shampla eiseamláireach de mholtaí Chigireacht na Roinne Oideachais i leith chothú agus bhuanú na canúna áitiúla (An Roinn Oideachais 2021a).

Táthar den tuairim seo i ngeall go n-éilítear ar mhúinteoirí i scoileanna na *Scéime Aitheantais*:

...díriú ar fhoghraíocht agus ar úsáid Ghaeilge an cheantair agus nathanna agus leaganacha dúchasacha ón gceantar a mhúineadh agus a úsáid go nádúrtha sna ceachtanna d'fhonn an saibhreas teanga áitiúil sin a chothú agus a thabhairt chun cuimhne.

(An Roinn Oideachais, 2021a: 88)

Ní hamháin go raibh daltaí spreagtha le bheith eolach ar an gcanúint logánta ach ar a bharr sin cuireadh teanga agus téarmaíocht chanúintí na nGaeltachtaí éagsúla ar na súile dóibh freisin, rud a d'fhág go raibh Gaeilge na scoláirí á leathnú agus á saibhriú sa cheacht Eacnamaíochta Baile. Bíodh sin mar atá, cé gur minic do na tuarascálacha athbreithnithe ar dhul chun cinn an *POG* (féach An Roinn Oideachais 2021a; An Roinn Oideachais agus Scileanna 2019) tagairtí sonracha a dhéanamh do chur chun cinn na canúna, ní fheictear an cineál tagartha céanna i dtáscairí dea-chleachtais an *POG*. Dá bhrí sin, gan ionchur na chéad idirghabhála taighde, ní fios an mbeadh an rannpháirtí i ndiaidh a bheith inniúil ar na bealaí oideolaíochta leis na deiseanna saibhrithe teanga faoi chaibidil a chuimsiú sa chleachtas teagaisc. Tríd is tríd, bhí le sonrú thar aon ní eile go raibh ag éirí le Deirdre eispéireas foghlama saibhrithe teanga a chruthú agus a chothú laistigh de theagasc sainábhair (An Roinn Oideachais 2020, 2016a).

Dea-chleachtas comhtháite eile de chuid cleachtais Dheirdre inar tugadh suntas do le linn na breathnóireachta ná an bealach inar spreagadh na daltaí le botúin litrithe an mhúinteora a aithint i sleamhnáin a chuir i láthair:

D'iarr an múinteoir ar na daltaí botúin litrithe a aimsiú ar shleamhnán nó dhó agus dúirt sí go dtabharfadh sí pointí dóibh dá mbeadh siad in ann iad a aithint.

(Teimpléad Breathnóireachta #2)

Bhí na botúin litrithe shimplí seo déanta de thimpiste ag an rannpháirtí agus mar sin ba TFD ionduchtach-follasach frithghníomhach a bhí le sonrú sa chleachtas seo. Tugann sé seo le fios go raibh Deirdre ag gabháil do chinntí teagaisc mar a bhain le teagasc na teanga ar an toirt. Sa mhullach air sin, ba ríléir don taighdeoir gur bhain na daltaí an-taitneamh as teanga a múinteora a cheartú, agus aithnítear an méid seo ina thosca tábhachtach le rath inbhuanaithe an chineál chleachtais céanna a chinntiú.

Cé go raibh samplaí de dhea-chleachtas Dheirdre le moladh faoi scáth an teagaisc ábhairbhunaithe, ní fhacthas rian den dea-chleachtas céanna, ná na heiseamláirí a pléadh mar chuid den chéad idirghabháil taighde, i gcleachtas cianteachais aon rannpháirtí eile le linn an dara babhta de bhreathnóireachtaí ranga. Is de dheasca an bhrú eisceachtúil de chuid nádúr na cianfhoghlama inar cuireadh tromlach na rannpháirtithe (n=5) in iúl don taighdeoir nach raibh sé d'acmhainn acu a bheith iomlán dírithe ar spriocanna an taighde fheidhmigh a thabhairt chun críche le linn na tréimhse céanna:

...ba bhreá liom na sleamhnáin sin⁸⁷ a chur isteach i mo chuid nótaí faoi...faoi I suppose níos mó cruinnis a bheith ann ó thaobh like eh you know I suppose like focail nua agus iad a chur mar shampla leis an aidiacht agus leis an tuiséal ginideach...ach is dócha go bhfuil sé ródheacair an t-am a fháil agus a thabhairt do sin nuair a bhíonn tú ar líne.

(Éabha - Agallamh #2)

I don't think go bhfuil muid ag in ann díriú isteach air i gceart. I suppose toisc nach bhfuil siad romhat, níl siad le cloisteáil, ní fhéadfá iad a chloisteáil ag rá botúin.

(Méadhbh - Agallamh #2)

...tá sé deacair an 'happy medium' a bhaint amach fiú dá mbeifeá ag iarraidh sin a dhéanamh mar bíonn tú ag iarraidh a chinntiú go dtuigeann siad uilig é (an t-ábhar)...chonaic tusa é sin sa rang inniu tógann sé i bhfad níos mó ama ar líne an t-ábhar a chlúdú.

(Bláthnaid - Agallamh #2)

⁸⁷ Tagraítear anseo do na modhanna múinte eiseamláireacha a pléadh ag an gcéad idirghabháil taighde.

Tá daoine ag streachailt agus ag iarraidh leanúint ar aghaidh díreach mar a bheidís ag déanamh laistigh den seomra ranga. Nílimid tar éis fiú smaointeamh i gceart ar an nGaeilge mar níl an t-am againn i ndáiríre.

(Máire - Agallamh #2)

Ar a laghad nuair a bhíomar ar scoil bhí tú a rá right gheobhaidh mé abair an t-aonad seo déanta leo an tseachtain seo mar shampla ach anois tá moill ollmhór orainn ar líne, agus tá sé deacair an teanga a chur sa mhullach air sin le bheith fírinneach.

(Ciara - Agallamh #2)

Tá sé le tuiscint ó theistiméireachtaí na rannpháirtithe go raibh siad ag gabháil dá ngnáthchleachtas teagaisc, cleachtas a thug tosaíocht d'éilimh an ábhair acadúil, agus go raibh sé ródheacair orthu na modhanna múinte molta ón gcéad idirghabháil taighde a chur i bhfeidhm anuas ar na cúraimí breise oideolaíochta cruthaithe ag an bhfoghlaim chumaisc. Ar an ábhar sin, insíonn scoláirí idirnáisiúnta (Brazeau, Frenzel agus Prescott 2020; Klapproth, Federkeil agus Heinschke 2020; Kundu agus Bej 2020), mar aon le scoláirí Eacnamaíochta Baile na tíre seo (Winters agus Maguire 2022), agus staidéir éagsúla ar an tumoideachas ar oileán na hÉireann (Gilger 2020; Ó Domagáin 2022) gur údar mór struis a bhí i ndálaí na cianfhoghlama do mhúinteoirí ar fud na cruinne agus gur leagadh ualach breise teagaisc agus ullmhúcháin orthu dá bharr. Mar thoradh air sin, léiríodh go sonrach gurbh éigin íobairt a dhéanamh ar fhorbairt agus ar shaibhriú na teanga le linn na tréimhse cianfhoghlama nuair nach raibh ach samplaí den dea-chleachtais comhtháite le sonrú i gcás breathnóireacht ranga amháin. Dá bhrí sin, is léir agus faisnéis na rannpháirtithe á gcíoradh, go raibh cúraimí ní ba mhó agus ní ba leithne roimh mhúinteoirí an chórais le linn na tréimhse cianfhoghlama agus nár aithníodh an teagasc ábharbhunaithe ina phríomhthosaíocht oideolaíochta.

6.7 Súil Siar

Go simplí, cé go raibh moill forbartha ar an éabhlú sa chleachtas comhtháite le linn thréimhse na cianmhúinte, tugadh mionléargas sa mhír seo ar oideolaíochtaí cianfhoghlama

an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i gcomhthéacs foghlama na mionteanga, agus coimriú gonta den chleachtas céanna le sonrú i bhFíor 6.5.

- *Bhí idir Ghaeilge agus Bhéarla in úsáid mar mheáin chumarsáide d'fhonn cúrsaí tuisceana i leith eolas an ábhair a chinntiú.*
- *Níor léirigh rannpháirtithe na tuiscintí iomchuí i leith oideolaíocht an trasteangaithe sa suíomh tumoideachais i gcomhthéacs na mionteanga.*
- *Bhí níos lú deiseanna cumarsáide fós cruthaithe mar thoradh ar an bhfoghlaim chumaisc i gcodarsnacht leis an gcur chuige teagaisc ar an láthair.*
- *Bhí inniúlachtaí digiteacha rannpháirtithe i ndáil leis an gcianteagasc tearcforbartha agus síleadh nach raibh tacaíocht leordhóthanach curtha ar fáil ag na húdaráis oideachais chun múinteoirí a chumasú le bheith ina ngairmithe éifeachtacha tumoideachais ar líne.*
- *Léirigh rannpháirtí amháin samplaí éagsúla den TFD ina cuid cleachtais mar a bhain le gnéithe canúna agus ortagrafaíochta na teanga a chur chun cinn.*
- *Sonraíodh go raibh tionchar nach beag ag ualach an chiantegaisc agus cúraimí seachtracha na paidéime trí chéile ar chumas rannpháirtithe (n=5) na dea-chleachtais mholta a chomhtháthú sa chleachtas teagaisc.*

Fíor 6.5: Achoimre ar chleachtas ciantegaisc rannpháirtithe

Go hachomair, deimhníonn na sonraí a ghabhann leis an dara breathnóireacht taighde gur in ainneoin dearcadh dearfach a bheith ag rannpháirtithe i leith barr feabhais a bhaint amach sa chleachtas ábharbhunaithe níl amhras ar bith ach go raibh a gcuid tosaíochtaí teagaisc sonraithe do chúram an ábhair acadúil. Leis sin, is cinnte gur fágadh rian na tréimhse cianfhoghlama ar chaighdeán an teagaisc agus na foghlama teanga sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta ag an iar-bhunleibhéal.

6.8 Súil ar Aghaidh

Dar le Daniels (2020), ní hiad na tréimhsí éigeandála na tréimhsí ama is feiliúnaí chun iarraidh ar mhúinteoirí straitéisí oideolaíochta nua, nó iasachta fiú, a chuimsiú sa chleachtas teagaisc. Thairis sin, mhaígh Ní Thuairisg (2014: 192) ‘...go dtagann creimeadh ar thiomantas an mhúinteora an teanga a chaomhnú nuair a chuirtear athróg eile san áireamh.’ Sin ráite, agus toisc na héiginnteachta maidir le cathain a thioctadh deireadh ré leis an dara tréimhse dúnta scoileanna féachadh chuige le straitéisí comhtháite ábhar agus teanga a d’oirfeadh don chiantegasc agus don chleachtas teagaisc ar láthair araon a chur san áireamh in ionchur an dara hidirghabháil taighde (Aguisín J). Thairis sin, fillleadh ar roinnt straitéisí a pléadh sa chéad idirghabháil taighde agus inoiriúnú déanta orthu bunaithe ar chúinsí na cianfhoghlama. D’ainneoin seo, tharraing rannpháirtí amháin siar ag an bpointe seo den taighde i ngeall nár lig cúraimí breise an chiantegaisc di a rannpháirtíocht sa chuid dheireanach den tionscadal taighde a chinntiú. Breathnófar anois ar chleachtas rannpháirtithe sa tríú breathnóireacht taighde agus pobail na scoileanna fillte ar an láthair an athuair.

6.9 Cleachtas an Mhúinteora ag Éabhlú mar Chleachtóir Tumoideachais

Bíodh is go raibh gach rannpháirtí taighde ag feidhmiú in iar-bhunscoileanna Gaeltachta faoin *Scéim Aitheantais* ón mbliain acadúil 2017-2018, tuigeadh i bhfianaise na dtorthaí taighde trí chéile go raibh gach turas éabhlaithe agus foghlama, mar a bhain le haistear an taighde fheidhmigh, éagsúil óna chéile. Sa mhír seo a leanas tabharfar achoimre ar na mórghorbairtí a sonraíodh i gcásanna áirithe agus an dul chun cinn a bhí fós le baint amach i gcásanna eile. Tosófar leis an triúr rannpháirtithe a léirigh comharthaí sóirt de dheachleachtas an teagaisc ábhairbhunaithe ag tús an togra. Ní mór a thabhairt chun cuimhne ag

an bpointe seo den tuairisciú gur tharla na breathnóireachtaí ranga deireanacha ar an láthair scoile.

Ag tús an phlé i gcuid a haon (.i. túsphointe cleachtais an mhúinteora) agus i gcuid a dó (.i. cleachtas cianteachais an mhúinteora) den chaibidil seo rinneadh scagadh ar na gnéithe ábhartha den sprioctheanga teagaisc agus na deiseanna cruthaithe ag rannpháirtithe le haghaidh aschur táirgiúil. Mar a bheidh le sonrú sna míreanna a leanas, iompaíodh ar an nGaeilge mar theanga an teagaisc agus na foghlama sna ranganna ar an láthair an athuir agus an tréimhse chianteachais roimhe sin spleách go suntasach ar úsáid na mórtheanga. Sa bhreis air sin, ní fhacthas mórán forbartha i leith na ndeiseanna úsáide teanga a bronnadh ar dhaltaí leis an teanga a chleachtadh agus a úsáid go neamhspleách, de dheasca fhorlámhas an ábhair acadúil agus moill an tsoláthair le linn na cianfhoghlama. Cíorfar cleachtais ábharbhunaithe na rannpháirtithe faoi dheireadh an tionscadail, rannpháirtí ar rannpháirtí, sna míreanna a leanas.

6.9.1 Méadhbh

Bhí neart míreanna ranga le roghnú mar bhunús don phlé sa tríú hagallamh aisghairme spreagtha i gcleachtas Mhéadhbh. Ag tús an togra taighde, tugadh le fios gur dhírigh Méadhbh aird na ndaltaí ar rialacha gramadaí an tuisil ghinidigh uatha agus cuireadh a hinniúlachtaí i ndáil le heolas faisnéiseach na teanga (.i. sainréimse EÁ-T sa mhúnla EOÁ-C) in iúl go soiléir. An babhta áirithe seo, áfach, díródh go follasach ar aontú inscne an ainmfhocail agus na haidiachta sa tuiséal ainmneach uatha agus iolra faoi seach, mar atá le sonrú sa bhlúirín ranga seo a leanas:

Múinteoir: Táimid le rud amháin gramadaí a dhéanamh anseo le ‘cairde maithe.’ So ‘cara’...fan soicind caithfidh mé dul agus seiceáil, tá mé ag dobtáil mé féin anois...just go seiceáilfidh mé i dtaobh gramadaí faoin bhfocal cara. Bhí mé chun a rá go bhfuil sé baininsneach but no now sílim go bhfuil sé firinsneach tabhair dom soicind amháin...tá sé firinsneach ok so amharc suas soicind gach duine...so cad é mar a scríobhfaidh tú ‘good friend’ so cara...?

Daltaí: ‘maith’

Múinteoir: Ceart go leor cad é nach bhfuil séimhiú ar ‘maith’

...ciúnas ranga

Múinteoir: Tá cara firinsneach mar sin ní chuirtear ‘h’ ar ‘maith.’ Ok tóg anois soicind an focal ‘bean’ an dóigh libh go bhfuil an focal ‘bean’ firinsneach nó baininsneach.

Daltaí: Baininsneach

Múinteoir: Go maith tá sé baininsneach, so cad é mar a déarfá ‘good woman’...’bean...

Daltaí: mhaith

Múinteoir: ‘Bean mhaith’ ceart go leor...seans mhaith go gcloisfidh tú é (sa chaint)...so cad é anois an uimhir iolra so ‘mná...’ so má tá séimhiú ar an uatha, that’s the singular, tabhair ar shiúl an séimhiú san uimhir iolra ‘mná...’

Daltaí: maithe

Múinteoir: An dtuigeann sibh cén fáth a bhfuilim ag cur ‘e’ leis (maithe)...duine ar bith nach dtuigeann?

(Méadhbh – Breathnóireacht #3)

Tá an mhír ranga seo ina sampla eiseamláireach de tháscaire dea-chleachtas an POG lena n-éilítear ar mhúinteoirí na daltaí a spreagadh ‘...chun na struchtúir Ghaeilge (shainiúla) a aithint, agus chun teanga chruinn ó bhéal agus i scríbhinn a chur chun cinn thar achar an churaclaim’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2020: 15). Thairis sin, tuigtear gur léiriú é an mhír thuasluaite freisin ar TFD ionduchtach-follasach frithghníomhach agus meascán de mhíniúcháin mheitheangeolaíocha agus leideanna curtha ar fáil ag an múinteoir d’fhonn na daltaí a threorú chuig na spriocstruchtúir aitheanta. Ní hamháin gur gníomhaíocht feasachta i leith cheartúsáid na teanga a bhí sa chás seo ach eascraíodh gníomhaíochtaí

giniúna as an bplé céanna: ‘*bean + deas (sa tuiseal ainmneach uatha .i. bean dheas)*’ agus ‘*bean + deas (sa tuiseal ainmneach iolra .i. mná deasa)*’ (Teimpléad breathnóireachta an taighdeora – Breathnóireacht #3).

Bíodh is go bhfuil tábhacht nach beag le gníomhaíochtaí feasachta agus tascanna riailbhunaithe den chineál seo a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, insítear gur chóir timpeallacht lánbhrí chumarsáide a chruthú leis na spriocstruchtúir shainiúla a chleachtadh agus a úsáid go neamhspleách (Lyster 2018; Hinkel agus Fotos 2002; Ní Aogáin *et al.* 2021). Ina theannta sin, áitítear go bhfuil tábhacht ar leith leis na deiseanna cumarsáide céanna a chruthú ar mhaithe leis an mbeachtas agus leis an saibhreas so-aitheanta a shealbhú go hiomlán (Ellis agus Shintani 2014; Nassaji agus Fotos 2011; Ó Ceallaigh 2021a; Tedick agus Lyster 2020). Tagann sé seo go cruinn le tuairim Nassaji agus Fotos (2011) i dtaobh mhóraidhmeanna an TFD le go mbeadh comhthéacs foghlama fíorchumarsáide á chur chun cinn in áit comhthéacs foghlama a bhíonn ag síorghabháil do dhruileanna teanga. Dá bhrí sin, cé nach bhfuil amhras ar bith ach go raibh cleachtas Mhéadhbh ailínithe le táscaire deachleachtais de chuid an *POG*, d’fhéadfaí a áitiú go raibh céim na húsáide, faoi scáth na saorchumarsáide, le baint amach go fóill le bheith aitheanta mar TFD eiseamláireach ó thaobh na litríochta de (féach Tábla 3.9).

Baineann an dara sampla ó chleachtas Mhéadhbh leis an úsáid a baineadh as an bhfoclóir ar líne do théarma nua-chumtha, ‘*trolling*’, agus iarmhairtí na teicneolaíochta i saol na ndaltaí mar ábhar plé:

Múinteoir 'Trolling' ar chuala sibh an focal sin?

Daltaí: Yeah

Múinteoir: An bhfuil a fhios agaibh céard atá mé ag iarraidh go ndéanfaidh sibh dom don lá amárach? An focal 'trolling' sin focal úr...cuir Gaeilge air mar chuid den obair bhaile.

(Méadhbh – Breathnóireacht #3)

Fiafraíodh den rannpháirtí faoin mír thuas le fiosrú cén toradh a bhí ar obair bhaile na ndaltaí:

Sheiceáil siad é agus dúirt siad go raibh meascán ann...agus d'úsáid cuid acu Google Translate, rud nach maith liom féin but ar scor ar bith d'úsáid cuid acu Google Translate, d'úsáid cuid acu téarma.ie agus d'úsáid cuid acu foclóir.ie and an rud is coitianta gur tháinig siad ar ais leis ná 'trolláil.' Sheiceáil muid é freisin so bhí sé leo agus ansin rinneamar seic air ansin mar rang...so bhí sé deas y'know agus toisc gur focal Béarlachas a bhí ann agus y'know seans go n-úsáidfí é in ionad an focal Béarla a úsáid dó.

(Méadhbh – Agallamh #3)

Léirigh an méid seo ní hamháin go raibh an múinteoir ag iarraidh na daltaí a mhisniú le dul i muinín an fhoclóra teanga le gnéithe léacsacha den fhoirm theangeolaíoch a chur chun cinn, ach go raibh ionchais shoiléire á gcur in iúl i ndáil le húsáid na Gaeilge mar mheán an teagaisc agus na foghlama agus na ranganna ar an láthair an athuir. D'fhéadfaí a léamh ar na torthaí céanna go raibh sé ní b'fhusa ar rannpháirtithe an cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn ar an láthair scoile.

Ba é an tríú tréimhse ba shuntasáí sa rang seo ná an tagairt don aincheist chéanna a bhíonn ag dó na geirbe ag múinteoirí tumoideachais iar-bhunleibhéil go síoraí seasta, is é sin 'An gcaithfidh an litriú a bheith ceart sa scrúdú,' mar a luaigh dalta amháin i rang Mhéadhbh le linn na breathnóireachta:

Dalta A: An gcaithfidh an litriú a bheith ceart sa scrúdú a mháistreas?

Múinteoir: Bhuel déan iarracht an litriú a bheith chomh cruinn agus atá tú ábalta ok agus ná úsáid Béarla ar bith so má úsáideann tú Béarla cad é a chaillfidh tú...?

Dalta B: Bónas

Dalta C: Bónas Gaeilge

Múinteoir: Yeah bhuel caillfidh tú do bhónas marc Gaeilge.

(Méadhbh – Breathnóireacht #3)

Bíodh is go n-áitítear i dtáscairí dea-chleachtas an *POG* go ndéanfaí an cruinneas ‘...a thástáil mar chroílár de theagasc gach ábhair ar scoil⁹⁴’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2020: 14), sonraítear sa chás thuas go raibh na marcanna bónais nasctha le sprioctheanga an fhreagartha go príomha. D’ainneoin seo, d’fhéach Méadhbh chuige le haird na ndaltaí a dhíriú ar an gcruinneas teangeolaíoch, nó gnéithe ortagrafaíochta den chód teangeolaíoch lena chur go saineúil, agus í ag freagairt do dhaltá A. Cé nach féidir a áitiú go raibh dea-éifeacht an chúltonchair i bhfeidhm ó thaobh na ceartúsáide teanga de sa chás áirithe seo, agus sainchritéir ratha ar leith luaite leis an litriú cruinn, thabharfadh an méid seo le tuiscint go raibh gnéithe den teagasc ábharbhunaithe á gcur chun cinn i ngach aon ghné de chur chuige teagaisc Mhéadhbh, an cur chuige measúnaithe san áireamh.

Thug Méadhbh le fios go raibh an t-ardú muiníne a fuair sí ón gcomhoibriú agus ón gcomhghleacaíocht leis an taighdeoir agus le rannpháirtithe eile ina mhórchatalaíoch le barr feabhais sa teagasc ábharbhunaithe a bhaint amach, agus an méid céanna aitheanta mar shainriachtanas ag rannpháirtithe taighde ag tús an togra (féach Fíor 6.3). Míníodh an méid seo tuilleadh sa sliocht thíos:

Eh sílim gur chuidigh an bhliain iomlán liom, is dóigh liom gur thug sé muinín dom mar bhí mé i gcónaí ag déanamh na giotaí Gaeilge y’know but I think...I think gur thug tusa dúinn an muinín leis an Ghaeilge a thabhairt isteach nuair atá tú ag múineadh Eac. Bhaile...fíu más rudaí beaga simplí atá ann...agus cinnte níl tú ábalta gach rud a dhéanamh leo ach gan dabht cabhraíonn sé chomh maith nuair is féidir leat na rudaí seo a phlé le múinteoirí sna scoileanna eile.

(Méadhbh – Agallamh #3)

Tuigtear ó theistiméireacht Mhéadhbh, agus faoi mar atá curtha chun tosaigh ag Tedick (2022) agus Ó Ceallaigh *et al.* (2019^a), go gcothaíonn an fhoghlaim chómhalartach idir

⁹⁴ Féach Aguisín Z mar acmhainn cruthaithe i gcomhréir le rannpháirtithe taighde le sampla ábharbhunaithe den táscaire céanna a léirmhíniú.

comhghleacaithe sa suíomh tumoideachais na tuiscintí agus na meonta ábhartha a bhíonn de dhíth ar na dea-chleachtais teagaisc a thabhairt chun críche.

6.9.2 Deirdre

Ar aon dul le Méadhbh, bhí mórán samplaí den teagasc ábharbhunaithe le béim chórasach ar fhoirmeacha éagsúla teangeolaíocha le sonrú i gcleachtas Dheirdre sa tríú breathnóireachta taighde. Féachfar i dtosach báire ar an úsáid a baineadh as AC (aiseolas ceartaitheach) i bhfoirm leid mheallta ag tús an ranga:

Dalta A: ...bheadh sé ró 'soft'

Múinteoir: 'ró' cén rud?

Dalta A: 'róbhog'

Múinteoir: 'róbhog...an-mhaith'

(Deirdre - Breathnóireacht #3)

Is léiriú an-mhaith é an sampla seo d'úsáid éifeachtach AC sa chomhthéacs tumoideachais agus é maíte ag Ní Aogáin agus Ó Duibhir (2022, 2021) go ndíreofaí aird an dalta ar an earráid ghramadaí, nó téarma Béarla sa chás seo, d'fhonn foirm chruinn na spriocstruchtúr a úsáid agus a sholáthar. Fiosraíodh réasúnaíocht oideolaíochta an rannpháirtí leis an straitéis áirithe seo a úsáid sa chleachtas teagaisc san agallamh aisghairme spreagtha:

Bhuel tá níos mó, táim sórt aireach dó anois...roimhe seo ní bheinn ag fanacht an soicind sin ceartóinn mé féin é ach anois bíim ag iarraidh ar na daltaí é sin a dhéanamh.

(Deirdre - Agallamh #3)

Ina fhianaise seo, tugann Deirdre le fios go raibh sé de nós aici roimh an togra earráidí na ndaltaí a cheartú ar an toirt, nósmaireacht a chuireann srian le cumas an dalta a c(h)uid botún féin a thabhairt faoi deara (Lightbown 2008). Sa mhullach air sin, thagair Deirdre don úsáid a bhain sí as AC i bhfoirm scríbhinne mar chuid de straitéis phiarmheasúnaithe roimhe sin le ról gníomhach a bhronnadh ar dhaltaí sa phróiseas saibhríthe teanga:

...like rinneamar piarmheasúnú an tseachtain seo caite agus chomh maith le an t-eolas (faoin ábhar) a bhí á roinnt acu d'iarr mé orthu a aimsiú an bhfuil aon rud ansin i dtaobh an litriú nó aon rud go bhféadfaimis ceartúchán a dhéanamh air, agus dúirt mé leo go rabhamar chun an dhá réalt agus mian a dhéanamh, agus tá taithí acu ar sin, so dúirt mé you know má cíonn tú rud éigin dearfach i dtaobh gramadaí nó Gaeilge nó má tá focal deas úsáidte is féidir leis sin a bheith mar réalt.

(Deirdre - Agallamh #3)

Léiríonn an cineál cur chuige AC a spreagadh idir píaraí ranga go raibh Deirdre ag teacht go machnamhach ar na bealaí éagsúla le straitéisí molta na n-idirghabhálacha taighde a inoiriúnú dá stíl teagaisc féin. Sa mhullach air sin, d'éirigh léi líon na n-earráidí féideartha a theorannú, trí úsáid a bhaint as an straitéis *dhá réalt agus mian amháin*⁹⁵, mar a mholtar sa litríocht ábhartha (Nassaji agus Fotos 2011). Ar a bharr sin, agus bíodh is nach luaitear an méid céanna go sonrach i gcorpas litríochta an AC, ba dhearfach an ní é den straitéis réamhphléite a dhírigh go follasach ar shaibhreas agus ar cheartúsáid teanga na ndaltaí a cheiliúradh. Rinneadh amhlaidh trí aitheantas a thabhairt do láidreachtaí teangeolaíocha an dalta agus '*rud éigin dearfach i dtaobh gramadaí nó Gaeilge*' nó '*focal deas*' le haimsiú ag a c(h)omhscoláirí. D'fhéadfaí a áitiú, de réir an chleachtais oiriúnaithe seo, go raibh AC mar choincheap leathan ábharbhunaithe á neadú ag Deirdre ina gnáthchleachtas teagaisc. Mar thoradh ar an mbuanú céanna áitítear go raibh timpeallacht éifeachtach á cur chun cinn leis an aistear crunnis agus leis an aistear sealbhaithe teanga a éascú (An Roinn Oideachais 2020 2016a).

Anuas ar an úsáid a baineadh as straitéisí éagsúla AC, leagadh béim ar ról na bhfoclóirí teanga leis an gcur chuige lántumtha a chinntiú agus le gnéithe léacsacha den fhoirm theangeolaíoch a chur chun cinn, faoi mar a rinne Méadhbh:

⁹⁵ Lena chur i mbeagán focal, aithnítear dhá ghné dhearfacha agus gné amháin forbartha in obair an dalta mar chuid den straitéis seo.

D'iarr an múinteoir ar an rang teacht ar leagan Gaeilge do 'snap' ar na foclóirí ar líne (taibléid in úsáid ag daltaí) agus mar ghrúpa tháingadar ar 'smeac' mar théarma comhaontaithe. Ina dhiaidh sin iarradh ar an 'teicí teanga' nóta a dhéanamh den mhéid céanna sa chúinne cruinnis ar MS Teams.

(Teimpléad breathnóireachta an taighdeora - Timthriall #3)

Fiosraíodh an réasúnaíocht ba bhonn leis an gcleachtas céanna san agallamh aisghairme spreagtha:

*So cíonn na daltaí nuair a bheidh siad sa bhaile bhuel seo iad na háiteanna inar féidir liom dul chuige agus mar a dúirt *aoichainteoir an dara hidirghabháil taighde* nuair a chíonn siad ok bhuel níl sé ar eolas ag an múinteoir ach an oiread agus tugann sé sin faoiseamh dóibh. Níor thuig mé i ndáiríre go dtí an chéad cheardlann a bhí againn le na múinteoirí eile go mbeinn in ann an ullmhúchán sin a bhíonn ar siúl agam féin a thabhairt isteach sa rang agus iarradh ar na daltaí an rud céanna a dhéanamh.*

(Deirdre - Agallamh #3)

Ina fhianaise seo, tuigtear go raibh sé mar sprioc ag Deirdre a próiseas foghlama teanga féin a léiriú do na daltaí ionas go mbeidís cumasaithe le dul i muinín an fhoclóra teanga leis an bpróiseas foghlama trí mheán na mionteanga a éascú. Leis sin, aithnítear an foclóir teanga ní hamháin mar acmhainn leis an lántumadh a chur chun cinn ach mar theicníc scaflála teanga sa treis ar na teicnící curtha i láthair i mír 3.4.2.1. An méid seo san áireamh, léiríonn an mhír thuasluaite go raibh ag éirí le Deirdre an fhoghlaim teanga agus an fhoghlaim ábhair a chur chun cinn go comhuaineach i mbealaí éagsúla sa chleachtas teagaisc.

Anuas ar an úsáid a baineadh as straitéisí AC agus as an bhfoclóir teanga, léiríodh go raibh 'cúinní cruinnis' lárnach i gcleachtas réamhghníomhach an mhúinteora faoin tríú breathnóireacht taighde. Mar a cuireadh ar shúile rannpháirtithe sna hidirghabhálacha taighde, is ionann cúinne cruinnis agus spás sofheicthe a chruthaítear do theagasc agus/nó saibhriú na teanga laistigh de theagasc sainábhair⁹⁶. Ar a bharr sin, moladh do rannpháirtithe

⁹⁶ Moladh do rannpháirtithe an cúinne cruinnis a bheith mar chuid dá n-ábhair thacaíochta teagaisc (féach mar shampla Fíor 3.6) nó mar spás fisiciúil ar an gclár bán.

inoiriúnú a dhéanamh ar fheidhm na gcúinní de réir mar ba chúí, agus i gcás Dheirdre thíos féachadh chuige le gné ghramadaí a chur san áireamh ann:

Múinteoir: An gcíonn sibh an cúinne cruinnis anseo thuas ag an mbarr anseo...beimid ag déanamh an-chuid cainte ar saill agus saillte agus rudaí mar sin sa chaibidil seo agus tá sé tábhachtach go bhfuil an litriú agus an fuaim i gceart againn. So an gcíonn sibh go bhfuil 'h' ar 'sháithithe' ...tá sé sort deacair a rá nach bhfuil? An bhfuil a fhios ag éinne cén fáth go bhfuil 'h' curtha agam ansin?

...ciúnas ranga

*Múinteoir: Ná bígí buartha...so tá saill baininsneach agus mar sin cuireann tú 'h' ar 'sáithithe.' Déarfainn go bhfuil firinsneach agus baininsceach déanta agaibh sa rang Gaeilge le *****? An féidir linn é a rá amach os ard, gach duine le chéile?*

Daltaí: 'Saill sháithithe'

Múinteoir: Uair amháin eile.

Daltaí: 'Saill sháithithe'

Múinteoir: An-mhaith, cuimhnigh anois go mbeidh mé ag súil leis go mbeidh sé á rá agus á scríobh i gceart agaibh agus é déanta againn sa rang agus sna nótaí agaibh.

(Deirdre - Breathnóireacht #3)

Cé nár pléadh an míniúchán meititheangeolaíoch ba bhonn leis an spriocstruchtúr aitheanta go rómhion, bhí le sonrú go raibh mórán forbartha tagtha ar mhuintín Dheirdre ó thaobh na gramadaí de ó thús an togra. Thairis sin, bíodh is go moltar na hiarrachtaí i ndáil leis an téarmaíocht nua a athrá agus a aithris, bheadh fiúntas le tascanna riailbhunaithe agus tascanna cumarsáide a dhearadh leis an sealbhú iomlán a chinntiú (Ellis agus Shintani 2014; Lyster 2018; Ní Aogáin *et al.* 2021; Tedick agus Lyster 2020).

Bíodh ar a shon sin agus uile, níl aon amhras ach go raibh Deirdre ag éabhlú mar ghairmí éifeachtach tumoideachais agus mórán samplaí den TFD (.i. gnéithe gramadaí agus comhréire, gnéithe séimeantacha agus léacsacha, gnéithe ortagrafaíochta agus gnéithe canúna) i bhfianaise a cleachtais ó thús an togra. Fiafraíodh de Dheirdre labhairt ar a turas

éabhlaithe i leith an teagaisc ábhairbhunaithe agus tionchar an tionscadail taighde ar an méid céanna:

Táim an-sásta go raibh mé páirteach sa rud seo as in mar a dúirt mé leat i mí Meán Fhómhair bhí mé díreach ag baint triail as rudaí mé féin agus is dócha nach raibh mé cinnte an raibh aon maitheas iontu le bheith fírinneach ach anois measaim go bhfuil mé...go bhfuilim níos muiníní as an teanga agus cím an fiúntas atá leis na rudaí seo a dhéanamh sa rang...agus an rud a bheinn ag iarraidh a chur ina luí ar mhúinteoirí eile anois ná ní gá rang gramadaí a mhúineadh le bheith 'éifeachtach,' is féidir díriú ar an gcaint móorthimpeall na háite nó díriú ar mhíniú nó fiú litriú na focal agus rudaí mar sin muna bhfuil tú 100% faoin ngramadach.

(Deirdre - Agallamh #3)

Lena chur i mbeagán focal, léirigh teistiméireacht Dheirdre go raibh cur amach aici anois, mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa togra taighde, ar mhodhanna múinte praiticiúla a nasc múineadh teanga agus múineadh ábhair le chéile agus nár bhain an cúram oideolaíochta céanna le bheith ite ag rialacha gramadaí de shíor. Dá bhrí sin, chuir Deirdre dearcadh iomlánaíoch i dtaca leis an teagasc ábhairbhunaithe in iúl a léirigh go raibh sí i mbun éabhlaithe ar a haistear gairmiúil mar chleachtóir tumoideachais éifeachtach.

6.9.3 Éabha

Sa bhreathnóireacht ranga deiridh le hÉabha chonacthas samplaí de ghnéithe éagsúla den TFD ionduchtach-follasach frithghníomhach i gcomhthéacs an tsainábhair:

Múinteoir: 'Cén fáth go bhfuil 'an t-oideas' ceart agus 'an oideas' mícheart?

...ciúnas ranga

Múinteoir: Tá sé seo pléite againn cheana i bhfócas na seachtaine, an cuimhin libh firinsneach agus baininsneach?

Dalta A: Oh yeah...firinsneach...mar gheall ar an 't' sin

Múinteoir: Maith an buachaill tá sé sin ceart, cuireann tú 't' móide 'fleiscín' nó 'hyphen' sa Bhéarla roimh ainmfhocal a thosaíonn le guta. Cuirfidh mé sin sa chúinne cruinnis.

(Éabha - Breathnóireacht #3)

Tagraíonn an múinteoir sa chás seo do chur chuige uile scoile, fócas na seachtaine, nochta roimhe seo i mír 5.2.2. Spreagadh na daltaí sa sampla thuasluaite leis na rialacha ábhartha i ndáil le hinscne an ainmfhocail a thabhairt chun cuimhne, agus rinneadh nóta de na rialacha céanna sa chúinne cruinnis ar an gclár bán. Anuas ar rialacha maidir le hinscne an ainmfhocail a mheabhrú, d'iarr Éabha ar dhaltaí an ranga botúin litrithe an mhúinteora sa chur i láthair ranga a aithint agus a cheartú:

Múinteoir: Gabh mo leithscéal tá botún ansin, an féidir le héinne an focal sin (príomhbheile) a cheartú dom?

Daltaí éagsúla: 'é' 'fada i bpríomhbhéile' 'fada ar an e'

Múinteoir: Ok go maith cloisim go leor freagraí ansin, tá príomhbhéile litrithe mar 'p-r-í-o-m-h-b-h-é-i-l-e'...nach bhfuil an ceart agam? Déanfaidh mé seic anois ar téarma.ie...sea tá sé sin ceart.

(Éabha - Breathnóireacht #3)

Cé gur mionbhotún cló seachas botún tromchúiseach a bhí sa sampla seo, fós féin tuigtear gur spreagadh daltaí le heiseamláirí de Ghaeilge chruinn a aithint (An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020). Thairis sin, agus faoi mar a rinne Deirdre agus Méadhbh roimhe seo, úsáideadh an foclóir teanga mar áis scaflála ar an gcleachtas céanna. Nuair a ardaíodh an mhír ábhartha seo leis an múinteoir i ndiaidh an ranga rinne sí tagairt dá forbairt smaointeoireachta i leith ról an chomhtháthaithe ina cleachtas gairmiúil:

...ó a thosaigh mé le fócas na seachtaine agus an cúinne cruinnis agus na rudaí sin mar shampla I suppose thaitin sé liom mar is múinteoir Gaeilge mé freisin so ar bhealach I was like 'oh tá sé sin go deas cineál an ghramadach a chur i bhfeidhm'...so ní raibh sé iomlán dírithe ar an eolas ar bhealach but ar an teanga freisin.

(Éabha - Agallamh #3)

Ina fhianaise seo, léiríodh gur chuir an teagasc ábharbhunaithe le sásamh gairmiúil an rannpháirtí i ndáil ar a cúlra mar mhúinteoir teanga agus ar an mbonn go raibh sé de chumas aici a cuid speisialtóireachtaí oideolaíochta a chomhsnaidhmeadh le chéile ar bhealach córasach. Sa mhullach air sin, thagair Éabha do na straitéisí molta a bhí fós le comhtháthú sa chleachtas teagaisc aici amach anseo:

I know go bhfuil rudaí eile go bhféadfainn a dhéanamh chomh maith, an ahm...aiseolas ceartaitheach is it...ach is dócha tá go leor ama cailte againn ó bheith ar líne so déanfaidh mé iarracht é sin a chur san áireamh amach anseo.

(Éabha - Agallamh #3)

De réir an toraidh seo, b'fhollas go raibh Éabha feasach ar réimse leathan cleachtas ábharbhunaithe féideartha ach go raibh iarmhairtí an chiantegaisc mar a bhain le soláthar an ábhair acadúil ina bhac leis na cleachtais sin a chur i bhfeidhm. Is meon é seo a bhí lárnach i ndearthaí Chiara agus Bhláthnaid ag pointí éagsúla den togra.

6.9.4 Ciara

Luadh ní ba thúisce gur léirigh triúr rannpháirtithe comharthaí sóirt den TFD sa chleachtas teagaisc ag tús an togra agus go raibh triúr eile nach bhfacthas aon rian den TFD ina gcleachtas siúd, d'ainneoin cur chuige lántumtha a bheith i bhfianaise. Ba í Ciara an rannpháirtí as an triúr céanna a léirigh an ráta is mó éabhlaithe ina cleachtas, tuiscintí agus creidiúintí ábharbhunaithe trí chéile. Sa ráiteas seo a leanas, thagair Ciara don dearcadh faichilleach a bhí aici ag tús an togra mar a bhain le teagasc na teanga i gcomhthéacs an tsainábhair:

Bhí mé i mbosca...ní raibh mé really ag iarraidh a bheith...bhuel no ní hé nach raibh mé ag iarraidh a bheith páirteach...ach cheap mé nach mbainfinn an oiread sin tairbhe as...go bunúsach ní bheinnse anois chomh drogallach ag tógáil faoi na straitéisí nua seo, má chuimhníonn tú ar an gcéad chomhrá a bhí againne a Sarah nuair a bhíomar le tosú bhí mé á rá no not for me níl mise chun a dhéanamh tada de seo tá an iomarca le déanamh agam.

(Ciara - Agallamh #3)

Bhí an claochlú céanna le feiceáil sa chleachtas teagaisc faoi mar atá le sonrú sna míreanna thíosluaite a léirigh dea-shamplaí frithghníomhacha den AC i bhfoirm leide:

‘ceard agus dheanamh (seachas céard & dhéanamh)’

Síntí fada in easnamh ar na sleamhnáin déanta ag na daltaí mar chuid dá gcur i láthair – ‘ceard’ agus ‘dheanamh’ - rinne an múinteoir aird na ndaltaí a dhíriú ar an mbotún le píosa spraoi ag fuaimniú na bhfocal gan an fada.

‘dathanna na ballaí (seachas dathanna na mballaí)’

Rinneadh athrá ar an bhfrása i dtuin chainte níos airde le nod a thabhairt do na daltaí go raibh sé mícheart agus bhí na daltaí in ann é a iompú ina spriocstuchtúr gan mórán tacaíochta ón múinteoir.

(Teimpléad breathnóireachta an taighdeora - Timthriall #3)

Ba straitéisí leide i bhfoirm athrá a bhí le sonraí san aithris a rinneadh ar na botúin thuasluaite (féach Tábla 3.8). Tagann an straitéis AC seo le fianaise dhiúltach mar choincheap oideolaíochta ina n-aibhsítear don fhoghlaimoir go bhfuil botú(i)n i dteanga a (h)aschuir (Ní Aogáin 2019), agus ar gcaoi sin spreagtar an foghlaimoir le dul i mbun féincheartaithe (Nassaji 2010). Ina theannta sin, luaigh Ciara sa teistiméireacht thíos go raibh sí inníoch go gcuirfeadh oideolaíocht an AC laghmhisneach ar dhaltaí mar thoradh ar cheartúchán na mbotún céanna ach is ar an mbonn sin inar bhain sí úsáid as píosa beag greann le frídíní a hamhrais a smachtú:

...agus píosa spraoi atá ann agus tá tú ag iarraidh a bheith cúramach gan a bheith ag cur as do dhaltaí má tá litriú mícheart nó pé rud é féin...ach tá tú in ann píosa spraoi a dhéanamh do, tá tú in ann tú féin a chur ar an spota agus do bhotúin féin a cheartú nó a chur suas...agus is breá leo é sin a cheartú.

(Ciara - Agallamh #3)

Cé go dtagann amhras Chiara i leith úsáid AC go beacht le torthaí taighde Tedick agus Lyster (2020), féachadh chuige le bealach spráúil a dhéanamh as an straitéis chéanna, faoi mar a rinne Deirdre i mír 6.6.4 chun an beaguchtach a sheachaint. D’fhéadfaí a dhealrú ina fhianaise seo, mar sin, go n-éireodh níos fearr le hoideolaíochtaí úra a neadú i ngnáthchleachtas teagaisc an mhúinteora má bhíonn dearcadh dearfach ag múinteoirí agus ag daltaí araon ina leith.

Aibhsíonn an cineál cleachtais céanna go ndeachaigh rannpháirtithe taighde i muinín straitéisí leide in áit straitéisí athmhúnlaithe den mhórchuid. Is toradh é seo a thagann go beacht le taighde Brown (2016) maidir le húsáid AC ag an iar-bhunleibhéal. Sa bhreis air sin, maíonn údair an ghoirt go soláthraíonn leideanna a thuilleadh deiseanna don dalta chun teacht ar rialacha nó ar spriocstruchtúir na teanga trí anailís a dhéanamh ar a t(h)eanga féin (Ellis 2002; Ní Aogáin agus Ó Duibhir 2022, 2021), ach go bhfuil bonn eolais meititheangeolaíoch sách forbartha de dhíth ar an dalta le bheith in ann chuig an anailísiú céanna (Li agus Vuono 2019). Cé nach raibh mioneolas ag an taighdeoir i leith inniúlachtaí teangeolaíocha dhaltaí Chiara b'fhollas go raibh sé de chumas agus de mhúinín acu na spriocstruchtúir shainiúla a aithint agus a fhógairt gan ionchur breisithe lasmuigh den straitéis leide.

Ba í seo an chéad uair i gcaitheamh na tréimhse bailithe sonraí Ciara a fheiceáil ag ionchorprú gnéithe den teagasc ábharbhunaithe sa chleachtas oideolaíochta. Ní hamháin seo ach is díol suime é gur díriodh ar an gceartúsáid teanga agus an múinteoir céanna amhrasach faoi chruinneas a húsáide teanga féin, mar a luadh roimhe seo i gCaibidil 5. Tugann Ciara léargas sa teistiméireacht thíos ar an mbealach inar thug sí faoin gceartúchán céanna:

...thuig mé go raibh na síntí fada in easnamh sa cheann sin ach le dathanna na mballaí bhuel ní bheinn in ann an riail sin a mhíniú duit anois ach thuig mé go raibh baint éigin aige leis an tuiséal ginideach ach gurb é sin an bealach ina ndeirtear é sa chaint agus go bhféadfainn tacú leis na daltaí ar an gcaoi sin.

(Ciara - Agallamh #3)

D'ainneoin a féinbhraistint lag ó thaobh na gramadaí de bhí Ciara in ann teacht ar na spriocstruchtúir shainiúla trí thobar na teanga inmheánaithe a rochtain (.i. smutáin teanga). Sin ráite, aithnítear go raibh an sampla áirithe seo eisceachtúil agus go mbeadh tábhacht nach beag le heolas meititheangeolaíoch an mhúinteora a fhorbairt le rath inbhuanaithe na hoideolaíochta céanna a chinntiú. Leis sin, agus in ainneoin mheán na rochtana, d'éirigh le

Ciara ‘...eiseamláirí de Ghaeilge chruinn ar fáil do na scoláirí’ (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2020: 14).

Anuas ar an saibhriú a rinneadh ar an gceartúsáid teanga, tarraingíodh aird na ndaltaí ar ghnéithe canúnacha den fhoirm theangeolaíoch le linn na breathnóireachta ranga:

Múinteoir: Cén t-ainm eile a úsáidtear sa scoil seo do chaoi nó bealach? An úsáideann sibhse an ceann seo? (scríobhann an múinteoir ‘slí’ faoi bhun ‘bealach’)

Dalta A: Oh yeah

Dalta B:...bhuel uaireanta

Múinteoir: Cé a úsáideann ‘slí’ ina gcuid cainte go minic?

*Dalta B: *ainm múinteora sa scoil**

*Múinteoir: Ok cén fáth go n-úsáideann *ainm an mhúinteora* an ceann sin (slí) thar an ceann sin (bealach)? Mar shampla cloiseann sibh mise ag úsáid caoi nó bealach go hiondúil*

Dalta C: Canúintí?

*Múinteoir: Canúintí éagsúla...sin é...agus cad as do *ainm an mhúinteora*
(Ciara - Agallamh #3)*

Labhair an múinteoir ar a réasúnaíocht le téama na gcanúintí a chuimsiú sa cheacht ábhair:

Cé go bhfaca mise an focal bealach scríofa nó slí scríofa le blianta fada níor chuimhnigh mé ariamh ar úsáid na bhfocal...úsáideann mise bealach nó caoi úsáideann an múinteoir eile slí ach ‘sé an focal céanna é...agus cé go raibh a fhios agam sin níor chuimhnigh mé ar an méid sin a chur in iúl d’aon duine roimhe seo.

(Ciara - Agallamh #3)

Tagann an sainchleachtas seo le moltaí de chuid Chigireacht na Roinne Oideachais (2021a) a mhaíonn gur ceart do mhúinteoirí iar-bhunleibhéil i scoileanna na *Scéime Aitheantais* ‘...díriú ar fhoghraíocht agus ar úsáid Ghaeilge an cheantair agus nathanna agus leaganacha dúchasacha ón gceantar a mhúineadh agus a úsáid go nádúrtha sna ceachtanna d’fhonn an saibhreas teanga áitiúil sin a chothú agus a thabhairt chun cuimhne’ (88). Dhealródh sé, mar sin, go n-éascódh a leithéid de chleachtas oideolaíochta an t-aistear saibhríthe agus caomhnaithe teanga i gcomhthéacs tumoideachais na Gaeltachta.

Faoi mar atá ráite ó chianaibh, sonraíodh éabhlú nach beag i ndul chun cinn oideolaíochta Chiara thar scála ama an taighde. Bhí meon an speisialtóra ábhair curtha in iúl aici ag tús an togra ach faoi dheireadh an togra bhí dea-chomharthaí ábharbhunaithe le sonrú go follasach ina cuid cleachtais agus í i mbun forbartha mar chleachtóir éifeachtach tumoideachais. É seo ráite, ní mór a thabhairt chun cuimhne nár tharla an t-éabhlú seo thar oíche, agus faoi mar a shonraigh Ciara ní ba thúisce bhí sí ‘*drogallach*’ tabhairt faoin taiscéalaíocht ábharbhunaithe ag an tús. Fiosraíodh na móimintí claochlaithe ba bhonn leis an athrú meoin:

*Inseoidh mé an fhírinne duit, ‘sé an cruinniú deiridh a bhí agamsa agus leatsa ar líne le *leis na rannpháirtithe eile*...daoine fásta i gceantair éagsúla le cúlraí éagsúla agus le na deacrachtaí céanna...agus ansin dúirt mé oh ok ní hé just mise atá i gceist anseo agus mo easpa muiníne as mo chuid litriú agus mo chuid rudaí ar fad...y’know thug tusa straitéisí dúinn ag an gcéad seisiún agus níor chuir mé i bhfeidhm iad, mar ní raibh mé in ann agus ní raibh mé compordach agus de réir mar a bhíomar ag dul ar aghaidh agus de réir mar a bhí tú ag briseadh an leac oighir thimpeall orm tá mé níos muiníneach anois na rudaí go bhfuil mé féin eolach fúthu a athrú agus a thabhairt isteach sa rang.*

(Ciara - Agallamh #3)

Neartaíonn tuairim Chiara gur deacair barr feabhais a bhaint amach sa chleachtas comhtháite gan scafláil na foghlama comhoibrithí agus an chomhthionóil dhearfaigh trí chéile (Ó Ceallaigh *et al.* 2019a; Tedick 2022). Lena chois sin, treisíonn eispéireas Chiara seasamh na scoláirí céanna go gcuireann an fhoghlaim ghairmiúil éifeachtach oiliúint thar thréimhse mharthanach ar fáil do mhúinteoirí ina n-éascaítear a gcuid inniúlachtaí i ndáil le triail a bhaint as straitéisí nua agus rioscaí oideolaíochta a ghlacadh. Ní hé sin le rá, ámh, go raibh an tionchar céanna ag an bhfoghlaim ghairmiúil ar chleachtas gach aon rannpháirtí taighde.

6.9.5 Bláthnaid

Sonraíodh go raibh cur chuige teagaisc Bhláthnaid ag deireadh an togra ar aon dul leis an gcleachtas teagaisc a bhí le sonrú ag tús an togra i ngeall nach bhfacthas aon rian den teagasc ábharbhunaithe ann. Cé gur shonraigh Bláthnaid go raibh ualach na foghlama cumaisc mar

bhac leis an gcleachtas comhtháite molta a chur i bhfeidhm shonraigh sí fonn foghlama go fóill i leith mhóraidhmeanna an taighde:

Tá sé an-mhaith go bhfuil duine ar nós thusa ag tabhairt faoi rud mar seo, mar cinnte tá sé ag teastáil agus tuigim go bhfuil an Scéim ann agus tá freagracht orainn uilig, cinnte...ach bhí an bhliain seo fiáin bhí ár ndóthain ann teacht tríd.

(Bláthnaid - Agallamh #3)

Chuige sin, agus dá ainneoin iarrachtaí éagsúla an togra taighde le múinteoirí a chumasú i leith an teagaisc ábhairbhunaithe (.i. líonra múinteoireachta, idirghabhálacha taighde saindeartha, banc d'acmhainní oiriúnacha comhtháite agus tacaíocht leanúnach an taighdeora), rinne Bláthnaid áitiú láidir ar fhíorthaithí chéasta an mhúinteora i gcóras foghlama na Gaeltachta i gcaitheamh na paindéime COVID-19.

6.10 Súil Siar

Tá coimriú gonta ar chleachtas ábharbhunaithe na rannpháirtithe taighde faoin tríú breathnóireacht taighde le sonrú i bhFíor 6.6.


- *Filleadh ar an nGaeilge an athuair mar sprioctheanga an teagaisc agus na foghlama sna ranganna ar an láthair.*
- *Bhí dea-chleachtas TFD córasach le sonrú i mbreathnóireachtaí ceathrar rannpháirtithe⁹⁹ i gcomparáid leis an TFD teagmhasach a sonraíodh i gcás breathnóireachtaí triúr rannpháirtithe ag tús an togra.*
- *Sonraíodh dea-chleachtas comhtháite frithghníomhach den mhórchuid.*
- *Áiríodh meascán den dea-chleachtas TFD follasach agus ionduchtach-follasach sa chleachtas comhtháite.*
- *Baineadh úsáid as gníomhaíochtaí feasachta laistigh de theagasc sainábhair leis na spriocstruchtúir shainiúla a thabhairt faoi deara (n=4).*

⁹⁹ Meabhraítear don léitheoir nach raibh ach cúigear rannpháirtithe rannpháirteach sa togra taighde faoin mbreathnóireacht dheireanach.

- *Úsáideadh na spriocstruchtúir mheallta chun gníomhaíochtaí giniúna dírithe ar chleachtadh riailbhunaithe a chur chun cinn d'fhonn eolas meititheangeolaíoch na ndaltaí a fhorbairt i gcás múinteora amháin.*
- *Cuireadh cruinnúsáid na teanga chun cinn sa chur chuige meastóireachta i gcás múinteora amháin.*
- *Ní raibh sé de nós ag rannpháirtithe tascanna cumarsáideacha a dhearadh i ndáil leis an spriocstruchtúr aitheanta a úsáid i gcomhthéacsanna foghlama lánbhrí.*
- *Bhí an claonadh i measc rannpháirtithe a ndeachaigh i muinín an AC straitéisí leide a úsáid thar straitéisí athmhúnlaithe (n=2).*
- *Cothaíodh cultúr an fhoclóra teanga le linn an chur chuige teagaisc mar áis scaflála teanga do mhúinteoirí agus do daltaí araon agus leis an gcur chuige lántumtha a chur chun cinn (n=3).*
- *Rinneadh sáriarracht chun saibhreas foclóra agus canúint na dúiche a threisiú agus a bhuanú (n=2).*
- *Ardaíodh feasacht na ndaltaí i leith chanúintí na nGaeltachtaí éagsúla eile (n=2).*
- *Bhí rath ar na modhanna múinte a nasc ábhar agus teanga le chéile nuair a d'éirigh le rannpháirtithe modhnú a dhéanamh orthu de réir a stíl teagaisc féin.*

Fíor 6.6: Achoimre ar chleachtas an mhúinteora ag éabhlú mar chleachtóir tumoideachais

Sa treis ar bhreithiúnas an taighdeora ar an dul chun cinn oideolaíochta, tá achoimre ar na straitéisí ábharbhunaithe is mó úsáidte le sonrú i bhFíor 6.7.



Fíor 6.7: Straitéisí ábharbhunaithe rannpháirtithe

Agus Fíor 6.6. agus 6.7 san áireamh, níl aon amhras ach go raibh forbairt feasachta na rannpháirtithe i leith na hidé-oideolaíochta ábharbhunaithe sa chleachtas teagaisc soiléir, in ainneoin rátaí agus scálaí forbartha éagsúla le sonrú i measc an tsampla. Anuas air sin, agus faoi mar a luadh ní ba thúisce, féachadh chuige le ról gníomhach a bhronnadh ar rannpháirtithe taighde le hionchur na n-idirghabhálacha taighde a stiúradh le haitheantas ar leith a thabhairt dá gcuid réaltachtaí gairmiúla agus riachtanais oideolaíochta dá réir. Tugtar cuntas ar an bhfreastal a rinneadh ar na riachtanais chéanna i dTábla 6.1.

Tábla 6.1: Riachtanais oiliúna rannpháirtithe (ceistneoirí taighde)

<i>Riachtanais oiliúna fhéintuairiscithe (Tús an togra)</i>	<i>Freastal déanta ar riachtanais (Deireadh an togra)</i>
<i>‘acmhainní le h-úsáid sa rang’</i>	<i>‘Cruthú an Google drive mar ‘phota ór’ chun ár n-acmhainní a roinnt & áit againn ceisteanna gramadaí a fhiosrú – whatsapp’</i>
<i>‘modhanna le gearradh síos ar úsáid Béarla’</i>	<i>‘Smaointe simplí ata gasta le déanamh le haghaidh an ghaeilge a cheartú agus fosta an leagan gairid le húsáid le haghaidh ceartú a gcuid oibre’</i>
<i>‘bealaí chun Gaeilge a nascáithe isteach go neamhfhoirmiúl’</i>	<i>‘Stráitéisí nua a chur i bhfeidhm i dtaobh ‘réamhmúineadh’ chun botúin coitianta a sheachaint’</i> <i>‘Cúinne cruinnis - fuaireas treoir ar acmhainní a úsáid i gceart chun rial gramadaí a mhiniú’</i>
<i>‘labhair le múinteoirí eile a mhúineann i scoileanna Gaeltachta’</i>	<i>‘Bualadh le múinteoirí eile ar an wavelength céanna - thaitin sé sin go mór liom’</i>
<i>‘léargas a fháil ar mhúineadh múinteoirí eile i scoileanna Gaeltachta’</i>	<i>‘Iontach labhairt le múinteoirí eile le na deacrachtaí céanna. Eolas a roinnt le chéile’</i>
<i>‘bheinn ag súil le bheith mar chuid de greasán le múinteoirí eile a bheadh suim acu tacu lena chéile & acmhainní a roinnt & straitéisí a roinnt a ndéanfadh múineadh Eac. Bhaile trí Ghaeilge níos fusa.’</i>	<i>‘Aithne a chur ar an taighdeoir - tuiscint iontach agat ar na dúshlán a bhaineann le bheith ag múineadh Eac. Bhaile as ghaolainn & dá bharr tá muintín agam cur chun cinn a dhéanamh ar mo chumas féin ach i tslí a oireann dom’</i>

Lena chur i mbeagán focal, cé go raibh céimeanna le glacadh go fóill leis an teagasc ábharbhunaithe a bhunú go daingean i gcleachtas marthanach na rannpháirtithe, is follas ó theistiméireachtaí na rannpháirtithe i dTábla 6.1 gur baineadh aidhmeanna an taighde fheidhmigh amach, faoi scáth na paraidíme bunathraithí, trí dhul i ngleic le ceisteanna agus le dúshlán phraiticiúla a tháinig aníos i gcomhthéacs tumoideachais na mionteanga.

6.11 Conclúid

Ar an iomlán, chuir an chaibidil seo lenár dtuiscint i ndáil le cleachtas éabhlaithe ábharbhunaithe an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san iar-bhunscoil Ghaeltachta. Ag

túsphointe an taighde fheidhmigh, sonraíodh go raibh rannpháirtithe ag feidhmiú den mhórchuid mar speisialtóirí ábhair in ainneoin gur léiríodh báúlacht don mhionteanga mar sprioctheanga an teagaisc. Níor úsáideadh an Béarla i dteanga an ionchuir teagaisc ach i gcásanna eisceachtúla, agus é léirithe mar bhua coiteann i measc rannpháirtithe eochairthearmaíocht an tsainábhair a mhíniú i dteanga shothuigte neamhchasta. Níor fhéachadh ar an gcleachtas seo leis an sealbhú nó leis an leathnú foclóra a éascú ach le foghlaim an ábhair acadúil a dhearbhu. Bíodh is go léiríodh samplaí neamhchórasacha den TFD i gcás leath den sampla, ba ríléir nach raibh dea-chleachtas an teagaisc ábhairbhunaithe chórasaigh leabaithe i ngnáthchleachtas oideolaíochta rannpháirtithe.

Is ag an bpointe leath bealaigh den taighde feidhmeach ina bhfacthas rannpháirtithe taighde ag dul i muinín an chiantegaisc don dara huair as a chéile ó thosach na géarchéime sláinte COVID-19. Chonacthas tiontú ó bhonn i sprioctheanga an teagaisc agus rannpháirtithe i dtuilleamaí na mórtheanga, in ainneoin na míréire idir seo agus a mbunphrionsabail chreidimh léirithe roimhe sin i leith an lántumtha. Bhí srian níos fháiscthe fós i bhfianaise na ndeiseanna le haghaidh aschur táirgiúil sa chleachtas ar líne, a bhuí do thosaíochtaí teagaisc a bheith sonraithe d'eolas an ábhair a chlúdach. Ar a bharr sin, bhí rannpháirtithe ag streachailt leis na hinniúlachtaí digiteacha iomchuí a bhí de dhíth ar an teagasc éifeachtach ar líne a shealbhú, go háirithe na hinniúlachtaí sin a bhain le cúram a dhéanamh d'ábhar, teanga agus modheolaíochtaí teicneolaíochta araon. An méid seo san áireamh, bhí tionchar nach beag ag brúanna seachtracha na paindéime agus éilimh oideolaíochta na cianfhoghlama trí chéile ar aistear éabhlaithe an chleachtas ábhairbhunaithe. Is dá bhíthin sin nár léirigh ach rannpháirtí amháin dea-shamplaí den chleachtas ábhairbhunaithe molta mar chuid den chéad idirghabháil taighde ina cleachtas siúd.

Thóg sé go dtí an tríú breathnóireacht taighde, agus na ranganna ar an láthair arís eile, le héabhlú follasach suntasach a fheiceáil i gcleachtas ábharbhunaithe rannpháirtithe. Bhí dea-chleachtas TFD córasach le sonrú i mbreathnóireachtaí ceathrar rannpháirtithe i gcomparáid leis an TFD teagmhasach a sonraíodh i gcás breathnóireachtaí triúr rannpháirtithe ag tús an togra. Sa mhullach air sin, léiríodh go raibh an dea-chleachtas TFD ina chleachtas frithghníomhach den mhórchuid, rud a d'fhág go raibh breis ionchuir agus tacaíochta de dhíth ar rannpháirtithe leis an dea-chleachtas réamhghníomhach a threisiú (féach mír 3.4.1.3). Sa bhreis air sin, áiríodh meascán den dea-chleachtas TFD follasach agus ionduchtach-follasach sa chleachtas comhtháite.

Cé gur baineadh úsáid as gníomhaíochtaí feasachta laistigh de theagasc sainábhair d'fhonn na spriocstruchtúir shainiúla a thabhairt faoi deara, ní minic na spriocstruchtúir chéanna a úsáid mar bhunús do ghníomhaíochtaí riailbhunaithe, giniúna ná cumarsáide. Ar an ábhar sin, tuigtear ó scoláirí tumoideachais an ghoirt go mbaineann tábhacht nach beag le tascanna dá leithéid le heolas faisnéiseach teanga a fhorbairt ina eolas gnásúil teanga, nó lena chur d'fhocail shimplí leis na foirmeacha teangeolaíocha a shealbhú go hiomlán. Ní féidir a áitiú, áfach, go raibh éabhlú suntasach sa chleachtas le sonrú i gcás gach aon rannpháirtí agus é maíte ag rannpháirtí amháin nár lig ualach na cianfhoghlama di a haird ghairmiúil a dhíriú go córasach ar spriocanna an taighde fheidhmigh a thabhairt chun críche. D'ainneoin seo, agus cé go raibh rátaí éagsúla éabhlaithe i bhfianaise an chleachtais agus na feasachta ábharbhunaithe araon, chuir an togra taighde ar an iomlán le cleachtas gairmiúil rannpháirtithe trí fhreagairt dá sainriachtanais oideolaíochta bainteach go díreach i gcásanna áirithe, nó go hindíreach i gcásanna eile, leis an dea-theagasc ábharbhunaithe (Tábla 6.1).

Déanfar dianmhachnamh sa chéad chaibidil eile ar thátal an tionscadail ina iomláine.

Caibidil 7 : Conclúidí agus Moltaí

7.1 Intreoir

Dírítear sa chaibidil seo ar na príomhthorthaí taighde a d'eascair as an tionscadal taighde agus cuirtear i láthair iad i gcomhthéacs na gceisteanna taighde a bhí mar bhonn agus mar thaca ag an tionscadal ina iomláine. Ní mór, mar sin, ábhair na gcaibidlí roimhe seo a mheabhú le mórtheachtaireachtaí na caibidle deiridh a leabú sa chomhthéacs taighde faoi réir. Tugadh faoi léirbhreithniú litríochta i gCaibidlí 2 agus 3 ar fheiniméan an tumoideachais mar aon le comhtháthú an ábhair agus na teanga. Rinneadh amhlaidh d'fhonn creidiúintí, tuiscintí agus cleachtais eiseamláireacha an teagaisc ábhairbhunaithe a scagadh agus a léirmhíniú i dtéarmaí na saincheisteanna taighde. Is i gCaibidil 4 inar cíoradh an mhodheolaíocht agus dearadh taighde ab oiriúnaí don togra taighde faoi scáth na paraidíme bunathraithí mar fhealsúnacht taighde. Ar a bharr sin, rinneadh cúram nach beag do chúrsaí eitice le caighdeán foriomlán an taighde a dhearbhu agus tugadh cuntas ar impleachtaí ghéarchéim sláinte an Choróinvíris COVID-19 ar an gcur chuige modheolaíochta trí chéile. Ina dhiaidh sin, i gCaibidlí 5 agus 6, léiríodh an fhaisnéis a gineadh san obair pháirce i ndáil le fíorthaithí, tuairimí agus dearchtaí rannpháirtithe de réir cheisteanna neadaithe an tionscadail.

Taispeánfar sa chaibidil reatha go gcuireann an togra taighde seo le hábhar an teagaisc ábhairbhunaithe sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta iar-bhunleibhéil, bíodh is go gcuirtear teorainneacha an staidéir i láthair ar an mbonn céanna. Tarraingeofar conclúidí an taighde le chéile, molfar conas go bhféadfaí leas a bhaint as an taighde reatha bunaithe ar eochairtheachtaireachtaí na dtorthaí taighde agus déanfar moltaí a sholáthar mar a bhaineann le staidéir eile. Ar deireadh, cuirfear luach an tsaothair don ghort i láthair.

7.2 Ceisteanna Taighde

Is í an bhunaidhm a bhain leis an staidéar seo ná iniúchadh criticiúil a dhéanamh ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais ábharbhunaithe an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san iar-bhunscoil Ghaeltachta. Díreofar go grinn, sa chéad mhír eile, ar thorthaí taighde na gceisteanna neadaithe, lena n-áirítear:

- *Cad iad creidiúintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith theagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga?*
- *Cad iad tuiscintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith theagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga?*
- *Cad iad cleachtais ranga an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i leith theagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga?*

Féachfar chuige anois leis na príomhthorthaí taighde a nochtadh.

7.3 Príomhthorthaí Taighde

Roinnfear an mhír a leanas i dtrí chuid éagsúla rangaithe de réir phríomhchonclúidí na gceisteanna taighde. Tosófar le hachóimriú ar chreidiúintí an mhúinteora Eacnamaíochta Baile i dtaca leis an teagasc ábharbhunaithe i dTábla 7.1. Níor mhór a thabhairt chun cuimhne, ámh, go rianaítear an cur chuige lántumtha mar réamhriachtanas leis an teagasc ábharbhunaithe a chur i ngníomh go héifeachtach agus is dá bhíthin sin ina dtagraítear in amanna do ghnéithe éagsúla den réamhchoinníoll áirithe sna táblaí seo a leanas.

Tábla 7.1: Creidiúintí Ábharbhunaithe an Mhúinteora

<i>Creidiúintí Ábharbhunaithe an Mhúinteora</i>
<ul style="list-style-type: none">• <i>Chreid rannpháirtithe go raibh sé mar chuid dá ndualgais ghairmiúla go mbeadh an Ghaeilge mar mheán an teagaisc agus na foghlama sa rang ábhair.</i>• <i>Mhaígh rannpháirtithe go raibh sé de fhreagracht orthu a bheith mar shamhlacha teanga do dhaltaí an chórais.</i>• <i>Threisigh an ceal airde ar shainréimsí teagaisc an chomhthéacs tumoideachais san oideachas tosaigh an dearcadh i measc rannpháirtithe áirithe gur speisialtóirí ábhair iad go príomha.</i>• <i>Mhaígh rannpháirtithe gur cur chuige oideolaíochta measartha nua a bhí i dteagasc foirmdhírthe i gcomhthéacs foghlama na mionteanga.</i>• <i>Mheas rannpháirtithe go raibh ualach agus éilimh an ábhair acadúil ag an iarbhunleibhéal mar shrian leis an teagasc ábharbhunaithe a chur i ngníomh sa chleachtas teagaisc agus go raibh tábhacht nach beag le daltaí a ullmhú chuig Scrúduithe Stáit thar litearthacht sa tumtheanga a chothú.</i>• <i>Cheap rannpháirtithe dá ndíreoidís ar theagasc na teanga sa rang ábhair go mbeadh foghlaim an ábhair, agus an ghnóthachtáil acadúil dá réir, thíos leis an oideolaíocht chéanna.</i>• <i>Shíl rannpháirtithe go raibh míréir fhollasach idir polasaí teagaisc an POG agus na polasaithe measúnaithe Stáit.</i>• <i>Chreid rannpháirtithe go léirítear dímhéas ar an lántumadh sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta nuair a earcaítear áisitheoirí foghlama gairmiúla agus scrúdaitheoirí ábhair gan inniúlachtaí leordhóthanacha sa tumtheanga.</i>

- *D'áitigh rannpháirtithe nach raibh tacaíocht leordhóthanach á cur ar fáil don chomhthéacs lán-Ghaeilge mar a bhain le hábhair thacaíochta teagaisc agus nach raibh saintearmaíocht na dtéacsleabhar ná na n-acmhainní teagaisc trí Ghaeilge oiriúnach do chomhthéacs foghlama na mionteanga ach oiread.*
- *Nocht rannpháirtithe go raibh cultúr an aistriúcháin go smior i gcúraimí gairmiúla an mhúinteora sa chóras oideachais Ghaeltachta le cur chuige lán-Ghaeilge a chinntiú.*

Cé is moite den cheal airde in oideachas tosaigh rannpháirtithe le go gcothófaí sain-inniúlachtaí éigeantacha an mhúinteora tumoideachais, nochtann na torthaí thuasluaite nach raibh rannpháirtithe dall ar a bhfreagracht ghairmiúil go bhfeidhmeoidís ina samhlacha teanga do dhaltaí an chórais. Ar a bharr sin, sonraíodh dúthracht ar leith don chur chuige lántumtha trí mheán na mionteanga, go háirithe i ndáil le sprioctheanga an teagaisc agus ábhair thacaíochta teagaisc lán-Ghaeilge a chur ar fáil laistigh de theagasc an tsainábhair. Bíodh sin agus uile, tugadh le fios go raibh príomhchúraimí oideolaíochta rannpháirtithe rialaithe ag forlámhas an ábhair acadúil ar a raibh faoi chomaoin ag an múnla meastóireachta Stáit.

Is mar thoradh air seo inar nochtadh meonta faichilleacha i leith oideolaíochta na teanga a fhí le hoideolaíocht an ábhair bunaithe ar an amhras go gcuirfeadh teagasc na teanga an fhoghlaim ábhair i mbaol ó thaobh luas an ranga nó doimhneacht na próiseála de. Thairis sin, níor thacaigh an mhíríd idir ionchais tháscairí dea-chleachtas an *POG* agus ionchais arda na gnóthachtála acadúla leis an toilteanas i measc rannpháirtithe le cur chuige défhócasach a chur i ngníomh sa chleachtas teagaisc. Thabharfaí le tuiscint, uaidh sin, go raibh creidiúintí ábharbhunaithe an mhúinteora, lasmuigh de chur chuige an lántumtha go deimhin, curtha faoi imshuí ag riachtanais an ábhair acadúil. Mar sin, agus de réir fhianaise

an taighde seo ina iomláine, bhí creidiúintí na rannpháirtithe maidir leis an teagasc ábharbhunaithe plúchta ag éilimh an ábhair acadúil. Nasctha go dlúth le creidiúintí ábharbhunaithe rannpháirtithe ná na tuiscintí a forbraíodh ón oideachas tosaigh agus ón bhfoghlaim ghairmiúil faoi seach. Leis sin, tugtar léargas ar thuiscintí ábharbhunaithe an mhúinteora i dTábla 7.2.

Tábla 7.2: Tuiscintí Ábharbhunaithe an Mhúinteora

Tuiscintí Ábharbhunaithe an Mhúinteora
<ul style="list-style-type: none"> • <i>De réir an chreata theoriciúil EOÁ-C (Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite) léiríodh tuiscintí tearcfhorbartha i ndáil le EÁ-T (Eolas ar an Ábhar sa Teanga) sa chaoi gur nocht rannpháirtithe taighde (n=5) go raibh a dtuiscintí i leith na spriocstruchtúr sainiúil agus cruinnúsáid na Gaeilge easnamhach agus neamhimleor.</i> • <i>Insíodh nach raibh oiread is rannpháirtí amháin i ndiaidh tabhairt faoi cheachtar den dá chlár iarchéime saincheaptha do chomhthéacs an tumoideachais lena gcuid sain-inniúlachtaí oideolaíocha agus teangeolaíocha a shaibhriú.</i> • <i>Sonraíodh nach nós do rannpháirtithe freastal ar fhoghlaim ghairmiúil lena n-eolas meitheangeolaíoch a chothú agus dá bharr insíodh nach raibh ag éirí le bainistíocht na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta rannpháirteach ina gcuid iarrachtaí le cultúr na foghlama gairmiúla ó thaobh na teanga de a chur chun cinn.</i> • <i>De réir an mhúnla EOÁ-C, léirigh rannpháirtithe tuiscintí neamhimleor i dtaca le EOÁ-T (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga) mar aon le EOÁCÁT (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga) de thoradh na gcúiseanna seo a leanas:</i> <ul style="list-style-type: none"> ○ <i>Níor chothaigh oideachas tosaigh rannpháirtithe na saintuiscintí ná na sainscileanna oideolaíochta riachtanacha leis an teagasc ábharbhunaithe a chur i ngníomh go héifeachtach sa chóras oideachais Ghaeltachta.</i>

- *Ní hamháin go ndeachaigh an soláthar foghlama gairmiúla sainiúil don Eacnamaíocht Bhaile i gcoinne bhunphrionsabail an lántumtha go minic ach rinneadh neamhaird iomlán ar EOÁCÁT a chur chun cinn san oiliúint chéanna.*
- *Bíodh is go raibh rannpháirtithe den tuairim gur chothaigh an fhoghlaim ghairmiúil de chuid na Scéime Aitheantais na saintuiscintí cuí i ndáil le fíís agus mórspriocanna na Scéime agus an POG trí chéile, measadh nach raibh béim leordhóthanach san oiliúint chéanna ar na modhanna múinte praiticiúla a nascadh teanga agus ábhar go héifeachtach thar achar an churaclaim.*

Ina fhianaise seo, áitítear go bhfuil an t-eolas meititheangeolaíoch ina bhunchéim éigeantach don eolas oideolaíochta comhtháite a chur chun cinn i measc gairmithe éifeachtacha tumoideachais. Thairis sin, deimhníonn torthaí an taighde go gcuireann easnaimh shuntasacha sa bhonn eolais teangeolaíoch srian le cumas an mhúinteora tumoideachais an leas is tairbhí a bhaint as idé-eolaíocht an chomhtháthaithe ábhar agus teanga. An méid seo ráite, ní mór a shoiléiriú nach le múinteoirí tumoideachais arb í an Ghaeilge an dara teanga acu amháin a shamhlaítear neamhdhiongbháilteachtaí teanga agus laigí maidir lena n-eolas meititheangeolaíoch. É seo ráite, tuigtear nach ndíríonn an fhoghlaim ghairmiúil a bhíonn luaithe le múinteoirí an chórais oideachais Ghaeltachta ar na hinniúlachtaí teangeolaíocha seo a shaibhriú i gcónaí.

Bíodh is go n-aithnítear an t-eolas meititheangeolaíoch nó faisnéiseach teanga mar réamhriachtanas ar chumas an mhúinteora tumoideachais dea-chleachtas an teagaisc ábhairbhunaithe a chur i ngníomh, tá tábhacht nach beag le sain-inniúlachtaí oideolaíocha an chomhtháthaithe a scafallú go comhthráthach. Nochtann torthaí an staidéir go lom nár chothaigh an t-oideachas tosaigh na sain-inniúlachtaí céanna agus go ndearna an fhoghlaim

ghairmiúil luaite go sainiúil le hEacnamaíocht Bhaile neamhaird iomlán ar shainréimsí teagaisc an mhúinteora tumoideachais. Sa mhullach air sin, d'ainneoin gur chothaigh foghlaim ghairmiúil de chuid na *Scéime Aitheantais* na saintuiscintí ábhartha i ndáil le móraidhmeanna na *Scéime*, sonraíodh nach ndearnadh an cúram cuí do shaintuiscintí oideolaíochta an chomtháthaithe ábhar agus teanga mar chuid den oiliúint chéanna. Is i ngeall air seo inar díríodh ar na tuiscintí céanna a chothú sna hidirghabhálacha taighde leis an dea-chleachtas ábharbhunaithe a thabhairt chun críche. Mar sin, agus de réir fhianaise an taighde seo ina iomláine, bhí tuiscintí rannpháirtithe i dtaca leis an teagasc ábharbhunaithe tearcfhorbartha agus neamhimleor den mhórchuid. Tarraingeofar anois ar phríomhthorthaí chleachtais rannpháirtithe i leith an teagaisc ábhairbhunaithe mar atá curtha chun tosaigh i dTábla 7.3.

Tábla 7.3: Cleachtais Ábharbhunaithe an Mhúinteora

<i>Cleachtas Ábharbhunaithe an Mhúinteora</i>
<p><i>Breathnóireacht 1 - Túsphointe Cleachtais an Mhúinteora:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • <i>Bhí an Ghaeilge mar mheán an teagaisc agus na foghlama trí chéile agus níor baineadh úsáid as an mBéarla ach i gcásanna fíorannamh.</i> • <i>Léiríodh ionchais arda maidir le húsáid na tumtheanga mar mheán an teagaisc agus na foghlama bíodh is nach nós do rannpháirtithe torthaí foghlama teanga a shainaitheint i gceachtanna sainábhair.</i> • <i>Bhain teagasc na teanga den mhórchuid le múineadh téarmaí nó coincheapa nua ar mhaithe le scileanna tuisceana a fhorbairt.</i> • <i>Is beag deis úsáide teanga a cruthaíodh do dhaltaí lasmuigh de fhreagairt ceisteanna.</i> • <i>Shonraigh triúr rannpháirtithe dea-shamplaí den teagasc ábharbhunaithe mar a bhain le múineadh na foirme (.i. gnéithe gramadaí, comhréire, ortagrafaíochta agus</i>

fóineolaíochta faoi seach) in ainneoin nach raibh bunús córasach ná teoiriciúil leis an ionchur breisithe faoi chaibidil.

- *Bhí beirt den triúr rannpháirtithe thuasluaite ag tarraingt ar a gcuid tuiscintí oideolaíochta mar mhúinteoirí teanga leis an gcleachtas céanna a chur i ngníomh.*

Breathnóireacht 2 - Cleachtas Ciantegaisc an Mhúinteora:

- *Bhí idir Ghaeilge agus Bhéarla in úsáid mar mheáin chumarsáide d'fhonn cúrsaí tuisceana i leith eolas an ábhair acadúil a chinntiú.*
- *Níor léirigh rannpháirtithe na tuiscintí iomchuí i dtaobh oideolaíocht an trasteangaithe sa suíomh tumoideachais i gcomhthéacs na mionteanga.*
- *Bhí níos lú deiseanna cumarsáide fós cruthaithe mar thoradh ar an bhfoghlaim chumaisc i gcodarsnacht leis an gcur chuige teagaisc ar an láthair.*
- *Ní raibh inniúlachtaí digiteacha rannpháirtithe leordhóthanach i ndáil leis an eispéireas tumoideachais a aistriú ar líne.*
- *Nocht rannpháirtí amháin samplaí éagsúla den TFD ina cuid cleachtais mar a bhain le gnéithe canúna agus ortagrafaíochta na teanga a chur chun cinn.*
- *Sonraíodh go raibh tionchar nach beag ag ualach an chiantegaisc agus cúraimí seachtracha ábhartha ar chumas rannpháirtithe (n=5) na dea-chleachtais mholta a chomhtháthú sa chleachtas teagaisc.*

Breathnóireacht 3 - Cleachtas an Mhúinteora ag Éabhlú mar Chleachtóir Tumoideachais:

- *Filleadh ar an nGaeilge an athuair mar sprioctheanga an teagaisc agus na foghlama sna ranganna ar an láthair.*
- *Bhí dea-chleachtas TFD córasach le sonrú i mbreathnóireachtaí ceathrar rannpháirtithe i gcomparáid leis an TFD teagmhasach a sonraíodh i gcás breathnóireachtaí triúr rannpháirtithe ag tús an togra.*
- *Sonraíodh dea-chleachtas comhtháite frithghníomhach den mhórchuid.*

- *Áiríodh meascán den dea-chleachtas TFD follasach agus ionduchtach-follasach sa chleachtas comhtháite.*
- *Baineadh úsáid as gníomhaíochtaí feasachta laistigh de theagasc sainábhair leis na spriocstruchtúir shainiúla a thabhairt faoi deara (n=4).*
- *Baineadh úsáid as na spriocstruchtúir mheallta chun gníomhaíochtaí giniúna dírithe ar chleachtadh riailbhunaithe a chur chun cinn d'fhonn eolas meititheangeolaíoch na ndaltaí a fhorbairt i gcás múinteora amháin.*
- *Cuireadh cruinnúsáid na teanga chun cinn sa chur chuige meastóireachta i gcás múinteora amháin.*
- *Ní raibh sé de nós ag rannpháirtithe tascanna cumarsáideacha a dhearadh i ndáil leis an an spriocstruchtúr aitheanta a úsáid i gcomhthéacsanna foghlama lánbhí.*
- *Bhí an claonadh i measc rannpháirtithe a chuaigh i muinín an AC straitéisí leide a úsáid thar straitéisí athmhúnlaithe (n=2).*
- *Cothaíodh cultúr an fhoclóra teanga le linn an chur chuige teagaisc mar áis scaflála teanga do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon agus leis an gcur chuige lántumtha a chur chun cinn (n=3).*
- *Rinneadh sáriarracht chun saibhreas foclóra agus canúint na dúiche a threisiú agus a bhuanú (n=2).*
- *Bhí rath ar na modhanna múinte a nasc ábhar agus teanga le chéile nuair a d'éirigh le rannpháirtithe modhnú a dhéanamh orthu de réir a stíl teagaisc féin.*

Léirigh sonraí an taighde go soiléir go raibh cleachtais ábharbhunaithe an mhúinteora ag tús an togra taighde teoranta do sprioctheanga an teagaisc agus do mhúineadh na saintearmaíochta. Thairis sin, áiríodh go raibh bonn eolais oideolaíochta in easnamh ar rannpháirtithe leis an idé-eolaíocht chomhtháite a chur i ngníomh go córasach. D'ainneoin ionchur na chéad idirghabhála taighde a bheith iomlán dírithe ar shainriachtanais oideolaíochta rannpháirtithe sonraíodh go raibh cleachtas tumoideachais rannpháirtithe

imithe ar gcúl mar thoradh ar dhálaí an chiantegaisc faoin dara breathnóireacht ranga. Is i ngeall air seo ina bhfacthas rannpháirtithe, den chéad uair, i dtuilleamaí na mórtheanga sa chur chuige teagaisc. Ar a bharr sin, níor éirigh ach le rannpháirtí amháin triail a bhaint as straitéisí molta de chuid na chéad idirghabhála taighde. Thabharfadh taithí iarbhír na rannpháirtithe taighde le tuiscint, mar sin, go raibh défhócas an mhúinteora tumoideachais sonrach d'fhoghlaim an ábhair acadúil agus d'úsáid na teicneolaíochta le linn an chiantegaisc in áit aird dhéfhócasch ar fhoghlaim an ábhair acadúil agus ar fhorbairt na litearthachta sa tumtheanga faoi seach. An méid seo san áireamh, ba ríléir gur imir cúinsí an chiantegaisc agus na géarchéime sláinte COVID-19 trí chéile tionchar nach beag ar thuras éabhlaithe ábharbhunaithe rannpháirtithe.

Féachadh chuige le hionchur agus le treoir an dara hidirghabháil taighde a athmhúnlú i dtéarmaí na foghlama cumaisc le rannpháirtithe a mhisniú chun dul i ngleic leis an idé-eolaíocht ábharbhunaithe arís eile. De réir a chéile, agus mar thoradh ar thacaíocht leanúnach agus ar ionchur soláimhsithe na foghlama gairmiúla, spreagadh na rannpháirtithe le straitéisí nua ábharbhunaithe a thriail, rioscaí oideolaíochta a thógáil agus úinéireacht a ghlacadh ar an bpróiseas forbartha gairmiúla. Sa bhreis air sin, b'fhoinsé thacaíochta agus forbartha do rannpháirtithe, i ranna ábhair bheaga go háirithe, an chomhghleacaíocht agus an comhoibriú le múinteoirí eile le dul i muinín an fheiniméin céanna. Bíodh is go raibh céimeanna barr feabhais le glacadh go fóill, féach na tagairtí réamhluaite do ghníomhaíochtaí giniúna agus do thascanna cumarsáide cur i gcás, b'fhollas go raibh dul chun cinn suntasach i bhfianaise an chleachtas ábhairbhunaithe i ngach aon chás seachas ceann amháin. Dá bhrí sin, agus de réir fhianaise an taighde seo ina iomláine, cé nach raibh an teagasc ábharbhunaithe mar ghnáthchleachtas teagaisc ag rannpháirtithe ag tús an togra chonacthas go raibh formhór na rannpháirtithe ag éabhlú ina gcleachtóirí éifeachtacha tumoideachais faoi dheireadh na

tréimhse taighde. An méid seo san áireamh, úsáidfear príomhthorthaí an taighde reatha mar bhunús don phlé ar mholtaí ábhartha leis an dea-chleachtas ábharbhunaithe marthanach a chur chun cinn i gcóras oideachais na Gaeltachta as seo amach.

7.4 Moltaí an Taighde

Is ag eascairt as conclúidí phríomhfhreagraí na sainceisteanna taighde ina leagtar amach príomh-mholtaí an taighde don chomhthéacs oideachais Ghaeltachta go sonrach agus don earnáil lán-Ghaeilge chomh maith céanna. Breathnófar ar na moltaí ábhartha ag leibhéal na n-institiúidí oideachais náisiúnta (.i. moltaí do sholáthróirí oideachais tosaigh múinteoirí, COGG agus eagraíochtaí tacaíochta foghlama eile do mhúinteoirí, an Roinn Oideachais agus an tAonad um Oideachas Gaeltachta, an Chomhairle Múinteoireachta mar aon le Coimisiún na Scrúduithe Stáit) agus moltaí ag leibhéal na scoile (.i. moltaí do phríomhoidí agus do mhúinteoirí na n-iarbunscoileanna Gaeltachta). Rangófar na moltaí taighde i dtrí chuid éagsúla, lena gcuimsítear, moltaí don chleachtas ábharbhunaithe, moltaí do lucht déanta beartas mar aon le moltaí do thaighdeoirí an ghoirt.

7.4.1 Moltaí don Chleachtas Ábharbhunaithe

Eascaíonn na moltaí seo a leanas as croí-inniúlachtaí teagaisc an chreata EOÁ-C (Eolas Oideolaíochta Ábhair - Comhtháite) a chruthaigh neamhimleor san imscrúdú a rinneadh ar chreidiúintí, tuiscintí mar aon le cleachtas ábharbhunaithe rannpháirtithe, agus lena n-áirítear EÁ-T (Eolas ar an Ábhar sa Teanga), EOÁ-T (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga) agus EOÁCÁT (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga) faoi seach. Cuirtear i gcuimhne roimh na moltaí ábhartha a chur i láthair gurb ionann do na sainréimsí teagaisc seo agus na sain-inniúlachtaí agus bonn eolais

oideolaíochta a bhíonn de dhíth ar mhúinteoirí éifeachtacha tumoideachais¹⁰¹ thar mhúinteoirí príomhsrutha i gcomhthéacs na mórtheanga leis an dea-chleachtas ábharbhunaithe a thabhairt chun críche. Tagraítear do na croí-inniúlachtaí céanna as seo amach mar shainréimsí teagaisc an mhúinteora tumoideachais. Tugtar cuntas sna míreanna a leanas ar mholtaí an staidéir i ndáil le hoideachas tosaigh múinteoirí, foghlaim ghairmiúil mhúinteoirí, an teagasc agus an fhoghlaim agus ó chian mar aon le soláthar agus le hoiriúnacht ábhair thacaíochta teagaisc.

7.4.1.1 Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí

Aibhsíodh gur nós do phríomhsholáthróirí oideachais tosaigh múinteoirí san Eacnamaíocht Bhaile go dtí seo a bheith ag gabháil d'ábhar oidí a ullmhú i ndáil le heolas an ábhair agus oideolaíocht an ábhair go príomha (.i. sainréimsí teagaisc EÁ-Á – Eolas ar an Ábhar sa réimse Ábhair, EO – Eolas Oideolaíochta agus EOÁ-Á – Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa réimse Ábhair), agus leis sin is beag airde a leagadh ar eolas na teanga ná oideolaíocht na teanga (comhtháite) go deimhin (.i. sainréimsí teagaisc EÁ-T – Eolas ar an Ábhar sa Teanga, EOÁ-T – Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa teanga, EÁ-T/Á – Eolas ar an Ábhar sa Teanga agus sa réimse Ábhair agus EOÁCÁT - Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga). Dá bhrí sin, moltar go soláthrófaí mar chuid den oideachas tosaigh agus cosúil¹⁰² sainmhodúil roghnacha a chumasaíonn sainréimsí teagaisc an mhúinteora tumoideachais go follasach.

¹⁰¹ Bíodh is go n-aithnítear EÁ-T/Á (Eolas ar an Ábhar sa Teanga agus sa réimse Ábhair) ina shainréimse teagaisc éigeantach sa chomhthéacs T1 ní raibh an sainréimse seo aitheanta ina réimse forbartha ag rannpháirtithe taighde.

¹⁰² Luadh ní ba thúisce go mbeidh an dara soláthróir oideachais tosaigh san Eacnamaíocht Bhaile ar an bhfód faoi Mheán Fómhair na bliana 2023. Tugtar suntas chomh maith céanna don chéim 'Baitsiléir Ealaíon san Eacnamaíocht Bhaile agus Staidéar Gnó' á soláthar ón mbliain 2021 in Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan. Tá sé de rogha ag céimithe an chláir seo cur isteach ar Mháistir Ghairmiúil le hOideachas i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

7.4.1.2 Foghlaim Múinteoirí

Díríonn na moltaí a leanas ar fhoghlaim múinteoirí mar a bhaineann leis an Eacnamaíocht Bhaile, foghlaim múinteoirí de chuid na *Scéime Aitheantais* mar aon le foghlaim múinteoirí inscoile.

7.4.1.2.1 Foghlaim Múinteoirí (Eacnamaíocht Bhaile)

Dealraíodh go dtéann an soláthar foghlama gairmiúla sainiúil don Eacnamaíocht Bhaile san earnáil lán-Ghaeilge i gcoinne bhunphrionsabail an lántumtha go minic. I ngeall air sin, moltar go gcinnteodh na heagraíochtaí tacaíochta foghlama do mhúinteoirí ábhair (.i. SFGM – Seirbhís um Fhobairt Ghairmiúil do Múinteoirí, SSM – Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí, Ionaid Tacaíochta Oideachais gan ach cúpla ceann a lua) go mbeadh meán agus ábhar na n-oiliúintí go hiomlán trí mheán na Gaeilge trí mhúinteoirí le sainspéis san ábhar, ardinniúlachtaí teangeolaíocha agus saintuiscintí ar mhúineadh an ábhair trí mheán na Gaeilge a aithint agus a earcú chomh maith le próiseas deimhnithe acmhainne lán-Ghaeilge a chur i bhfeidhm.

Cruthaíodh go raibh an comhoibriú agus an chomhghleacaíocht ina bhfoinsí suntasacha tacaíochta do rannpháirtithe agus iad ag dul i muinín an chleachtais ábhairbhunaithe. Dá réir sin, moltar go n-éascódh COGG, mar chuid dá n-iarrachtaí leanúnacha i ndáil le pobail chleachtais mhúinteoirí¹⁰³ a chur chun cinn, an bunú de mheitheal mhúinteoirí Eacnamaíochta Baile sa chomhthéacs T1 le múinteoirí a spreagadh lena sainriachtanais agus lena saindúshláin oideolaíochta a aithint, a idirphlé agus a réiteach tríd an gcomhshaothar céanna. Thairis sin, moltar go bhféadfaí breathnú i dtreo chumainn na múinteoirí ábhar

¹⁰³ Tá le tuiscint go bhfuil na pobail chleachtais teoranta do mhúinteoirí nuatheangacha iasachta san am i láthair.

éagsúil (.i. ATHE) agus ar a fhéideartha is a bheidh sé bunú brainsí de mhúinteoirí an chomhthéacs lán-Ghaeilge laistigh de na cumainn chéanna a fhiosrú.

7.4.1.2.2 Foghlaim Múinteoirí de chuid na Scéime Aitheantais

Nochtadh nár chothaigh foghlaim ghairmiúil de chuid na *Scéime Aitheantais*¹⁰⁴ an bonn eolais oideolaíochta éigeantach a bhí de dhíth ar rannpháirtithe leis an idé-eolaíocht chomhtháite a chur i ngníomh go rathúil. Dá bhrí sin, moltar go mbeadh oifigigh oideachais COGG ag comhairíocht le saineolaithe a bhfuil sainspeisialtóireacht sa chomhthéacs foghlama Gaeltachta acu d'fhonn foghlaim ghairmiúil shainchuspóireach a sholáthar a bheidh idir theoiricbhunaithe agus rangbhunaithe araon.

Léiríodh tuiscintí tearcfhorbartha i ndáil le EÁ-T (Eolas ar an Ábhar sa Teanga) i measc rannpháirtithe. Ar a bharr sin sonraíodh nach nós do rannpháirtithe freastal ar fhoghlaim ghairmiúil lasmuigh d'uaireanta scoile lena n-eolas meititheangeolaíoch a chothú. Is dá bhíthin sin ina moltar go mbeadh spriocanna défhócasacha ag foghlaim ghairmiúil de chuid na *Scéime Aitheantais* ina gcothófaí eolas oideolaíochta ar an ábhar sa teanga (.i. EOÁ-T – Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga agus EOÁCÁT – Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga i bhfoirm TFD cur i gcás) agus eolas ábhair sa teanga faoi seach (.i. EÁ-T i ndáil leis na spriocstruchtúir lárnacha don ghairmí éifeachtach tumoideachais). Moltar go bhféadfaí féachaint i dtreo na sainréimsí agus na sainspíochtúir teangeolaíoch sainaitheanta go dtí seo ag cláir shaincheaptha na hearnála (.i. An M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, An Máistir Gairmiúil san Oideachas, An Teastas Iarchéime sa Teagasc Ábharbhunaithe san Iar-bhunscolaíocht Lán-

¹⁰⁴ Mar atá á comhordú ag COGG i gcomhar le seirbhísí tacaíochta foghlama eile do mhúinteoirí agus Cigireacht na Roinne Oideachais.

Ghaeilge agus Ghaeltachta mar aon le dianchúrsaí Gaeilge COGG do mhúinteoirí na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge) le raon an EÁ-T a rianú.

Sa treis ar ábhar na hoiliúna de chuid na *Scéime Aitheantais* cuirtear moltaí in iúl maidir le saintréithe na foghlama gairmiúla don chomhthéacs oideachais Ghaeltachta:

- Moltar go léireofaí tuiscint ar chastachtaí uathúla an tírdhreach shainiúil oideachais le braistint an imeallaithe i measc mhúinteoirí an chórais oideachais Ghaeltachta a laghdú (.i. ionchais ghairmiúla agus oideolaíochta de chuid an *POG*).
- Moltar go gcinnteofaí an Ghaeilge mar sprioctheanga an tsoláthair agus na cumarsáide d'fhonn meas a léiriú ar bhunphrionsabail an lántumtha.
- Moltar go dtabharfaí deis do mhúinteoirí a riachtanais ghairmiúla féin a nochta sa mhullach ar na spriocanna réamhbheartaithe chun freagairt go córasach dá sainriachtanais aitheanta.
- Moltar go mbeadh samplaí eiseamláireacha rangbhunaithe mar bhonn agus mar thaca an ionchuir le múinteoirí a spreagadh leis na straitéisí a inoirúnú de réir a stíl teagaisc féin.
- Moltar go mbronnfaí am pleanála ar mhúinteoirí le linn na hoiliúna le húinéireacht a ghlacadh ar chur i bhfeidhm an dea-chleachtais mholta sa chleachtas teagaisc.
- Moltar go mbeadh áit lárnach ag an gcomhghleacaíocht agus ag an gcomhshaothar leis an díocas oibre agus foghlama a chothú.
- Moltar go mbeadh tréimhse mharthanach oiliúna i gceist in áit instealladh aon uaire le rath an dea-chleachtais a chinnitú.

7.4.1.2.3 Foghlaim Múinteoirí Inskoile

Aibhsíodh go raibh breis tacaíochta de dhíth ar mhúinteoirí lasmuigh den oiliúint a fuarthas de chuid na *Scéime Aitheantais* leis an teagasc ábharbhunaithe a chur i bhfeidhm go córasach. Chuige sin, moltar go ndearfadh ceannaireacht na scoile plean foghlama gairmiúla i gcomhar le baill teagaisc d'fhonn freastal ar shainriachtais ghairmiúla (ábharbhunaithe) na foirne. Ar an ábhar céanna, moltar go dtarraingeofaí ar shaineolas seachtrach (.i. saineolaithe/aoichainteoirí le sainspéis sa chomhthéacs tumoideachais) agus ar shaineolas inmheánach (.i. múinteoirí ag léiriú agus ag roinnt a gcuid saineolais agus dea-chleachtas ábharbhunaithe) le héascaitheoireacht a dhéanamh ar spriocanna an phlean ghnímh a thabhairt chun críche.

Léiríodh rath ar an gcleachtas comhtháite nuair a bhí rannpháirtithe cumasaithe leis na hoideolaíochtaí eiseamláireacha a inoiriúnú de réir a stíl teagaisc féin. Leis sin, moltar do mhúinteoirí freastal ar sheisiúin oiliúna sheachtracha agus inscoile a thacódh le cur i bhfeidhm an chomhtháthaithe ábhar agus teanga mar aon le húinéireacht agus freagracht a ghlacadh ar chur i bhfeidhm an teagaisc ábhairbhunaithe sa chleachtas teagaisc.

7.4.1.3 An Teagasc agus an Fhoghlaim ó Chian

Sonraíodh inniúlachtaí digiteacha tearcfhorbartha i measc na rannpháirtithe mar a bhain le heolas oideolaíochta na foghlama cumaisc. Dá bhrí sin, moltar go gcuirfeadh bainistíocht na scoile baill teagaisc ar an eolas faoi na tacaíochtaí digiteacha dátheangacha forbartha ag foireann teicneolaíochta digiteacha an SFGM do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i gcomhthéacs COVID-19. Ar an dul céanna, moltar go gcruthófaí post freagrachta do bhall

teagaisc a bhfuil na sain-inniúlachtaí digiteacha cuí acu agus a chuirfeadh eolas agus tacaíocht dhigiteach bhreise ar fáil, bunaithe ar riachtanais aitheanta an taighde seo, mar chuid de sheisiúin tacaíochta teagaisc inscoile (.i. bainistiú deacrachtaí teicneolaíochta, úsáid éifeachtach na bhfeidhmchlár ilardáin oideachais, foghlaim ghníomhach dalta-lárnach a chur cinn mar aon le deiseanna idirghníomhaithe cainte a mhéadú). Sa mhullach air sin, moltar go bhfeidhmeodh an t-ainmní céanna mar phointe teagmhála do bhaill teagaisc le linn na tréimhse nó na dtréimhsí cianfhoghlama.

Insíodh go raibh rannpháirtithe i dtuilleamaí na mórtheanga go suntasach le linn na tréimhse dúnta scoile agus gur deacair orthu eispéireas an tumoideachais a inaistriú ar líne. Mar sin, moltar go ndearfadh an SFGM raon clár forbartha gairmiúla um fhoghlaim chumaisc don teagasc trí mheán na mionteanga a dhíreodh go sonrach ar conas inniúlachtaí teanga na ndaltaí sa tumtheanga a chur chun cinn ó chian agus a laghdódh an gá le spleáchas ar mheán an Bhéarla san fhoghlaim chumaisc. Moltar go ndíreodh an clár céanna ar scileanna teanga uile na ndaltaí a chothú (.i. *éisteacht* - taifeadadh gutha ar aiseolas an mhúinteora agus guthú thar fhíseáin lán-Bhéarla, *labhairt* - daltaí a spreagadh le cuir i láthair shioncronacha/aisioncronacha a dhéanamh, piarmheasúnú réamhthairfeadta ar obair a gcomhscoláirí faoi réir ag critéir ratha agus ceisteanna obair bhaile a fhreagairt ó bhéal agus an taifeadadh a sheoladh chuig an múinteoir, *scríobh* - abairtí iomláin a spreagadh san obair ranga agus san obair bhaile, sprioc-cheisteanna ar fhóiraim phlé agus scríbhneoir an lae le nótaí breise ranga a bhreacadh i gcomhad roinnte ar an ardán teagaisc, *léamh* - gíotaí réamhléitheoireachta a scaipeadh roimh ranganna sioncronacha le ceisteanna/plé ag tús an ranga agus anailís ar shamplaí eiseamláireacha de cheisteanna scrúdaithe nó measúnuithe rangbhunaithe).

7.4.1.4 Ábhair Thacaíochta Teagaisc

Áiríodh sna caibidlí roimhe seo an acmhainn teagaisc Gaeilge mar réamhchoinníoll le timpeallacht fhabhrach a chruthú don dea-chleachtas ábharbhunaithe. Os a choinne sin, aithníodh nach raibh acmhainní sainábhair lán-Ghaeilge foilsithe go minic le hais na n-acmhainní coibhéiseacha Béarla. Is ar an mbonn sin ina moltar go spreagfaí comhlachtaí foilsitheoireachta oideachais, trí chritéir fhoilseacháin a leagadh síos agus eolas a scaipeadh le tacaíocht agus le treoir COGG, d'fhonn téacsleabhair agus ábhair thacaíochta teagaisc a fhoilsiú i mBéarla agus i nGaeilge go comhuaineach. Moltar go ndéanfaí amhlaidh ionas nach mbeadh múinteoirí spleách ar leaganacha Béarla agus le hualach an aistriúcháin san earnáil lán-Ghaeilge a smachtú.

Sonraíodh go mbíonn téarmaíocht mhí-oiriúnach go minic i bhfianaise na n-acmhainní sainábhair lán-Ghaeilge. Dá réir sin, moltar go ndéanfaidh comhlachtaí foilsitheoireachta modhnú ar shaintéarmaíocht na dtéacsleabhar agus na n-ábhar tacaíochta teagaisc trí idirphlé gairmiúil le múinteoirí ón ngort (.i. painéal de mhúinteoirí Eacnamaíochta Baile sa chomhthéacs lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a earcú chun moltaí nó breithiúnais theangeolaíocha a thabhairt ar an mbunábhar acmhainne).

Tugadh le fios go bhfuil soláthar agus oiriúnacht an n-acmhainní teagaisc ina chonstaic sheachtrach leis an teagasc ábharbhunaithe a thabhairt chun críche. Chuige sin, moltar go leagfaí béim sna hacmhainní sainábhair i dtobar acmhainne 'An Tairseach' ar ghnéithe éagsúla den TFD (.i. Tábla 3.5) chun na bealaí éagsúla ina bhféadfaí teagasc agus saibhriú na teanga a fhí le teagasc an ábhair a chur faoi bhráid mhúinteoirí an chórais.

Féachfar chuige anois moltaí do lucht déanta polasaithe a chur i láthair.

7.4.2 Moltaí do Lucht Déanta Beartas

Sa mhír seo, pléifear moltaí an staidéir ábhartha don Chomhairle Múinteoireachta, don Roinn Oideachais agus an tAonad um Oideachas Gaeltachta mar aon le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar mhaithe le rath inbhuanaithe an dea-chleachtais chomhtháite i gcóras oideachais na Gaeltachta agus na hearnála lán-Ghaeilge trí chéile a chur chun cinn.

7.4.2.1 An Chomhairle Múinteoireachta

Bíodh is gur aithníodh ardinniúlacht theangeolaíoch i measc rannpháirtithe i ndáil lena dteanga ghairmiúil agus sainteanga ábhair moltar go leagfaí amach spriocanna sonracha maidir le cumas éigeantach teanga an mhúinteora tumoideachais agus go mbeadh cáilíocht ar leith (.i. leibhéal B2 ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha) trasna na scileanna teanga uile sainaitheanta mar chritéir cheapacháin dóibh siúd ar spéis leo dul i dtreo na múinteoireachta sa chóras lán-Ghaeilge.

Aibhsíodh suntas agus tábhacht shainréimsí teagaisc an mhúinteora tumoideachais a bheith forbartha go hiomchuí i dtaca leis an oideolaíocht ábharbhunaithe a thabhairt chun críche go córasach. Ar a bharr sin agus i ngeall ar an gcomhtháthú ábhar agus teanga a bheith ag croílár an tumoideachais éifeachtaigh moltar go n-aithneodh an Chomhairle Múinteoireachta na sainréimsí teagaisc seo go foirmiúil sa leanúntas oideachas múinteoirí (.i. Céim, Droichead agus Cosán) le hionchais oideolaíochta níos soiléire agus níos sainiúla a chur ar shúile mhúinteoirí uile an chórais.

7.4.2.2 An Roinn Oideachais agus an tAonad um Oideachas Gaeltachta

Tugadh le fios go raibh sainréimsí teagaisc an mhúinteora tumoideachais tearcfhorbartha den mhórchuid. Mar sin, moltar go leanfaí le soláthar agus le maoiniú na nglár saindeartha iarchéime a dhíríonn ar dhea-oideolaíochtaí an tumoideachais (.i. EOÁ-T – Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga agus EOÁCÁT – Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga) agus inniúlachtaí teangeolaíocha an mhúinteora (.i. EÁ-T – Eolas ar an Ábhar sa Teanga agus EÁ-T/Á – Eolas ar an Ábhar sa Teanga agus sa réimse Ábhair) faoi seach (.i. M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus An Teastas Iarchéime i dTeagasc Ábharbhunaithe san Iarbhunscolaíocht Lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta). Thairis sin, moltar go mbeadh gach múinteoir sa chóras oideachais Ghaeltachta iar-bhunleibhéil spreagtha le cur isteach ar a rogha den dá chlár réamhnocha agus go mbeadh an liúntas cáilíochta iarchéime tugtha isteach an athuair agus nasctha le spriocanna an chláir roghnaithe a bhaint amach go rathúil. Áitítear freisin go bhféadfadh le cur i bhfeidhm na moltaí céanna tuilleadh múinteoirí oiriúnacha a mhealladh chun na hearnála agus an t-aitheantas cuí tugtha don díogras agus don fhoghlaim leanúnach i leith na hoideolaíochta comhtháite.

Aibhsíodh go bhfuil cúraimí gairmiúla breise ar an múinteoir tumoideachais i gcomhthéacs foghlama na Gaeltachta thar mhúinteoirí in oideachas príomhshrutha aonteangach. Is dá bhíthin sin ina moltar go gcuirfí i bhfeidhm arís eile, le bonn fianaise an dea-chleachtais chomhtháthaithe, an liúntas do mhúinteoirí sa chóras oideachais Ghaeltachta le haitheantas cuí a thabhairt do na hionchais bhreise teagaisc ó theacht i bhfeidhm an *POG* agus le múinteoirí a spreagadh leis an gcleachtas inmhianaithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go fonnmhar.

Chonacthas go raibh EÁ-T (Eolas ar an Ábhar sa Teanga) ina réamhriachtanas ar EOÁ-T (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar sa Teanga) agus EOÁCÁT (Eolas Oideolaíochta ar an Ábhar le haghaidh Comhtháthú Ábhar agus Teanga) an mhúinteora tumoideachais a fhorbairt go hiomlán. Is mar thoradh air sin ina moltar go bhfáilteofaí roimh na féidearthachtaí maidir le cur chuige na laethanta saoire pearsanta breise¹⁰⁵ do mhúinteoirí bunleibhéil a fhiosrú sa chomhthéacs iar-bhunleibhéil lán-Ghaeilge sa chiall is go mbeadh critéir cháilíochta na laethanta breise seo nasctha go dlúth le dianchúrsaí Gaeilge a bhaint amach le heagraíochtaí nó le soláthróirí aitheanta ag an Roinn Oideachais.

Sonraíodh nach raibh an teagasc ábharbhunaithe bunaithe go daingean i ngnáthchleachtas teagaisc na rannpháirtithe. I ngeall go bhfuil comhtháthú an ábhair agus na teanga ag croílár an tumoideachais éifeachtaigh moltar an idé-oideolaíocht chomhtháite a aithint mar chritéar teangabhunaithe de chuid na *Scéime Aitheantais*. Ina theannta sin, moltar go ndéanfaí comhtháthú an ábhair agus na teanga a fhréamhú mar ghné lárnach chomhsheasmhach den fhéinmheastóireacht scoile agus den phlean feabhsúcháin scoile ar an mbonn go ndéanfadh an cheannaireacht monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an dul chun oideolaíochta le linn na scoilbhliana acadúla.

7.4.2.3 Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Sonraíodh go raibh ceannasaíocht na gnóthachtála acadúla ina bhac suaithinseach leis an dea-theagasc ábharbhunaithe a chur i bhfeidhm. Chuige sin, moltar go réachtálfaí scéim píolótach sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta ina gcuirfí múnla leasaithe meastóireachta i bhfeidhm ag leibhéal na hArdeistiméarachta agus ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí faoi

¹⁰⁵ Tugtar ‘Extra Personal Vacation Days’ ar na laethanta seo sa Bhéarla.

seach. Moltar sa mhúnla oiriúnaithe seo go mbronnfaí marcanna ar ábhar agus ar cheartúsáid teanga go comhuaineach, in áit an chórais atá i bhfeidhm cheana féin. Ar a bharr sin, moltar go mbeadh idir speisialtóirí ábhair agus saineolaithe tumoideachais araon i mbun an dearaidh mheastóireachta agus go dtarraingeofaí ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha leis an bpróiseas dearaidh a stiúradh.

In ainneoin na moltaí thuasluaite caithfear cúram a dhéanamh do teorainneacha an taighde le bailíocht agus le hiontaofacht an staidéir a dhaingniú.

7.5 Teorainneacha an Taighde

Pléadh ní ba thúisce i gCaibidil 4 impleachtaí phaindéim COVID-19 ar an modheolaíocht taighde ach scagfar sa mhír a leanas na teorainneacha taighde acadúla d'fhonn laigí féideartha an taighde ina iomláine a imlíníú go trédhearcach.

Tuigtear go raibh méid an tsampla taighde measartha beag, a bhuí don chomhthéacs sainiúil oideachais, roghnú múinteoirí Eacnamaíochta Bhaile thar mhúinteoirí ábhair nó múinteoirí praiticiúla i gcoitinne mar aon le cúlú siar múinteoirí de dheasca chúinsí na paindéime COVID-19. Thairis sin, níor mhór a aibhsiú gur rannpháirtithe baineann amháin a bhí mar chuid den sampla taighde. In ainneoin seo, leagadh síos mar sprioc an chéad lá go ndéanfaí ionadaíocht ar na contaetha Gaeltachta uile, ach i ngeall ar mhéid teoranta an tsampla bhí sé dodhéanta an ionadaíocht chéanna a dhearbhuí. Bíodh is go ndearnadh ionadaíocht ar chúig iar-bhunscoil Ghaeltachta, i gceithre chontae Ghaeltachta faoi seach, b'fheasach don taighdeoir nach bhféadfaí torthaí an taighde a ghinearálú i gcomhthéacs an chórais oideachais Ghaeltachta iar-bhunleibhéil ina iomláine dá bharr.

Léiríodh go raibh sé dúshlánach scaití teacht ar sliotán ama i dtráthchláir na rannpháirtithe leis na hagallaimh aisghairme spreagtha a reáchtáil agus dátaí do na hidirghabhálacha taighde a aontú toisc nach raibh rannpháirtithe ag iarraidh deiseanna teagaisc a chailliúnt leis na bliainghrúpaí éagsúla agus iad fillte ar an láthair scoile an athuir. Sa mhullach air sin, ní raibh ach aon bhliain acadúil amháin luaite leis an taighde feidhmeach áirithe seo a chur i gcrích. Ar a bharr sin, agus de dheasca na moille curtha leis an dara breathnóireacht ranga, bhí an tréimhse ama beartaithe leis an gcleachtas nua a thriail agus a chur i bhfeidhm laghdaithe go suntasach laistigh de scála ama an togra.

- Údarás na Gaeltachta (2022) *An Ghaeltacht*, ar fáil: <https://udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/an-ghaeltacht/> [rochtain faighte: 19 Aibreán 2022].
- Valdés, G. (1997) ‘Dual-language immersion programs. A cautionary note concerning the education of language-minority students’, *Harvard Educational Review*, 67, lgh. 391-429.

- Vygotsky, L. S. (1978) *Mind in Society: The Development of Higher Psychological Processes*, Cambridge, an Ríocht Aontaithe: Harvard University Press.
- Walker, C. agus Tedick, D. J. (2000) ‘The complexity of immersion education: Teachers address the issues’, *The Modern Language Journal*, 84(1), lgh. 5-27.
- Walsh, C. (2007) *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*, B.Á.C.: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).
- Wang, Y., Wang, Y., Li, Y. agus Li, D. (2020) ‘Countermeasures and suggestions for improving the quality of online education during epidemic prevention’, *China Med. Educ. Technol.*, 128, lgh. 119-124.
- Watkins, D., Dahlin, B. agus Ekohlm, M. (2005) ‘Awareness of the backwash effect of assessment: A phenomenographic study of the views of Hong Kong and Swedish lecturers’, *Instructional Science*, 33, lgh. 283-309.
- Watts, H. (1985) ‘When teachers are researchers, teaching improves’, *Journal of Staff Development*, 6(2), lgh. 118-127.
- Williams, M. agus Moser, T. (2019) ‘The Art of Coding and Thematic Exploration in Qualitative Research’, *International management review*, 15(1), lgh. 45-72.
- Wilson, L. (2014) *Practical Teaching: A Guide to Teaching in the Education and Training Sector*, Andover, an Ríocht Aontaithe: Cengage Learning Publishing.
- Winters, G. agus Maguire, H. (2022) ‘‘A time of constant innovation!’’ - The impact of the COVID-19 pandemic on the teaching of food practical Home Economics in Ireland and learning for future best practice: an explanatory mixed methods study, *Routledge Open Research* 2022, 1(18), lgh. 1-25.
- Wodniecka, Z., Craik, F., Lou, L. agus Bialystok, E. (2010) ‘Does bilingualism help memory? Competing the effects of verbal ability and executive control’, *International*

Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 13(5), lgh. 575-595.

- Yip, D., Tsang, W. agus Cheung, S. (2003) 'Evaluation of the effects of medium of instruction on the science learning of Hong Kong secondary students: Performance on the science achievement test', *Bilingual Research Journal*, 27(2), lgh. 295-331.
- Zalbide, M. agus Cenoz, J. (2008) 'Bilingual Education in the Basque Autonomous Community: Achievements and Challenges', in Cenoz, J. (eag.), *Teaching Through Basque Achievements and Challenges*, Clevedon, an Ríocht Aontaithe: Multilingual Matters Ltd.

Liosta na nAguisíní

<i>Aguisín A: Na critéir theangabhunaithe d'aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta (arna chur in oiriúint ó: An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016a: 11-12).....</i>	<i>350</i>
<i>Aguisín B: Saintréitheacht Baker de chláir oideachais dhátheangaigh (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha 2017).....</i>	<i>351</i>
<i>Aguisín C: Múnlaí tumoideachais idirnáisiúnta</i>	<i>353</i>
<i>Aguisín D: Áis teagaisc</i>	<i>358</i>
<i>Aguisín E: Samplaí scaflála</i>	<i>360</i>
<i>Aguisín F: Teimpléad breathnóireachta #1</i>	<i>367</i>
<i>Aguisín G: Teimpléad breathnóireachta #2.....</i>	<i>369</i>
<i>Aguisín H: Teimpléad breathnóireachta #3</i>	<i>372</i>
<i>Aguisín I: Ionchur samplach ón gcéad idirghabháil taighde (timthriall 1).....</i>	<i>374</i>
<i>Aguisín J: Ionchur samplach ón dara hidirghabháil taighde (timthriall 2).....</i>	<i>377</i>
<i>Aguisín K: Liosta ceisteanna an chéad cheistneora (arna chur in oiriúint ó: SurveyMonkey)</i>	<i>380</i>
<i>Aguisín L: Liosta ceisteanna an dara ceistneoir (arna chur in oiriúint ó: SurveyMonkey).....</i>	<i>381</i>
<i>Aguisín M: Dialann athmhachnamhach (rannpháirtithe).....</i>	<i>382</i>
<i>Aguisín N: Sliocht samplach ó dhialann athmhachnamhach an taighdeora</i>	<i>384</i>
<i>Aguisín O: Bileog faisnéise (rannpháirtithe).....</i>	<i>385</i>
<i>Aguisín P: Litir chuig príomhoidí.....</i>	<i>387</i>
<i>Aguisín Q: Foirm i ndáil le toiliú feasach (rannpháirtithe).....</i>	<i>388</i>
<i>Aguisín R: Bileog faisnéise chuig tuismitheoirí/caomhnóirí.....</i>	<i>389</i>
<i>Aguisín S: Bileog faisnéise chuig tuismitheoirí/caomhnóirí (leagan Béarla).....</i>	<i>390</i>
<i>Aguisín T: Duillín ceadúnais (tuismitheoirí/caomhnóirí)</i>	<i>391</i>
<i>Aguisín U: Duillín ceadúnais (leagan Béarla)</i>	<i>392</i>
<i>Aguisín V: Tras-scríbhinn samplach (agallamh aisghairme spreagtha)</i>	<i>393</i>
<i>Aguisín W: Sampla den chódú oscailte.....</i>	<i>394</i>
<i>Aguisín X: Impleachtaí COVID-19 ar an modheolaíocht taighde.....</i>	<i>395</i>
<i>Aguisín Y: Cás-staidéar an mhúnla EOÁ-C.....</i>	<i>398</i>
<i>Aguisín Z: An tInneall fuála - sampla de thástáil an chruinnis i scrúdú sainábhair.....</i>	<i>400</i>

Aguisín A: Na critéir theangabhunaithe d'aitheantas mar iar-bhunscoil Ghaeltachta (arna chur in oiriúint ó: An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016a: 11-12)

Critéir theangabhunaithe	
1	Leathnú ar an bhfáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile, de réir mar a ghluaiseann an scoil i dtreo cur chuige lántumtha
2	Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na scoláirí uile agus aird ar leith á dhírú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
3	Plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt: <ul style="list-style-type: none"> • a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil • a dhéanfaidh na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc phobal na scoile (príomhoide, foireann, scoláirí, tuismitheoirí agus bord bainistíochta)
4	Athbhreithniú ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)
5	Sonraíocht T1 don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tSraith Shóisearach
6	Acmhainní Gaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge sna ranganna uile, seachas Béarla agus teangacha eile
7	Gníomhaíochtaí curaclaim, gníomhaíochtaí comhchuraclaim agus gníomhaíochtaí seachchuraclaim (más ann dóibh) a sholáthar trí Ghaeilge
8	Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta
9	Tús áite d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile
10	Naisc theanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le bunscoileanna agus/nó iar-bhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí Ghaeilge trí úsáid a bhaint as deiseanna foghlama ar líne agus foghlama cumaisc
11	Gach iarracht le foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus chultúrtha na Gaeltachta

Aguisín B: Saintréitheacht Baker de chláir oideachais dhátheangaigh (arna chur in oiriúint ó: Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha, 2017: 48-49)

Cineálacha Laga Oideachais don Dátheangachas (Baker, 2001: 194)				
Cineál cláir	Cineál tipiciúil linbh	Teanga an tseomra ranga	Aidhm shochoaíoch agus oideachais	Aidhm ó thaobh torthaí teanga de
TUMADH/BÁ * Tumoideachas struchtúrtha	Mionlach teanga	Mórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas
TUMADH/BÁ le ranganna cúlúcháin/teagasc dídeanach an Bhéarla	Mionlach teanga	Mórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas
SCARTHA**	Mionlach teanga	Mórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas
IDIRTHRÉIMHSEACH	Mionlach teanga	Mórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas
OIDEACHAS PRÍOMHSHRUTHA i dteannta teagasc teanga nó teangacha iasachta	Mionlach teanga	Mórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas
Scarúnaíoch***	Mionlach teanga	Mórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas

- *Lipéad lena ndéantar cur síos ar oideachas do leanaí ó mhionlach teanga a gcuirtear san oideachas príomhshrutha iad gan aon tacaíocht ná soláthar sa mháthairtheanga acu.
- **Cineál oideachais nach n-úsáidtear ach an mhionteanga ann. Úsáidtear é nuair nach gcuirtear rochtain ar fáil do lucht labhartha mionteanga ar na cláir ná ar na scoileanna sin a bhfreastalaíonn lucht labhartha na mórtheanga orthu.
- ***An aidhm atá ann aonteangachas sa mhionteanga agus ilchultúrthacht i gcomhthéacs inar féinchinntitheach an rogha sin.

Cineálacha Láidre Oideachais don Dátheangachas agus don Délitearthacht

Cineál cláir	Cineál tipiciúil linbh	Teanga an tseomra ranga	Aidhm shoचाfoch agus oideachais	Aidhm ó thaobh torthaí teanga de
TUMOIDEACHAS	Tromlach teanga	Oideachas dátheangach ina gcuirtear an bhéim thosaigh ar T2	Iolrachas	Dátheangachas agus délitearthacht
TEANGA CHOTHABHÁLA/ OIHDREACHTA	Tromlach teanga	Oideachas dátheangach ina gcuirtear béim ar T1	Cothabháil, iolrachas agus saibhriú	Dátheangachas agus délitearthacht
DHÁ THEANGA DHÁ BHEALACH	Mionlach teanga agus tromlach teanga measctha	Mionteanga agus mórtheanga	Cothabháil, iolrachas agus saibhriú	Dátheangachas agus délitearthacht
OIDEACHAS DÁT HEANGACH PRÍOMHSHRUTHA	Tromlach teanga	Dhá mhórtheanga	Cothabháil, iolrachas agus saibhriú	Dátheangachas agus délitearthacht

Nótaí:

(1) T2 = an dara teanga; T1 = an chéad teanga

Aguisín C: Múnlaí tumoideachais idirnáisiúnta

Múnlaí Tumoideachais Idirnáisiúnta

Ba iad na teangacha agus na réigiúin a roghnaíodh don tuairisciú criticiúil ar mhúnlaí tumoideachais, atá inchurtha le cás na hÉireann, ná: Oileán Mhanann agus an Mhanainnis (Gaeilge Mhanann), Albain agus An Ghàidhlig, Tír na mBascach agus an Bhascais, Havái agus an Haváis agus an Nua-Shéalainn agus an Mhaorais. Cé nach bhfuiltear chun gach múnla a phlé go mion i dtéarmaí shaintréithe uile an tumoideachais, tabharfar forléargas ar thréithe suntais ábhartha d'fhonn comparáid chórasach idir na múnlaí céanna a sholáthar. Tá na múnlaí idirnáisiúnta rangaithe faoi na fotheidil seo a leanas leis an bplé inchomparáideach a éascú: (1) soláthar, sprioctheanga agus méid an tumoideachais, (2) curaclaim an tumoideachais, tacaíocht don chéad teanga agus an dátheangachas suimitheach, (3) tiomantas tuismitheoirí, stádas an T2 sa phobal agus an leanúnachas thar leibhéal mar aon le (4) inniúlacht teanga mhúinteoirí tumoideachais.

Soláthar, sprioctheanga agus méid an tumoideachais

Tugtar le fios i dTír na mBascach go bhfuil múnla A, B agus D á soláthar ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal faoi seach (Ó Duibhir *et al.* 2015). Dearbhaíonn na húdair réamhluaithe nach féidir Múnla A a shainiú mar chlár tumoideachais áfach i ngeall nach bhfuil an mhionteanga ina príomhtheanga theagaisc. Sa mhúnla seo, tá an Spáinnis mar mheán teagaisc agus an Bhascais mar ábhar scoile (Lasagabaster 2019). Tá Múnla B aitheanta mar mhúnla páirt-tumoideachas de dheasca nach bhfuil ach 50% den am teagaisc trí mheán na Bascaise (agus an 50% eile trí mheán na Spáinnise), agus an Spáinnis mar T1 ag formhór na ndaltaí (Lasagabaster 2019; Ó Duibhir *et al.* 2015). I Múnla D ansin, maíonn Ó Duibhir *et al.* (2015) go múintear 70% den am teagaisc trí mheán an T2 (an Bhascais). Tuairiscíonn Lasagabaster (2019) go bhfuil múnla D inchurtha le múnla A sa chiall is go bhfuil an Bhascais mar mheán teagaisc agus an Spáinnis mar ábhar scoile. Sa mhullach air sin, bíonn mórán daltaí a bhfuil Spáinnis mar chéad teanga acu ag druidim i dtreo an mhúnla seo chun scileanna cumarsáide sa Bhascais a shealbhú (Cenoz 2015). Cé go gcuirtear na múnlaí seo i bhfeidhm ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal faoi seach, agus bíodh is go bhfuil nach mór 85% den daonra scoile ag freastal ar mhúnlaí oideachais

dátheangacha, shonraigh Uranga (2013, luaite in Lasagabaster 2019) gur mó an ráchairt atá ar na múnlaí A, B, agus D ag an mbunleibhéal amháin.

Tá trí leibhéal nó trí shraith tumoideachais trí mheán na Maoraise sa Nua-Shéalainn agus soláthraítear na leibhéil nó sraitheanna seo in aonaid teanga, ranganna dátheangacha agus scoileanna lán-tumoideachais ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon (Poutū 2016). Úsáidtear miondealú ama sa mheán teagaisc le hidirdhealú follasach a dhéanamh idir na múnlaí. Tá Leibhéal 1 nó cláir chothabhála aitheanta mar an múnla coiteann tumoideachais lena ndéantar idir 81% agus 100% den chur chuige teagaisc a sholáthar trí mheán na Maoraise, tugtar Leibhéal 2 nó cláir forbartha ar na cláir lena ndéantar idir 51% agus 80% den chur chuige teagaisc a sholáthar trí mheán na Maoraise agus tugtar Leibhéal 3 nó cláir theacht chun cinn ar na cláir lena ndéantar idir 31% agus 50% den chur chuige teagaisc a sholáthar trí mheán na Maraioise (Ministry of Education 2019). Shonraigh Poutū (2016), amhail Uranga (2013) i gcás Thír na mBascach, go raibh an soláthar tumoideachais sa Nua-Shéalainn sa treis ag an mbunleibhéal, áit ina raibh 64 bunscoil tumoideachais agus 30 iar-bhunscoil tumoideachais ag feidhmiú sa chóras ann sa bhliain 2016.

Ní fheictear leanúnachas ón mbunleibhéal go dtí an iar-bhunleibhéal ar Oileán Mhanann de bharr nach bhfuil ach aon bhunscoil tumoideachais amháin ar an oileán (.i. an ‘Bhunscoil Ghaelgagh’). Tá an lántumadh i bhfeidhm sa Bhunscoil Ghaelgagh agus bíonn rang amháin Béarla, trí mheán an Bhéarla, ar an tráthchlár scoile uair in aghaidh na seachtaine (Cain 2019). Níl aon iar-bhunscoil tumoideachais ar an oileán, ámh, agus soláthraítear an Mhanainnis mar ábhar roghnach scoile sna 5 iar-bhunscoil lán-Bhéarla ann (Cain 2021, 2019). Tá cláir éagsúla thumoideachais in Haváí chomh maith, ceann amháin ina bhfuil teanga na Haváise mar mheán ann, agus atá an-chosúil leis an lántumadh atá i bhfeidhm in Éirinn agus sruth tumoideachais sa Haváís, atá mar mhacalla sóirt ar struchtúr na n-aonad lán-Ghaeilge in Éirinn freisin (Māka‘imoku 2020).

I gcás na hAlban ansin, cé nach bhfuil ach 5 bhunscoil lántumadh ag feidhmiú sa chóras oideachais ann soláthraítear breis is 60 bunscoil sruth nó aonad lán-Ghaeilge (Birnie agus Rice 2020). Ag an iar-bhunleibhéal, arís eile, ní fheictear an soláthar céanna toisc nach dtairgeann ach 15 iar-bhunscoil ábhar amháin nó níos mó trí mheán Ghaeilge na hAlban sa chéad agus sa dara bliain (Ó Duibhir *et al.* 2015). Cuireann McPake (2019) leis seo ag sonrú go mbíonn sruthanna ag an iar-bhunleibhéal do chainteoirí líofa agus sruthanna eile

d'fhoghlaimoirí teanga. Ar an meán, áfach, is féidir a áitiú go bhfuil níos lú ná 20% den teagasc trí mheán Ghaeilge na hAlban, i scoileanna Ghaeilge na hAlban ag an iar-bhunleibhéal (O'Hanlon, Paterson agus McLeod 2012). Ar an iomlán, cé go bhfuil raon an tsoláthair an-éagsúil ó chomhthéacs go comhthéacs dealraítear go bhfuil an tumoideachas i bhfad níos forleithne ag an mbunleibhéal ná ag an iar-bhunleibhéal sa chomhthéacs idirnáisiúnta. Sa bhreis ar infhaighteacht an tumoideachais níor mhór feiliúnacht an churaclaim a scagadh le fiosrú an bhfuil mar sprioc ag múnláí idirnáisiúnta móraidhmeanna an tumoideachais a chur chun cinn.

Curaclam an tumoideachais, tacaíocht don chéad teanga agus an dátheangachas suimitheach

Leanann na múnláí tumoideachais in Albain agus i dTír na mBascach curaclam na mórtheanga den mhórchuid (Lasagabaster 2019; McPake 2019; Zalbide agus Cenoz 2008). Tá an méid céanna fíor freisin i gcás an tumoideachais ar Oileán Mhanann, in ainneoin na mionéagsúlachtaí a chuirtear i bhfeidhm go háitiúil (Cain 2019), agus faoi mar a sonraíodh thuas déantar ranganna Béarla a chomhtháthú san amchlár teagaisc freisin, gné a thacaíonn leis an dátheangachas suimitheach a bhaint amach. I gcás na Nua-Shéalainne, cé go bhfuil an dátheangachas suimitheach mar sprioc ag an múnlá tumoideachais ann, maítear nach bhfuil de dhualgas ar scoileanna tumoideachais tús a chur le múineadh an Bhéarla ag aon aois faoi leith (Poutū 2016). Labhair May agus Hill (2008) ar an ábhar seo tuilleadh trína áitiú go gcuirtear tús le múineadh an Bhéarla ag aois 9-11, ar feadh uair nó dhó in aghaidh na seachtaine, i roinnt scoileanna ach fantar go dtí aois 12-14 i scoileanna eile. Feictear chomh maith nach leantar gnáthchuraclam na mórtheanga agus curaclam tumoideachais na Maoraise bunaithe ar fhealsúnachtaí chultúr Māori thar aon ní eile (Poutū 2016). Is amhlaidh atá an scéal in Haváí agus an curaclam sainiúil tumoideachais deartha ag múinteoirí an chórais d'fhonn cultúr, teanga agus oidhreacht na teanga a chur chun cinn (Māka'imoku 2020), agus ar mhaithe le tionchar na mórtheanga a sheachaint (Ó Duibhir *et al.* 2015). Is cuí, mar sin, súil a chaitheamh ar dhearcadh an tuismitheora agus an phobail trí chéile i leith an tumoideachais mar rogha oiriúnach oideachais dá leanáí.

Tiomantas tuismitheoirí, stádas an T2 sa phobal agus an leanúnachas thar leibhéal

Tugtar le fios sa Nua-Shéalainn gurbh iad tuismitheoirí na leanaí an chéad chohórt de mhúinteoirí ag an gcóras tumoideachais de thoradh an tiomantais a léiríodh i dtreo spriocanna an tumchláir a bhaint amach (Poutū 2016). Ní raibh an meon céanna léirithe i gcás fhormhór tuismitheoirí na leanaí sa chóras tumoideachais in Albain, áit ina ndealraítear go mbíonn tuismitheoirí an chórais den tuairim nach bhfuil aon fheidhm ná luach praiticiúil ag an teanga san fhíorshaol i ndiaidh na bunscolaíochta, ná an córas scolaíochta i gcoitinne (Birnie agus Rice 2020; McPake 2019). Go minic, agus faoin am a bhíonn páistí bunscoile tagtha chuig blianta deiridh an bhunoideachais, is nós do thuismitheoirí a bheith den tuairim go bhfuil caighdeán teanga leordhóthanach bainte amach ag na leanaí agus iompaítear ar chóras na mórtheanga dá réir (Birnie agus Rice 2020; McPake 2019; O’Hanlon *et al.* 2012). De dheasca seo, tuigtear go mbíonn titim shuntasach in úsáid Ghaeilge na hAlban mar mheán teagaisc ag an iar-bhunleibhéal (Ó Duibhir *et al.* 2015). Ar a bharr sin, luann Mc Pake (2019) go gcuireann cúinsí loighciúla, amhail suíomh agus soláthar na n-iarbhunscoileanna sna ceantair, easpa rogha ábhair agus ceal múinteoirí oilte isteach ar an leanúnachas thar leibhéal chomh maith (McPake 2019). Nasctha go dlúth leis an gceal inniúlachta thuasluaite ná an ghéarchéim soláthair d’oidí éifeachtacha tumoideachais ar fud na cruinne, agus chuige sin, breathnófar sa chéad alt eile ar na hiarrachtaí atá ar bun ag an gcomhthéacs idirnáisiúnta d’fhonn iarmhairtí na géarchéime seo a sháru.

Inniúlacht teanga mhúinteoirí tumoideachais

Sonraítear deacrachtaí le hinniúlacht teanga mhúinteoirí tumoideachais ar Oileán Mhanann a chinntiú de thoradh nach mbíonn cáilíocht nó oiliúint chuí curtha ar fáil ná le comhlíonadh ag múinteoirí an ‘Bunscoil Ghaelgagh’ (Cain 2019, 2021). Sa Nua-Shéalainn luaitear mórán eile faoin bhfadhb áirithe seo i ndáil le hearcú múinteoirí oilte do na Leibhéal 1 agus 2 go háirithe (.i. na cláir lántumtha) (Poutū 2016). Cur chuige amháin atá forbartha ag an gcóras sa chomhthéacs seo chun dul i ngleic leis na dúshláin earcaíochta agus teangeolaíochta seo ná líonra físchomhdhála a chur i bhfeidhm (.i. ‘Video Conference Network for Wharekura’). Bunaíodh an líonra seo d’fhonn cur chuige teagaisc trí mheán na Maoraise, in ábhair scoile éagsúla, a chur ar fáil ó chian do dhaltá i gceantair iargúlta. Áitítear go bhfuil mórán cosúlachtaí idir an tionscnamh áirithe seo agus *Tionscnamh Píolótach an ríomh-Mhoil Gaeltachta* sa chomhthéacs dúchasach (An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna 2021).

Ó thaobh cúrsaí oiliúna de, tá Baitsiléir san Oideachas trí mheán na Maoraise ar fáil ar líne sa Nua-Shéalainn, bunchéim dar teideal an ‘Te Aho Tātaurangi,’ agus cúrsa dioplóma dar teideal an ‘Te Aho Paerewa’ ar fáil ann freisin. Soláthraítear cúrsaí eile in institiúidí éagsúla sa Nua-Shéalainn, ach bíonn formhór acu dátheangach (Poutū 2016). In Haváí, tá dianchúrsa éigeantach bliain go leith le cur i gcrích ag múinteoirí mar chritéar ceapacháin do shuíomh an tumoideachais (Māka‘imoku 2020). Ní hamháin sin ach maíonn an t-údar céanna go gcaithfidh bunús láidir teanga agus cultúrtha a bheith ag oidí chun áit a bhaint amach ar an gcúrsa céanna (Māka‘imoku 2020). I dtír na mBascach, díritear níos mó ná aon ní eile ar bhreis-sciliú mhúinteoirí tumoideachais, áit ina leagtar síos próifileanna teanga don mhúinteoir tumoideachais: próifíl teanga a haon agus a dó (Lasagabaster 2019). Ciallaíonn próifíl teanga a haon go bhfuil múinteoirí inniúil sa sprioctheanga ach nach bhfuiltear inniúil nó réidh go fóill chun an Bhascais a mhúineadh mar ábhar scoile ná chun múineadh trí mheán na Bascaise. Ciallaíonn próifíl teanga a dó ansin go bhfuil an múinteoir lán-inniúil chun an Bhascais a mhúineadh mar ábhar scoile agus múineadh trí mheán na Bascaise. Chun tacú leis na múinteoirí critéir an dara próifíl teanga a bhaint amach cuirtear scéim dar teideal an ‘IRALE’ ar fáil do mhúinteoirí. Mar chuid den scéim seo scaoiltear le múinteoirí óna gcúraimí teagaisc ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha ar mhaithe leis an gcáilíocht seo a bhaint amach (Zalbide agus Cenoz 2008).

In Albain, tá idir chúrsaí oideachas tosaigh agus chúrsaí iarchéime nó cosúil mar rogha do mhúinteoirí bunleibhéil agus cúrsaí iarchéime agus cúrsaí forbartha gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunleibhéil i gceithre institiúid tríú leibhéal sa tír (McPake agus O’Hanlon 2015). I dtaca leis seo, tá rogha ag múinteoirí clárú ar chláir éagsúla dá leithéidí ‘STREAP’ (.i. clár bliana cumaisc chun feabhas a chur ar scileanna teanga, oilteacht agus muinín na múinteoirí), cúrsaí ‘GIFT’ nó ‘Gaelic Immersion Course for Teachers’ (.i. cúrsa bliana leis na spriocanna céanna ag STREAP ach a bhíonn ar fáil do mhúinteoirí cáilithe atá ag iarraidh aistriú go hearnáil an tumoideachais agus a bhaineann dioplóma iarchéime amach ag deireadh an chúrsa), nó ‘Seachtainí Tumoideachais’ a fheidhmíonn ar bhonn seachtainiúil agus a fheidhmíonn laistigh den chóras tumoideachais mar chlár inseirbhíse (Birnie agus Rice 2020).

Aguisín D: Áis teagaisc

Greamanna Bróidnéireachta

Cúinne Cruinnis:

An greim

(firinsneach – níl h)

‘Is breá liom an greim sin’

Na greamanna

‘Beidh na greamanna á ndéanamh agam i ndath buí’

Tús an ghreama

(seilbh – an tuiseal ginideach uatha)

‘Tá tús an ghreama déanta go han-néata agat’



Trasghreim – na trasghreamanna

Tarraing:

Úsáid:

Greim na snaidhme – Greamanna na snaidhme

Tarraing:

Úsáid:

Cúlghreim – na cúlghreamanna

Tarraing:

Úsáid:

Greim an tslabhra – Greamanna an tslabhra

Tarraing:

Úsáid:

*Greim maisiúcháin – greamanna
maisiúchán*

Tarraing:

Úsáid:

*Greim na líibe – greamanna
lúbanna*

Tarraing:

Úsáid:

Gasghreim – gasghreamanna

Tarraing:

Úsáid:

Greim reatha – greamanna reatha

Tarraing:

Úsáid:

Mo ‘ _____ ’ a dhearadh

Cad atá le déanamh agam:



- 1.
- 2.
- 3.
- 4.
- 5.

Cúinne Cruinnis:

Briathra san Aimsir Fháistineach:
Caithfidh mé / Cuirfidh mé/ Beidh orm/ Ní mór dom/ Is gá dom / Ba cheart dom



Scafláil

Samplaí breise ón múinteoir :

Mo dhearadh:

Plean Oibre – Cad a dhéanfaidh mé?

Briathra san Aimsir Fháistineach chun cabhrú leat:

- **Céad réimniú:** Cuirfidh, Déanfaidh, Gearrfaidh
- **Dara réimniú:** Baileoidh, Cabhróidh, Críochnóidh
- **Briathra Neamhrialta:** Gheobhaidh, Déarfaidh, Tabharfaidh

Scafláil

1.

2.

3.

4.

5.

6.

7.

8.

9.

10.

Measúnú ar an obair – Cúnamh leis na briathra

Scafláil

<p>Úsáid <i>D'úsáid mé</i> <i>Úsáidim</i> <i>Úsáidfidh</i> <i>Ní úsáidfidh</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • D'úsáid mé greim _____ chun an fhuinneog a dhéanamh. • Úsáidim bán dearg go minic. • Úsáidfidh mé feilt an chéad uair eile measaim. • Ní úsáidfidh mé greim na snaidhme don bhláth, déanfaidh mé iarracht greim nach bhfuil úsáidte roimhe seo a úsáid.
<p>Cuir <i>Chuir mé</i> <i>Níor chuir</i> <i>Cuirim</i> <i>Cuirfidh mé</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • Chuir mé grian sa spéir mar cheap mé go raibh dath eile de dhíth sa chúinne sin. • Níor chuir mé na snáthaidí ar ais i gceart. • Cuirim go leor ama ar leataobh chun na cúinní a dhéanamh deas néata. • Cuirfidh mé níos mó ama ar leataobh an chéad uair eile chun na cúinní a dhéanamh deas néata.
<p>Déan <i>Rinne mé</i> <i>Déanaim</i> <i>Déanfaidh mé</i> <i>Ní dhéanfaidh</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • Rinne mé mo dhícheall leis an tionscnamh sin. • Déanaim iarracht na greamanna a chleachtadh roimh ré sa bhaile. • Déanfaidh mé níos mó staidéir don chéad scrúdú eile. • Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an mbosca fuála sa bhaile.
<p>Tabhair <i>Thug</i> <i>Tugaim</i> <i>Tabharfaidh</i> <i>Thabharfainn</i> *Modh <i>Coinníollach</i></p>	<ul style="list-style-type: none"> • Thug mé snáthaid do mo chara ach chaill sí í. • Tugaim cabhair do dhaoine eile má bhím críochnaithe go luath. • Tabharfaidh mé é seo do mo sheanmháthair mar bhronntanas Nollag. • Thabharfainn cabhair do mo chara an chéad uair eile toisc go raibh sí faoi bhrú ama.

Measúnú ar an obair atá déanta agam!

Measúnú Cócaireachta

Ainm: _____ Dáta: _____ Mias: _____

1. Cuid a haon – ullmhúchán don mheasúnú

Eochairfhocail ...

Uigeacht	Cuma	Boladh agus blas

Briathra úsáideacha ...

Scafláil











Úsáid D'úsáid mé (A.Chaite) Níor úsáid (A.Chaite Diúltach) Úsáidfidh (Aimsir Fháistineach)	Measc Mheasc mé Níor mheasc Meascfaidh	Gearr Ghearr mé Níor gearr Gearrfaidh	Bain Bhain mé Níor bhain Bainfidh
Cuir Chuir mé Níor chuir Cuirfidh mé	Cuimil Chuimil mé Níor chuimil Cuimleoidh	Dísligh Dhísligh mé Níor dhísligh Déanfaidh mé an X a dhíslíú ...	
Déan Rinne mé Ní dhearna Déanfaidh mé	Meá Mheá mé Níor mheá Meáfaidh / Déanfaidh mé an X a mheá ...	Buail Bhuail mé Níor bhuail Buailfidh	
Leá Leá mé Níor leá Leáfaidh / Déanfaidh mé an X a leá	Glan Ghlan mé Níor ghlan Glanfaidh	Cas Chas mé Níor chas Casfaidh	

Abairtí Samplacha:





- Chuir mé m'aprún orm.
- Cheangail mé siar mo chuid gruaige.
- Nigh agus thriomaigh mé mo lámha.
- Rinne mé an t-oigheann a réamhthéamh go 180c.
- Bhailigh mé an trealamh.
- Mheá mé na comhábhair.
- Ghearr mé na hoinniúin go mion/na piobairí ina slisíní.
- Bhrúigh mé an ghairleog.
- Ghearr mé an *chorizo* ina chiúbaí.
- Rinne mé an sicín a dhonnú.
- Thóg sé seo idir 5 agus 10 nóiméad.
- D'fhill mé isteach an plúr go cúramach.
- Bhain mé úsáid as lámhainní oighinn chun an trádaire a thógáil amach as an oigheann.
- Chriathraigh mé na comhábhair tirime ar fad isteach sa bhabhla measctha.
- Chuir mé beagáinín plúr ar an trádaire bÁCála agus ar an mbínse/mbord.
- Dhoirt mé isteach 200ml den bhainne.
- Rinne mé an X a bhácáil/a róstáil ar feadh 30 nó 40 nóiméad.
- D'ullmhaigh mé an dara trádaire rósta.
- Choiméad mé an mhias ag suanbhruith ar feadh timpeall 20 nóiméad eile.
- Rinne mé an mhias a riaradh le
- Rinne mé an níochán agus líon mé isteach an measúnú.

2. Cuid a dó – an measúnú a scríobh

	Eochairfhocail	Abairtí
Cur i láthair 		
Dath 		
Blas 		<div style="text-align: right;">Scafláil </div> <div style="border: 1px solid black; padding: 5px; width: fit-content; margin-left: auto;">N.B. Blas ón anlann, ó na spriosraí</div>

	Eochairfhocail	Abairtí
Uigeacht 		
Éifeachtacht agus Scileanna 		
Mionathruithe 		<div data-bbox="1155 696 1474 815" style="border: 1px solid black; padding: 5px;"> N.B. Modh Coinníollach: Chuirfinn, Dhéanfainn, Thógfainn </div> <div data-bbox="1062 831 1203 913" style="border: 1px solid black; padding: 5px; display: inline-block;">  Scafláil </div> <div data-bbox="1219 837 1474 913" style="border: 1px solid black; padding: 5px; display: inline-block;"> ... mar, toisc, de bharr, de dheasca </div>

Leabhrán Téarmaíochta

Acht	Dlí a thugann cosaint & a thugann tacaíocht do dhaoine más gá (cúinne cruinnis : tá 'acht' firinsneach mar sin ba cheart 'an tAcht' a scríobh)  Scafláil
Ainmnigh	Tabhair an freagair oiriúnach
Appliqué	Obair shnáthaide ina gcuirtear fabraic amháin ar phíosa níos mó le pictiúr nó patrún a dhéanamh
Árachas Sóisialta Pá Choibhneasta	Íocann sé ar leasa má tá tú tinn nó as obair
Asbhaintí	Rudaí a bhaineann tú ó rud éigin eile
Athchóiriú - athdheisiú (deisiú/leasú)	Chun é a úsáid arís ar bhealach/shlí eile (feasacht teanga : ciallaíonn 'ath' agus rud a dhéanamh arís)  Scafláil
Bainistíocht dramhaíola	Déileáil leis an dramhaíol  Scafláil
Ball éadaigh	Píosa éadaigh m.sh. Sciorta (cúinne cruinnis : 'an t-éadach' sa ghnáthchaint/tuiseal ainmneach uatha ach 'píosa éadaigh' sa tuiseal ginideach uatha)
Ball teaghlaigh	Daoine atá 'páirteach' sa chlann m.sh. máthair, páiste
Béile	Bricfeasta, lón nó dinnéar
Bianna Foirtil	Nearraithe le vitimíní & mianraí breise
Bianna saoráideacha áisiúla	Is féidir iad a chócaráil nó a ithe go tapaidh (cúinne cruinnis - tá 'áisiúla' cruinn sa chás seo toisc go bhfuil 'bia' san fhoirm iolra)  Scafláil

Aguisín F: Teimpléad breathnóireachta #1

Ainm an Mhúinteora: Ainm na Scoile: Rang / Bliain: Topaic: Líon daltaí:

<i>Ceisteanna samplacha an agallaimh</i>	<i>Míreanna ábhartha ón gcleachtas</i>	<i>Ceisteanna le cur ar an múinteoir faoin gcleachtas</i>
<p>Cad iad na creidiúintí atá agat i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga?</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cad é an bua is mó, má tá bua ann, maidir leis an Eac. Bhaile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge? • Cad é an deacracht is mó, má tá deacracht ann, i dtaca leis an Eac. Bhaile a mhúineadh trí mheán na Gaeilge? • Ar cheart go mbeadh an dualgas ar an múinteoir ábhair gnéithe den teanga m.sh. cruinneas, litriúchán, fuaimniú, saibhreas srl. a chur chun cinn? • Cad iad na dúshláin / buanna a shamhlaíonn / a bhraitheann tú leis an dualgas seo a bheith ort mar mhúinteoir ábhair? 		

<i>Ceisteanna samplacha an agallaimh</i>	<i>Míreanna ábhartha ón gcleachtas</i>	<i>Ceisteanna le cur ar an múinteoir faoin gcleachtas</i>
<p>Cad iad na <i>tuiscintí</i> atá agat i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga?</p> <ul style="list-style-type: none"> • An bhfuil cloiste agat faoin gcoincheap ‘teagasc ábhairbhunaithe’ nó ‘FCÁT / CLIL’? Má tá, cad is ciall leis (agus tú i mbun teagaisc)? • An bhfuil aon fhorbairt ghairmiúil faighte agat nó tugtha d’fhoireann na scoile i dtaobh an teagaisc ábhairbhunaithe? 		
<p>Cad iad na <i>straitéisí</i> / <i>cleachtais</i> a úsáideann tú i leith an teagasc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga a chur chun cinn?</p> <ul style="list-style-type: none"> • An dtógann tú ‘an teanga’ san áireamh agus ceacht á ullmhú / á phleanáil agat? • Cad iad na dúshláin / buanna a bhaineann leis seo a chur i bhfeidhm? 		
<p>Nótaí breise:</p>		

Aguisín G: Teimpléad breathnóireachta #2

<p>Ainm an Mhúinteora:</p> <p>Ainm na Scoile:</p> <p>Rang / Bliain:</p> <p>Topaic:</p> <p>Líon daltaí:</p>
--

<i>Ceisteanna samplacha an agallaimh</i>	<i>Míreanna ábhartha ón gcleachtas</i>	<i>Ceisteanna le cur ar an múinteoir faoin gcleachtas</i>
<p>Cad iad na creidiúintí atá agat i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga ... agus tú ag teagasc ar líne le linn na dianghlasála?</p> <ul style="list-style-type: none"> • An dóigh leat go bhfuil bealaí ann inar féidir le múinteoirí ábhair díriú ar an teanga chomh maith leis an ábhar le linn na cianfhoghlama? • An aithníonn tú aon difear / éagsúlacht i gcumas nó i dtuiscint na ndaltaí i leith na teanga de ó aistríodh go dtí an cur chuige ar líne? 		

<i>Ceisteanna samplacha an agallaimh</i>	<i>Míreanna ábhartha ón gcleachtas</i>	<i>Ceisteanna le cur ar an múinteoir faoin gcleachtas</i>
<p>Cad iad na <i>tuiscintí</i> atá agat i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga ... agus tú ag teagasc ar líne le linn na dianghlasála?</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cad go bhféadfá a dhéanamh chun an teanga a chomhtháthú leis an ábhar sna ranganna ar líne? • An bhfuil aon fhorbairt ghairmiúil / bhreis-sciliú faighte agaibh mar fhoireann roimhe seo leis an ábhar a mhúineadh ar líne? An raibh aon tagairt déanta don teanga nó do mhúineadh trí mheán na teanga le linn na hoiliúna? • Agus deis againn teacht le chéile mar ghrúpa sna seachtainí amach romhainn cén sort oiliúna / straitéisí srl. a bhfuil uait chun tacú leat leis an ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge ar líne? 		
<p>Cad iad na <i>straitéisí</i> / <i>cleachtais</i> a úsáideann tú i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga a chur chun cinn ... agus tú ag teagasc ar líne le linn na dianghlasála?</p> <ul style="list-style-type: none"> • An dtógann tú ‘an teanga’ san áireamh agus ceacht (ar líne) á ullmhú / á phleanáil agat? • An gcuireann an teagasc ar líne le deiseanna cumarsáide (an teanga a úsáid) le linn an ranga nó an gcruthaíonn sé dúshlán ina leith? 		

<i>Ceisteanna samplacha an agallaimh</i>	<i>Míreanna ábhartha ón gcleachtas</i>	<i>Ceisteanna le cur ar an múinteoir faoin gcleachtas</i>
<ul style="list-style-type: none"> ● An bhfuil aon athrú tagtha ar do stíl mhúinteoireachta ó thaobh na teanga de ó chuaigh sibh ar líne? .i. an mbíonn ort níos mó / níos lú Béarla a úsáid / an mbíonn ort níos mó tacaíochta teanga / scafáil a chur ar fáil? ● Maidir leis na haipeanna / suíomhanna / bogearraí atá in úsáid agat le linn na cianfhoghlama, an mbítear ar fáil trí Ghaeilge? An bhfuil sé seo tar éis an t-ualach oibre ort mar mhúinteoir (tumoideachais) a laghdú / a mhéadú? 		
<p>Nótaí breise:</p>		

Aguisín H: Teimpléad breathnóireachta #3

Ainm an Mhúinteora:

Ainm na Scoile:

Rang / Bliain:



Topaic:

Líon daltaí:

<i>Ceisteanna samplacha an agallaimh</i>	<i>Míreanna ábhartha ón gcleachtas</i>	<i>Ceisteanna le cur ar an múinteoir faoin gcleachtas</i>
<p>Cad iad na creidiúintí atá agat i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga anois?</p> <ul style="list-style-type: none">• An gcreideann tú go fóill go bhfuil dualgas ar leith ar an múinteoir ábhair an teanga a chur chun cinn sa rang ábhair?• Ar tháinig aon fhorbairt nó aon athrú ar an gcreidiúint seo ó thosach an togra?		

<i>Ceisteanna samplacha an agallaimh</i>	<i>Míreanna ábhartha ón gcleachtas</i>	<i>Ceisteanna le cur ar an míinteoir faoin gcleachtas</i>
<p>Cad iad na <i>tuiscintí</i> atá agat i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga anois?</p> <ul style="list-style-type: none"> • An bhfuil tuiscint forbartha / níos soiléire agat anois ar cad is ciall leis an teagasc ábhairbhunaithe sa chleachtas teagaisc? Má tá, cad is cúis leis an bhforbairt seo? • An bhfuil an tuiscint fhorbartha seo i bhfianaise i do chuid cleachtais an dóigh leat? 		
<p>Cad iad na <i>straitéisí / cleachtais</i> a úsáideann tú i leith an teagaisc ábhairbhunaithe trí mheán na mionteanga a chur chun cinn anois?</p> <ul style="list-style-type: none"> • An dtógann tú ‘an teanga’ san áireamh agus ceacht á ullmhú / á phleanáil agat? • Cad iad na gnéithe de theagasc na teanga a chuireann tú béim orthu, má dhéanann, le linn ranganna? 		
<p>Nótaí breise:</p>		

Aguisín I: Ionchur samplach ón gcéad idirghabháil taighde (timthriall 1)

<p>Sainscileanna an Mhúinteora Ghaeltachta – Cás-staidéar</p> <p>Is múinteoir Eacnamaíochta Baile Émme. Tá sí nua-cháiliithe mbliana agus d'éirigh léi post a fháil mar mhúinteoir Eacnamaíochta Baile agus Bitholaíochta i scoil Ghaeltachta sa n-iarthuaisceart. Tá an-éagsúlacht teanga i measc dhaití na scoile seo: 60% mar chaimteoirí dúchais agus 40% mar fhoghlaimoirí teanga. Tá sí an-sásta léi féin gur éirigh léi post a fháil ach tá imní uirthi a nois nach mbeidh a cuid Gaeilge martha a dhótháin chun míneadh go héifeachtach i suíomh lán-Ghaeilge.</p> <p>D'fhreastal sí ar bhunscoil lán-Ghaeilge (Gaelscoil) agus Gaelcholáisteach ní dhearna sí Gaeilge mar chuid den cheim san oideachas taighde (B.Ed.). Tá tuistí Emma an-mhór áta chaistigo bhfuair sí post i scoil Ghaeltachta agus dúirt sí adléit toisc go bhfuil an tsainntearmaíocht agus gach rud eile aici seánleabhair mótaí ón scoil nach gá di a bheith buartha faoina cuid cumas sa Ghaeilge.</p> <p>Luaigh duine ar an mbord agallaimh go raibh scém nó polasáidigin maidir leis an Gaeilge a chur i bhfeidhm ag an scoil le cúpla bliain nua sa ch. ní raibh cíos teicifíoch i n-aon chor. Tá Emma den tuairim fách nach mbeidh uirthi a bheith buartha faoi seo mar gheall nach múinteoir teanga í.</p> <p>Is aoibhinn léi Eacnamaíocht Bhaile, tá leathnach Instagram aici na gcúireann sí oideis ar fáil do dhaoine ach uaireanta faigheann sí an teorric laistigh den ábhar ábharín casta, is dócha gur duine praiticiúil thar aon rud eile. Rud eile atá ag déanamh imní di ná nár mhóin sí ach dream amháin Ardteiste agus i ar shocrúchánscoile agus grúpa gnáthleibhéil a bhí iontu. Tá sí ag smaoineamh ar scairta chur ar an bpríomhoide le hamchlár saadacha torguaidh, ionas gur féidir léi píosa a chur fechtle do na tsáinghrúpa éagsúla a bheidh aici. Tá sí dóchasach nach mbeidh aon ghrúpa Ardteiste ardeibhéil aicifách chun seans a thabhairt di féin tuisteach ar na cúraim nua i mbliana.</p>	<p>Ceisteanna:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Cad iad na scileanna nó tuiscintí a bheadh de dhíth ar Emma dá mbeadh í ag míneadh Eacnamaíocht Bhaile i scoil lán-Bhéarla? 2. Cad iad na scileanna nó tuiscintí breise a bheadh de dhíth ar Emma agus í ag míneadh Eacnamaíocht Bhaile i scoil Ghaeltachta? 3. Tá ráite ag Emma go bhfuil sí imníoch faoina cumas teanga sa Ghaeilge don ról nua. Cad iad na réimsí éagsúla teanga a bheadh de dhíth uirthi chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach trí mhéad na Gaeilge?
<ol style="list-style-type: none"> 4. Cad a cheapann sibh faoin méid atá ráite ag tuistí Emma mar gheall ar a cuid Gaeilge? An bhfuil an ceart acu? 5. Dar le hEmma, fiú má iarrann bainistíocht na scoile uirthi gnéithe den pholasáí nua seo a chur i bhfeidhm sa chleachtas beidh sí in ann a rá leo nach bhfuil aon tuiscint aici ar conas teanga a mhíneadh agus b'fhéidir go mbeidh sí slán ansin. An dóigh libh go bhfuil eolas nó tuiscint ar conas an teanga a mhíneadh de dhíth ar an múinteoir Eacnamaíochta Baile san iar-bhunscoil Ghaeltachta nó an leor tuiscint ar an teanga féin? 6. Ag féachaint ar na ceisteanna atá díreach freagartha agalbh an mbeadh sibh in ann sainscileanna/saintuiscintí/saintréithe an mhúinteora ábhair san iar-bhunscoil Ghaeltachta a liostáil? 	<p>Smaointe chun an teanga a chur chun cinn</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Cúinní Cruinnis 2. Cúrsaí foclóra 3. Aiseolas Ceartaítheach 4. Líonraí Seimeantacha <p><u>Coimeád cuntas ar na smaointe gur mhaith leat a thriail</u></p>
<p>1. Cúinní Cruinnis</p>	<p>Smaoineamh 1: Cúinní Cruinnis – spás a thabhairt don teanga</p> <p>Céim a haon: Cúinne cruinnis ag barr/ar thaobh an chláir bháin</p> <p>Céim a dó: Cúinne cruinnis ar chúil na gcóipleabhar ag na daltaí</p> 
<p>2. Cúrsaí Foclóra</p>	<p>Smaoineamh 2: Litriú agus cúrsaí foclóra</p> <p>Céim a haon: Iarraidh ar na daltaí téarmaíocht áirithe a litriú – úsáid a bhaint as tearma.ie/teanglann.ie/foclóir.ie</p> <p>Céim a dó: Feasacht ghramadai/teanga a chur chun cinn.</p> 

Céim a dó: An foclóir a úsáid chun feasacht ghradaí a chur chun cinn

EXACT MATCHES IN FOCLOIR GAELGÉIS-SEARLA

oideas, n (pl. & n) -áid, gí -á. Instruction, teaching, a. (d)Má Prescription. -
deochána, doctor's prescription. An t- in fearr ar rud, the best prescription,
remedy, for sth. (3)C: Recipe.

Teaglann.ie **Téarma.ie**
M = Masculine **F** = Firinsneach
GS = Genitive Singular **GU** = Ginideach Uatha
NPL = Nominative Plural **AI** = Ainmneach Iolra
GPL = Genitive Plural **GI** = Ginideach Iolra

Coláirí **Cloinn**
DK **recipe** **GA** **oideas** (f) **gí** oíd, í oíd, gí oíd

Samplaí chun díriú ar inscne an ainmfhocail (m.sh. oideas):

- An bhfuil sé firinsneach nó baininsneach? Cialaíonn M/Fir firinsneach
- Cad a tharlaíonn do 'oideas' nuair a chuirtear 'an' roimhe An t-oideas (riail = t- roimh guta má thoslaíonn an t-ainmfhocail firinsneach le guta)
- Cuirfidh mé é sin isteach sa chúinne cruinnis agus is féidir libhse an sampla a chur isteach in bhur gcúinne cruinnis ar chúil an chóipeabhar

Obair bhaile – bhí go leor téarmaí nua againn inniu .i. próitéin, curai, biachlár, athchursáil ...

(1) faigh amach an bhfuil siad firinsneach nó baininsneach.
(2) cuir 'an' rompu

Samplaí chun díriú ar inscne an ainmfhocail (oideas):

An bhfuil sé firinsneach nó baininsneach? Cialaíonn F = feminine agus ní firinsneach ...

Cad a tharlaíonn do 'snáthaid' nuair a chuirtear 'an' roimhe...An tsnáthaid (riail = t roimh s má thoslaíonn an t-ainmfhocail baininsneach le s)

Cuirfidh mé é sin isteach sa chúinne cruinnis agus is féidir libhse an sampla a chur isteach in bhur gcúinne cruinnis ar chúil an chóipeabhar

Obair bhaile – bhí go leor téarmaí nua againn inniu .i. próitéin, curai, biachlár, athchursáil ...

(1) Cuir in abairt iad
(2) Faigh amach an bhfuil siad firinsneach nó baininsneach.
(3) Cuir 'an' rompu

3. Aiseolas Ceartaitheach



Aiseolas Ceartaitheach don fhoghlaim teanga

An teanga ó bhéal

Cad iad na botúin choitianta?

- **Athmhúnlú** (déanann an múinteoir athrá ar an dalta leis an leagan canúnach)

D: An cuireann sé sin isteach ar chearta an tomhaltóra?
M: An gcuireann sé sin isteach ...

- **Leid** (athrá le leid)

D: Ní féidir liom feiceáil é sin ar an gclár bán...
M: Ní féidir liom sin a _____ ?

- **Athrá** (athrá ar an deacracht)

D: Ba cheart dóibh 3 sciar do X a fháil in aghaidh an lá
M: _____ in aghaidh 'an lá'?

4. Líonraí Seimeantacha

Samplaí

..... ach ní bheadh sé oiriúnach don seomra ranga?

An Criathar (fir)
Na criathair (tuiseal ainmneach iolra)
Leis an gcriathar (tuiseal tabharthach 'leis an')
Ag úsáid an chriathair (tuiseal ginideach uatha)
Ag glanadh na gcriathar (tuiseal ginideach iolra)

An tsnáthaid (bain.)
An tsnáthaid fhada (ainmfhocail firinsneach & aidiacht)
Na snáthaidí (tuiseal ainmneach iolra)
Leis an tsnáthaid (tuiseal tabharthach 'leis an')
Barr na snáthaid (tuiseal ginideach uatha)


Tuiseal Tabharthach (leis an, as an, faoin srl.)

Tuiseal Ginideach Uatha (Fir. = 'an' Bain = 'na')

An t-ainmfhocail

Inscne (Firinsneach nó Baininsneach)

Tuiseal Ainmneach Iolra (iolra sa ghnáthchaint)




Féach ar an oideas arís

Leanaigfí modh an oidis

Oideas

Colmeád na hoidis sa fillteán

Firinscneach Cá bhfuil an t-oideas



Féidearthachtaí eile:

- Ceisteanna a chur i gcomhthéacs
- Aimsirí éagsúla a úsáid


Cén jab atá ag an criathar?

Glanfaidh mé an criathar anois

Criathar

Chuir mé an criathar ar ais sa chófa

Úsáideann tú criathar chun plúr a aerú



Cá bhfuil na grátáilaithe?

Beidh mé cúramach leis an ngrátáil

Grátáil

Caithfidh mé an cháis a ghrátáil

Bionn sé deacair an grátáil a ghlanadh uaireanta



Féidearthacht eile:

Chun modhanna cócaireachta a mhíniú le béim ar an teanga ... sna samplaí a leanas cuirtear béim ar an mbriathar saor.

Cuireadh gníomhaire éiritheach leis freisin

Rinneadh an tsail agus an siúcra a uachtarú

An Modh Uachtaraithe & an Briathar Saor san Aimsir Choite

Úsáideadh an modh seo le haghaidh cáca/cistí

Filleadh an plúr isteach go réidh



Cur i bhfeidhm na smaointe nua.....?

1. Smaointe: Dhá smaoineamh a roghnú (nó na trí cinn más maith leat!)
2. Tréimhse ama: idir seo agus an Nollaig
3. Tacaíocht: Glaoch nó téacs go Sarah, Grúpa whatsapp, padlet.
4. Dialann: Iontráil roimh na smaointe a chur i bhfeidhm agus ceann ag tús mhí na Nollaig

Iontráil Shamplach ón Dialann

Roimh thriail a bhaint as aiseolas ceartaitheach

Cén fáth ar roghnaigh mé an smaoineamh seo do mo rang? Seans go mbeidh sé ábharín níos fusa tabhairt faoi na ceartúcháin ó bhéal. Ní bhíonn anchuid botún ag na daltaí seo, bail ó dhia orthu, agus mar sin seans go mbeidh sé oiriúnach chun fáil réidh leis na mionbhotúin éagsúla.

An mbeidh orm ullmhúchán a dhéanamh? B'fhéidir go bhféadfainn smaoineamh ar na botúin choitianta agus cúpla sampla a dhéanamh amach dom féin ag baint úsáid as leid nó athrá mar thúsphointe (luaigh na botúin agus na samplaí anseo más féidir).

An bhfuilim amhrasach faoi aon ghné den smaoineamh seo? Is dócha nach bhfuil an-chuid taithí agam ar a bheith ag diríú ar ghnéithe gramadaí ach táim sásta triail a bhaint as. Úsáidfidh mé na tacaíochtaí atá ar fáil má bhím i bponc.

Aguisín J: Ionchur samplach ón dara hidirghabháil taighde (timthriall 2)

 <h3>Aidhm an Taighde</h3> <ul style="list-style-type: none"> Ní gá go mbeimis inár saineolaithe teanga ach go mbeidh forbairtí á ndéanamh againn de réir a chéile maidir le ról na teanga nó ról an chruinnis agus an tsabhríthe teanga sna ranganna Eac. Bhaile. <p><i>De réir a chéile a thógtar na cailéidín</i></p>	<h3>Smaointe Pléite sa Chéad Cheardlann</h3> <ol style="list-style-type: none"> Cúinní Cruinnis An Foclóir ar Líne Líonraí Séimeantacha <p>Eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> Maor gramadaí Feasacht teanga (camúintí, fuaimcanna, focail cíle) Dírú ar rialacha gramadaí Piarmhúntoircacht 																								
<h3>Cúinne Cruinnis – Conas?</h3> <ul style="list-style-type: none"> Spás físiúil ar an gclár bán nó sa seomra ranga Spás físiúil i gcóipleabhar na ndaltaí Spás físiúil sna scéimeanna ábhair Spás físiúil ar an "Team" <p><i>Cúinne Gramadaí Cúinne Gramadaí Cúinne na Gaoil</i></p> 	<h3>Ach nílim i mo shaineolaí gramadaí ...</h3>  <p>Féidearthachtaí</p> <ol style="list-style-type: none"> Litríochán (i. focail nua nó deacrú ... inbhuanaitheacht, tomhaltóir, riachtanais srl.) Botúin choitianta ón obair bhaile (i. tascanna ardeiste, measúnú cócaireachta nó ceardaíochta) Feasacht teanga (i. ilúsáideach/áidaithe, neamhriala/ncamh-mhills, caoi/sli, bealach srl.) Botúin an mhúinteora ... de thimpiste nó d'aon ghnó ... mar is eol dúinn ní bhíonn aon chur i láthair foute! ☺ <p><i>An fídir libh an botún a aimsiú?</i></p>																								
<h3>An pleanála:</h3> <p>Oscail nótaí / powerpoint atá in úsáid agat faoi láthair agus chruthaigh 'cúinne cruinnis' ar cheann de na sleamhnáin</p> 	<h3>Cúrsaí teanga agus cianfoghlama – ról féidearthachta ag na daltaí le linn ranga</h3> <ul style="list-style-type: none"> An Teicí Teanga – ról ag an dalta seo a bheith i bhfeighil ar an bhfoclóir ar líne ionas nach mbeidh an rang ag brath ar an mBéarla - cén sórt dalta? 																								
<h3>An Teicí Teanga</h3>  <table border="0"> <tr> <td>Teanglann.ie</td> <td>Téarma.ie</td> </tr> <tr> <td>M = Masculine</td> <td>F = Fírinneach</td> </tr> <tr> <td>F = Feminine</td> <td>B = Bainneach</td> </tr> <tr> <td>GS = Genitive Singular</td> <td>GU = Gindeach Uatha</td> </tr> <tr> <td>NPL = Nominative Plural</td> <td>AI = Ainneach Iolra</td> </tr> <tr> <td>GPL = Genitive Plural</td> <td>GI = Gindeach Iolra</td> </tr> </table> 	Teanglann.ie	Téarma.ie	M = Masculine	F = Fírinneach	F = Feminine	B = Bainneach	GS = Genitive Singular	GU = Gindeach Uatha	NPL = Nominative Plural	AI = Ainneach Iolra	GPL = Genitive Plural	GI = Gindeach Iolra	<h3>An Teicí Teanga</h3> <p>Céim a haon: Roghnaigh an ról / na ról a bhíodáil rú ag úsáidí tríd a bhíon as / astu?</p> <p>Céim a dó: Déan amach seiceál leis na ról a bhíodáil?</p> <p>Céim a trí: Beac síos an cur síos</p> <p>Céim a ceathar: Bain tríd an!</p> <table border="0"> <tr> <td>Teanglann.ie</td> <td>Téarma.ie</td> </tr> <tr> <td>M = Masculine</td> <td>F = Fírinneach</td> </tr> <tr> <td>F = Feminine</td> <td>B = Bainneach</td> </tr> <tr> <td>GS = Genitive Singular</td> <td>GU = Gindeach Uatha</td> </tr> <tr> <td>NPL = Nominative Plural</td> <td>AI = Ainneach Iolra</td> </tr> <tr> <td>GPL = Genitive Plural</td> <td>GI = Gindeach Iolra</td> </tr> </table> 	Teanglann.ie	Téarma.ie	M = Masculine	F = Fírinneach	F = Feminine	B = Bainneach	GS = Genitive Singular	GU = Gindeach Uatha	NPL = Nominative Plural	AI = Ainneach Iolra	GPL = Genitive Plural	GI = Gindeach Iolra
Teanglann.ie	Téarma.ie																								
M = Masculine	F = Fírinneach																								
F = Feminine	B = Bainneach																								
GS = Genitive Singular	GU = Gindeach Uatha																								
NPL = Nominative Plural	AI = Ainneach Iolra																								
GPL = Genitive Plural	GI = Gindeach Iolra																								
Teanglann.ie	Téarma.ie																								
M = Masculine	F = Fírinneach																								
F = Feminine	B = Bainneach																								
GS = Genitive Singular	GU = Gindeach Uatha																								
NPL = Nominative Plural	AI = Ainneach Iolra																								
GPL = Genitive Plural	GI = Gindeach Iolra																								

Cúrsaí teanga agus cianfhoghlama – ról féidearthachta ag na daltaí le linn ranga

- **An Teici Teanga** – ról ag an dalta seo a bheith i bhfeighil ar an bhfoclóir ar líne ionas nach mbeidh an rang ag brath ar an mBéarla - cén sórt dalta?
- **Gúró Gramadaí** – an cúnne cruinnis a mheabhú don mhúinteoir ag tús an aonaid, nó uair (nó dhó) sa tsachtain, nó ceisteanna le fiosrú leis an múinteoir teanga - cén sórt dalta?
- **'Ninja' na Nótaí** – nótaí ranga (sa bhreis ar an PPT m.sh.) le breacadh sna nótaí roimne nó cosúil – cén sórt dalta?

An bhfuil na ról seo chun tuilleadh ama a 'ghoid' uaim agus mé ag teagasc ar líne nó sa seomra ranga?

- **An Teici Teanga** – ról ag an dalta seo a bheith i bhfeighil ar an bhfoclóir ar líne ionas nach mbeidh an rang ag brath ar an mBéarla - rialacha muidir le fóin póca? Ipad nó tablet ar fáil?
- **Gúró Gramadaí** – an cúnne cruinnis a mheabhú don mhúinteoir uair (nó) sa tsachtain nó ceisteanna teanga a bhreacadh don mhúinteoir Gaeilge
- **'Ninja' na Nótaí** – nótaí ranga (sa bhreis ar an PPT m.sh.) le breacadh sna nótaí roimne nó cosúil (seans go mbeidh an ról seo oiriúnach don chianfhoghlaim amháin)


Túsphointe ?

- **Céim a haon:** Rognuigh an ról/na ról a bhfuil tú ag iarraidh triail a bhaint astu.
- **Céim a dó:** Déan amach 'ceideal ranga' leis na ról éagsúla.
- **Céim a trí:** Míniú na ról don rang (ról le cur in oiriúint)
- **Céim a ceathar:** Bain triail as!



Am Pleanála:


An féidir leat 'sceideal ranga' garb a chur le chéile anois leis na ról éagsúla ... fíú ról nó dhó!



Aiseolas Scríofa

'feedback provided through written comments was found to be more effective for improving grammatical accuracy than error location'

'that in-text notations might be viewed by the student as 'simple editing corrections''



Aiseolas Scríofa

- Ná déan gach botún a cheartú sa fhiosa scríofa.
- B'fháil úsáid a bhaint as an ngearscríobh, rud a ardúid feasacht teanga na ndaltaí. D'headfaí an méid seo a chur in oiriúint don ghruapa.


L = Léiriú, AG = Ainmí ChaitéAL = Ainmí Léitheadh, MC = Modh Connúladh R = ReamhthosaLA = Aidiacht, I = Inneis, S = Struchtúr Albainn, TGU/I = Tuisceal Gnídeadh Uirbe/Lola

- Déan cúlpa pointe a scríobh ag deireadh an fhiosa m.sh.

An-mháth a Ainling – freags cuimsitheadh ach seans nach mbeidh an t-am agat leis an méid seo a scríobh va seantá. Céim le déanamh do bhaint na m.sh XYZ ...

Don aiseolas aonair amháin?

- Nasc le cúrsaí uimhirtheachta (patruín a aithint)
- Botúin choitianta ón obair bhaile – cúnne cruinnis
- Cairde criticiúla / Piartheagasc / Foghlaim Ghníomhach



Aiseolas ó Bhéal

- An teanga ó bhéal
- Cad iad na botúin choitianta?

- **Athmhúnlú** (déanamh an mhúinteoir athrú ar an dalta leis an leagan canúnach)

D: **An cúnne** sé sin isteach ar chearta an tomhalóra?

M: An gceirann sé sin isteach ...

- **Leid** (athrá le leid)

D: Ní féidir liom **leiceáil** é sin ar an gearr bín ...





M: Ní féidir liom sin a _____ ?

- **Athrú** (athrá ar an deacracht)

D: Ba cheart dóibh 3 seiar do 'X' a tháil in aghaidh an lí

M: _____ in aghaidh 'an 14'?

Ionchur samplach ón aoichainteoir ag an dara hidirghabháil taighde

<h3>An Teanga sa Rang Ábhair</h3> <p>Úsáidtear an sprioc-teanga mar mheán chun an t-ábhar agus an teanga araon a theagasc sa tumoideachas.</p> <p>Mar sin, is é comhtháthú an ábhair agus na teanga atá lérnach i gcur i bhfeidhm an tumoideachais éifeachtaigh (Cammarata agus Ó Ceallaigh, 2020)</p> <p>Bíonn foghlaim rathúil ábhair ag brath go mór ar an teanga i réimse an tumoideachais.</p> 	<h3>Nóta Gramadaí</h3> <table border="1"> <thead> <tr> <th>Ainmfhocal</th> <th>Leis an alt</th> <th>Iolra</th> <th>Tuiseal Ginideach Uatha</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Teaghlach</td> <td>An teaghlach</td> <td>Na teaghlai</td> <td>Méid an teaghlai</td> </tr> <tr> <td>Clann</td> <td>An chlann</td> <td>Na clanna</td> <td>Méid na clainne</td> </tr> </tbody> </table> <p><i>Is focail an-choitianta iad sa chaidéil seo. Tabhair aire leo!!</i></p>	Ainmfhocal	Leis an alt	Iolra	Tuiseal Ginideach Uatha	Teaghlach	An teaghlach	Na teaghlai	Méid an teaghlai	Clann	An chlann	Na clanna	Méid na clainne
Ainmfhocal	Leis an alt	Iolra	Tuiseal Ginideach Uatha										
Teaghlach	An teaghlach	Na teaghlai	Méid an teaghlai										
Clann	An chlann	Na clanna	Méid na clainne										
<h3>An t-ábhar agus an teanga</h3> <p>Meas a thaispeáint ar rial na Gaeilge. Teanga an tseomra ranga ná Gaeilge, teanga an teagaisc agus teanga shóisialta na foghlaim.</p> <p>Acmhainní Gaeilge a chur ar fáil. Gan a bheith ag brath go mór ar acmhainní trí mheán an Bhéarla.</p> <p>Iochall a chur orthu abairtí iomlána a úsáid.</p> <p>Aird a tharraingt ar nithe gramadaí le linn an ranga.</p> <p>Botún a cheartú!</p> <p><i>*Cruinneas na Gaeilge: Feasacht a chertú sa rang ábhair. Tuigean scoldáir go bhfuil 'cruinneas' tábachtach sa rang seo*</i></p>	<h3>Obair Bhaile: Seicliosta</h3>  <ul style="list-style-type: none"> Dáta scríofa ag barr an leathanaigh Obair go léir trí mheán na Gaeilge Bain úsáid as téarma.ie nó teaglann.ie más gá Bí cúramach le haimsirí - Cén aimsir atá i gceist agat? An féidir leat struchtúr na habairte a fheabhsú? 												
 <h3>Scrúduithe/Measúnaithe/Cur i láthair</h3> <ul style="list-style-type: none"> Abairtí iomlána Béim a chur ar chaighdeán na Gaeilge. Ní bhronntar marcanna ar abairtí míchruinne ó thaobh na teanga de. <p><i>*Marcanna Breise a thabhairt ag brath ar chaighdeán na teanga</i></p>	 <h3>Cruinneas agus Ceartúcháin</h3> <ul style="list-style-type: none"> Gréithe na gramadaí a aibhsíú: Cén fáth go bhfuil séimhiú anseo? Botún a cheartú mar thagann siad aníos Cultúr na foghlama a chertú. Botún suntasach amháin a aibhsíú agus a cheartú. Botún choitianta an ranga a phlé leo (Aimsir Chaite V Madh Ordaitheach) 												

Aguisín K: Liosta ceisteanna an chéad cheistneora (arna chur in oiriúint ó: SurveyMonkey)

1. Ainm an Mhúinteora & Ainm na Scoile	2. Cad iad na cáilíochtaí atá agat? .i. B.Ed., M.A., TEG B1 srl.
3. Cé chomh fada is atá tú ag múineadh mar mhúinteoir Eac. Baile?	4. Cé chomh fada is atá tú ag múineadh Eacnamaíocht Bhaile i Scoil Ghaeltachta?
5. An cainteoir dúchais nó foghlaimeoir teanga tú? <i>Roghanna:</i> Cainteoir dúchais nó Foghlaimeoir teanga.	6. An cainteoir dúchais nó foghlaimeoirí teanga iad formhór na ndaltaí a bhíonn i do chuid ranganna de ghnáth? Céatadán a úsáid mar threoir anseo m.sh. 70% cainteoirí dúchais & 30% foghlaimeoirí teanga.
7. An úsáideann tú Béarla sa rang? <i>Roghanna:</i> Úsáideann nó Ní Úsáideann. Cad ina thaobh? (Bosca tuilleadh eolais).	8. An bhfuil tú muiníneach as do chumas chun aird a dhiriú ar ghnéithe gramadaí nó cosúil sa rang ábhair? <i>Roghanna:</i> Nílím muiníneach, Táim sách muiníneach, Táim muiníneach nó Táim an-mhuiníneach. Míniú le do thoil. (Bosca tuilleadh eolais).
9. Ar ullmhaigh do chlár oideachais tosaigh (.i. B.Ed.) tú le hEacnamaíocht Bhaile a mhúineadh sa chomhthéacs T1? <i>Roghanna:</i> D'ullmhaigh nó Níor ullmhaigh. Más ea, an féidir leat beagán eolais a thabhairt sa bhosca thíos? (Bosca tuilleadh eolais).	10. Ar fhreastail tú ar fhorbairt ghairmiúil (.i. ceardlann, lá inseirbhíse) a bhaineann le d'ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge? <i>Roghanna:</i> D'fhreastail nó Níor fhreastail. Más ea, an féidir beagán eolais a thabhairt sa bhosca thíos? (Bosca tuilleadh eolais).
11. Ar fhreastail tú nó an bhfuil tú ag freastal faoi láthair ar an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach?	12. Ar fhreastail tú ar fhorbairt ghairmiúil a bhain le do chumas teanga a chur chun cinn? (.i. cruinneas, rialacha gramadaí, teanga ghairmiúil an tseomra ranga srl.) <i>Roghanna:</i> D'fhreastail nó Níor fhreastail. Más ea, an féidir beagán eolais a thabhairt sa bhosca thíos? (Bosca tuilleadh eolais).
13. Ar mhaith leat tabhairt faoi sheisiúin teanga (go haonarach nó mar ghrúpa) mar chuid den taighde seo? <i>Roghanna:</i> Ba mhaith nó Níor mhaith. Más ea, cad iad na gnéithe gramadaí ar mhaith leat díriú orthu. (Bosca tuilleadh eolais).	14. I dtaca le forbairt ghairmiúil, cad iad na tacaíochtaí atá faighte agat sa / ón scoil, má tá a leithéid faighte, chun gnéithe den teanga a theagasc i do chuid ranganna ábhair?
15. Cad iad na riachtanais oiliúna atá agat féin ábhartha don togra taighde seo?	

Aguisín L: Liosta ceisteanna an dara ceistneoir (arna chur in oiriúint ó: SurveyMonkey)

<p>1. Luaigh dhá rud a thaitin leat / a d'fhoghlaim tú agus rud amháin nár thaitin leat / ceist amháin a bhfuil agat go fóill ón gceardlann inniu (i. dha réalt agus mian amháin)</p>	<p>2. An bhfuil sé mar sprioc agat triail a bhaint as straitéis nó dhó pléite sa cheardlann inniu? Mínigh do fhreagra sa bhosca thíos, le do thoil.</p>
<p>3. An bhfuil aon sprioc shainiúil agat gur mhaith leat a bhaint amach roimh dúinn críochnú ag tús mhí na Bealtaine?</p>	<p>4. Cén tacaíocht a bheidh uait ón ngrúpa nó ón taighdeoir chun tacú leat le béim a chur ar an teanga sa rang Eac. Bhaile roimh dúinn críochnú?</p>
<p>5. Roghnaigh cá raibh tú ar an scála nuair a thosaigh tú amach leis na taighde / ngrúpa seo. 10 = Táim i mo shaineolaí ar conas an teanga a chomhtháthú leis an ábhar. 1 = Tá orm an teanga a chomhtháthú leis an ábhar?</p>	<p>6. Roghnaigh cá bhfuil tú ar an scála anois. D'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil tú ag an leibhéal céanna, níos airde nó níos ísle. 10 = Táim i mo shaineolaí ar conas an teanga a chomhtháthú leis an ábhar. 1 = Tá orm an teanga a chomhtháthú leis an ábhar?</p>
<p>7. An raibh do rannpháirtíocht sa taighde seo tairbheach duit mar mhúinteoir Eac. Bhaile ag feidhmiú in iar-bhunscoil Gaeltachta faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta?</p>	<p>8. An bhfuil aon aiseolas, ceist nó moladh agat don taighdeoir?</p>

Aguisín M: Dialann athmhachnamhach (rannpháirtithe)

Ainm: _____

Rogha 1: _____

Ceisteanna le freagairt roimh ré (22ú Deireadh Fómhair)

- Cén fáth ar roghnaigh mé an straitéis seo?


- An mbeidh orm ullmhúchán a dhéanamh?

- An bhfuilim amhrasach faoi aon ghné den smaoineamh seo?


**Má tá ceist nó deacracht ar bith agat ná bíodh drogall ort glaoch a chur chuig Sarah / ceist a ardú sa whatsapp nó padlet.*

Ceisteanna le freagairt ag tús / lár mhí na Nollag:


- Conas ar éirigh liom leis an smaoineamh seo a chur i bhfeidhm sa seomra ranga? (an raibh sé dúshlánach / éasca agus cén fáth?)



- Ar chuir sé le teanga (.i. cruinneas, saibhreas, foghraíocht) na ndaltaí an dóigh leat?



- An mbeidh sé seo mar chuid den chleachtas agat as seo amach?



Aguisín N: Sliocht samplach ó dhialann athmhachnamhach an taighdeora

(Sliocht as dialann an taighdeora tráthnóna an dara lá um FGL)

Shocraigh an grúpa fáil réidh leis an *Padlet* agus *Google Drive* a thosú ón gcuntas ríomhphoist taighde. Mheas an grúpa go mbeidh níos mó taithí ag gach duine ar an *Google Drive* i gcomparáid leis an *Padlet* agus go mbeidh struchtúr níos fearr ar na fillteáin dá réir. Cinneadh dul leis an moladh céanna agus tá gach duine chun acmhainn amháin a chur sna fillteáin roimh an lá amárach mar phointe tosaithe.

Bhraith an taighdeoir gur éirigh i bhfad Éireann níos fearr leis an idirghabháil taighde an babhta seo i gcodarsnacht le hidirghabháil thimthriall a haon. Ceann de na príomhtheachtaireachtaí a bhí pléite agus athphléite inniu nach gá don mhúinteoir ‘scéal mór’ a dhéanamh as teagasc na teanga chun an teanga a chomhtháthú leis an ábhar go fiúntach. Pléadh gur féidir leis an múinteoir tarraingt ar na foclóirí ar líne, díriú ar an litriúchán cruinn, abairtí iomláin a spreagadh, feasacht i dtaobh cúrsaí canúna agus cúrsaí saibhrithe teanga de a ardú srl., rud a thaitin go mór le, agus a thug faoiseamh do, *ainm rannpháirtí* agus *ainm rannpháirtí* go háirithe agus inní léirithe acu roimhe seo i dtaobh an chruinnis.

An uair seo chomh maith do bhronn an taighdeoir am le linn na hidirghabhála ar na rannpháirtithe leis na straitéisí a chur san áireamh ina gcuid ábhar tacaíochta teagaisc don aonad / topaic idir lámha acu leis an ngrúpa sóisearach roghnaithe do bhreathnóireachtaí. Bhain *ainm rannpháirtí* triail as cúinne cruinnis a chruthú agus tháinig ceist ghramadaí chun cinn le linn an am ullmhúcháin seo:

**Ainm rannpháirtí*: ‘So ‘an cothaitheach’ go dtí ‘na cothaitheach’ ... ach ‘foinsí na cothaitheach’? An bhfuilim i gceart?’*

Le cabhair an taighdeora mar aon le *ainm rannpháirtí* rinneadh miondealú ar rialacha an spriocstruchtúir don rannpháirtí a d’ardaigh an cheist agus na rannpháirtithe eile a bhí i láthair. D’iarr na rannpháirtithe orainn na míniúcháin a bhí pléite ó bhéal a chur i scríbhinn sa *WhatsApp* mar fhoinsé thagartha don riail chéanna amach anseo:

**An Cothaitheach - ceann amháin m.sh. Próitéin (ainmfhocail firinsneach sa tuiséal ainmneach uatha)*

**Na Cothaitheach - níos mó ná ceann amháin (ainmneach iolra - lagiolra toisc ‘igh’ ag an deireadh ... má tá sé lag beidh ort é a chur san fhoirm uatha sá tuiséal ginideach iolra)*

**Foinsí na gCothaitheach (Chuaigh ‘igh’ > ‘each’ toisc go bhfuil ‘cothaitheach’ mar lagiolra ... ‘na agus urú’ sa tuiséal ginideach iolra)*

Ní raibh na rialacha maidir leis an tuiséal ginideach iolra ar eolas ag na rannpháirtithe eile i láthair ach dúradar go raibh an míniú an-soiléir agus go mbainfidís úsáid as arís amach anseo. Mhínigh an taighdeoir an athuair gurbh fhiú ceisteanna gramadaí mar seo a chur sa ghrúpa *WhatsApp* am ar bith agus go dtiocfaimis, mar ghrúpa, ar mhíniúcháin shoiléire shimplí ar dheacrachtaí mar iad.

Aguisín O: Bileog faisnéise (rannpháirtithe)

BILEOG FAISNÉISE

An teagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga: Iniúchadh criticiúil ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iarbhunscoil Ghaeltachta

A Chara,

Sarah Ní Dhuinnín is ainm dom agus is scoláire dochtúireachta mé i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach, faoi stiúir an Dr T.J. Ó Ceallaigh. Ba mhian liom cuireadh a thabhairt duit le bheith rannpháirteach i mo chuid taighde. Tá sé d'aidhm ag an taighde seo iniúchadh a dhéanamh ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iarbhunscoil Ghaeltachta i leith an teagaisc ábhairbhunaithe (.i. aird ar theanga sa rang ábhair). Tá sciar suntasach den taighde seo á mhaoiniú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).

Míneoidh mé go beacht cad a bheadh i gceist leis an taighde ach tá a thuilleadh sonraí le fáil sa tábla iniata leis an mbileog seo. Bheinn ag iarraidh A) teacht chun na scoile chun breathnóireacht ranga a dhéanamh ar rang sóiseareach amháin i mí Mheán Fómhair, Eanáir agus Aibreáin na bliana acadúla seo, nó, B) an trealamh cuí a chur ar fáil duit ionas go mbeifeá in ann taifeadadh a dhéanamh ar na ranganna tú féin. Bhí sé ar intinn agam, roimh an ngéarchéim sláinte, teacht chomh fada le láthair na scoile ach faoi mar atá cúrsaí anois ní theastaíonn uaim cur isteach ar na srianta sláinte i bhfeidhm sna scoileanna go háitiúil. Chuige sin, is ag an múinteoir agus bainistíocht na scoile a bheidh an rogha faoin gcur chuige breathnóireachta (.i. rogha A nó B).

Déanfar an rang a thaifeadadh ar mhaithe len é a úsáid in agallamh neamhfhoirmiúil a dhéanfar go luath ina dhiaidh na breathnóireachta. Ina dhiaidh sin, ba mhian liom laethanta forbartha gairmiúla a réachtáil ar líne (i mí Dheireadh Fómhair) agus ceann eile ar láthair (i Mí Feabhra) chun freastal ar riachtanais shainiúla na múinteoirí a bheidh rannpháirteach. Beidh maoiniú curtha ar fáil chun costais ionadaíochta agus taistil a chlúdach, más gá.

Is don taighde amháin a bheadh torthaí an staidéir, ní fhoilseofar aon ainm pearsanta ná ainm scoile. Cé go mbeidh sé ar intinn agam taifeadadh a dhéanamh ar na breathnóireachtaí, déanfar rúndacht na rannpháirtithe uilig a chinntiú agus déanfar cosaint iomlán orthu. Lorgófar toilliú feasach ó mhúinteoirí chomh maith le tuismitheoirí / caomhnóirí na ndaltaí. Bheinn níos mó ná sásta aon inní a bheadh ort nó aon soiléiriú atá uait a phlé ag am ar bith ag sarah.nidhuinnin@mic.ul.ie / *** *****. Más mian leat teagmháil a dhéanamh le duine neamhspleách áfach is féidir teagmháil a dhéanamh le riarthóir MIREC ag 061-204980 nó ag mirec@mic.ul.ie

Le gach uile dea-ghuí,

Sarah Ní Dhuinnín

	Céim	Cad?	Cathain?	Conas?
T I M T H R I A L L 1 T I M T H R I A L L 2	Pleanáil	(1) Breathnóireacht ranga &	Tús mhí Dheireadh Fómhair	<ul style="list-style-type: none"> Rang sóisearach Eac. Bhaile (ar láthair nó ar líne).
		(2) Agallamh Aisghairme Spreagtha	Lá na breathnóireachta	<ul style="list-style-type: none"> Cruinniú ar MS Teams nó ar láthair.
	Gníomhú	(3) Forbairt Ghairmiúil	An tseachtain roimh an mbriseadh meán téarma (mí na Samhna)	<ul style="list-style-type: none"> Maidin oiliúna ar MS Teams.
	Monatóireacht	(4) Monatóireacht agus tacaíocht leanúnach	Idir meán téarma na Samhna agus laethanta saoire na Nollag 2020	<ul style="list-style-type: none"> Dialann shimplí le coimeád Tacaíocht ón taighdeoir agus rannpháirtithe eile ar WhatsApp.
	Meastóireacht & Pleanáil	(1) Breathnóireacht ranga & (2) Agallamh Aisghairme Spreagtha	An tseachtain roimh an mbriseadh meán téarma (mí Feabhra)	<ul style="list-style-type: none"> Mar an gcéanna leis an gcéad timthriall.
			Lá na breathnóireachta	<ul style="list-style-type: none"> Mar an gcéanna leis an gcéad timthriall.
	Gníomhú	(3) Forbairt Gharimiúil	An tseachtain roimh bhriseadh na Cásca	<ul style="list-style-type: none"> Mar an gcéanna leis an gcéad timthriall.
	Monatóireacht	(4) Monatóireacht agus tacaíocht leanúnach	Idir briseadh na Cásca agus lár mhí na Bealtaine	<ul style="list-style-type: none"> Mar an gcéanna leis an gcéad timthriall.
Meastóireacht	(1) Breathnóireacht ranga & (2) Agallamh Aisghairme Spreagtha	Lár mhí na Bealtaine	<ul style="list-style-type: none"> Mar an gcéanna leis an gcéad timthriall. 	

Aguisín P: Litir chuig príomhoidí



A Phríomhoide, a chara,

Sarah Ní Dhuinnín is ainm dom agus is scoláire dochtúireachta mé i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach, áit ina bhfuil taighde á dhéanamh agam faoi stiúir an Dr T.J. Ó Ceallaigh. Is é teideal an togra taighde ná ‘An teagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga: Iniúchadh criticiúil ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san iarbhunscoil Ghaeltachta.’ Tá nóta eolais curtha agam chuig *ainm an mhúinteora* le fiosrú an mbeadh sí sásta páirt a ghlacadh sa taighde, agus táim an-sásta a rá go bhfuil. Chuige sin, táim ag scríobh chugat inniu chun cead oifigiúil a lorg gur féidir leis an taighde seo tarlú i rith na bliana acadúla 2020-2021. Míneoidh mé duit go beacht cad a bheadh i gceist leis an taighde seo sa chéad alt eile.

Bheinn ag iarraidh A) teacht chun na scoile chun breathnóireacht ranga a dhéanamh, breathnóireacht ar rang sóisearach amháin, i mí Mheán Fómhair, Eanáir agus Aibreáin na bliana acadúla seo, nó, B) an trealamh cuí a chur ar fáil ionas go mbeidh an múinteoir in ann an taifeadadh a dhéanamh í féin. Bhí sé ar intinn agam, roimh an ngéarchéim sláinte, teacht chomh fada le láthair na scoile ach faoi mar atá cúrsaí anois ní theastaíonn uaim cur isteach ar na srianta sláinte i bhfeidhm sna scoileanna go háitiúil. Chuige sin, is ag an múinteoir agus bainistíocht na scoile a bheadh an rogha faoin gcur chuige breathnóireachta (.i. rogha A nó B).

Déanfar an rang a thaifeadadh ar mhaithe len é a úsáid in agallamh neamhfhoirmiúil leis an múinteoir go luath ina dhiaidh na breathnóireachta. Ina dhiaidh sin, ba mhian liom laethanta forbartha gairmiúla a réachtáil ar líne (i mí Dheireadh Fómhair) agus ceann eile ar láthair (i Mí Feabhra) chun freastal ar riachtanais shainiúla na múinteoirí a bheadh rannpáirteach sa taighde. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun costais ionadaíochta agus taistil a chlúdach, más gá.

Is don taighde amháin a bheadh torthaí an staidéir, ní fhoilseofar aon ainm pearsanta ná ainm scoile. Cé go bhfuil sé ar intinn agam taifeadadh a dhéanamh ar na breathnóireachtaí, déanfar rúndacht na rannpháirtithe, na scoile agus na scoláirí dar ndóigh a chinntiú agus a chosaint go hiomlán. Lorgófar toilliú feasach ó na múinteoirí agus ó thuismitheoirí / caomhóirí na ndaltaí freisin.

Ba mhór agam cead a fháil uait chun an taighde seo a cur i ngníomh toisc an scoil a bheith an-oiriúnach don taighde atá ar bun agam. Chuirfeadh sé go mór leis an taighde agus tá súil agam go mbeadh sé an-tairbheach d’earnáil an oideachais Ghaeltachta i gcoitinne. Bheinn níos mó ná sásta aon imní a bheadh ort nó aon soiléiriú atá uait a phlé ag am ar bith ag sarah.nidhuinnin@mic.ul.ie / *** *****. Más mian leat teagmháil a dhéanamh le duine neamhspleách áfach is féidir teagmháil a dhéanamh le riarthóir MIREC ag 061-204980 nó ag mirec@mic.ul.ie

Le gach uile dea-ghuí,

Sarah Ní Dhuinnín

Aguisín Q: Foirm i ndáil le toiliú feasach (rannpháirtithe)



Foirm i ndÁil le Toiliú Feasach

An teagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga: Iniúchadh criticiúil ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iarbhunscoil Ghaeltachta

Ráiteas Léigh na ráitis thíos agus cuir tic (✓) sa bhosca cúí ar dheis le do thoil:	Deimhním	Ní dheimhním
<ul style="list-style-type: none">• Deimhním go bhfuil an bhileog faisnéise don staidéar thuas léite agam agus gur thuig mé a raibh ann, agus go raibh an deis agam ceisteanna a chur.		
<ul style="list-style-type: none">• Tuigim go mbeidh mé rannpháirteach ar bhonn deonach agus gur féidir liom tarraingt siar ón togra ag am ar bith.		
<ul style="list-style-type: none">• Táim sásta go n-úsáidfear sleachta anaithnide i bhfoilseacháin.		
<ul style="list-style-type: none">• Táim sásta go bhféadfar sonraí a bhaileofar sa staidéar seo a stóráil (tar éis iad a dhéanamh anaithnid) i sainionad sonraí.		
<ul style="list-style-type: none">• Tá an fhoirm seo léite agam ina iomlán, táim os cionn ocht mbliana déag d'aois agus táim sásta páirt a ghlacadh sa staidéar.		

Rannphairtí (múinteoir):

Síniú: _____

Dáta: _____

Taighdeoir (Sarah):

Síniú: _____

Dáta: _____

Bileog Faisnéise

An teagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga: Iniúchadh criticiúil ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iarbhunscoil Ghaeltachta

A thuismitheoir / chaomhnóir,

Sarah Ní Dhuinnín is ainm dom agus is scoláire PhD mé i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach faoi stiúir an Dr T.J. Ó Ceallaigh. Is mian liom cead a lorg uait chun taifeadadh a dhéanamh ar bhreathnóireachtaí ranga, ina mbeidh do pháiste / an páiste faoi do chúram i láthair iontu.

Míneoidh mé duit go beacht cad a bheidh i gceist leis na breathnóireachtaí seo. Beidh breathnóireachtaí ranga le déanamh ar rang / ghrúpa amháin, i mí Mheán Fómhair, Eanáir agus Aibreáin na bliana acadúla seo chugainn (2020-2021). Déanfar an rang a thaifeadadh mar bhunús d'agallaimh neamhfhoirmiúla idir an taighdeoir agus an múinteoir Eacnamaíocht Bhaile i ndiaidh an ranga. Cé go mbeidh taifeadadh déanta ar an rang ina iomláine beidh fócas na breathnóireachta ar an múinteoir agus ní ar na daltaí.

Is don taighde amháin a bheidh torthaí an taighde, bainfear sonraí aitheantais agus ní fhoilseofar aon ainm pearsanta ná ainm scoile. Déanfar rúndacht na ndaltaí agus na scoile a chinntiú agus a chosaint go hiomlán. Dar ndóigh, ní gá cead a thabhairt ach má thugtar, beidh cead iomlán agat do pháiste / an páiste faoi do chúram a tharraing siar ón taighde ag am ar bith agus ní bheidh ort réasúnaíocht ar bith a sholáthar. Ceangailte leis an mbileog seo tá duillín ceadúnais le do rogha a chur in iúl.

Bheinn níos mó ná sásta aon inní a bheadh ort nó aon soiléiriú atá uait a phlé am ar bith ag sarah.nidhuinnin@mic.ul.ie Más mian leat teagmháil a dhéanamh le duine neamhspleách áfach is féidir teagmháil a dhéanamh le riarthóir MIREC ag 061-204980 / mirec@mic.ul.ie

Le gach uile dea-ghuí,

Sarah Ní Dhuinnín

Aguisín S: Bileog faisnéise chuig tuismitheoirí / caomhnóirí (leagan Béarla)



Information Letter

Content-based instruction through the medium of the minority language: What are the beliefs, understandings and practices of the Home Economics teacher in the post-primary Gaeltacht schools

Dear Parent / Guardian,

My name is Sarah Ní Dhuinnín and I am a PhD student in Mary Immaculate College, Limerick under the supervision of an Dr T.J. Ó Ceallaigh. My research will be looking at how Home Economics teachers in Gaeltacht post-primary schools are implementing content-based instruction in their classrooms, where there is a counterbalanced approach to both content and language in practice.

I am writing to you to request permission for your child / for the child under your supervision to be present during recordings of three Home Economics classes, in the months of September, January and April in the coming academic year (2020-2021). The purpose of the recording is for it to be used in an informal interview with the Home Economics teacher afterwards. The Home Economics teacher is the focus of this study and although the students will be present in the class the study does not require any involvement or participation from them.

The information and data that will be gathered for the purpose of this study will be for the research study only, and any details that will lead to identification of teachers, students and schools will be removed. The privacy and protection of teachers, students and schools will be ensured fully throughout the process.

Allowing permission for your child / the child under your supervision is voluntary and in the event that you wish to withdraw your child / the child under your supervision from the study at a later stage then that will not be an issue, and no explanation will be needed. You will see attached to this letter a consent form indicating whether you wish to give permission to your child / the child under your supervision to be present during the recordings of the three Home Economics classes.

I would be more than happy to provide clarification or answer any questions that you may have and you can contact me at any time on sarah.nidhuinnin@mic.ul.ie Alternatively if you wish to speak to an independent person please feel free to contact the MIREC administrator on 061-204980 or mirec@mic.ul.ie

Le gach uile dea-ghuí,

Sarah Ní Dhuinnín

Aguisín T: Duillín ceadúnais (tuismitheoirí / caomhnóirí)



Duillín Ceadúnais

An teagasc ábharbhunaithe trí mheán na mionteanga: Iniúchadh criticiúil ar chreidiúintí, tuiscintí agus cleachtais an mhúinteora Eacnamaíochta Baile san Iarbhunscoil Ghaeltachta

- Deimhním go bhfuil an bhileog faisnéise don taighde thuas léite agam agus gur thuig mé a raibh ann, agus go raibh an deis agam ceisteanna a chur.
- Tuigim go bhfuil rannpháirtíocht mo pháiste / an páiste faoi mo chúram ar bhonn deonach agus gur féidir liom é / í a tharraing siar ón staidéar ag am ar bith.
- Táim sásta go bhféadfar na sonraí a bhaileofar sa staidéar seo a stóráil (i ndiaidh dóibh a bheith déanta anaithnid) i sainionad sonraí.

Léigh na ráitis thíos agus cuir tic (✓) sa bhosca cúí le do thoil:

<p>Tá an fhoirm seo léite agam ina iomláine agus táim sásta go ndéanfaí taifeadadh ar an rang Eacnamaíocht Bhaile agus mo pháiste / an páiste faoi mo chúram mar chuid den rang.</p> <p style="text-align: center;"><input type="checkbox"/></p>	<p>Tá an fhoirm seo léite agam ina iomláine agus nílím sásta go ndéanfaí taifeadadh ar an rang Eacnamaíocht Bhaile agus mo pháiste / an páiste faoi mo chúram mar chuid den rang.</p> <p style="text-align: center;"><input type="checkbox"/></p>
---	--

Ainm an Dalta: _____

Rang: _____

Tuismitheoir / Caomhnóir: _____

Dáta: _____



Consent Form

Content-based instruction through the medium of the minority language: What are the beliefs, understandings and practices of the Home Economics teacher in the post-primary Gaeltacht school

- I confirm that I have read the information letter above, that I understood it and that I was given the opportunity to ask any questions that I may have had.
- I understand that the involvement of my child / the child under my supervision is of a voluntary basis, and they can be withdrawn from the study at any time.
- I am happy that information and data gathered for the purpose of this study can be stored (once made anonymised) but be fully protected and restricted.

Please read the statements below and tick (✓) the appropriate box:

<p>I have read the complete form and <u>I am happy</u> to give permission that my child / the child under my supervision be present in recordings of the Home Economics class.</p> <p style="text-align: center;"><input type="checkbox"/></p>	<p>I have read the complete form and <u>I am not happy</u> to give permission to my child / the child under my supervision to be present in recordings of the Home Economics class.</p> <p style="text-align: center;"><input type="checkbox"/></p>
---	--

Name of Student: _____

Class: _____

Parent / Gaurdian: _____

Date: _____

Aguisín V: Tras-scríbhinn samplach an taighde (agallamh aisghairme spreagtha)

Taighdeoir: Cad é do thuairim uait le go mbeadh an múinteoirí Tís mar mhúinteoir teanga san am céanna?

Múinteoir: Níl mé cinnte...see mar chainteoir dúchais tá sé ag rith leat níl do chloigeann ag cur aon iarracht isteach ann...bíonn níos mó fadhbanna agamsa rudaí a dhéanamh trí Bhéarla ach ‘sé an fhadhb atá agamsa ná an cruinneas scríofa, níl aon dabht ansin agus cuireann sé faitíos orm féin agus níl mise compordach a bheith ag úsáid téarmaíocht scríofa nuair nach bhfuil an cruinneas agam féin, so tá sé deacair...agus tá’s agam go raibh pleananna ann sa scoil anuraidh le fócas na seachtaine ach níor thuig mé féin fócas na seachtaine...so cén bealach go raibh mise in ann cur ina luí ar na scoláirí faoi bhriathra agus rudaí nach mbeadh cliú agamsa.

Taighdeoir: Tuigim, agus abair liom cén fhís nó sprioc a bhí ag fócas na seachtaine mar sin?

Múinteoir: Bhuel bhí an lucht bainistíochta ag iarraidh go mbeidh gach duine againn ag díriú ar rialacha gramadaí nó téamaí cosúil leis sin má thuigeann tú leat mé, ceann nó dhó in aghaidh an téarma...agus is dóigh mar smaoinemh bhí sé an-mhaith, níl dabht ar bith faoi sin, ach mar atá ráite agam leat cén bealach go raibh mise in ann é sin a dhéanamh?

Taighdeoir: An raibh aon ghné den phlé sin dírithe b’fhéidir ar na rialacha seo a phlé nó a mhíniú le múinteoirí?

Múinteoir: No is dócha nach raibh, ní hé go raibh na rialacha an-chasta ach fós féin ní raibh mise compordach leis.

Taighdeoir: An dóigh leat go raibh múinteoirí ábhair eile sa bhád céanna leat agus fócas na seachtaine á chur chun cinn?

Múinteoir: Bhí, níl aon dabht faoi...tá na múinteoirí go bhfuil an Ghaeilge ar fheabhas acu ach nuair nach bhfuil an t-eolas ná an muinín agat féin i do chuid scríbhneoireacht féin nó i do chuid litriú féin ní féidir é sin a chur ina luí ar na scoláirí.

Aguisín W: Sampla den chódú oscailte

<p>Taighdeoir: An mbaineann tú úsáid as na (téacs)leabhair Ghaeilge?</p> <p><i>Bainim anois mar...an ceann don teastas sóisearach eh... Plean</i></p> <p>Taighdeoir: Ith, Pleanáil agus Mair?</p> <p><i>Sin é, tá sé go deas, tá sé bríomhar...tá sé...níl sé iontach ach níos fearr ná mar a bhí. Tá ceann do dream na hArdteiste, Cúrsaí an tSaoil, tá sé sin go maith, ach tá sé sean anois, sin 2012, tá an saol...cúrsaí an tsaoil athraithe go mór ó shin, mar sin tá tú an t-am ar fad a bheith ag uasghrádail. So má tá tú chun é a dhéanamh, caithfidh tú féin é a dhéanamh agus caithfidh sé a bheith i nGaeilge.</i></p> <p>Taighdeoir: Cé chomh minic is a thagann na cinn nua Béarla amach mar sin?</p> <p><i>Ní fhéadfainn é sin a fhreagairt mar ní úsáidimid iad...now úsáidimse mé féin Complete Home Economics go minic ach níl cead ag na scoláirí na leabhair sin a bheith acu toisc go bhfuil sé i mBéarla. Tá an cleachtas sin sa scoil, ní úsáidtear aon leabhair Béarla sa scoil, ní úsáidimid aon nótaí i mBéarla...now b'fhéidir go bhfeicfeá fact sheets nó rudaí cosúil le seo i mBéarla nó dearfaimid leis na gasúir go mbeadh sé handy dá mbeadh X acu ag a' baile agus gan dabht ní hé go mbíonn leabhair na múinteoirí i nGaeilge ach oiread agus na gníomhaíochtaí ar fad déanta amach roimh ré le bileoga oibre srl. Ná bí ag caint liom!</i></p>	<p>TÉACSLEABHAIR AN ÁBHAIR</p> <p>ACMHAINNÍ T1 FEABHSAITHE</p> <p>SOLÁTHAR ACMHAINNÍ – AS DÁTA</p> <p>UALACH SA BHREIS AR AN MÚINTEOIR ÁBHAIR T1 CULTÚR AN AISTRIÚCHÁIN</p> <p>ACMHAINNÍ BÉARLA</p> <p>CLEAHTAS UILE SCOILE - ÁBHAIR GO HIOMLÁN TRÍ GHAEILGE</p> <p>ACMHAINNÍ BÉARLA</p> <p>SOLÁTHAR ACMHAINNÍ</p> <p>FRUSTRACHAS AR MHÚINTEOIRÍ</p>
---	--

Aguisín X: Impleachtaí COVID-19 ar an modheolaíocht taighde

Céim	Túsphlean modheolaíochta	Leasuithe a cuireadh i bhfeidhm
<i>Sampláil</i>	<p>Bhí sampláil áiseach (i dteannta sampláil chuspóireach) rognaithe mar chur chuige samplála.</p> <p>Bhain an méid seo le suíomh an taighdeora do chuartheanna scoile (.i. breathnóireachtaí) agus gnéithe praiticiúla eile a bhain le rannpháirtithe a thabhairt le chéile do laethanta foghlama gairmiúla (.i. idirghabhálacha taighde).</p>	<p>Ní raibh sampláil áiseach oiriúnach don chuspóir mar gheall nár lig do na srianta sláinte phoiblí COVID-19 don teacht le chéile tarlú san fhíorshaol/i bpearsan.</p> <p>Úsáideadh sampláil bhreisitheach in áit sampláil áiseach toisc gur tharraing triúr rannpháirtí siar ón taighde ag tús an togra.</p>
<i>Modh na Breathnóireachta agus Agallaimh (Breathnóireacht #1)</i>	Bhí breathnóireachtaí agus agallaimh idir an taighdeoir agus rannpháirtí le tarlú ar an láthair scoile.	Ag brath ar pholasaithe áitiúla scoileanna le linn na géarchéime sláinte tharla na breathnóireachtaí agus agallaimh ar an láthair i gcásanna áirithe agus ar líne i gcásanna eile.
<i>Taifeadadh na mbreathnóireachtaí ar láthair (Breathnóireacht #1)</i>	Bhí an taighdeoir le taifeadadh a dhéanamh ar na breathnóireachtaí ranga ar an láthair.	<p>Nuair nach raibh sé de chead nó d'acmhainn ag an taighdeoir a bheith ar an láthair do na breathnóireachtaí ranga seoladh trealamh teicneolaíochta (.i. tríchosacha agus taibleid) chuig an rannpháirtí roimh ré.</p> <p>Reáchtáladh seisiúin oiliúna roimh na breathnóireachtaí féintaifeadta ar úsáid an trealamh theicneolaíochta.</p>
<i>Laethanta um fhorbairt ghairmiúil (Timthriall 1 agus 2)</i>	Bhí seisiún oiliúna le tarlú in ionad oideachais i lár tíre faoi dhó i gcaitheamh na tréimhse bailithe sonraí.	Reáchtáladh na seisiúin oiliúna ar líne ar an árdán digiteach <i>MS Teams</i> de dheasca na srianta sláinte poiblí.

Céim	Túsphlean modheolaíochta	Leasuithe a cuireadh i bhfeidhm
<i>Amlíne na mbreathnóireachtaí agus agallamh (Breathnóireacht #2)</i>	Bhí an dara babhta de bhreathnóireachtaí ranga le tosú roimh lár mhí Eanáir 2021.	D'ainneoin láthair na scoileanna i bpoblacht na hÉireann a bheith oscailte ó mhí Mheán Fómhair 2020 go mí na Nollag 2020, chuaigh an teagasc agus an fhoghlaim ar líne an athair ag tús mhí Eanáir 2021 de dheasca na srianta dianghlasála a bheith ag leibhéal 5. Ní raibh na rannpháirtithe ag iarraidh tús a chur leis na breathnóireachtaí ranga go dtí mí Feabhra 2021 le deis a thabhairt dóibh féin, agus dá gcuid foghlaimoirí, luí isteach ar chur chuige na cianfhoghlama don dara huair as a chéile le bliain anuas. Cuireadh tús leis an dara babhta de bhreathnóireachtaí ranga i lár mhí Feabhra 2021.
<i>Saghas ranga don bhreathnóireacht (Breathnóireacht #2)</i>	Bhí beartaithe go ndéanfaí breathnóireacht ar rang teorice i dtimthriall 1 agus rang praiticiúil i dtimthriall 2 le léargas foriomlán a fháil ar chleachtais na rannpháirtithe.	Ní raibh rannpháirtithe ag tabhairt faoi ranganna praiticiúla (sioncronacha) le linn an chiantegaisc.
<i>Seisiúin tacaíochta teanga (Timthriall 1 agus 2)</i>	Tugadh cuireadh do rannpháirtithe freastal ar sheisiúin teanga mar chuid den taighde agus léirigh formhór acu suim sna seisiúin seo ag tús an togra.	Mar gheall ar na cúinsí luaite go dtí seo, chuir na rannpháirtithe in iúl don taighdeoir nach raibh sé d'acmhainn acu tuilleadh ama a chur ar leataobh do sheisiúin teanga, laistigh nó lasmuigh d'uaireanta scoile, mar gheall ar na dúshlán bhainisithe ama cruthaithe ag ualach na cianfhoghlama.

Céim	Túsphlean modheolaíochta	Leasuithe a cuireadh i bhfeidhm
<p><i>Taifeadh na mbreathnóireachtaí ar líne</i> (<i>Breathnóireacht #2</i>)</p>	<p>Bhí an taighdeoir le taifeadadh a dhéanamh ar na breathnóireachtaí ranga ar líne.</p>	<p>Bhí an méid seo ag brath den mhórchuid ar na socrúithe slándála curtha i bhfeidhm ar na hardáin dhigiteacha teagaisc (.i. <i>MS Teams</i>) ag na scoileanna indibhidiúla.</p> <p>Sa chás nach raibh sé de chead ag an taighdeoir taifeadadh a dhéanamh ar an mbreathnóireacht, iarraidh ar na rannpháirtithe taifeadadh a dhéanamh ar an rang agus é a chur ar aghaidh ina dhiaidh sin don taighdeoir, agus an méid seo ag brath ar na socrúithe slándála thuasluaite.</p> <p>Sna cásanna ina raibh sé dodhéanta taifeadadh a dhéanamh/a fháil ar an gcleachtas, rinneadh tréaniarracht nótaí mionsonraithe a ghlacadh le linn na mbreathnóireachtaí ranga agus an taighdeoir i láthair ar líne.</p>
<p><i>Dialann taighde</i> (<i>Timthriall 2</i>)</p>	<p>Bhí dialann athmhachnamhach taighde le coinneáil/le comhlíonadh ag rannpháirtithe ó thús go deireadh an togra.</p>	<p>Cé gur comhlíonadh na dialanna taighde ar lá na chéad idirghabhála níor éirigh le rannpháirtithe na dialanna taighde a chomhlíonadh ina dhiaidh sin mar gheall ar na brúanna breise gairmiúla cruthaithe ag éiginnteacht na foghlama cumaisc.</p> <p>Iarradh agus spreagadh rannpháirtithe le tuilleadh úsáide a bhaint as an ngrúpa <i>WhatsApp</i> príobháideach le monatóireacht agus tacaíocht leanúnach a chur ar fáil.</p>

Aguisín Y: Cás-staidéar an mhúnla EOÁ-C

Sainscileanna an Mhúinteora Ghaeltachta – Cás-staidéar

Is múinteoir Eacnamaíochta Baileí Emma. Tá sí nua-cháilithe i mblíana agus d'éirigh léi post a fháil mar mhúinteoir Eacnamaíochta Baile agus Bitholaíochta i scoil Ghaeltachta san iarthuaisceart Tá an-éagsúlacht teanga i measc dhaltaí na scoile seo; 60% mar chainteoir dúchais agus 40% mar fhoghlaimeoirí teanga. Tá sí an-sásta léi féin gur éirigh léi post a fháil ach tá imní uirthi anois nach mbeidh a cuid Gaeilge maith a dhóthain chun múineadh go héifeachtach i suíomh lán-Ghaeilge.


D'fhreastal sí ar bhunscoil lán-Ghaeilge (Gaelscoil) agus Gaelcholáisteach ní dhearna sí Gaeilge mar chuid den chéim san oideachas saigh (B.Ed.). Tá tuistí Emma an-mhórálacha istige bhfuair sí post i scoil Ghaeltachta agus dúirt siad léi toisc go bhfuil an tsaintearmaíocht agus gach rud eile aici i seanleabhair nótaí ón scoil nach gá di a bheith buartha faoina cuid cumas sa Ghaeilge.

Luaigh duine ar an mbord agallaimh go raibh scéim nó polasaí éigin maidir leis an Gaeilge á chur i bhfeidhm ag an scoil le cúpla bliain nuas ach ní raibh cloiste aici faoi in aon chor. Tá Emma den tuairim áfach nach mbeidh uirthi a bheith buartha faoi seo mar gheall nach múinteoir teanga í.

Is aoibhinn léi Eacnamaíocht Bhaile, tá leathanach Instagram aici ina gcuireann sí oidis ar fáil do dhaoine ach uaireanta faigheann sí an teorric laistigh den ábhar ábharín casta, is dócha gur duine praiticiúil í thar aon rud eile. Rud eile atá ag déanamh imní di ná nár mhúin sí ach dream amháin Ardteiste agus í ar shocrúchán scoile agus grúpa gnáthleibhéil a bhí iontu. Tá sí ag smaoineamh ar scairtá chur ar an bpríomhoide le hamchlár sealadacha lorg uaidh, ionas gur féidir léi pleaná chur le chéile do na bliainghrúpa éagsúla a bheidh aici. Tá sí dóchasach nach mbeidh aon ghrúpa Ardteiste ardleibhéil aici áfach chun seans a thabhairt di féin luí isteach ar na cúraimínua i mblíana.

Ceisteanna:

1. Cad iad na scileanna nó tuiscintí a bheadh de dhíth ar Emma dá mbeadh sí ag múineadh Eacnamaíocht Bhaile i scoil lán-Bhéarla?
2. Cad iad na scileanna nó tuiscintí breise a bheadh de dhíth ar Emma agus í ag múineadh Eacnamaíocht Bhaile i scoil Ghaeltachta?
3. Tá ráite ag Emma go bhfuil sí imníoch faoina cumas sa Ghaeilge don ról nua. Cad iad na réimsí éagsúla teanga a bheidh de dhíth uirthi chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach trí mheán na Gaeilge?



4. Cad a cheapann sibh faoin méid atá ráite ag tuistí Emma mar gheall ar a cuid Gaeilge? An bhfuil an ceart acu?

5. Ceapann Emma nach mbaineann An Polasaí don Oideachas Gaeltachta léi toisc gur múinteoir ábhair í. An bhfuil an ceart aici?

6. Ag féachaint ar na ceisteanna atá díreach freagartha agaibh an mbeadh sibh in ann sainscileanna/saintuiscintí/saintréithe an mhúinteora ábhair san iar-bhunscoil Gaeltachta a liostáil?

Aguisín Z: An tInneall fuála - sampla de thástáil an chruinnis i scrúdú sainábhair

INNEALL FUÁLA

SCRÚDÚ AR AN INNEALL FUÁLA

An t-inneall fuála ach ar an inneall fuála

- Ní gá duit ach deich lipéad a líonadh isteach (cé go bhfuil trí lipéad déag ar an bpóstaer)
- Tá 20 marc ag dul don scrúdú seo – 2 mharc an lipéid.
- Déan do dhícheall na lipéid a litriú go cruinn.
- Má tá litir amháin mícheart/in easnamh caillfidh tú .5marc (leath mharc)
- Má tá níos mó ná litir amháin mícheart/in easnamh caillfidh tú marc iomlán.
- Mar shampla: Pionna spól 1.5 marc, Pionn spól 1 marc

INNEALL FUÁLA

- /20marc
- 10 lipéad le freagairt
- Tá an litriú tábhachtach!

Céimeanna (le scríobh amach)

SNÁTHA CHUR SAN INNEALL FUÁLA

Eochairfhocail

Gramadach

Céimeanna (le scríobh amach)

INNEALL FUÁLA A ÚSÁID

Eochairfhocail

Gramadach

Céimeanna (le scríobh amach)

SNÁTHA CHUR SAN INNEALL FUÁLA

Eochairfhocail

Gramadach